



Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2017



CLÁR ÁBHAIR



1. BROLLACH

✓ FÁILTE AN CHATHAOIRLIGH	6
✓ TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH	8
✓ CÚLRA THIOBRAID ÁRANN - RÁITEAS FÍSE	10
✓ COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN	12
✓ AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ	17

2. GEILLEAGAR LÁIDIR

✓ FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHT	20
✓ TURASÓIREACHT	26
✓ BÓITHRE, IOMPAR SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT	30
✓ PLEANÁIL & FORBAIRT	46

3. CÁILÍOCHT BHEATHA

✓ TITHÍOCHT	54
✓ CUIMSIÚ SÓISIALTA & FORBAIRT POBAIL	62
✓ COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN	72
✓ NA HEALAÍONA	76
✓ OIFIG OIHDREACHTA THIOBRAID ÁRANN	80
✓ MÚSAEM THIOBRAID ÁRANN	82
✓ SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE	84

4. CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOIL

✓ COMHSHAOL	90
✓ SEIRBHÍS DÓITEÁIN & TARRTHÁLA	100
✓ SEIRBHÍSÍ UISCE	104
✓ LAWCO	112
✓ COSAINT SHIBHIALTA	114



5. CEANTAIR BHARDASACHA

☑ CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE	118
☑ CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN	124
☑ CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA	146
☑ CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH	156
☑ CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS	164

6. CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA

☑ SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA	172
☑ ACMHAINNÍ DAONNA	180
☑ TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE (TF)	184
☑ SPÓIRT AGUS CÚRSAÍ SÓISIALTA	188
☑ NOCHUITHE COSANTA	190

7. CÚRSAÍ AIRGEADAIS

☑ AIRGEADAS	194
☑ MÓTARCHÁNACHAS	200
☑ RANNÓG NA GCEADÚNAS	202

8. AGUISÍNÍ

☑ SCEIDEAL DE CHEAPACHÁIN CHOISTE 2014-2019	206
☑ COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH	212
☑ AN STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA	214
☑ STRUCHTÚR FOIRNE	216
☑ TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA 2017	218
☑ COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR	224
☑ OILIÚINT	226



BROLLACH

- ✓ FÁILTE AN CHATHAOIRLIGH
- ✓ FÁILTE AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH
- ✓ CÚLRA THIOBRAID ÁRANN -
RÁITEAS FÍSE
- ✓ COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE
THIOBRAID ÁRANN
- ✓ AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA
SINSEARAÍ



RÉAMHFHOCAL CATHAOIRLEACH

A Chairde,

Ar an 29 Meitheamh 2017, ba onóir dom bheith tofa mar 4ú Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, chun freastal ar mhuintir an chontae seo mar a gcéad shaoránach.

Tá ról an-mhór ag an gComhairle i bhforbairt agus i rath an Chontae agus cé go raibh go leor dúshlán le sárú, bliain an-ghníomhach, an-táirgiúil agus an-rathúil ab ea í do Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tar éis dom bheith tofa, ba í an príomhréimse ar leag mé béim uirthi ná deiseanna infheistíochta a mhéadú i dTiobraid Árann agus an fás ar Thurasóireacht Thiobraid Árann a mhéadú, mar sin agus mé ag breathnú siar air, ba spreagadh é an ghníomhaíocht mhéadaithe a fheiceáil sna réimsí Infheistíocht isteach, tionscadail Turasóireachta agus Oidhreachta i rith 2017. Sa Tuarascáil tugtar deis dúinn machnamh a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus éachtaí Chomhairle Contae Thiobraid Árann i rith na 12 mhíosa seo caite.

Lean Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag eagrú féilte agus imeachtaí móra i 2017 agus ag tacú leo i dteannta le hoibriú i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile chun an contae a thaispeáint. Tá Féilte Bliantúla mar Fhéile Ealaíon Chaisil, Féile Litríochta Dhrom Inbhir, Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas agus Féile Junction Chluain Meala fós ag dul ó neart go neart. Buaicphointe pearsanta ab ea Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir a tharla sa Famine Warehouse i mBaile an Gharraí ar an 30 Meán Fómhair 2017 agus a raibh gné áitiúil ag baint leis an searmanas chomh maith le clár imeachtaí roimh an ócáid féin.



Buaicphointe pearsanta ab ea Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir a tharla sa Famine Warehouse i mBaile an Gharraí ar an 30 Meán Fómhair, 2017

Freisin d'fhéach mé chuig tacú leis na grúpaí agus na heagraíochtaí deonacha agus pobal-bhunaithe iomaí atá againn sa chontae seo agus a dhéanann an oiread sin oibre iontaí agus luachmhaire. Go deimhin, léiríonn rath Choiste Bailte Slachtmhara Chnocán an Éin agus iad ag baint an ghradaim fhoriomlán do na Bailte Slachtmhara Náisiúnta i 2017, an ceann is fearr as buaicmhéid de 870 baile agus sráidbhaile ar fud na tíre, ag comórtas Supervalu um Bailte Slachtmhara Náisiúnta, a reáchtáladh sa Helix i mí Mheán Fómhair agus rath bailte eile sa chontae a bhain boinn Óir, Airgid agus Cré-umha, an obair den scoth atá á déanamh ar leibhéal an phobail sa chontae agus cuireann sé le hobair na Comhairle agus í ag iarraidh Tiobraid Árann a dhéanamh níos fearr mar áit dá cuid saoránach go léir. Bhí an-áthas orm ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhairle ag an searmanas dámhachtainí um mórtas áite i nDún na Gall i mí na Samhna 2017 agus Carrick-on-Suir Creative ag déanamh ionadaíochta ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoin gcatagóir Áit Chruthaitheach.

Tá ról tábhachtach ag an tSeirbhís Leabharlainne i gcur le caitheamh aimsire agus áiseanna agus 12 leabharlann brainse ar fud an chontae chomh maith le veain leabharlainne soghluaiste nua do scoileanna. Bhí gliondar orm Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann 2017-2022 a sheoladh; leagtar amach sa phlean sin an fhís don tSeirbhís Leabharlainne i dTiobraid Árann le haghaidh na 5 bliana atá romhainn.

I measc buaicphointí Pearsanta eile ar freastalaíodh orthu i rith na bliana bhí;

- Oíche Chultúir Thiobraid Árann a chuimsigh 26 hócáid saor in aisce ó thaispeántais ealaíne agus ceardlanna go scannáin, ceol, filíocht agus amhránaíocht, turais siúil, léachtaí agus tionscadail phobail;
- Searmanas Dámhachtainí MSPI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath áit ar bronnadh an caighdeán ab airde ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann i gClár Chaighdeáin Mhúsaeim na hÉireann;
- Seoladh ár dtaispeántais a bhí spreagtha ag ‘Cártaí poist’ – “A message in Time” inar tugadh sonraí faoi stair sheirbhís poist na hÉireann;
- Ag freastal ar Dhámhachtainí Bliantúla Pakman Feabhas sa Bhainistíocht Dramhaíola agus san Athchúrsáil) um bronnadh an iomaitheora sa bhabhta ceannais d’ionad beir leat na bliana do Chomhairle Contae Thiobraid Árann;
- Ag freastal ar Bhéile Bliantúil Chumann na mBainisteoirí Contae a reáchtáladh in Óstán Minella, Cluain Meala agus ár bPríomhfheidhmeannach an tUas Joe MacGrath i gceannas mar Chathaoirleach ar CCMA agus Chomhairle an LGMA i rith 2017;



I rith mo thréimhse bhí sé de phléisiúr agam bualadh le roinnt toscairí tábhachtacha, ba iad sin ná,

- Ambasadóir na Fraince ar Éirinn, an tUas. Stephane Crouzet, chun Lá Bastille a cheiliúradh;
- Ambasadóir na Fionlainne ar Éirinn, Ms. Janna Teckenberg ar ócáid cheiliúradh 100 bliana de Neamhspleáchas na Fionlainne;
- Ambasadóir na Breataine ar Éirinn, an tUas. Robin Barnett maidir le trádáil na hÉireann / an RA sa tionscal foirgníochta;
- Ambasadóir na Síne ar Éirinn, an tUas. Joe Xianoyong maidir le naisc a chruthú idir Tiobraid Árann agus Cúige sa tSín;

Ba mhaith buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, an tUas. Joe MacGrath agus a fhoireann as an obair dhíograiseach a dhéanann siad. Ní bheadh Comhairle Contae Thiobraid Árann in ann an leibhéal céanna seirbhíse a thabhairt do mhuintir Thiobraid Árann murach gealltanais leantach na foirne i ngach oifig Stiúrthóireachta & Ceantair de chuid na Comhairle. Mar gheall ar iad a bheith solúbtha i gcónaí, agus a n-éiteas oibre foirne agus seirbhíse poiblí déantar cinnte go mbítear ag freastal i gcónaí ar thosaíochtaí agus riachtanais go leor pobal ar fud an chontae.

Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomh-Chomhairleoirí as an ceannaireacht a sholáthar a chuirfidh ar chumas ár bpobal taitneamh a bhaint as an gcáilíocht bheatha a mbíonn siad sa tóir uirthi agus atá tuillte acu. Gabhaim buíochas leis na comhaltáí tofa úd go léir a fhreastalaíonn ar na Coistí Beartais Straitéisigh éagsúla agus ar Choistí eile den Chomhairle as a ngealltanais chun Tiobraid Árann a dhéanamh níos fearr mar áit um chónaí, obair agus chuairt. Freisin ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Leaschathaoirleach Roger Kennedy as a thacaíocht le linn mo thréimhse san oifig agus leis an gComhairleoir Siobhan Ambrose agus an Comhairleoir Louise McLoughlin a bhí ina Chathaoirleach agus ina Leaschathaoirleach roimhe seo. Táim ag tnúth go mór le hoibriú libh go léir amach anseo.

Is Mise le Meas,

An Cmhrl an Dr Phyll Bugler
Cathaoirleach

TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH JOE MACGRATH

Tá áthas orm, in éineacht leis an gCathaoirleach, Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle le haghaidh 2017 a chur i láthair ina dtugtar sonraí faoinár gcuid oibre maidir le seirbhísí pobail agus tionscadail bhonneagair a chur ar fáil i rith na bliana.



Lean geilleagar an Chontae ar aghaidh ag dul i bhfeabhas i rith 2017, agus méaduithe feicthe ar fhostaíocht, ghnó agus ghníomhaíocht turasóireachta. Tá roinnt éiginnteachta tagtha chun cinn, áfach, mar gheall ar thionchar Brexit agus forbairtí i ngeilleagar an domhain.

Éascaíonn an Chomhairle forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha trí raon tionscnamh agus d'ainneoin dhúshláin na srianta buiséid i ngach Stiúirthóireacht, tá an-áthas orm a thuairisciú gur leanadh ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn le go leor éachtaí agus gur críochnaíodh tionscadail fhiúntach ar fud an chontae chun Tiobraid Árann a dhéanamh níos fearr mar áit um chónaí, obair agus infheistíocht.

Bhí Fiontraíocht eacnamaíoch agus Turasóireacht ina dhá phríomhghné spreagtha i rith 2017 agus roinnt tionscnamh sonracha seolta:

- Sraith úrnua d'ábhar margaíochta do Thurasóireacht Thiobraid Árann "Tipperary, Time to take it all in", ag tosú sraithe de mar an áit saoire intíre is fearr laistigh de na 3 háit saoire is Fearr i Seanoirthear na hÉireann;
- An chéad shraith infheistíochta isteach d'ábhar margaíochta don Chontae faoin sluan "Tipperary, The Time, The Place" Baineadh úsáid fhairsing as an ábhar i rith na bliana chun Tiobraid Árann a mhargú ar bhealach cuí.
- Forbairt Branda Ghleannta Mumhan, áit turasóireachta a bhfuil tábhacht ag baint léi in Éirinn agus thar lear araon agus í ag cuimsiú na sliabhraonta Sléibhte an Chomaraigh, Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, na Gaibhlte, Bealach Eabhra agus Sliabh an Nóglaigh, agus an deis aici tairbhí socheacnamaíoch mór a bhaint amach do mhuintir an cheantair agus taithí fhíor fheabhsaithe a thabhairt do chuariteoirí.
- Thacaigh an Chomhairle le Pobal Fhíodh Aird leis an tarraingt turasóireachta is deireanaí i dTiobraid Árann "Taithí Fhíodh Aird, Tír na gCapall" ina dtugtar léargas uathúil ar stair fhada an phóru capall i dTiobraid Árann agus ag suíomh an bhaile mheánaoisigh mar áit lámach i Seanoirthear na hÉireann;

Chuimsigh tionscnaimh eile i rith 2017 obair leanúnach Ghrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt chun cuid mhór de na cuspóirí eile i dTreochlár Loch Deirgeirt a chur i bhfeidhm lena n-áirítear Bealach Gorm Loch Deirgeirt.

Is iad na tionscadail áitiúla, is minice, is mó a mbíonn tionchar acu ar ár pobail agus sa Tuarascáil Bhliantúil seo léifidh tú faoi ghníomhaíochtaí agus dhul chun cinn na Stiúirthóireachtaí i gComhairle Contae Thiobraid Árann sna cúig Cheantar Bardasach i rith 2017. I measc cuid de na buaicphointí do 2017 faoinár 3 téama straitéiseach bhí:

Geilleagar Láidir

- Críochnaíodh N24 Bóthar an Phoill, Droichead Iarnróid Charraig na Siúire;
- Cuireadh R-pháirceáil i bhfeidhm i naoi mbaile ar fud an chontae;
- Ciste um Infheistíocht sa Nuálaíocht, ciste ag an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ)
- Seoladh "Bricfeasta Thiobraid Árann", bricfeasta aitheanta de tháirgí áitiúla;
- An Creat Náisiúnta Pleanála - Éire 2040: Ár bPlean - aighneacht fhoirmiúil déanta thar ceann Chomhairle Contae Thiobraid Árann don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an 10 Samhain 2017
- Glacann le pleananna Lonnaíochta d'ionaid seirbhíse, ionaid seirbhíse áitiúla agus nóid lonnaíochta
- Tógáil i gCúram 17 Eastáit;
- Na hOifigí Ceantair nua a oscailt in Ascaill an Chaisleáin, Durlas, ceanncheathrú Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas agus Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann;

Cáilíocht an Chomhshaoil

- Bronnadh an gradam Eagraíocht Ghlas na hEarnála Poiblí don bhliain orainn ag na Dámhachtainí Uaine Náisiúnta
- Aithníodh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála Thiobraid Árann ag na Dámhachtainí Náisiúnta Sábháilteachta 2017 agus an dámhachtain as an “tSeirbhís Phoiblí is fearr” bronnta orthu don cheathrú bliain as a chéile.
- Cuireadh Ionad Athchúrsála Chluain Meala ar ghearrliosta don dámhachtain Ionad Beir Leat na Bliana ag Repak PAKMAN
- Seoladh an Phlean Gníomhaíochta um Fuinneamh Inbhuanaithe do Thiobraid Árann
- Críochnú Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach na Cúirte Dóite/Fhiodh Aird.
- Níos mó ná €500,000 curtha ar fáil do Ghrúpscéimeanna Uisce i bhfoirm dheontais bhonneagair.
- €325,000 íoctha i bhFóirdheontais Ghrúpscéime.
- I gcompháirt le Teagasc ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Coláiste an Ghoirtín san ‘Imeacht Fuinneamh sa Talmhaíocht ar an 22 Lúnasa, 2017 – d’fhreastail níos mó ná 2,500 duine air
- Áis Traenála Ceannais agus Comhordaithe den chéad scoth a choimisiúnú in ionad Traenála Dóiteáin Chluain Meala.
- Gairdín Tírdhrechtaithe le Bláthanna Fiáine a fhorbairt i bPáirc Baile an Teampaill Mhóir agus mar chuid den iarracht sin linn snámha lasmuigh a bhaint bhí gránna agus nach raibh á húsáid.
- Seacht dtionscadal a chur i bhfeidhm faoin Tionscadal Náisiúnta Frithdhumpála

Cáilíocht Bheatha

- 275 tionscadal tugtha chun críche faoi na Scéimeanna Deontais um Oiriúnú Tithe;
- Cúnamh deontais tugtha do 107 tionscadal faoi Scéim na n-Áiseanna Pobail;
- Cúrsa Slalom a fhorbairt i gCora Lady Blessington, Cluain Meala;
- Torthaí den scoth i gComórtas na mBailte Slachtmhara ag SuperValu agus an dámhachtain fhoriomlán don Bhaile is Slachtmhaire in Éirinn agus don Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn bainte ag Cnocán an Éin;
- An Staidéar Indéanta “Flights of Discovery” déanta;
- Fuarthas maoiniú de €91,600.00 faoi Scéim Athnuachana Bailte/Sráidbhailte 2017 chun comharthaí léirmhíniúcháin agus treoraithe a sholáthar agus a chur suas i mbaile Ros Cré agus Aip Shlí an Bhuitléaraigh a shíneadh go Ros Cré.
- Bronnadh Bonn Óir ar Ionad Fóillíochta an Aonaigh i gClár na Brataí Báine agus Bonn Óir bronnta air maidir le hinrochtaineacht (é ar cheann de líon an-bheag údarás áitiúil a bhain an creidiúnú sin agus an t-aon áis amháin i dThiobraid Árann)
- Críochnaíodh Tionscadal an Chuarbhóthair i gCaiseal agus tionscal dearfach aige sin do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon, agus “siúlóid lúbtha cruthaithe ó Lár an Bhaile go Carraig Chaisil.
- Ceapadh comhairleoirí chun Páirc Baile an Phoirt Nua tar éis go bhfuarthas ionad i Mulkear View, an Port Nua

I dtreo dheireadh 2017, arís eile cuireadh i ngníomh Pleananna Práin-nfhreagartha na Comhairle chun freagairt do “Stoirm Ophelia” a bhuaill an tír le gaotha láidre nach raibh coinne leo. Mar gheall ar scála an hairicín tugadh tuairisc ar os cionn 350 cás de chrainn leagtha nó de bhóithre dúnta. Is féidir rath na Comhairle a chur i leith, ní hamháin gealltanais pearsanta láidir na foirne go léir ach freisin an fhír gur chuir baill foirne as gach rannóg, idir rannóga lasmuigh agus laistigh, i spiorad freagrachta roinnte. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil as freagairt agus tiomantas iad siúd a leanas i rith na heachtra; Baill Foirne na Comhairle, Grúpaí Deonacha agus Pobail, Cosaint Shíbhialta, na Gardaí, an tArm, Seirbhísí Dóiteáin, FSS, DSP, Cumann na Croise Deirge, River Rescue agus na Meáin Áitiúla.

Ba mhaith liom Comhaltaí Tofa na Comhairle, an Grúpa Beartais Chorpáridigh a mholadh as an gcomhairle agus an treoir luachmhar a thug siad chomh maith leis na cúig Coiste Beartais Straitéisigh agus, go háirithe obair ár gcúig Ceantair Bhardasaigh agus na coistí eile a d’oibrigh go crua i gcónaí chun cur le soláthar seirbhísí don phobal i 2017. Gabhaim buíochas le Ger Walsh, an

t-Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach agus leis an bhfoireann i Seirbhísí Corparáideacha as an gceathrú Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann a chur le chéile.


Sa deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach, an Comhairleoir an Dr Phyll Bulger as a gealltanais agus a díograise agus í ag gabháil don phost i rith 2017, lenár Leas-Chathaoirleach, an Comhairleoir Roger Kennedy, Cathaoirleach na gCeantar Bardasach, na Comhairleoirí John Carroll, Seamus Hanafin, Catherine Carey, Michael FitzGerald agus John Fahey as a dtacaíocht agus a gcúnamh leanúnach i rith na bliana.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill foirne go léir Chomhairle Contae Thiobraid Árann, idir na baill foirne laistigh agus lasmuigh, as a ngealltanais agus a díograise leantach agus iad ag soláthar seirbhísí do phobail Thiobraid Árann.

Joe MacGrath

Príomhfheidhmeannach


As na 32 chontae is é Tiobraid Árann



Tá mian an-soiléir ag Comhairle Contae Thiobraid Árann agus is é sin ná ní hamháin cáilíocht a cuid seirbhísí a choimeád ach iad a fheabhsú chomh maith. Beidh muid uaimhianach dár gcontae agus tacóidh muid le timpeallacht a cheadóidh níos mó infheistíochta agus níos mó post dea-chaighdeáin do dhaoine áitiúla.

RÁITEAS FÍSE

Tiobraid Árann Le Chéile - Mianta againn dár gcuid pobal, éilimh againn orainn féin agus ag obair ar son na cuspóra coitianta chun go mbeadh rath ar an gcontae.




COMHALTAÍ CHOMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN


CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE

KIERAN BOURKE

FIANNA FÁIL


 Baile Risteird
Bóthar na Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid
Árann




 086 8049772
kieran.bourke@tipperarycoco.ie

DAVID DUNNE

SINN FÉIN


 42 Plásóg na
Creige
Carraig na Siúire
Co Thiobraid
Árann




 086 3476317
david.dunne@tipperarycoco.ie

JOHN FAHEY

FINE GAEL


 Baile an Ghraeigh
Cill Náille
Co Thiobraid
Árann





 086 3573524
john.fahey@tipperarycoco.ie

IMELDA GOLDSBORO

FIANNA FÁIL


 An Chlais Dubh
Glaise an Ghuail
Durlas
Thiobraid Árann




 087 2444819
imelda.goldsboro@tipperarycoco.ie

LOUISE McLOUGHLIN

FINE GAEL

 An Garrán
Baile an Iúir
Durlas
Co Thiobraid
Árann




 087 7829711
louise.mcloughlin@tipperarycoco.ie

EDDIE O MEARA RIP 12/04/18 NEAMHPHÁIRTÍ

 Baile Uí Dhónaill
Muileann na
hUamhan
Durlas
Co.Thiobraid
Árann Tiobraid
Árann



 087 9243823
eddie.omeara@tipperarycoco.ie


CEANTAR BARDASACH
CHARRAIG NA SIÚIRE




CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

MARTIN BROWNE

SINN FÉIN

 122 Corrán Ghort
an Spá
Caiseal
Co Thiobraid
Árann




 087 4197578
martin.browne@tipperarycoco.ie

JOHN CROSSE

FINE GAEL


 Crois Dhún
Eochaille
Dún Eochaille
Co Thiobraid
Árann




 087 9165851
john.crosse@tipperarycoco.ie

MICHAEL FITZGERALD

FINE GAEL


 Teach Ráth
Cloichín, an
Gabhailín
Thiobraid Árann




 087 2292126
michael.fitzgerald@
tipperarycoco.ie

MARY H. HOURIGAN

FINE GAEL


 Teach Parkview
Bóthar Thiobraid
Árann
An Cheapach
Co Thiobraid
Árann




 085 8150689
Mary.hanna@tipperarycoco.ie

ROGER KENNEDY

FIANNA FÁIL

 Camas
Caiseal
Co Thiobraid
Árann




 086 8161058
roger.kennedy@tipperarycoco.ie

DENIS LEAHY

NEAMHPHÁIRTÍ


 4 Sráid an
Dáibhísigh
Baile Thiobraid
Árann
Co Thiobraid
Árann




 087 6796704
denis.leahy@tipperarycoco.ie

TOM WOOD

NEAMHPHÁIRTÍ

 27 An
Phríomhshráid
Caiseal
Co. Thiobraid
Árann Tiobraid
Árann



 087 9746545
tom.wood@tipperarycoco.ie




CEANTAR BARDASACH
CHAISIL - THIOBRAID
ÁRANN

CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA


SIOBHAN AMBROSE FIANNA FÁIL

 Dún Mhuire
Melview
Cluain Meala
Co. Thiobraid
Árann Thiobraid
Árann




 086 3850242
siobhan.ambrose@tipperarycoco.ie


MICHEÁL ANGLIM FIANNA FÁIL

 Baile an Locháin
Ard Fhionáin
Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann




 086 0251277
michealanglim@tipperarycoco.ie

CATHERINE CAREY SINN FÉIN

 Bóthar an
tSléibhe
Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann




 085 1012059
catherine.carey@tipperarycoco.ie


PAT ENGLISH WUA

 Radharc na
hEaglaise
Ráth Rónáin
Cluain Meala
Co Thiobraid Árann
Co Thiobraid
Árann




 087 768 4746
pat.english@tipperarycoco.ie

MARTIN LONERGAN NEAMHPHÁIRTÍ

 An Currach
Droichead na
nGabhar
Ard Fhionáin, Co.
Thiobraid Árann




 087 6497083
martin.lonergan@tipperarycoco.ie


RICHIE MOLLOY NEAMHPHÁIRTÍ

 6 Céide Heywood
Ardgaoithe
Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann




 086 1967482
richie.molloy@tipperarycoco.ie

ANDY MOLONEY NEAMHPHÁIRTÍ

 Cnoc an Chleite
Poll na Muice
Cluain Meala
Co Thiobraid
Árann




 086 3609110
andy.moloney@tipperarycoco.ie


MARIE MURPHY FINE GAEL

 Coill Bhaile Uí
Bhuí
An Cloichín
Co Thiobraid
Árann





 086 8261387
marie.murphy@tipperarycoco.ie

MICHAEL MURPHY FINE GAEL

 Orpen, 30 The
Paddocks
Bóthar Fhiodh Ard
Cluain Meala,
Co Thiobraid
Árann




 087 3226699
michael.murphy@tipperarycoco.ie



CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

FIONA BONFIELD

PÁIRTÍ AN LUCHT OIBRE


 87 Radharc
Mulcair
An Port Nua
Co Thiobraid
Árann




 086 1670863
fiona.bonfield@tipperarycoco.ie

AN DR PHYL BUGLER

FINE GAEL


 Inse
Dhraighneach
Béal an Átha
Co Thiobraid
Árann




 087 2807655
phyll.bugler@tipperarycoco.ie

JOHN CARROLL

FIANNA FÁIL


 Teach Chill
Cholmáin
An tAonach
Co Thiobraid
Árann




 086 8041893
john.carroll@tipperarycoco.ie

GERARD DARCY

FINE GAEL


 Claise an tSiáin
Ard Cróine
An tAonach
Co Thiobraid
Árann




 086 2752838
gerard.darcy@tipperarycoco.ie

JOE HANNIGAN

NEAMHPHÁIRTÍ


 Cill Bharráin
An Chúil Bhán
An tAonach
Co Thiobraid
Árann




 087 2566157
joe.hannigan@tipperarycoco.ie

HUGHIE MCGRATH

NEAMHPHÁIRTÍ


 19 Céide
Brooklands
An tAonach
Co Thiobraid
Árann




 087 2559323
hughie.mcgrath@tipperarycoco.ie
Michael Smith

SEAMUS MORRIS

NEAMHPHÁIRTÍ


 Ráth na Lín
An tAonach
Co Thiobraid
Árann



 087 2859125
seamus.morris@tipperarycoco.ie

MICHAEL O MEARA

NEAMHPHÁIRTÍ


 Lios Earnáin
Rathcabbin
Ros Cré
Co Thiobraid
Árann




 086 8379300
michael.omeara@tipperarycoco.ie


MATTIE RYAN (AN CHÚIL)

FIANNA FÁIL

 Coolecarra
Cill Chomáin
Durlas
Co Thiobraid
Árann




 086 8038652
mattie.ryan@tipperarycoco.ie




CEANTAR BARDASACH
AN AONAIGH

CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS


JOE BOURKE FINE GAEL

 Cluain Mór
An Teampall Mór
Co Thiobraid
Árann




 086 8386376
joe.bourke@tipperarycoco.ie


DAVID DORAN SINN FÉIN

 An Garrán Rua
Durlas
Co Thiobraid
Árann




 086 8901599
david.doran@tipperarycoco.ie


SEAMUS HANAFIN FIANNA FÁIL

 Cluain Gabhra
Durlas
Co Thiobraid
Árann




 087 2614000
seamus.hanafin@tipperarycoco.ie

JOHN HOGAN FIANNA FÁIL

 An Mhaighean
Durlas
Co Thiobraid
Árann




 086 2314067
john.hogan@tipperarycoco.ie


MICHEÁL LOWRY NEAMHPHÁIRTÍ

 An Ráithín
Mainistir na
Croiche
Co Thiobraid
Árann




 087 2897585
micheallowry@tipperarycoco.ie


EDDIE MORAN NEAMHPHÁIRTÍ

 Knockadrom
An Teampall Mór
Co. Thiobraid
Árann




 086 2484363
eddie.moran@tipperarycoco.ie


JIM RYAN NEAMHPHÁIRTÍ

 Bóthar an
Mhuilinn
Durlas
Co Thiobraid
Árann




 086 2397376
jim.ryan@tipperarycoco.ie


SEAN RYAN FIANNA FÁIL

 22 Radharc na
hEaglaise
An Baile Beag
Durlas
Co. Thiobraid
Árann




 087 4581455
seano.ryan@tipperarycoco.ie

MICHAEL SMITH FIANNA FÁIL

 An Bheitheach
Ghlas
Ros Cré
Co Thiobraid
Árann



 086 8525634
michael.smith@tipperarycoco.ie

CEANTAR
BARDASACH
AN TEAMPAILL MHÓIR -
DHURLAS



AN FHOIREANN BAINISTÍOCHTA SINSEARAÍ

AN TUAS. MATT SHORTT

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Leas-Phríomhfheidhmeannach agus LAWCO

**Ceantar Bardasach
Tarmligthe**
An Teampall Mór/Durlas

Stiúrthóireacht
Cluain Meala



AN TUAS. JOE MACGRATH

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH



AN TUAS. KARL CASHEN

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Pleanáil, Seirbhísí
Dóiteáin & Éigeandála
& Leabharlanna

Stiúrthóireacht
An tAonach



MS. CLARE CURLEY

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Tithíocht

**Ceantar
Bardasach Tarmligthe**
Caiseal/Tiobraid
Árann

Stiúrthóireacht
Cluain Meala



AN TUAS. SEAN KEATING

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Seirbhísí Uisce,
Comhshaol agus
Bainistíocht Athraithe

Stiúrthóireacht
Cluain Meala



AN TUAS. LIAM MCCARTHY

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Airgeadas &
Córais Fhaisnéise

Stiúrthóireacht
An tAonach



AN TUAS. MARCUS O'CONNOR

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Bóithre, Sláinte &
Sábháilteacht
**Ceantar Bardasach
Tarmligthe**

An tAonach
Stiúrthóireacht
An tAonach




MS. SINEAD CARR

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Forbairt Pobail &
Eacnamaíochta

**Ceantar
Bardasach Tarmligthe**
Cluain Meala

Stiúrthóireacht
Cluain Meala



AN TUAS. PAT SLATTERY

STIÚRTHÓIR SEIRBHÍSÍ

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Acmhainní Corparáide-
acha & Daonna

**Ceantar Bardasach
Tarmligthe**
Carraig na Siúire

Stiúrthóireacht
Cluain Meala



AN TUAS. GER WALSH

OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN
SINSEARACH

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Seirbhísí
Corparáideacha &
Riarthóir Cruinnithe



XXX ROSEMARY JOYCE

OIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN
SINSEARACH & RÚNAÍ NA FOIRNE
BAINISTÍOCHTA

**Feidhmeanna
Stiúrthóireachta**
Ceantar Bardasach an
Aonaigh





GEILLEAGAR LÁIDIR

- ✓ FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA & FIONTRAÍOCHT
- ✓ TURASÓIREACHT
- ✓ BÓITHRE, IOMPAR, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT
- ✓ PLEANÁIL & FORBAIRT

Tá ról lárnach ag Comhairle Contae Thiobraid maidir le ceannaireacht láidir a dhéanamh ar chontae Thiobraid Árann. Tá geilleagar éagsúil ag an gContae a chuimsíonn mol leighis-chógaisíochta láidir sa tuaisceart, déantúsaíocht agus a thionscal cáiliúil póraithe capall. Tá an talamh mín den chéad scoth ina thimpeallacht fhoirfe um tháirgeadh bia agus le haghaidh clú méadaithe maidir le bia ceardaí. Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht freisin agus comharthaí talún cáiliúla sa chontae mar Loch Deirgeirt, Caisleán Chathair Dhúin Iascaigh agus Swiss Cottage.

FORBAIRT POBAIL & EACNAMAÍOCHTA -

Is í an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) an chéad áit le cuairt a thabhairt air dóibh siúd atá ag smaoineamh faoi ghnó a bhunú nó dóibh siúd sa ghnó ar mian leo méadú nó atá ag lorg tacaí eile.



I 2017, rinne an Oifig Fiontair Áitiúil próiseáil ar 49 n-iarratas um Chúnamh Deontais do Ullmhú, Indéantacht agus Méadú Gnó. Tugadh faomhadh do dheontais a bhí comhionann le €975,581 san iomlán le haghaidh 38 dtionscadail.

Leis na deontais ar tugadh faomhadh dóibh déanfar caiteachas de €4.8m a ghíaráil agus mar thoradh air sin cruthófar 142 post i gcaitheamh na chéad trí bliana eile. Ba é an meánchostas in aghaidh an jab ná €7217 ar aon dul leis an meán Náisiúnta.

I rith na bliana bhronn an Oifig Fiontair Áitiúil 37 nDearbhán um Thrádáil ar Líne agus bhain 30 comhlacht leas as tacaíocht mheantóireachta trí 8 gclinic eolais.

I 2017, seoladh Ciste nua OFÁ um Infheistíocht sa Nuáil agus tharraing sé sin 21 iarratas. Bhí ciste infheistíochta de €1.5m ag gabháil leis an scéim ar fud na tíre agus d'éirigh le 2 chomhlacht Thiobraid Árann a bhí suite i Ros Cré agus i gCarraig na Siúire infheistíochtaí ar luach €25,000 in aghaidh an cheann a fháil

Reáchtáladh an Babhta Ceannais Contae don Fhiontraí Óg is Fear in Éirinn ar an 15 Nollaig i nDurlas - Ba iad na 3 bhuaiteoir agus an 3 a tháinig sa dara háit i gcatagóirí ná;



Buaiteoirí agus Dara hÁit i mBabhta Ceannais Thiobraid Árann don Fhiontraí Óg is Fear in Éirinn a reáchtáladh i mí na Nollag 2017. L-R Grace Tooher - Jam Forest, Cian Farrell - Roots, Philip Martin - Blanco Nino Ltd, Byran Davis Solar Pump Solutions, Patrick Ryan - PRWS Ltd agus Evie Ward - The Nutshed.

I 2017, chuir Thiobraid Árann ar aghaidh 18 n-iarratas ar Iasachtaí Micrea-airgeadais agus faoi bhí dheireadh na bliana bhí 11 iarratas ar luach €142k faofa. Mar gheall ar na hiasachtaí a bhí faofa bhí acmhainn chun 18 bpost lánaimseartha a chruthú.

Ba é an Leithdháileadh faoi Bheart 2 le haghaidh 2017 ná €419,928. Reáchtáil an Oifig Fiontair Áitiúil i dThiobraid Árann 77 gceardlann agus clár oiliúna ar ghlac 762 duine páirt iontu.

Ghlac 115 duine páirt sa Chlár um Forbairt Úinéirí Bainisteoirí, a chuimsigh an Clár um Cheardaíocht agus Dheardh Foirgnimh agus LEAN do Micro.

I 2017, d'fhaomhadh 361 sannachán meantóireachta ar chostas iomlán de €60,000.

I rith na bliana bhí glanghnóthachan ag na comhlachtaí ar thug an Oifig Fiontair Áitiúil tacaíocht dóibh de 262 post lánaimseartha tar éis gur tógadh san áireamh cailteanais agus dúnadh gnóthas. Thug Thiobraid Árann taifead ar an leibhéal ab airde de ghlanghnóthacháin phoist ar fud an líonra OFA agus nach mór 4,000 post cruthaithe ar fud na tíre.

I mí an Mhárta 2017, reáchtáladh 31 cheardlann, seimineár agus clár oiliúna ar fud Thiobraid Árann don tSeachtain Fiontraíochta Áitiúla. Léirítear leis na figiúir gur ghlac os cionn 365 duine páirt in imeachtaí na seachtaine.

Tionscnamh réigiúnach agus Thiobraid Árann, Luimneach chomh maith leis an gClár rannpháirteach ann, ab ea Lá Náisiúnta Fhiontraíochta na mBan. Ba iad na heochairchainteoirí ar an lá ná Chanelle McCoy ó Dragon's Den agus Stiúrthóir Ghrúpa Chanelle. Tugadh cás-staidéir agus láithreachais ar an lá. Bhí níos má ná 100 fiontraí ban i láthair.



Rita Guinan le Lady Chanelle McCoy (Ar chlé) agus Celia Holman Lee (Ar dheis) ag Lá Náisiúnta Fhiontraíochta na mBan a reáchtáladh san Óstán Lakeside, Béal an Átha, 12 Deireadh Fómhair 2017.

Bhí an Clár Fiontraíochta do Dhaltaí ar siúl ó Mheán Fómhair 2016 - Bealtaine 2017. Leithdháil an Oifig Fiontair Áitiúil €17,000 chun an clár a rith. Ghlac 984 dalta as 22 scoil ar fud an Chontae páirt ann. Chuaigh 3 buaiteoirí ón mbabhta ceannais contae ar aghaidh chun bheith ina n-ionadaithe ar Thiobraid Árann sa bhabhta ceannais náisiúnta.



Buaiteoir sa Chatagóir Shinsearach den Chlár Fiontraíochta do Dhaltaí i mBabhta Ceannais Chontae Thiobraid Árann 2017 'The Safety Squad ó Mheánscoil Mhuire, an tAonach.

Mar fhreagra ar Chiste an OFÁ um Infheistíocht sa Nuáil fuair Tiobraid Árann 21 iarratas (an 7ú leibhéal is airde sa Tír). Roghnóidh OFÁanna sa Mheániarthar cohórt de 15 rannpháirtí ar a mhó don chlár réigiúnach um infheisteoirí réidhe. Tá 7 bpota d'infheistíochtaí 25k le buachan.

Rinne na hOifigí Fiontair Áitiúil san Oirdheisceart comhordú ar an Siompóisiam AgTech, siompóisiam ceannródaíoch a reáchtáladh sa Horse and Jockey, Tiobraid Árann i mí Iúil 2017. Bhí Fiontraíocht Éireann, Teagasc, an Roinn Talmhaíochta, TSSG, na hInstitiúidí Talmhaíochta agus Agriforvalour rannpháirteach ann. D'fhreastail níos mó ná 140 toscaire air.



Ag an Siompóisiam Ag Tech ag an óstán Horse & Jockey ar an 5 Iúil tá C-D: Robert Walker POF, Keenan Systems, Brian Foley, Bainisteoir Cáilíochta an AE, TSSG, Rita Guinan, An Oifig Fiontair Áitiúil, Patrick Barrett, Cigire Talmhaíochta sa Roinn Talmhaíochta, Bia & Mara

Miondíol: Leantar ar aghaidh leis an obair chun tacú leis na fóraim miondíola éagsúla atá i bhfeidhm ar fud an chontae agus ina theannta sin chun tacú le Ciste Tacaíochta Miondíola don Nollaig a chabhraigh le 26 hiarratas ar chostas iomlán de €27,980 lenar áiríodh ciste de €3,100 ón OFÁ le haghaidh imeachtaí, margaí agus taispeántas i mbailte ar fud an chontae. Leantar ar aghaidh ag cur i bhfeidhm na Scéime um Dhreasacht Ghnó agus 43 fhiosrú foirmiúil faighte ar fud an Chontae i 2017. Freisin rinne an Coiste Beartais Straitéisigh dul chun cinn le hobair chun an feachtas Buy Local a chur i bhfeidhm agus an bhrandáil, na meáin sóisialta agus na comharthaí scaipthe ar fud an Chontae.

An Ciste Réigiúnach um Forbairt Fiontraíochta: D'fhógair an tAire Humphries an liosta tionscadal a fuair maoiniú faoi ghairm iomaíoch Lúnasa 2017 (An Ciste Réigiúnach um Forbairt Fiontraíochta, CRFF) agus deonaíodh €4.628m don tionscadal um áis ar scála píolótach sa Lisín mar mhaoiniú 80% d'áiseanna ar scála píolótach um obair sa Bhithgheilleagar (Biththeicneolaíocht Talmhaíochta agus Bia). Is é an Irish Bioeconomy Foundation CLG an comhlacht a bunaíodh chun an t-iarratas a dhéanamh agus is iad a bhail ná Glanbia, CMP, UCD, TCD, LIT agus TCC. Is é a bheidh i gceist leis an tionscadal ná an t-iarfhoirgneamh riaracháin sa Lisín a thiontú go hionad T&F agus 8,000 sq.ft. breise d'áit forbartha próisis curtha leis chun críoch a chur leis na gníomhaíochtaí píolótacha agus scálaithe suas den obair taighde atá á déanamh faoi láthair ag eagraíochtaí taighde agus gnóthais san earnáil talmhaíochta/bia. Gníomhóidh an áis T&F mar fhachtóir tarraingthe freisin do thionscadal ar an gCampas Náisiúnta Bithgheilleagair. Tá an chéad tionscadal gnó, agus é tacaíthe ag cuideachta mhór bia sa réigiún le tosú sa Lisín ag tús 2018. Sa phictiúr thíos tá imprisean ealaíontóra den fhoirgneamh



Margaíocht: Freisin d'fhorbair TCC a céad shraith infheistíochta isteach d'ábhar margaíochta don chontae i dTeach Chill tSeáin faoin sluan "Tipperary - The Place, The Time". Sheol an tAire Mary Mitchell Mary O' Connor an branda do Thiobraid Árann agus d'fhreastail os cionn 130 páirt leasmhar gnó air a raibh ina measc POFanna ó chuideachtaí Infheistíochta Díri Eachtraí agus chuideachtaí Dúchasacha. Baineadh úsáid fhairsing as an ábhar i rith na bliana chun Tiobraid Árann a mhargú ar bhealach cuí.



Deonaíodh €4.628m don tionscadal um áis ar scála píolótach sa Lisín mar mhaoiniú 80% d'áiseanna ar scála píolótach um obair sa Bhithgheilleagar



Ag seoladh Feachtas Tipperary, The Place, The Time a réachtáladh i dteach Chill tSeáin ar an 27 Aibreán 2017 bhí: Sa Ró Cúil C-D An Cmhlr John Hogan, Jerry Moloney, Stiúrthóir Réigiúnach Fhiontraíocht Éireann, An Cmhlr Seamus Hanafin, An Teachta Dála Michael Lowry, Anne-Marie Tierney - Le Roux, Stiúrthóir Forbartha Réigiúnaí san IDA. An Cmhlr Joe Burke. Sa Ró Tosaigh, C-D Niall O'Callaghan IDA, An Dr Phyll Bugler, MCC, Cathaoirleach Siobhán Ambrose, an Teachtaire Dála Mary Mitchell O'Connor, an tAire Post, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, Tom Hayes agus Joe MacGrath, Príomhfhéidhmeannach Chomhairle Contae Thiobraid Árann.

Digiteach: Mar chuid den phróiseas chun cultúr digiteach a fhorbairt i dTiobraid Árann tosaíodh obair chun a) straitéis dhigiteach a fhorbairt don chontae, b) oifigeach leathanbhanda a cheapadh agus c) féachaint chuig luach a bhaint as na cláir ardleibhéil a ritheann LIT i réimse na cluichíochta agus na n-ilmheán trí iarracht a dhéanamh conair dhigiteach cruthaitheachta a fhorbairt idir Durlas agus Cluain Meala Rinneadh staidéar indéantachta chun na deiseanna a aithint maidir le stiúideo réidh le suíocháin a bhunú agus cabhrú le gnóthais nua agus óga a chumasú san earnáil dhigiteach chruthaitheach.



Ag Seó Going Global, FDI i Londain i mBealtaine 2017 bhí C-D Kathleen Prendergast, Oifigeach Forbartha Eacnamaíochta, Rita Guinan, Ceann Fiontraíochta, POF agus Anthony Fitzgerald, Oifigeach Fiontraíochta Gnó.

Ceardaíocht: Tá obair ar siúl san earnáil cheardaíochta agus an chéad straitéis cheardaíochta don chontae go léir á dhréachtú agus tacaíocht á tabhairt do roinnt tionscal ceardaíochta chun a dtáirgí ceardaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn.



Ag réachtáladh an Fóram ar Straitéis Cheardaíochta i Meán Fómhair 2017. D-C Kathleen Prendergast, Oifigeach Forbartha Eacnamaíochta, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Eileen Hassett- Ceardaí, Donal Ryan - Ceardaí, Marion Purcell, Ita Horan, OFÁ Thiobraid Árann, Martin Lannigan- Ceardaí X.



Edel Grace - Pieces of Grace, a Bhuaigh an duais don Taispeántas is fearr i mBalcóin OFÁ ag Taispeántas 2017.

Clár Bia

Leanann CCTÁ ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don líon fíorghníomhach, Líonra Bia Thiobraid Árann a bhí freagrach as tabhairt faoi roinnt tionscnamh i gcomhpháirt le CCTÁ agus leis na cuideachtaí forbartha áitiúla a raibh ina measc Bricfeasta Thiobraid Árann, An Staidéar Indéantachta um Lárionad Feabhais don Bhia, leabhar a fhorbairt atá dírithe ar bhunscoileanna maidir le táirgeoirí ceardaí bia sa cheantar áitiúil agus bia folláin, líonrú, oiliúint agus seónna trádála.



Bricfeasta Thiobraid Árann - bricfeasta beathúil blasta a léiríonn luachanna an ghrúpa mar atá feabhas, eitic agus ionracas.

Bricfeasta Thiobraid Árann


I gColáiste Rockwell i bhFeabhra, i dteannta le Turasóireacht Thiobraid Árann, tugadh cuireadh do sholáthraithe turasóireachta ar fud an chontae blas a fháil de bhriceasta Thiobraid Árann. Choimisiúnaigh Líonra Táirgeoirí Bia Thiobraid Árann an cócaire cáiliúil as Tiobraid Árann Kevin Thornton chun Bricfeasta aitheanta Thiobraid Árann a chruthú le táirgí áitiúla, bricfeasta beathúil blasta a léiríonn luachanna an ghrúpa mar atá feabhas, eitic agus ionracas. Táirgfear Bricfeasta Thiobraid Árann d'aíonna ar bhiachláir bhriceasta ar fud chontae Thiobraid ar dtús, ach le himeacht ama beidh sé ar fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



 Sa phictiúr - Kevin Thornton le baill Líonra Tháirgeoirí Bia Thiobraid Árann ag Bricfeasta Thiobraid Árann

I 2017, chomhoibrigh an Oifig Fiontair Áitiúil leis na cúig OFÁ eile san oirdheisceart agus bhí siad i gceannas ar Thionscnamh Micreabhia an Oirdheiscirt. Ghlac 14 chuideachta páirt sa tionscnamh seo arbh é a bhí i gceist leis ná taisteal go Nua-Eabhrac í mí an Mheithimh chun freastal ar an Aonach Bia galánta i Manhattan. Ba iad an Oifig Fiontair Áitiúil i dTiobraid Árann a bhí i gceannas ar an misean trádála.



 Ag seoladh an bhraisle SEMFEI a raibh Tiobraid Árann i gceannas air agus a maoiníodh faoi chistí iomaíocha an OFÁ tá C-D Tom Banville, OFÁ Loch Garman, Richard Murphy, Bainisteoir an Aonad OFÁ Fiontraíocht Éireann, Mary Morrissey, An Bord Bia, Fiona Deegan, OFÁ Chill Chainnigh, Mairead English Maher, OFÁ Thiobraid Árann Brid Kirby, OFÁ Phort Láirge, Rita Guina, OFÁ Thiobraid Árann, Ciaran Comerford, OFÁ Cheatharlach agus Gerry O' Grady, Fiontraíocht Éireann, Aonad OFÁ.







TURASÓIREACHT

Tá ról tábhachtach ag an turasóireacht i ngeilleagar Thiobraid Árann agus níos mó ná 400,000 cuairteoir as Éirinn agus gach cearn den domhan ag caitheamh beagnach €103 milliún sa chontae gach bliain. Déanann an oifig turasóireachta comhordú ar ról na Comhairle, i margaíocht na turasóireachta, fógraíocht agus forbairt táirgí ar fud an Chontae. Cuimsíonn sé sin tacaíocht a thabhairt do Chuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann, don Ghrúpa Margaíochta um Loch Deirgeirt agus do Ghleannta Mumhan. Oibríonn an oifig turasóireachta leis na rannpháirtithe lárnacha a bhfuil ról acu sa turasóireacht agus é mar aidhm na tairbhí go léir is féidir a bhaint amach don chontae, cuimsíonn sé sin oibriú le Fáilte Éireann agus le Turasóireacht Éireann ar an mbranda nua um Shean-Oirthear na hÉireann a chur i bhfeidhm agus tairiscint nua an Lár Tíre.

Plean Straitéiseach Thiobraid Árann um Margaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scríbe 2016 -2021

Le déanaí d'fhorbair Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann Plean Straitéiseach um Mhargaíocht agus Thaithí na Turasóireachta agus Forbairt Ceann Scríbe do Chontae Thiobraid Árann 2016 - 2021. Sa phlean sin don chontae uile leagtar amach moladh úrnua do Thiobraid Árann. Is í aidhm an Phlean, atá dírithe ar ghníomh ná fás a spreagadh agus a chumasú do Thiobraid Árann agus Tiobraid Árann a shuíomh mar an áit saoire intíre is fearr laistigh de na 3 háit saoire is Fearr i Seanoirthear na hÉireann.

I mí an Mhárta 2017 seoladh branda agus sraith nua d'ábhair mhargaíochta do Thurasóireacht Thiobraid Árann; 'Tipperary, Time to Take it all in' ag an Aire Turasóireachta, an tUas. Patrick O'Donovan TD ag Carraig Chaisil agus leis sin cuireadh tús le sraith de ghníomhartha margaíochta a raibh ina measc turais cur in aithne agus léirmheasanna ó iriseoirí taistil agus clúdach ar Ireland AM ar TV3. Ba é an luach PR iomlán a measadh ná €380,000. Freisin taispeánadh Tiobraid Árann i dtrí heipeasóid de Nationwide ar RTÉ i 2017, ba iad na cinn ba shuntasáí ná eipeasóid ar Loch Deirgeirt ag tús 2017 agus eipeasóid faoi Charraig na Siúire agus Caisleán Urumhan, a bhí athchóirithe le déanaí, i samhradh 2017. Freisin d'oibrigh an oifig turasóireachta le soláthraithe turasóireachta chun tairiscintí speisialta a chruthú a dhíríonn ar mhargaí sonracha agus d'éascaigh sé sin trasdhíol tháirgí turasóireachta timpeall Chontae Thiobraid Árann i 2017.



Sa phictiúr (c-d) Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach, an Cmhrlr Siobhan Ambrose, an tAire Patrick O'Donovan, Luke Murtagh (Cathaoirleach Turasóireacht Thiobraid Árann), Elizabeth Nallen, Óstán Minella, Marie Phelan, Oifigeach Forbairt Turasóireachta

Taithí Fhiodh Aird, Tír na gCapall, Tholsel, Fiodh Ard

Tugadh chun críche Taithí Fhiodh Aird Tír na gCapall, an taithí is deireanaí do chuairteoirí ar an gcontae, i mBealtaine 2017 agus osclaíodh go hoifigiúil é ag an Aire ar a bhfuil Freagracht as Cosaint, Paul Kehoe agus an Tiarna Andrew Lloyd Webber. Bhí an tionscadal seo um thurasóireacht pobail stiúrtha ag Grúpa Gnó agus Turasóireachta Fhiodh Aird agus tacaíocht acu ó CCTÁ, Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas, Graí Coolmore agus Fáilte Éireann. Leis an taithí nua seo tugtar léargas uathúil ar stair fhada an phóru capall i dTiobraid Árann agus é mar aidhm an baile meánaoiseach a shuíomh mar áit lárnach i Seanoirthear na hÉireann; Faoi dheireadh 2017 bhí cuairt tugtha ag os cionn 4,500 duine ar an tarraingt.



Sa phictiúr - Páistí ag baint taitnimh as an tarraingt is deireanaí do chuairteoirí i dTiobraid Árann, Taithí Fhiodh Aird, Tír na gCapall



Is í aidhm an Phlean, ná fás a spreagadh agus a chumasú do Thiobraid Árann agus Tiobraid Árann a shuíomh mar an áit saoire intíre is fearr laistigh de na 3 háit saoire is Fearr i Seanoirthear na hÉireann.

Gleannta Mumhan

Is áit turasóireachta é Gleannta Mumhan a bhfuil tábhacht ag baint léi in Éirinn agus thar lear araon agus í ag cuimsiú na sliabhraonta Sléibhte an Chomaraigh, Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, na Gaibhlte, Bealach Eabhra agus Sliabh an Nóglai. D'éirigh le Gleannta Mumhan iarratas a dhéanamh ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta do mhaoiniú REDZ de thart ar €399,000 agus é meaitseáilte ag €100,000 breise ó na ceithre húdarás áitiúil atá rannpháirteach sa tionscadal; Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae Chorcaí. Fostaíodh Bainisteoir nua um Ionad Ghleannta Mumhan agus Margaíocht agus iad bunaithe in aonad Thurasóireacht Thiobraid Árann i dTeach Bhaile an Gharráin, Cluain Meala. Agus acmhainn thiomnaithe ar fáil rinne Gleannta Mumhan tuilleadh forbartha ar an mbranda agus ar na sócmhainní turasóireachta sa cheantar geografach chun an méid seo a leanas a chuimsiú; margaíocht, tionscnaimh, gníomhaíocht meán sóisialta, forbairt táirgí agus oiliúint ar bhealach a d'fhéadfadh go mbainfeadh muintir na háite tairbhí socheacnamaíocha móra as agus eispéreas feabhsaithe fíorúil a chur ar fáil do chuariteoirí, agus tuiscint agus meas á léiriú ar an timpeallacht nádúrtha agus thógtha ag an am céanna. Is í aidhm Ghleannta Mumhan ná go measfaí í mar an tairiscint ab fhearr ó thaobh gníomhaíochtaí amuigh faoin aer i Sean-Oirthear na hÉireann agus seoladh go hoifigiúil í ag an Aire Turasóireachta, Brendan Griffin T.D. i nDeireadh Fómhair 2017.



Sa phictiúir (c-d) Triona O'Mahony, Sinead Carr, An tAire Turasóireachta, Brendan Griffin T. D. Marie Phelan



Is í aidhm Ghleannta Mumhan ná go measfaí í mar an tairiscint ab fhearr ó thaobh gníomhaíochtaí amuigh faoin aer i Sean-Oirthear na hÉireann

Grúpa Margaíochta Loch Deirgeirt

Is é atá i nGrúpa Margaíochta Loch Deirgeirt ná grúpa seanbhunaithe a chuimsíonn raon leathan d'ionadaithe páirtí leasmhair ó na trí húdarás áitiúil, Comhairlí Contae an Chláir, na Gaillimhe agus Thiobraid Árann, Fáilte Éireann, Uiscebhealaí Éireann, Iascaigh Intíre Éireann, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus gnó na turasóireachta. Chuir an grúpa i bhfeidhm cuid mhór de na cuspóirí eile sa Treochláir um Loch Deirgeirt agus thug siad chun críche na tionscadail chaipitil a bhí ag baint le Ciste Spreagtha Loch Deirgeirt i 2017. I measc na dtionscadal a críochnaíodh bhí seastáin iascaireachta nua ar Ché an Mhóta, oibreacha feabhsúcháin ag Crosaire na Mílaoise agus oibreacha bonneagair timpeall Bhealach Gorm Loch Deirgeirt. Ba é an tionscadal mór don ghrúpa sin i 2017 ná tuilleadh forbartha ar Bhealach Gorm Loch Deirgeirt atá le bheith oscailte ag tús 2018. D'éirigh leis an ngrúpa lena n-iarratas ar an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ar mhaoiniú REDZ de thart ar €200,000 chun Tionscadail an Bhealaigh Ghoirna a chur i gcrích. Lean an grúpa ar aghaidh ag margú agus ag cur chun cinn Lochanna Loch Deirgeirt i rith na bliana agus sraith bia 'Blas Loch Deirgeirt', imeachtaí líonraithe, fógraí ar an raidió, ar an idirlíon agus sa phreas.

An Tionscadal Turasóireachta 'Flights of Discovery' do Chluain Meala

Rinneadh Staidéar Indéantachta 'Flights of Discovery' i mí an Mheithimh 2017. Tá an táirge turasóireachta scála nua seo i dTiobraid Árann suite i gCluain Meala agus cuimseoidh sé athfhorbairt a dhéanamh ar an spás dánlainne i Músaem Contae Thiobraid Árann, taithí cuairteoirí a oscailt i bhfoirgneamh an Gheata Thiar, taithí cuairteoirí a fhorbairt in ionad Bulmers ag Ionad Lána Dowd agus léirmhíniú agus eispéiris a chur ar fáil ar Abhainn na Siúire.

Tionscadail um Chonairí Turasóireachta Thiobraid Árann

Fuarthas maoiniú de €67,000 chun Caitheamh Aimsire Tuaithe a fhorbairt agus a chur chun cinn agus baineadh úsáid as sin chun an chéad bhróisiúir siúil don chontae go léir a fhorbairt agus sonraí ann faoi fhiche siúlóid ar leibhéil éagsúla chomh maith le físeáin chun Tiobraid Árann a chur chun cinn mar áit siúil agus siúlóireachta. Trí hoibriú le pobail agus leis an Oifigeach um Chaitheamh Aimsire Tuaithe thacaigh an maoiniú freisin le soláthar agus cruthú bord léirmhíniúcháin agus forbraíodh binsí picnic agus cuireadh isteach iad i roinnt ionad ar fud an chontae agus béim cuartha ar théama scéalaíochta Shean-Oirthear na hÉireann.



BÓITHRE, IOMPAR, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT



Is é Beartas na Comhairle ná bóithre atá ann cheana féin a fhorbairt agus a fheabhsú agus bóithre nua a thógáil de réir mar a cheadaítear ag pleanáil agus acmhainní.



An Coiste Beartais Straitéisigh um Bóithre & Iompar

COMHALTAÍ

Comhairleoirí:

- An Cmhlr Roger Kennedy,
- An Cmhlr Mattie Ryan,
- An Cmhlr Fiona Bonfield,
- An Cmhlr Michael Fitzgerald,
- An Cmhlr Hughie McGrath,
- An Cmhlr David Doran,
- An Cmhlr Eddie Moran &
- An Cmhlr Eddie O'Meara (Cathaoirleach).

EARNÁLACH/COLÚIN:

Ionadaithe ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

- An tUas. P.J English & Ms. Angela Hickey
- Talmhaíocht & Feirmeoireacht:
- An tUas. Billy Collins
- Tógáil Forbartha:
- An tUas. Martin Healy


BEARTAIS AGUS ÁBHAIR A MEASADH I 2017



Plé faoi cheapadh beartais i leith leacht cuimhneacháin Taobh bóthair


Láithreachais & plé maidir le:

- Bearradh Fálta
- Speicis ionracha, Knotwood na Seapáine san áireamh
- Beartas ar Shoilse Poiblí a fhorbairt
- Obair Aonad Comhordaithe Iompair Thiobraid Árann
- An Clár um Chothabháil Gheimhridh
- Clár IAPS
- Straitéis Thiobraid Árann um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Aicmiú Bóithre Chontae Thiobraid Árann
- Fad i gCeantair Bhardasacha (Ciliméadar)




AICMIÚ BÓITHRE CHONTAE THIOBRAID ÁRANN


An tAonach




Teampall Mór / Durlas




Caiséal / Tiobraid Árann



Carraig na Siúire



Cluain Meala



Achoimre ar Leithdháiltí Bóthair a íocadh i 2017

Bóithre Náisiúnta	
Feabhsú	€2,332,619
Cothabháil	€1,101,948
Iomlán	€3,434,567
Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla	
Cothabháil Roghnach	€4,036,023
Cothabháil Athchóirithe	€2,421,880
Feabhsú Athchóirithe	€9,592,449
Uasghrádú Leatracha	€196,471
Athchóiriú Droichid	€731,392
Scéim um Feabhsúcháin Sonracha - Droichead Ard Fhionáin	€133,493
Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta	€318,803
Deontas Oiliúna	€97,500
Teorannacha Luais	€157,500
Iomlán na Leithdháilte R&Á 2017	€17,685,511
Leithdháileadh ó Acmhainní Féin	€8,451,256

IOMLÁN FORIOMLÁN

5822km Mótarbhealaí san áireamh
5703km Mótarbhealaí as an áireamh

Fad i gCeantair Bhardasacha	km
Mótarbhealach	119
Príomhbhóithre Náisiúnta	65
Bóithre Náisiúnta den Dara Grád	145
Bóithre Réigiúnacha	903

Fad i gCeantair Bhardasacha	km
Príomhbhóithre Áitiúla	1912
Bóithre Áitiúla den Dara Grád	1688
Bóithre Áitiúla den Tríú Grád	990

Bóithre Neamhnáisiúnta

Cuimsíonn an chatagóir sin Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Maoiníodh cothabháil agus feabhsú na mbóithre sin i 2017 ag an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt, i dteannta le hacmhainní na Comhairle féin.

Fuair an Chomhairle deontais ar luach €17,685,511 le haghaidh bóithre neamhnáisiúnta.

Baineadh úsáid as an deontas roghnach de €4,036,023 chun cur le hacmhainní dílse na Comhairle um ghnáthchothabháil ar Bhóithre Réigiúnacha agus Tuaithe. Ba í leithdháileadh acmhainní dílse na Comhairle ná €8,451,256.

Mórscéimeanna Caipitiúla

Sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus i Transport 21 (2007-2016) leagadh amach an clár infheistíochta don Bhonneagar Náisiúnta Bóithre. Mar gheall ar na teorannacha reatha le cistiú, déanfar infheistíocht i gcaitheamh tréimhse níos fada ná mar a bhí beartaithe sna Pleananna sin. Tá achoimre tugtha thíos ar an seasamh reatha maidir le mórtionscadail.

Mórscéimeanna um Feabhsú Bóithre

N24 An Chonair Thiar - Port Láirge go Luimneach Cuireadh an obair go léir ar an scéim sin ar fud Chontae Thiobraid Árann curtha ar fionraí ag Bonneagar Iompair Éireann (TII). Aontaíodh ar leibhéal na Comhairle go n-iarrfaí ar Údarás Áitiúla in aice i dteannta a chéile chun níos mó fuinnimh a chur inti. I mí Eanáir 2018, thug DTTAS fógra do TII faoi dhá scéim:

- N24 Port Láirge go Cathair Dúin Iascaigh, leithdháileadh de €25,000 tugtha do Chomhairle Contae Chill Chainnigh
- N24 Cathair Dúin Iascaigh go Luimneach,, leithdháileadh de €25,000 tugtha do Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh

Tugadh na leithdháiltí chun comhairleoirí a fhostú le tuarascáil mheastóireachta a dhéanamh, tá 30 tionscadal den sórt sin sa Tír agus cuirfear na tionscadail in ord tosaíochta bunaithe ar na tuarascálacha.

Príomhbhealaí Náisiúnta & Bealaí Náisiúnta den Dara Grád

Rinneadh oibreacha ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus ar Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád i rith 2017 mar seo a leanas:

Feabhsúcháin ar Phríomhbóithre Náisiúnta

N24 - Sráid an Dáibhéidigh, Ceansú Tráchtá i mBaile Thiobraid Árann & Treisiú Cosán - Cuimsíonn an tionscadal seo príomhphíopaí uisce agus seansoláthair luaidhe a athsoláthar ag Uisce Éireann Cuireadh tús le Conradh Réamhoibreacha ag Uisce Éireann i mí Mheán Fómhair 2017. Tá sé beartaithe go dtabharfar chun críche an conradh Oibreacha Bóthair, arna maoiniú ag Bonneagar Iompair Éireann (TII) i 2018. Thángthas ar chomhaontú idir TII agus Uisce Éireann faoi roinnt costas, rud a ligfeadh leanúint ar aghaidh leis an réamhchonradh.

N24 Bóthar an Phoill, Droichead Iarnróid Charraig na Siúire. I rith 2016, d'aontaigh BIÉ & Iarnród Éireann droichead nua a chur in ionad an chinn a bhí ann cheana féin agus a raibh glanspás srianta de 4.54m ag gabháil leis, agus glanspás caighdeánach de 5.03m ag an droichead nua. Déanadh é agus úsáid á baint as an gcrann tógála ba mhó in Éirinn i gcaitheamh trí lae agus sealanna oibre 24 uair an chloig á ndéanamh le foireann Iarnród Éireann. Críochnaíodh na hoibreacha i bhFeabhra 2017 i rith shos lár téarma na scoileanna.

N24 - Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire - Áiseanna do choisithe i scoileanna - Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann (CCTÁ) i mbun plé le Bonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le háiseanna thrasian coisithe a fheabhsú.



Sampla de dhochar a rinneadh mar thoradh ar bhualadh droichead ar Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire



Oibreacha Tógála ar N24 Bóthar an Phoill Droichead Iarnróid Charraig na Siúire Feabhra 2017



An droichead iarnróid ar an N24 Bóthar an Phoill, Carraig na Siúire tar éis gur críochnaíodh na hoibreacha

Feabhsú Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

- N74 Athailíniú Bhaile Hoiste - Tugadh faomhadh le haghaidh Cuid 8 i 2017. Tá Dréachtordú um Cheannach Éigeantach (OCÉ) agus cáipéisí tairisceana á dtabhairt suas chun dáta.
- N52 Oibreacha Feabhsúcháin Sráide i mBuiríos Uí Chatháin - a chuimsíonn: N52 Baile Bhuiríos Uí Chatháin móide bealach isteach (1.7km); N52/N65 Scéim um Shábháilteacht (Buiríos Uí Chatháin) Acomhail; N52 Bóthar Bhiorra Buiríos Uí Chatháin (0.5km); N52 Deisiú Lintéar - Tá na scéimeanna N52 go léir i mBuiríos Uí Chatháin curtha le chéile in aon scéim amháin anois. Tá cáipéisí tairisceana á n-ullmhú agus iarradh faomhadh an TII chun bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile. Faoi réir faoifa agus dul ar aghaidh an phróiseas tairisceana mar atá beartaithe, tá oibreacha sceidealaithe le críochnú i R2 2018.
- N65 Carraig an Chomhraic - thug an Oifig an Mheániarthair um Dhearadh Bóithre Náisiúnta faoin réamhdhearadh don scéim seo. Tá suirbhé topagrafach agus staidéar tuilte déanta. Beidh gá le measúnú cuí agus seans go mbeidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) iomlán mar gheall ar é a bheith gar do Loch Deirgeirt agus Limistéar Caomhantais Speisialta. Táthar ag déanamh dul chun cinn leis an dearadh don scéim seo
- N62 Bóthar Shliabh na mBan, Durlas Céim 1 - Iarradh tairiscintí don scéim seo i 2017 agus déanfar oibreacha i 2018. Rachfar Céim 2 in aghaidh chuig an gcéim dheartha i 2018.
- N62 An Scairt Ros Cré Athsholáthar Dromchla - Dearadh na hoibreacha seo go hinmheánach agus cuireadh tús leo ar an láithreán ag Roadstone i mí na Samhna 2017. Bhí siad nach mór críochnaithe roimh an Nollaig.



 Oibreacha sa Scairt, Ros Cré

- N62 An Chamlinn Ros Cré - Críochnaíodh na hoibreacha i nDeireadh Fómhair 2017.

Feabhsú Uigeachta ar Phríomhbhóithre Náisiúnta & Bóithre Náisiúnta den Dara Grád

Rinneadh thart ar €1m d'Oibreacha um Uige Nua/ Athdhromchlú i roinnt áiteanna ar fud na tíre chun friotaíocht dhromchla an bhóthair in aghaidh sleamhnán a fheabhsú.

Tionscadail um Bóithre Neamhnáisiúnta Straitéiseacha

Bóthar Faoisimh Istigh Dhurlas	Réamhdhearadh críochnaithe. Ag feitheamh le cistiú le dul ar aghaidh
R498 An tAonach go Durlas Uasghrádú Cnoc Alltáin-Cill Chonáin	Cuid 8 críochnaithe. Fáil Talún ar siúl agus cuirfear tús le tógáil i rith 2018.
R498 Athailíniú Bóthair ag cora Leatrach	Comhairleoirí ceaptha i 2015-2016 chun an bealach is fearr a roghnú. Beidh cuid mhór cistithe ag teastáil don scéim i 2018 má táthar chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh uirthi. Tugadh faomhadh le haghaidh Cuid 8 i 2017. Teastaíonn faomhadh DTTAS chun Ceannach Talún a thosú.
Seachbhóthar Bhéal an Átha/Chill Dá Lua - Crosaire Dhroichead na Sionna & Scéim Feabhsúcháin R494	Tá gach dúshlán dlí curtha i gceart. Tá an OCÉ dearbhaithe agus seirbhéiladh Fógraí Gnóthaíochta ar na húinéirí talún. Fuarthas faomhadh DTTAS i mí Eanáir 2018 chun dul ar aghaidh leis an 3 ghné den Tionscadal mar Aon Scéim Amháin.

Scéimeanna Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Caitheadh €318,803 do na scéimeanna feabhsaithe timpiste ar chostas íseal agus rinneadh oibreacha i roinnt áiteanna ar fud an Chontae i rith 2017.

Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Tagraíonn na scéimeanna sin d'uasghrádú agus d'fheabhsú bóithre den tríú grád agus mionbhóithre áit a n-íocann cónaitheoirí 15% i dtreo chostas na n-oibreacha. Tugadh cuid mhór scéimeanna chun críche i ngach Ceantar Bardasach i rith 2017 agus leithdháil an Chomhairle €400,000 óna leithdháileadh um Feabhsú Athchóirithe dóibh. Críochnaíodh 17 scéim san iomlán i 2017.

Scéimeanna um Feabhsúcháin Áitiúla

Tacaíonn an Scéim um Feabhsúcháin Áitiúla (SFÁ) le hoibreacha feabhsúcháin ar bhóithre príobháideacha/neamhphoiblí, ar minic gur bealaí iad chuig tithe agus áiseanna pobail tábhachtacha mar reiligí, aibhneacha, lochanna etc. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a sholáthraíonn suas le 90% den mhaoiniú, agus tagann an 10% eile ó ranníocaíochtaí áitiúla nó ón Údarás Áitiúil i gcás bóithre ar bealaí iad chuig áiseanna poiblí. Tugadh roinnt scéimeanna chun críche i ngach Ceantar Bardasach i rith 2017 agus leithdháileadh €237,000 ar an gComhairle dóibh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Oibreacha Athchóirithe Droichid

Caitheadh €731,392 i 2017 i dtaobh oibreacha athchóirithe droichid. Rinneadh oibreacha sna háiteanna seo a leanas:

- An Seandroichead, Carraig na Siúire, Droichead na Creige, Fiveybridge, Muileann na hUamhan
- Droichead na Cuaillí, Droichead na n-Oileán, Muileann na hUamhan, Droichead Ghlas Deargáin,
- Droichead Choill Mhac Stola, Béal an Átha, Droichead Bhaile Uí Chorrágáin, Béal an Átha, Droichead Shanahan, Cluain Mór, Droichead Choill an Bhardaigh, Droichead Chluain Big, Droichead Tar, Cluain Meala, Droichead an Chaisleáin Nua, An Seandroichead, Carraig na Siúire, Droichead Bhaile Uí Chorrágáin, Droichead Chamais,
- Caitheadh suim bhreise de €133,493 ar oibreacha feabhsúcháin ar Dhroichead Ard Fhíonáin.

Maoiniú faoi Scéimeanna CLÁR 2017

Scéim CLÁ 2016/2017

Fuarthas Maoiniú Deontais ar luach €371,000 don Scéim seo i 2016 agus oibreacha á ndéanamh i gcaitheamh thréimhse dhá-bhlíana. Bhí gach Scéim críochnaithe faoi dheireadh 2017. Tugadh faoi cheathracha-dó tionscadal san iomlán faoi Bheart 1 (Pacáiste Sábháilteacha CLÁR do Scoileanna/Áiseanna Pobail). Tugadh ranníocaíocht de €7,000 ó chistí féin na comhairle chun costas na Scéimeanna a fhorlíonadh.

CLÁR 2017

Fuarthas leithdháileadh ar luach €110,790 faoin Scéim seo i 2017 faoi CHLÁR Beart 1 (Tacaíocht do Scoileanna/Bearta Sábháilteacha Pobail). Chlúdaigh an Leithdháileadh seo 90% de chostas na dtionscadal agus an 10% eile maoinithe ag an Údarás Áitiúil (5%) agus ag an bPobal Áitiúil (5%). Tugadh deich dtionscadal chun críche faoin sruth maoinithe seo.

An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh 2017

Fuarthas leithdháileadh ar luach €23,200 - Beart 1 (Cothabháil ar Scála Beag/Fógraíocht agus Margaíocht) faoin Scéim seo i 2017. (Cistiú bainteach le bóithre).

Tugadh faoi 4 Scéim san iomlán. Chlúdaigh an leithdháileadh seo 90% de chostas na dtionscadal agus an 10% eile maoinithe ag acmhainní féin na Comhairle, i gcomhréir le téarmaí na Scéime.



Cothabháil Gheimhridh

Tá ceithre chéim ar leithligh ag baint leis an tSeirbhís Cothabhála Geimhridh is iad sin ná:

1. Salann a chur roimh ré ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Náisiúnta den Dara Grád agus ar Mhórbhóithre Réigiúnacha agus bealaí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo.
2. Salann agus gaineamh a chur ar Phríomhbhealaí Náisiúnta agus Bhealaí Réigiúnacha a bhfuil oighear le teacht orthu.
3. Sneachta a ghlanadh ó Bhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha le céachtaí sneachta.
4. Sneachta a ghlanadh ó Bhóithre Contae le Céachtaí Sneachta nó Lódairí Meicniúla.

Tugtar cóireáil réamhchúramach ar Chéim 1 agus gnách go socraítear an tráth ionas go mbeadh sé críochnaithe thart ar 2 huair an chloig sula dtosódh sioc.

Tugtar tosaíocht do Chothabháil Gheimhridh ar bhóithre i dTiobraid Árann mar seo a leanas:

- Tosaíocht 1: Bóithre Náisiúnta agus Bóithre Réigiúnacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo
- Tosaíocht 2: Bóithre Réigiúnacha ar a dtaistealaíonn go leor feithiclí
- Tosaíocht 3: Bóithre Uirbeacha agus Bóithre Áitiúla ar bhonn tosaíochta, ionaid uirbeacha.

I gcás aimsire crua tabharfar tosaíocht do Bhealaí Thosaíocht 1 in áit Bealaí Thosaíocht 2 ó thaobh na n-acmhainní atá ar fáil a leithdháileadh.

Bíonn an tréimhse cothabhála geimhridh ar siúl ó 1 Deireadh Fómhair go 30 Aibreán gach bliain. Is í an aidhm atá i gceist ná bealaí tosaíochta a choimeád sábháilte agus chomh saor agus is féidir ó ghuaiseacha an gheimhridh. Chuir Bonneagar Iompair Éireann (TII) deontas de €297,421 ar fáil um chothabháil geimhridh ar Bhóithre Náisiúnta. Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) €500,000 um chóireáil ar bhealaí Neamhnáisiúnta.

Le linn an séasúir Seirbhíse Geimhreadh 2016-2017, fuarthas 60 glao amach ar an meán agus baineadh úsáid as 4,402 tona salainn. Ba é an méanchostas as glao amach i rith na tréimhse ná €16,800.

Tá uainchlár ag an gComhairle de cheathrar Innealtóirí Dualgais Ice-Cast atá freagrach as seirbhís an bhiúró aimsire a úsáid chun an réamhaisnéis a scrúdú, agus súil a choimeád ar an aimsir iarbhrí atá i ndán don cheantar agus as treoracha a eisiúint a bheidh ag teastáil do chothabháil geimhridh riachtanach ar bhonn sainréamhaisnéisí agus eolas áitiúil.

Is é an Clós Innealra a bhainistíonn agus a oibríonn an tSeirbhís Chothabhála Gheimhridh. Oibríonn aon chriú déag de réir chóras uainchláir ar bhonn seachtainiúil agus úsáid á baint as 6 Leatóir Salainn Uimh.6 agus 5 Leatóir Salainn Uimh.9 agus iad curtha suas ar thrucaíl de chuid na Comhairle chun salann a leagan roimh ré ar Bhealaí Thosaíocht 1 agus Thosaíocht 2 na Comhairle (thart ar 1,000 Km) i gcás go dtuatar sioc/oighear thar oíche. Tá comhaontú i bhfeidhm ag an gComhairle le Comhairlí Luimnigh, Phort Láirge & Chill Chainnigh ar bhonn quid pro quo le haghaidh cóireálacha trasteorann ar bhealaí chun an oibríocht a dhéanamh níos éifeachtúlaí.

Foilsítear sceideal iomlán agus léarscáil de na bealaí um leagan salainn roimh ré, agus comhaontuithe trasteorann, ar láithreán gréasáin na Comhairle www.tipperarycoco.ie

Is féidir céachtaí sneachta a fheistiú ar na feithiclí um leathadh salann nuair a thuarfar sneachta agus cuirfear tús le glanadh sneachta le céachtadh chomh luath agus a sháraíonn doimhneacht an tsneachta 30mm ar an Líonra Thosaíocht 1 go léir nó ar chuid de.

Bainistíonn Bonneagar Iompair Éireann soláthar náisiúnta shalann bóthair do na Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta agus chuir sé thart tar 5,300 tona de shalann ar fáil don Chomhairle i 2016-2017. Freisin coimeádann sé stoc náisiúnta salainn le dáileadh ar údaráis áitiúla i gcás go dtuatar aimsir chrua, i.e. tréimhse fhada d'aimsir fhuar, nó síobadh sneachta.

Sáraíonn an acmhainn stórála clúdaithe um shalann de chuid na Comhairle 2,700 tona anois agus tá sciobóil stórála salainn suite i gCathair Dúin Iascaigh (600 Tona), Cluain Meala (600 Tona) agus san Aonach (1,500 Tona).



Leatóir Alúmanaim ceannaithe i 2017 chun salann bóthair a tharraingt ó na poirt go Scioból Salainn an Aonaigh



Le linn an séasúir Seirbhíse Geimhreadh 2016-2017, fuarthas 60 glao amach ar an meán agus baineadh úsáid as 4,402 tona salainn. Ba é an méanchostas as glao amach i rith na tréimhse ná €16,800.

Aimsir Chrua/Dochar de bharr Stoirme

Tar éis na n-imeachtaí aimsire cruu i mí na Nollag 2015 & i mí Eanáir 2016, rinneadh athbhreithniú ar fhreagairt na Comhairle agus ceapadh plean gníomhaíochta agus gníomhartha sannta do na rannáin chuí. Cinneadh go mbeadh na rannáin Bóithre i gceannas ar bhunú Foirne um Measúnú Aimsire Crua. Is é an cuspóir a bheadh ag an bhFoireann um Measúnú Aimsire Crua (FMAC) nuair a bheadh sé bunaithe ná measúnú a dhéanamh ar fholáirimh stoirme cruu agus comhairle a thabhairt faoi na gníomhartha cuí ar cheart don Chomhairle a ghlacadh.

Tá an FMAC bunaithe anois agus tá sé déanta suas den Innealtóir Sinsearach (IS)- Bóithre, den Innealtóir Sinsearach (IS) - Seirbhísí Uisce, agus d'Innealtóirí Ceantair (x5) faoi chathaoirleacht an IS (Bóithre). Cinneadh gur cheart do Chathaoirleach FMAC cruinniú teileachomhdhála a thionól den Fhoireann um Measúnú Aimsire Crua nuair a bhfaighfí Foláireamh Oráiste nó Dearg um Stoirm chrua ó Mhet Éireann. Ba cheart an cruinniú sin a réachtáil laistigh d'aon uair an chloig ón bhfoláireamh chun cur ar chumas na foirne an foláireamh agus a impleachtaí do sheirbhísí na Comhairle a mheas. Ba cheart don Fhoireann FMAC ansin an leibhéal cuí freagartha a shocrú. Ba cheart gach rabhadh a mheas i gcomhthéacs faisnéise ábhartha eile atá ar fáil don FMAC (faisnéis ón gCóras Réamhaisnéise Oighir, eolas áitiúil ar bhóithre, bhonneagar, pobail leochaileacha etc.) Ag brath ar nádúr an mheasúnaithe ar thionchar na haimsire, ba cheart rabhadh agus/nó treoir um phlean gníomhachtaí d'Aimsir Chrua a eisiúint chuig gach rannán cuí sa Chomhairle agus chuig na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha ábhartha go léir.

D'fhreagair an Chomhairle do roinnt imeachtaí aimsire i 2017 agus an ceann ba thromchúisí ná Haircín Ophelia a bhuail an tír i nDeireadh Fómhair. Fuarthas leithdháileadh de €364,000 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar fhreagra ar an imeacht aimsire seo.

Is é an cuspóir a bheadh ag an bhFoireann um Measúnú Aimsire Crua (FMAC) nuair a bheadh sé bunaithe ná measúnú a dhéanamh ar fholáirimh stoirme cruu agus comhairle a thabhairt faoi na gníomhartha cuí ar cheart don Chomhairle a ghlacadh

An Clós Innealra

Cuireann an Clós Innealra, ag a bhfuil dhá bhunáit i gCluain Meala agus san Áonach, seirbhís tacaíochta ar fáil do ghníomhaíochtaí innealtóireachta de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann ina hiomlán. Is é an bunchuspóir seirbhíse ná innealra (i.e. feithiclí, fearas agus trealamh) a chur ar fáil ar chostas réasúnta chun cabhrú le baill foirne bunaithe i gCeantair a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Tá tuairim is 160 feithicil faoi úinéireacht na Comhairle faoi smacht an chlós innealra, agus luach athsholáthair de thart ar €3.5 milliún euro orthu. Ina theannta sin déanann lucht an chlós innealra cothabháil ar fheithiclí de chuid Chomhairle Buirge Chluain Meala mar a bhí ann roimhe, Comhairlí Baile Thiobraid Árann, Chaisil agus Charraig na Siúire, thart ar 40 feithicil a mbeadh luach athsholáthair breise de thart ar €1.2 milliún ag baint leo.

Seo a leanas gníomhaíochtaí an Chlós Innealra:

- Bainistíocht flít i gcomhlíonadh Acht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithicilí Tráchtála) 2012
- Scrúdú, oibriú agus cothabháil fhlíit na Comhairle, lena n-áirítear a chuid ceanglas faoi Ionstraim Reachtúil 348 de 2013 (Ródacmhainneacht Feithicilí Tráchtála) (Rialacháin um Chotheabháil agus Deisiú Feithicilí 2013).
- Soláthar fearais agus innealra de réir mar a theastaíonn do na Ceantair agus do na rannáin den Chomhairle Contae
- Fáil agus diúscairt fearais agus innealra
- An líon foirne agus na scileanna a bheith ar fáil atá riachtanach chun flít fearais agus innealra na comhairle a chothabháil agus a oibriú go héifeachtúil.
- Socrú a dhéanamh innealra gnó a thógáil ar cíós go gearrthéarmach agus go fadtéarmach le haghaidh na gCeantar.



3 de na 6 thrucail dhumpála nua 26 thona a ceannaíodh i 2017 chun dul in ionad chineálacha 2001

Tógtar innealra ar cíós ar roinnt cúiseanna lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

- Riachtanais innealra na Comhairle a chomhlíonadh le linn thréimhsí buaice
- Úsáid a bhaint as saininnill ag a bhfuil tiománaithe oilte
- Úsáid a bhaint as saininnill um obair shéasúrach
- Úsáid a bhaint as fearas agus innealra le tógáil ar cíós go gearrthéarmach

Chuir an chomhairle Leaganacha 2017 in ionad 23 thrucaílín ó 2006 agus roimhe sin trí léasa cúig bliana.



Trucaílín 3.5 Tona Criúchabáin le Tail-líft

Tá 11 thiománaí lánaimseartha agus 8 thiománaí séasúrach bunaithe i gClós an Aonaigh agus tá 13 thiománaí lánaimseartha agus 8 thiománaí séasúrach bunaithe i gCluain Meala. Freisin oibríonn an Clós Innealra seirbhís cothabhála geimhridh agus flít de 11 leatóir salainn aige.

Tá flít de 12 haonad paisteála ag an gComhairle, chomh maith le 4 17T Velocity, 2 12T Velocity agus 6 gnáth-Phaisteálaí 7.5T, a úsáidtear sna ceantair chun poill sa bhóthar a líonadh agus iad a phaisteáil.



17T Velocity Patcher



12T Velocity Patcher



7.5T Gnáth-Phaisteálaí

Oibríonn an Chomhairle a córas ríomhairithe agus uathoibrithe féin um stóráil agus dháileadh breosla in iostaí Chluain Meala, Chathair Dúin Iascaigh agus an Aonaigh chun leas a bhaint as an laghdú costais ar féidir a bhaint amach le ceannach i mbulc. Cuireadh isteach córas um stóráil agus dháileadh breosla in Iosta Bóithre an Cheantair i Lota Waller, Caiseal i 2017.



Umair stórála breosla glanscartha agus córas dáileacháin

Oibríonn an Chomhairle a chuid garáistí innealra féin i gCluain Meala agus san Aonach chun na riachtanais chothabhála um míreanna éagsúla innealra a chomhlíonadh. Faoi láthair tá saoiسته feisteoirí agus 5 shaoiste bunaithe i gCearclann Chluain Meala agus tá saoiسته agus beirt fheisteoirí bunaithe i gCearclann an Aonaigh.

Tá an cheardlann innealra freagrach as cigireacht rialta ar gach feithicil tráchtála san fhflít, as seirbhísiú trucaílí, truiclíní, veaineanna agus tarracóirí de réir mar a theastaíonn i gcomhréir le sonraíocht na ndéantóirí, agus as deisiú feithicilí de réir mar is gá.

Cuireadh tús le huasghrádú ar an gclós innealra agus an láithreán fóntas sibhialta atá ceangailte leis san Aonach i 2017 agus iarratas ar chomhairleoirí staidéar indéantachta agus meastacháin chostais a ullmhú don tionscadal, foilsithe.

Soilsiú Poiblí

Tá an Chomhairle Contae freagrach as soilse poiblí (sráide) a sholáthar agus a chothabháil ar fud an Chontae. Déantar cothabháil ar Shoilse Poiblí de réir conartha le Airtricity Utility Solutions. Is iad Energia a sholáthraíonn an chumhacht leictreach don líonra soilse. Is é méid iomlán na soilse poiblí sa líonra ná thart ar 16,000.

Is iad na Soilse Poiblí an bealach is mó ina n-úsáidtear fuinneamh ag an gcomhairle. Le roinnt blianta anuas tá soilse LED tugtha isteach ag an gComhairle i roinnt tionscadal um shoilse poiblí nua agus ionaid. Sna blianta atá le teacht, is dócháil go ndéanfar tiontú mór go soilse LED. Go domhanda, táthar ag cur soilse LED in ionad soilse Sox, diaidh ar ndiaidh. Tá maoiniú seachtrach ag an gComhairle agus bainfidh siad leas as sin; cuirtear ar fáil é ag SEAI agus TII um thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh. Tá 311 ceann de na soilse a ndearnadh uasghrádú orthu i 2017 maoinithe 100% ag TII.

I 2017, dhírigh an chomhairle ar chuid dár sráidbhailte áit a bhfuil easnaimh solais faoi láthair. Freisin dhírigh muid ar chuid de na bealaí artaireacha isteach chuig ár mbailte, i roinnt cásanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus i gcásanna eile chun drochshoilse poiblí a fheabhsú. Tá cothabháil ghinearálta lena n-áirítear uasghrádú ar bhraic, cholúin agus ar bhoscaí comhéadain, ar siúl mar chuid de na scéimeanna sin.

Tugadh faoi shuirbhé ar na soilse go léir sa chontae i 2016. Tugadh faoin suirbhé sin i gcomhréir le teimpléad fardail SEAI/TII um fhardal soilse poiblí. Thug Rannóg na mBóithre isteach bunachar sonraí um bainistíocht sócmhainní i 2017 a chabhróidh le soilse poiblí a bhainistiú sna blianta atá le teacht.

Tá sé mar oibleagáid ar an gComhairle na Spriocanna Náisiúnta um Éifeachtúlacht na Seirbhíse Poiblí a bhaint amach. Ciallaíonn sé sin nach mór Ídiú Fuinnimh a laghdú faoi 33% faoi 2020. Tá Cúnant na Méaraí sínithe ag Comhairle Contae Thiobraid Árann chun feidhm a thabhairt don ghealltanas sin.

I 2017, chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús le 1030 seansolas Sox agus Son a uasghrádú go soilse LED atá níos tiosaí ar fhuinneamh.

I 2017, caitheadh €1.2 milliún ar fhuinneamh (idir fuinneamh méadaithe agus neamh-mhéadraithe) le haghaidh soilse sráide, caitheadh €338,000 ar ghnáthchothabháil lenar áiríodh lochtanna cábla agus caitheadh €990,000 ar uasghrádú ar soilse agus €221,133 curtha ar fáil ag an TII.

Eastáit a Thógáil i gCúram

Tógadh 17 n-eastát san iomlán i gcúram i rith 2017.

Ceantar Bardasach	Eastát	Dáta a Tógadh i gCúram
Ceantar Bardasach an Aonaigh	Cluain Caoin, Bóthar Bhuiríos Uí Chatháin, An tAonach <small>(Tabhair faoi deara: níl an áit díreach os comhair an bhloc árasán lena n-áirítear na soilse, mar chuid den Tógáil i gCúram)</small>	16 Feabh 2017
Ceantar Buirge Chluain Meala	Ashfield Manor, Ard Fhionáin	17 Beal 2017
Ceantar Buirge Chluain Meala	An Mhóin Rua, Lios Ruanach	17 Beal 2017
Ceantar Bardasach an Aonaigh	The Coachyard, Cloch Shiurdáin	18 Beal 2017
Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas	Bealach Chill Chúile, Gort na hUamha	24 Beal 2017
Ceantar Bardasach Charraig na Siúire	Gleann Dara, Muileann na hUamhan	25 Beal 2017
Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas	Má Teine, An Teampall Mór	21 Meith 2017
Ceantar Bardasach an Aonaigh	Ashgrove Meadows, Béal an Átha	20 Iúil 2017
Ceantar Bardasach an Aonaigh	Farmleigh, Baile Uí Lachnáin	20 Iúil 2017
Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann	Crescent Court, An Cheapach	23 D.F. 2017
Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann	Tudor Court, Garraí Uí Chilleáin, Baile Thiobraid Árann	20 Noll 2017
Ceantar Buirge Chluain Meala	Ivowen, Cill Síoláin	20 Noll 2017
Ceantar Buirge Chluain Meala	An Mhóin Gharbh Uachtair, Cluain Meala	20 Noll 2017
Ceantar Buirge Chluain Meala	The Paddock, An Bealach Buí Thiar, An Cloichín	20 Noll 2017
Ceantar Buirge Chluain Meala	Maplelane, Cill Síoláin Thiar	20 Noll 2017
Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas	Tarmon Mews, Durlas	20 Noll 2017
Ceantar Bardasach an Aonaigh	Bealach Eochaille, An Baile Nua, An tAonach	21 Noll 2017

Iompar Inbhuanaithe

I rith 2017, chuir an Chomhairle chun cinn scéim na mBaile Taistil Ghníomhaigh tí chuairt a thabhairt ar scoileanna chun iad a spreagadh leas a bhaint as na raonta rothar. Mar bhuíochas do na daltaí sna scoileanna éagsúla i gCluain Meala a ghlac páirt sna Suirbhéanna Tógála “Roimh” agus “Tar éis” ar Bhealaí Rothaíochta Chluain Meala, bronnadh dearbháin do Shiopa Rothar ar dhaltaí a roghnaíodh ag a scoil trí chrannchur nó chomórtas.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag féachaint chuig rochtain a fháil ar shruthanna maoinithe ón Rannóg Iompair Inbhuanaithe sa Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt chun áiseanna a fhorbairt le tacú le hiompar inbhuanaithe mar lánaí rothar agus bealaí níos fearr do choisithe.

R-pháirceáil

Cuireadh r-pháirceáil i bhfeidhm i 9 mbaile ar fud Chontae Thiobraid Árann. Is bealach breise le páirceáil atá sa tseirbhís seo agus é níos áisiúla. Áirítear le modhanna íocaíochta as an bpáirceáil do bhaill den phobal aip fóin chliste, láithreán gréasáin nó glao gutháin. Tá an gnáthmheaisíní Íoc agus Taispeáin fós i bhfeidhm agus líonra nua de 26 mheasáin suiteáilte le déanaí i gCarraig na Siúire. Críochnaíodh leis na meaisíní sin a shuiteáil i lár mhí Lúnasa agus tá siad tacaíthe ag córas nua-aimseartha cúloifige trína ndéantar monatóireacht ar fheidhmeanna agus airgeadas do na meaisíní.



Taisteal Cliste

An Líonra Náisiúnta Rothar 2014-2015 (sínte go 2017)

Tar éis iarratais rathúil ar chistiú faoi Phacáiste Spreagtha an Rialtais um Forbairt Bonneagair, dheonaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt €1.9m do shlí Glasbhealaigh um Shiúl nó Rothaíocht ar an gcósán 19km ó Chluain Meala go Carraig na Siúire. Ina dhiaidh sin cuireadh teideal nua “Slí Ghorm” ar an tionscadal seo chun nascadh le tionscadail agus gníomhaíochtaí eile a bhíonn ar siúl ar Abhainn na Siúire. Críochnaíodh dearadh sonrach agus Próiseas Pleanála Cuid 8 i 2014. Tugadh faoi thairiscint agus ceapadh Conraitheoir faoi Bhealtaine 2015. Tháinig fadhbanna éagsúla chun cinn a chuir moill le dul chun cinn le dhá bhliain anuas a raibh ina measc tuilte móra sa gheimhreadh i 2015/16. Tá na príomhoibreacha cosáin idir Cluain Meala agus Carraig na Siúire déanta seachas míreanna ar an liosta fabhtanna & comharthaí. Leithdháileadh ciste cothabhála de €100,000 le haghaidh 2018 agus ceapadh comhairleoirí chun straitéis chuimsitheach do chomharthaí a ullmhú ar Bhealach Gorm na Siúire ó Chathair Dúin Iascaigh go Carraig na Siúire. Tá sé beartaithe freisin go dtabharfar faoi 800m d’oibreacha breise cosáin ar an taobh thuas de Dhroichead Chill Síoláin chun nascacht níos fearr a chur ar fáil do rothaithe in aimsir an gheimhridh mar a aontaíodh leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.



 Cuid 2 den Bhealach Gorm á thógáil i gCill Ó Luain

Lean an Chomhairle ar aghaidh ag comhoibriú leis an Roinn chun gorbhealaí féideartha a aithint agus cabhrú leis an Straitéis Gorbhealaí a fhorbairt. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh lena cuid iarrachtaí chun rochtain a fháil ar mhaoiníú do thionscadail den sórt sin.



Cuireadh r-pháirceáil i bhfeidhm i 9 mbaile ar fud Chontae Thiobraid Árann. Is bealach breise le páirceáil atá sa tseirbhís seo agus é níos áisiúla.

Sábháilteacht ar Bhóithre

Le haghaidh 2017, ba í an phríomhréimse béime maidir le sábháilteacht ar bhóithre do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ná déanamh cinnte go mbainfí amach na cuspóirí, mar ata leagtha amach i Straitéis an Rialtais ar Shábháilteacht ar Bhóithre, ar leibhéal áitiúil. Ba é a bhí i gceist leis sin ná comhar leis na Gardaí, le Scoileanna agus leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTAS), an gComhpháirtíocht Spóirt, le húdaráis áitiúla chomharsana, le Bonneagar Iompair Éireann (TII), leis na meáin chumarsáide agus leis an bpobal i gcoitinne agus béim leagtha ar:

- Feachtais náisiúnta a chur chun cinn a chuireann in aghaidh tiomáint róthapa, tiomáint ar meisce, tuirse tiománaí, etc.
- Ag obair leis na Gardaí agus leis an RSA chun tionscnaimh náisiúnta um MOILLIÚ a chur chun cinn.
- Ag obair leis an RSA chun plé le daoine óga i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna ar fud an chontae.
- Cabhrú le hoiliúint ar rothaíocht a sholáthar i mbunscoileanna sa chontae.

Is ceanglas é faoin Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2013-2020 de chuid an Rialtais go mbunódh gach údarás áitiúil Grúpa um Oibriú de Chéile do Shábháilteacht ar Bhóithre (RSWTG). Tá an grúpa sin déanta suas d'ionadaithe ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Bonneagar Iompair Éireann (TII), an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA), an Garda Síochána (AGS) agus Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann. Ceanglaíonn Straitéis an Rialtais ar gach údarás áitiúil Straitéis áitiúil um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm agus cuireadh tús le hobair air sin i 2017. Táthar ag súil go gcríochnófar obair sin i ráithe 2 de 2018.

Ceapadh dhá Fhoireann um Shábháilteacht ar Bhóithre do Thiobraid Árann, foireann amháin a chlúdaíonn tuaisceart an chontae agus an ceann eile ag clúdach deisceart an chontae, i gcomhréir le Ceantair Bhardasacha agus Gharda. Pléifidh na foirne sin, a mbeidh an Garda Síochána i gceannas orthu, saincheisteanna oibriúcháin agus, i measc nithe eile, an Clár chun Imbhualtí a Chosc (CIC).

Thacaigh Comhairle Contae Thiobraid Árann leis an dara “Lá Eorpach gan Bhás ar Bhóithre” (Tionscadal Edward) ar an 21 Meán Fómhair 2017. Eagraíodh an tionscnamh sin ag Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchtá (TIPSOL). Tacaíodh leis ag AGS agus an RSA chomh maith. Ba í aidhm an tionscadail ná nach dtarlódh aon bhásanna ar bhóithre sna 30 ballstát ar an lá sin.

Sábháilteacht ar Bhóithre - Gníomhartha i 2017

- I mí na Nollag 2016 leithdháileadh cistí ar luach €371,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta faoin gclár CLÁR. Cheadaigh sin cistiú do 42 Bheart um Shábháilteacht ar bhóithre a sholáthar i 31 phobal ar fud na gcúig Ceantair Bhardasaigh a bhfuil ina measc:
 - › Comharthaí Sábháilteachta maidir le Scoileanna/Luas
 - › Táscairí Luais
 - › Soilse Gealánacha Ómracha Nua
 - › Trasrian Coisithe
 - › Baint fála & uasghrádú ar mharcáil bóthair
 - › Nascacht cosán le carrchlóis
- Eagraíodh feachtas poiblíochta ar Tipp FM chun bearradh fáil taobh bóthair a chur chun cinn i Meán Fómhair agus mí na Nollag 2017
- Tugadh cabhair do bhunscoileanna chun oiliúint faoi rothaíocht shábháilte a chur ar dhaltaí i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Tugadh tacaíocht d'Fheachtas Sábháilteachta ar Bhóithre Tipp FM a eagraíodh i gcomhar leis na Gardaí agus arbh í an aidhm a bhí i gceist leis ná feachtas a ardú faoi na contúirtí ar ár mbóithre agus moladh do dhaoine tiomáint níos maille agus aire a thabhairt.
- Cuireadh feasacháin Eolais faoi Shábháilteacht ar Bhóithre in iúl i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Glacadh páirt san oibríocht “Slow Down” arna heagrú ag an nGarda Síochána a bhí ar siúl i gceitheamh shaoire na Nollag/na hAthbhliana 2016/17 agus feachtais dheireadh seachtaine reáchtáilte ar an 17 Márta; an 14 Aibreán; 26 Bealtaine; an 2 Meitheamh agus an 20 Deireadh Fómhair 2017. Cuireann Rannóg na mBóithre agus na Ceantair Bhardasacha an tionscnamh sin chun cinn chun feachtas a spreagadh agus a ardú i measc tiománaithe agus an phríomhtheachtaireacht a bhaineann leis ná “Moilligh”, cloígh leis na teorainneacha luais agus ar luas a oireann don aimsir. Chuir an Chomhairle comharthaí teachtaireachta athraithí ar fáil i roinnt ionad ar an N24 Carraig na Siúire, Cluain Meala, Cathair Dúin Iascaigh, Caiseal & Tiobraid Árann, N52 An tAonach, N62 Durlas & Ros Cré, N74 Caiseal, N76 Teach Naoi Míle, R491 Ros Cré agus R498 Durlas.



Ba í an phríomhréimse béime maidir le sábháilteacht ar bhóithre do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ná déanamh cinnte go mbainfí amach an cuspóir, mar ata leagtha amach i Straitéis an Rialtais ar Shábháilteacht ar Bhóithre, ar leibhéal áitiúil.

Scéimeanna Fostaíochta Pobail Chomhairle Contae Thiobraid Árann

(Ceantair Charraig na Siúire, Caiseal-Tiobraid
Árann, Cluain Meala & Teampall Mór)

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag tabhairt tacaíochta do chláir faoin Scéim Fostaíochta Pobail ó tugadh isteach i 1985 í.

I gcomhpháirt leis an Roinn Coimirce Shóisialaigh leanann an Chomhairle ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag moladh fhorbairt na Fostaíochta Pobail. Dá réir sin, tugann Comhairle Contae Thiobraid Árann urraíocht do dhá Scéim Fostaíochta Pobail. Tugadh faomhadh chun ceathrar maoirseoir agus seasca-haon rannpháirtí a fhostiú i dtaobh Scéimeanna 2017/2018. Oibrítear na scéimeanna i dtír hionad déag agus ina measc Baile agus Purláin Chathair Dúin Iascaigh, Carraig na Siúire, Cluain Meala, an Teampall Mór, Durlas agus Baile Thiobraid Árann agus na pobail an Bóthar Leathan, Cluain Abhla/an Clochar, Mainistir na Croiche, Teach Naoi Míle agus Faiche Ró.

Tá raon gníomhaíochtaí i gceist leis na Tionscnaimh Fostaíochta Pobail a chuimsíonn:

- Tionscadail gairneoireachta, tírdhreachaithe agus feabhsaithe timpeallachta
- Oibreacha cothabhála i bpáirceanna, bailte agus reiligí
- Oibrí Ginearálta/Tiománaí/Dualgais Bainistíochta Tráchta/Maoir um Thrasnú Bóthair

Leagtar béim ar thaithí fostaíochta agus oiliúint luachmhar a chur ar fáil do rannpháirtithe. Baineann gach rannpháirtí leas as Oiliúint Éigeantach ar Shláinte & Shábháilteacht mar Safe Pass agus Láimhsiú Sábháilte ar scil inaistrithe é a bhíonn ag teastáil in ionaid oibre cosúla. Féadfaidh rannpháirtithe freisin páirt a ghlacadh i Tuiscint ar Obair ar na Bóithre, Ionduchtú SSWP agus CSCS Comharthaí, Soilse & Cosaint (1-Lá). Tar éis oiliúint éigeantach ar Shláinte & Shábháilteacht agus Oibreacha ar Bhóthar a dhéanamh, leanann rannpháirtithe ar aghaidh le cúrsaí a bhaineann le poist nó scileanna sonracha chun ullmhú i gcomhair fostaíochta san earnáil chomhshaoil, tógála, slándála, riaracháin/gnó nó in earnáil an tionscal bia, mar:

- Uirlisí agus Trealamh Gairneoireachta/Oibriú Lomairí Faiche/Lotnaidicídí Láimhe
- Ionduchtú Forcardaitheora/Dréimire/Inslíú Teirmeach/Plástráil Leibhéal 3/Leagan Brící - Bloc
- Slándáil Doirse/Bunscoleanna Cosanta/Aslonnú i gcás Dóiteain/Garchabhair Cheirde
- Cumarsáid/Seirbhís do Chustaiméirí/TF/Teiripe Scéimhe
- Sábháilteacht Bia

Baineann an pobal leas as bailte glana, feabhsú conláistí agus tírdhreachadh ceantar. Sealbhaíonn rannpháirtithe muinín agus féinmheas a chuireann ar a gcumas oibriú mar bhall d'fhoireann ina bpobal féin. I gcás go leor de na rannpháirtithe ar na scéimeanna éiríonn leo fostaíocht a fháil le linn a dtréimhse i mbun na scéimeanna nó díreach ina diaidh.



Maolú Tuilte Mionchúiseacha Oibreacha & Staidéir

I rith 2017, bhí 9 Scéim faofa um chistiú ag Oibreacha agus Staidéir um Maolú Tuilte Mionchúiseacha Oifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW).

I 2017, rinneadh oibreacha ar 4 scéim ar an L25031-1 Cloughcarrigeen, Cill Síoláin; L3502-2 An Caisleán Nua, Cluain Meala; An Ghráig, An Cloichín agus Cnoc Bhaile an Oidhre, Droichead na nGabhar i gCeantar Buirge Chluain Meala agus an OPW ag tacú leis na scéimeanna sin le méid iomlán de €122,754.

Cuireadh tús le hoibreacha i 2017 agus críochnófar i 2018 iad ar 2 scéim ag The Millrace, Cathair Dúin Iascaigh agus i Muileann na hUamhan i gCeantar Bardasach Charraig na Siúire, dár chuir an OPW leithdháileadh iomlán de €260,500 ar fáil.

Fuair trí scéim i R665 Baile an Chalaídh, an Cloichín i gCeantar Buirge Chluain Meala; Baile an Doirín i gCeantar Bardasach an Aonaigh agus Lota Waller Ceantar Bardasach Chaiseal-Thiobraid Árann faomhadh maoinithe ar luach iomlán €115,311 agus táthar chun oibreacha a dhéanamh i 2018 sna hionaid sin.

Rinne an OPW athbhreithniú ar an scéim, a bhí i bhfeidhm ó 2009 d'fhonn inoibrítheacht na scéime a neartú agus a fheabhsú. Ón 1 Meitheamh 2017, méadaíodh go mór an t-uastairseach airgeadais in aghaidh an tionscadail agus den chéad uair riamh, is féidir clóis/foirgnimh fheirme a áireamh mar áitribh ghnó i ngach catagóir. I measc feabhsúchán eile tá an cóimheas tairbhí is costais a íslíú do thionscadail níos lú, liúntais sochair níos fearr do chineálacha éagsúla réadmhaoine agus modheolaíocht nuashonraithe do thurais curtha ar malairt slí mar gheall ar thuilte.

Tá an Chomhairle fós i mbun plé le hOifig na n-Oibreacha Poiblí maidir le roinnt beart eile agus d'fhéadfadh go dtiocfadh faomhadh arís.

Tá an Chomhairle buíoch as tacaíocht an OPW agus leanfaidh sí ar aghaidh ag fiosrú ionad a bhfaightear tuairiscí faoi thuilte maidir leo agus ag cur Scéimeanna eile um Maolú Tuilte Mionchúiseacha i 2018 áit a n-aithnítear bearta indéanta um maolú tuilte agus réitigh innealtóireachta tairbhiúla chun aonaid réadmhaoine atá i mbaol a chosaint.

Sláinte & Sábháilteacht

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur i bhfeidhm córas cuimsitheach um bainistíocht Sláinte & Sábháilteachta de réir ár Máthair-ráitis Sábháilteachta & ár gcuid oibleagáidí dlí. Coimeádtar an bhéim ar shláinte & shábháilteacht trí chruinnithe rialta agus choistí áit a bpléitear saincheisteanna mar bheartas/nósanna imeachta. Leanadh ar aghaidh ag comhchuíbhiú Ráiteas Sábháilteachta ar Bhóithre Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas i rith 2017 agus beidh an obair sin críochnaithe i 2018. Tugadh faoi Chigireachtaí Rialta Láithreáin um Iniúchadh Sábháilteachta ag an HSA i rith 2017 freisin chomh maith le taifeadadh timpistí & eachtraí agus fiosrú na mbunchúiseanna.


Córas um Bainistíocht Dromchla

Tá Córas um Bainistíocht Dromchla i bhfeidhm i dTiobraid Árann mar chuid de bhunachar sonraí leictreonach Náisiúnta de gach Bóthar Áitiúil agus Réigiúnach. Sna léarscáileanna a thaispeántar ar an gcóras sin cuirtear eolas dathchódaithe ar fáil faoi riocht dhromchla an bhóthair ar scála ó 1 go 10 do gach catagóir bhóthair.


Ceadaíonn an t-eolas sin do Chomhairle Contae Thiobraid Árann na cóireálacha éagsúla a theastaíonn do na catagóirí éagsúla bóthair a chainníochtú ar bhealach eolaíoch. Córas dinimiciúil é sin a dhéantar go huathoibríoch nuair a dhéantar suirbhé ar chuid de bhóthar. Léiríonn an méid seo a leanas rátálacha na gcatagóirí éagsúla bóthair amhail an 31 Nollaig 2017, Bheadh an riachtanas maoinithe chun na bóithre go léir a thabhairt suas go rátáil 9 nó 10 comhionann le thart ar €196 milliún.

Catagóirí Bóthair ina bhfuil gá le hatógáil


Príomhbhóithre Áitiúla




Bóithre Áitiúla den Dara Grád



Bóithre Áitiúla den Tríú Grád



Bóithre Réigiúnacha



Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur i bhfeidhm córas cuimsitheach um bainistíocht Sláinte & Sábháilteachta de réir ár Máthair-ráitis Sábháilteachta & ár gcuid oibleagáidí dlí.

Athbhreithniú ar Theorannacha Luais Speisialta do Chontae Thiobraid Árann 2015-2017

Cuireadh tús le hAthbhreithniú Speisialta ar Theorainneacha Luais do Chontae Thiobraid Árann i rith 2015 agus é mar chuid d'athbhreithniú Reachtúil Náisiúnta. Reáchtáladh an chéim Comhchomhairle Poiblí den Athbhreithniú ar Luasteorainneacha i nDeireadh Fómhair/Samhain 2016 nuair a taispeánadh na Dréacht-Fhodhlíthe don phobal ar feadh aon mhí amháin. Fógraíodh an próiseas sa Phreas Náisiúnta & Áitiúil agus tá na Dréacht-Fhodhlíthe ar fáil le gur féidir leis an bpobal féachaint orthu i ngach ceann de na Cúig Cheantar Bardasach agus ar láithreán gréasáin na Comhairle. I rith an ama sin fuarthas 65 aighneacht agus astu siúd fuarthas 18 (28%) ar líne agus fuarthas 29 (45%) tríd na hOifigí Ceantair agus an chuid eile curtha faoi bhráid an Oifig Bóithre.

Rinne Foireann Theicniúil an Rannán Bóithre sa Chomhairle athbhreithniú ar na haighneachtaí maidir le bóithre réigiúnacha & áitiúla agus rinne Bonneagar Iompair Éireann (TII) athbhreithniú ar na haighneachtaí maidir le bóithre náisiúnta. Cuireadh tuarascáil le chéile ar na haighneachtaí agus na hagóidí a fuarthas agus reáchtáladh ceardlanna leis na Comhaltaí Tofa sna cúig Cheantar Bardasach i bhFeabhra 2017. Tar éis sin ullmhaíodh athbhreithniú B ar na Dréacht-fhodhlíthe, cuireadh faoi bhráid an Chomhairle Contae go léir é agus ghlac na Comhaltaí leis ag a gcluinní i mí Iúil.

Tugadh feidhm do na Teorannacha Luais Speisialta do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ar an 11 Meán Fómhair 2017 agus do bhóithre náisiúnta ar an 13 Samhain 2017.

Bearradh Fáil

Faoi Acht na mBóithre 1993, Alt 70 ceanglaítear ar úinéir nó áititheoir talún gach céim atá réasúnta a ghlacadh chun déanamh cinnte nach mbíonn crann, tor, fál ná fásach eile ar an talamh ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí agus nach gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthair poiblí ná cothabháil bóthair poiblí.

Áit a bhfuil crann, cor, fál nó fásach eile ina ghuais nó ina ghuais fhéideartha do dhaoine atá ag úsáid bóthar poiblí nó áit a gcuireann sé isteach ar úsáid shábháilte bóthair poiblí nó ar chothabháil bóthair poiblí, is féidir le húdarás bóithre fógra a scríbhinn a sheirbheáil ar úinéir nó áititheoir na talún.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur cion é faoin Acht um Fhiadhúlra 1976 agus faoi Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011, fasach a scriosadh a fhásann i bhfál nó clais idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa gach bliain.

Seoladh na céadta litir chuig úinéirí/áititheoirí talún i 2017, agus 142 Fógra cláraithe ina measc.



Teastais um Bóithre Teoranta

Fuarthas 581 iarratas san iomlán ar Theastais um Bóithre Teoranta i rith 2017 agus eisíodh 526 Teastas.



Ceadaíonn um Ualach Neamhghnách

Fuarthas 351 iarratas san iomlán ar Cheadanna um Ualach Neamhghnách i rith 2017 agus eisíodh 342 Teastas.



Ceadúnais Oscailte Bóthar


Is é an Ceadúnú Maproad Roadworks (MRL) arna riar ag an Oifig Bainistíochta Bóithre (OBB) an córas náisiúnta um bainistiú agus próiseáil iarratas ar cheadúnais oibreacha bóthair. Nuair a chláraítear conraitheoir fóntais nó sibhialta ar an gcóras MRL, ligtear dóibh iarratas a dhéanamh ar cheann ar bith de na hÚdarás Áitiúla sa Tír, atá ailínithe leis an gcóras MRL.

Tá an nós imeachta a úsáidtear ar an gcóras MRL bunaithe ar an tsamhail “T”. Cuimsíonn ceadúnais shamhail T teorainneacha ar nós achar iomlán tochailte, tréimhsí réamhfhógartha, tréimhsí bailíochta ceadúnas, líon na laethanta atá ceadaithe le hoibreacha a dhéanamh agus faid idir tochailtí.

- **Fógra T1:** Tá Fógra T1 riachtanach nuair atá sé beartaithe oibreacha a dhéanamh ar oibreacha ardtionchair iad mar gheall ar mhéid nó chastacht na n-oibreacha beartaithe. Ní ceadúnas atá i Fógra T1. Leis an bpróiseas fógartha ceadaítear dóthain ama um chomhchomhairle agus comhphleanáil idir an t-iarratasóir agus an t-údarás.
- **Ceadúnas T21:** Tar éis don údarás bóithre cinneadh a dhéanamh maidir leis an bhfógra T1, cuireann an t-iarratasóir isteach ceadúna(i)s T21 don tionscadal
- **Ceadúnas T2:** Oibreacha tionchair mhóir go mheasartha
- **Ceadúnas T3:** Oibreacha tionchair ísíl
- **Fógra T4:** Fógra faoi oibreacha éigeandála mar atá sainithe faoin reachtaíocht. D’fhéadfadh go n-éileofaí ceadúnas T2 nó T3 ina dhiaidh sin chun na hoibreacha a chríochnú nach oibreacha de nádúr éigeandála iad.
- **Fógra T5:** Fógra trí hiarratas don údarás áitiúil ar chríochnú oibreacha arna ndéanamh faoi T21, T2, T3 nó T4

Foilsíodh an t-eagrán nua de Threoirlínte um Bainistiú Oscailtí ar Bhóithre Poiblí (Guidelines for Managing Openings in Public Roads) Aibreán 2017 (2ú hEagrán, Athbhreithniú 1) ar a dtugtar an “Leabhar Corcra” freisin agus tugadh feidhm ó le Ciorclán RW 05/2017 den dáta an 12 Aibreán 2017. Leagtar amach ansin an próiseas molta chun oscailt, aislíonadh agus cur ar ais oscailtí ar bhóithre poiblí a bhainistiú.

I 2017, i dteannta leis na Ceantair, rinne Rannóg na mBóithre cinneadh fabhrach i leith 26 Fhógra T1 i dtaobh tionscadal éagsúla um fóntais agus fuinneamh ar fud an Chontae agus deonaíodh 303 ceadúnas T21, T2 agus T3 i rith na bliana.

 *Is é an Ceadúnú Maproad Roadworks (MRL) arna riar ag an Oifig Bainistíochta Bóithre (OBB) an córas náisiúnta um bainistiú agus próiseáil iarratas ar cheadúnais oibreacha bóthair.*





PLEANÁIL & FORBAIRT

BROLLACH

Riarann an Rannóg Pleanála sa Chomhairle an reachtaíocht i leith Pleanála mar atá cuimsithe san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, mar atá leasaithe ag na Rialacháin éagsúla arna ndéanamh faoi.






BAINISTÍOCHT FORBARTHA

Is é atá i gceist le Bainistíocht Forbartha ná próiseáil a dhéanamh ar iarratais phleanála agus phleanála agus ar iarratais éagsúla eile, laistigh den amfhráma reachtúil agus déanamh cinnte go bhfuil rochtain ag páirtithe leasmhara ar an bhfaisnéis go léir a chuirfidh ar a gcumas forbairt bheartaithe a mheas. Is féidir féachaint ar an gclár pleanála ar www.tipperarycoco.ie Tá na figiúir d'iarratais phleanála i 2017 leagtha amach thíos.


Teach Aonair




NIA/EIA



Forbairt Tithíochta



Iarratais Eile



r-Phleanáil

Leanann muid ar aghaidh ag baint úsáide as an gcóras I-Plan, as an gcóras forfheidhmithe, idocs, agus ag digitiú Léarscáil an Chláir Phleanála agus mar gheall air sin bíonn cúrsaí níos éifeachtúlaí don Rannóg agus don phobal araon. Rinneadh scanadh ar na hiarratais phleanála go léir a fuarthas i 2017 agus cuireadh ar fáil iad tríd an gcóras um foscú phleanála ar www.tipperarycoco.ie. Áit arbh chuí baineadh úsáid as Láithreán Gréasáin na Comhairle e.g. sonraí faoi fhoirmeacha iarratais, liostaí seachtainiúla, athruithe ar phleananna etc. Tá sé mar bheartas ag an Rialtas, faoi na pleananna Atógáil Éireann agus na pleananna Náisiúnta Leathanbhanda, r-phleanáil a chur ar aghaidh. Bunaíodh bord tionscadail um r-phleanáil agus ionadaí air ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Tá sé mar chuspóir aige feidhmiúlacht r-phleanála a chur ar aghaidh chun seirbhís mhéadaithe agus fneabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí. Ionad bailíochtaithe soláthair atá i gComhairle Contae Thiobraid Árann i dteannta le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.



Pleananna Forbartha/Pleananna Ceantair Áitiúil faoin gCreat Náisiúnta Pleanála – Éire 2040: Ár bPlean

D'fhoilsigh an Rialtas an dréachtchreat náisiúnta phleanála - "Éire 2040 - Ár bPlean" i Meán Fómhair 2017 agus iarradh aighneachtaí suas go dtí an 10 Samhain, 2017. Reáchtáladh ceardlann leis na Comhaltaí Tofa ar an 1 Samhain chun raon feidhme agus ábhar na haighneachta a phlé. Rinneadh aighneacht fhoirmiúil don Roinn ar an 10 Samhain, 2017.

Ghlac an Chomhairle páirt freisin in aighneacht a dhéanamh thar ceann údarás áitiúil agus páirtithe leasmhara i Réigiún an Iarthair Láir agus an Oirdheiscirt agus rinneadh aighneacht ar leithligh maidir le huasghrádú ar an N24.

Ullmhú Straitéisí Eacnamaíocha Réigiúnacha agus Spásúla (RSES)

Chuir Tionól Réigiúnach an Deiscirt tús le Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiún an Deiscirt (SSERD). Foilsíodh páipéar saincheisteanna agus iarrtar aighneachtaí suas go dtí an 2 Feabhra, 2018.

Éagsúlacht Bheartaithe ar Phleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas:

Pleananna Lonnaíochta

I bPleananna Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas (mar atá éagsúlaithe) leagtar amach na beartais agus na cuspóirí phleanála chun pleanáil agus forbairt bhailte agus shráidbhailte Thiobraid Árann a threorú. Rinneadh athbhreithniú ar Phleananna Lonnaíochta le haghaidh 'Ionad Seirbhíse'; 'Ionaid Seirbhíse Áitiúla' agus 'Nóid Lonnaíochta' chun creat phleanála comhsheasmhach a sholáthar ar fud an Chontae.

Cuireadh Éagsúlachtaí ar na Pleananna Forbartha Contae ar taispeánt don phobal ón 21 Iúil go dtí an 21 Lúnasa, 2017. Cuireadh Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas agus na hÉagsúlachtaí beartaithe faoi bhráid na gComhaltaí Tofa le meas ag cruinniú iomlánach na Comhairle i mí Dheireadh Fómhair. Cuireadh athruithe ábhartha ar taispeánt don phobal le dáta deiridh den 20 Samhain.

Ag an gCruinniú Míósúil i mí na Nollag tar éis na hÉagsúlachtaí beartaithe a mheas Pleananna Lonnaíochta Phlean Forbartha Contae Thiobraid Árann Thuaidh 2010 (mar atá éagsúlaithe) agus Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann Theas 2009 (mar atá éagsúlaithe), Tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh ón 18 Meán Fómhair 2017 (agus na hathruithe ábhartha beartaithe a ghabhann leo agus Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a cuireadh timpeall ar an 4 Nollaig 2017 agus na mionathruithe bainteacha, rinne an Chomhairle na héagsúlachtaí agus cuimsíodh na hathruithe breise de réir mar a aontaíodh orthu. Aontaíodh freisin Plean Ceantair Áitiúil an Phoirt Nua 2010 a aisghairm agus Plean Ceantair Áitiúil Pháirc an Mharla 2013.



Bunaíodh bord tionscadail um r-phleanáil. Tá sé mar chuspóir aige feidhmiúlacht r-phleanála a chur ar aghaidh chun seirbhís mhéadaithe agus fneabhsaithe a chur ar fáil do chustaiméirí.

Treoirínite Braisle

Tá ullmhú na dTreoirínite Braisle agus Láithreán le Seirbhísí mar chuspóir i bPleananna Forbartha Chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas (mar atá éagsúlaithe) chun fás agus inmharthanacht na sráidbhailte tuaithe sa Chontae a chur chun cinn.

Chun an cuspóir sin a chomhlíonadh, agus tar éis phróiseas tairisceana, cheap an Chomhairle Kenneth Hennessy Architects chun na Treoirínite Braisle a ullmhú. Cuirfidh na treoirínite seo roghanna dea-chleachtais ar fáil do scéimeanna tithíochta beaga chun forbairt thithe ardchaighdeáin a spreagadh le freastal ar riachtanais an daonra tuaithe.

Tá na Treoirínite ag céim ard den chríochnú agus cuirfear i láthair na gComhaltaí Tofa iad go luath i 2018.

An Scéim Oidhreachta Tógtha

Sheol an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, i mí Fheabhra 2017, Scéim um Infheistíocht san Oidhreacht Thógtha 2016, agus é mar chuspóir gearáil caipitil phríobháidigh a spreagadh chun infheistiú i roinnt tionscadal beag agus dlúthshaothair chun struchtúir atá cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 a dheisiú agus a chaomhnú.

Leithdháileadh €50,000 ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann faoin Scéim. Mhol an Chomhairle 14 thionscadal don Roinn le meas faoin scéim. Rinneadh gach tionscadal a fhaomhadh do mhaoiniú agus leithdháil an Roinn airgead breise dó sin. Ba é an méid iomlán a leithdháileadh do 2017 ná €85,330. Áit ar chinn duine aonair ga dul ar aghaidh leis an tionscadal, rinneadh airgead a leithdháileadh do thionscadail eile sa chontae.

Cuirfidh na treoirínite seo roghanna dea-chleachtais ar fáil do scéimeanna tithíochta beaga chun forbairt thithe ardchaighdeáin a spreagadh le freastal ar riachtanais an daonra tuaithe

Struchtúir i mBaol

I mí Fheabhra 2017 sheol an Roinn Ealaíon, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Scéim um Struchtúir i mBaol. Is é cuspóir na scéime ná cabhrú le hoibreacha chun struchtúir a chosaint atá cosanta faoin Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (mar atá leasaithe), áit, dar leis an Roinn, gur cruthaíodh go bhfuil géarghá le hoibreacha ar struchtúir den sórt sin.

Mhol an Chomhairle 3 thionscadal don Roinn le meas faoin scéim. Rinneadh gach tionscadal a fhaomhadh ag an Roinn, mar seo a leanas:

- An Caisleán Dubh, An Teampall Mór: €30,000
- Eaglais Naomh Crónáin, Ros Cré: €30,000
- Caisleán Ard Fhíonáin: €10,000
- Chuathas ar aghaidh le tionscadail i gcomhréir le coinníollacha scéim na ndéontas.

Scéimeanna na mBalláí Baile

Sheol an Chomhairle Oidhreachta an Scéim um Dheontais Chaomhantais ITWN i Márta, 2014, lenar áiríodh an scéim deontas d'oibreacha caipitil ar na Balláí Baile. Is iad na bailte atá mar chuid den líonra faoi láthair ná Cluain Meala, Caiseal, Carraig na Siúire agus Fíodh Ard. Rinneadh iarratais ar an gComhairle Oidhreachta ar oibreacha caomhantais i gCarraig na Siúire, Caiseal agus Fíodh Ard.

Fuair an Chomhairle fógra ón gComhairle Oidhreachta ar an 26 Aibreán, 2017, gur éirigh le tograí tionscadail i gCarraig na Siúire agus i gCaiseal cúnaimh deontais a fháil. Ceapadh conraitheoirí agus rinneadh an obair.



Comhdháil ar Fhuinneamh sa Talmhaíocht

I gcomhpháirt le Teagasc ghlac Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Coláiste an Ghoirtín san 'Imeacht Fuinneamh sa Talmhaíocht ar an 22 Lúnasa, 2017. D'éirigh go han-mhath leis an imeacht agus níos mó ná 2,500 i láthair.

Eastát a Thógáil i gCúram

Tógadh 17 n-eastát tithíochta san iomlán i gcúram i rith 2017. Bhí 18 n-eastát eile le hUisce Éireann um chomhaontú agus bhí 14 heastát lenár Rannóg Bóithre chun an próiseas reachtúil a thosú/a chríochnú ar an 31 Nollaig 2017. Fuarthas 11 iarratas nua i rith 2017. Baineadh 12 heastát ó bhunachar sonraí an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; is ionann sin agus laghdú 40% ó 2016 i dThiobraid Árann.



Forfheidhmiú

Baineann an chuid fhorfheidhmithe den Rannóg le comhlíonadh coinníollacha maidir le ceadanna deonaithe, bailiú ranníocaíochtaí forbartha agus fiosrú tuairiscí a fhaightear ón bpobal agus/nó ó oifigigh chomhairle faoi fhorbairt neamhúdaraíthe fhéideartha.

De réir Alt 154 (14) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, seo a leanas na staitisticí ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017:

Gearáin faighte	170
Gearáin fiosraithe	137
Gearáin díbhíthe	131
Litreacha rabhaidh eisithe	126
Fógraí Forfheidhmithe eisithe	24
Ionchúisimh tionscanta	1
Cásanna dúnta:	216



An CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála

Reáchtáladh Cruinnithe den Choiste Beartais Straitéisigh ar Phleanáil & Sheirbhísí Éigeandála ar an 14 Márta 2017, an 5 Meán Fómhair 2017 agus an 24 Deireadh Fómhair 2017. Rinneadh láithreachais ar an Dréacht-chreat Náisiúnta Pleanála, ar Threoirlínte Braisle, an Tobhach um Láithreáin Fhoilmhe, Sábháilteacht Dóiteáin i bhFoirgnimh Ilstóracha; Tuairisc ar an Éagsúlacht Bheartaithe (Pleananna Lonnaíochta) ar Phleananna Forbartha Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh & Theas (mar atá éagsúlaithe). Rinneadh plé faoi ról sráidbhailte sa todhchaí agus tugadh tuairiscí ar Thionscadail faoin mBeartas Pleanála.

Seo a leanas comhaltaí an CBS ar Phleanáil & Seirbhísí Éigeandála:

Earnáil	Ainm
8 Comhairleoirí	Cathaoirleach - Michael O'Meara
	Micheál Anglim
	John Carroll
	Joe Bourke
	Gerard Darcy
	Denis Leahy
	David Dunne
	Martin Browne
1 Talmhaíocht & Feirmeoireacht	Matthew Mounsey
1 Tógáil Forbartha	Tom Gallahue
2 LRP	Richard Long
	Lyn Mather

Líon na n-Iarratas Pleanála a fuarthas i 2017

Fuarthas 1451 iarratas pleanála san iomlán ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017. Measadh 410 iarratas mar iarratais neamhbhailí agus tarraingíodh siar 39 hiarratas. I rith na bliana rinneadh cinneadh i leith 968 iarratas; deonaíodh cead pleanála i gcás 935 díobh agus diúltaíodh do 33 hiarratas. Iarradh eolas breise i gcás 380 iarratas.



Tógadh 17 n-eastát tithíochta san iomlán i gcúram i rith 2017. Bhí 18 n-eastát eile le hUisce Éireann um chomhaontú agus bhí 14 heastát lenár Rannóg Bóithre chun an próiseas reachtúil a thosú/a chríochnú ar an 31 Nollaig 2017.





CÁILÍOCHT BHEATHA

- ☑ TITHÍOCHT
- ☑ CUIMSIÚ SÓISIALTA &
FORBAIRT POBAIL
- ☑ COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT
THIOBRAID ÁRANN
- ☑ NA HEALAÍONA
- ☑ MÚSAEM THIOBRAID ÁRANN
- ☑ OIFIG OIDHREACHTA
THIOBRAID ÁRANN
- ☑ SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

TITHÍOCHT



BALLRAÍOCHT CHOISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH



Is é ról an Choiste Beartais Straitéisigh sin ná cabhrú leis an gComhairle Beartas Tithíochta agus Pobail agus Cultúrtha a cheapadh. Tá sé déanta suas de chomhaltaí den Chomhairle Contae agus d'ionadaithe ón LRP, ó na hearnálacha Ceardchumann agus Gnó.

COMHAIRLE CONTAE THIOBRAID ÁRANN

- An Cmlr Seamus Morris, Cathaoirleach
- An Cmhlr Pat English
- An Cmhlr Imelda Goldsboro
- An Cmhlr Mary Hanna Hourigan
- An Cmhlr Martin Lonergan
- An Cmhlr Michéal Lowry
- An Cmhlr Louise McLoughlin
- An Cmhlr Marie Murphy
- An Cmhlr Jim Ryan

SEACHTRACH

Ionadaithe ar an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí

- An tUas. Liam Hayes
- An tUas. Terry O'Connor
- Ms Trisha Purcell

Forbairt & Tógáil:

- An tUas. John O Shaughnessy

MÍREANNA A BREITHNÍODH & A PLÉADH I 2017

Tuairisc suas chun dáta ar an gClár Tógála Atógáil Éireann

- Straitéis um Thithe Foilmhe
- An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe
- Plean Straitéiseach um Bainistíocht Talún
- Cur i láthair ag an Irish Council for Social Housing




RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

Is é an riachtanas tithíochta sóisialta do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag deireadh 2017 ná 3211.



Leithdháiltí Tithíochta 2017

Leithdháileadh tithe ar 317 iarratasóir i 2017, sa tábla seo a leanas taispeántar an miondealú de réir chineál soláthair:



Dhiúltaigh 34 dhuine do thairiscintí thithe Údaráis Áitiúil i 2017

Dul chun cinn i 2017: Conarthaí Faighte



Leithdháileadh tithe ar 317 iarratasóir i 2017



An Tionscnamh um Léasú Tithíochta Sóisialta (TLS) / An Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC)

Faoi na Scéimeanna thuas, leithdháil an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil cistiú d'údaráis áitiúla chun aonaid réadmhaoine príobháideacha a léasú ó thiarnaí talún príobháideacha. Leis na scéimeanna ligtear don Chomhairle cóiríocht dea-chaighdeán a léasú san earnáil cíosa phríobháidigh ar chonarthaí meántéarmacha go fadtéarmacha. Úsáidtear na haonaid réadmhaoine sin chun cóiríocht a chur ar fáil d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta, nach bhfuil in ann faoi láthair cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil óna gceid acmhainní féin.



An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Tugadh cúnaimh le 829 iarratasóir tithíochta le tacaíocht tithíochta sóisialta a fháil in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos faoi Scéim na n-Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta ar fud an chontae i 2017. Tugadh cúnaimh do 16 iarratasóir tithíochta ar an meán in aghaidh na seachtaine faoin Scéim, méid a sháraigh an sprioc de 15 in aghaidh na seachtaine a shocraigh an Roinn.

Ar an meán, tugadh cúnaimh do 16 iarratasóir tithíochta in aghaidh na seachtaine faoin Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

An Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe

Gníomh lárnach atá sa Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, Atógáil Éireann. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann tús leis an Scéim a oibriú i rith 2017. Is é bunús an Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe ná go maoinítear oibreacha deisiúcháin agus feabhsúcháin d'aonaid réadmhaoine fhoilmhe chun iad a ardú chuig an gcaighdeán do chóiríocht ar cíos, ansin ligtear na haonaid réadmhaoine ar cíos don Chomhairle/Chomhlacht Tithíochta Faofa agus asbhaintear costas na n-oibreacha ó na hÍocaíochtaí léasa i gcaitheamh théarma comhaontaithe an léasa.

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 45 iarratas i 2017, agus seo a leanas an miondealú orthu:

Iarratas Tugtha chun Críche agus Comhaontú Léasa Sínithe	1
Iarratas Measta mar Mí-oiriúnach (6 tar éis mheasúnú deisce & 3 tar éis cigireachta)	9
Iarratais Tarraingthe Siar (1 tar éis cigireachta)	2
Iarratais ar Feitheamh Cigireachta	16
Ar Feitheamh Cáipéisí chun an t-Iarratas a Bhailíochtú	8
Iarratais ag an gCéim Meastacháin	9

CÍOSANNA TITHÍOCHTA



6,296

Cuntas Cíosa ar an 31/12/2017



€43.18


Meánchíos le haghaidh 2016



Bailiú

99%

Líon iomlán na dtithe foilmhe ar an 31/12/2017



● Ina raibh Míonoibreacha ag Teastáil

● Ina raibh Móroibreacha ag Teastáil

● Ar fáil le ligean ar cíos



Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann leithdháileadh de €23,492,200 i 2017 chun tithíocht shóisialta a thógáil in ionaid éagsúla ar fud an Chontae

An Clár um Infheistíocht i dTithíocht Shóisialta - (SHIP)



Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann leithdháileadh de **€23,492,200** i 2017 chun tithíocht shóisialta a thógáil in ionaid éagsúla ar fud an Chontae agus cuireadh **€15,245,500** breise ar fáil chun na tithe a shealbhú.



Cuireadh ar fáil leithdháileadh breise de **€1,271,722** chun aonaid fhoilmhe a réiteach um úsáid tháirgiúil arís.

An Scéim um Dheontais um Oiriúnú Tithe

Clúdaíonn na Scéimeanna um Dheontais um Oiriúnú Tithe trí scéim deontais arna n-oibriú ag an gComhairle. Leis an Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas déantar soláthar do sholáthar/oiriúnú cóiríochta chun freastal ar riachtanais daoine faoi mhíchumas; cuimsíonn na hoibreacha rampaí rochtana, ardaitheoirí staighre, folcadáin ar leibhéal cothrom, méaduithe, etc. Is é atá i Scéim Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta ná scéim mhear chun déileáil le fadhbanna soghluaisteachta; cuimsíonn na hoibreacha folcadáin ar leibhéal cothrom, rampaí, greimráillí agus ardaitheoirí staighre. Cabhraíonn an Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta le daoine scothaosta de-isiúcháin agus feabhsúcháin riachtanacha a dhéanamh ina dteach.

Ba é an leithdháileadh caipitil iomlán, ar tugadh fógra don Chomhairle seo faoi i 2017, um íocaíocht na nDeontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine faoi Mhíchumas, le haghaidh tithe cónaithe príobháideacha, **€3,032,731** a raibh **€606,546** cur ar fáil ó acmhainní féin na Comhairle. Tá a leithdháileadh tarraingthe aníos ag an gComhairle i 2017.



Críochnaíodh **275** tionscadal san iomlán.

EASPA DÍDINE 2017

I gcomhréir leis an gcur chuige réigiúnach a theastaíonn ón Rialtas chun dul i ngleic le heaspa dídine, ghlac an Chomhairle le Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Easpa Dídine 2013 - 2016 i mí Aibreáin 2013.

Sa phlean leagtar amach na struchtúir, na prionsabail agus na gníomhartha a theastaíonn chun easpa dídine fhadtéarmach sa réigiún a chosc agus a dhíbirt. Sa phlean sin déantar foráil do tháscairí seirbhíse feidhmíochta den chéad uair i réimse an easpa dídine. Freisin déantar foráil ann do chur chuige níos comhordaithe i dtreo shocrúithe cistithe do sheirbhísí easpa dídine sa réigiún, agus Comhairle Cathrach Phort Láirge ainmnithe mar an údarás ceannasach maidir le cistiú d'easpa dídine.



Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD) ag croílár sholáthar sheirbhísí do dhaoine gan dídean. Tá na Foirne Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean bunaithe i ngach ceantar údarás áitiúil sa réigiún agus chabhraigh siad le cur chuige caighdeánaithe a bhaint amach i dtreo cúraim agus bhainistíocht cáis i dtaobh na geliant sin a thagann os comhair an údarás agus iad gan dídean. Is cur chuige ildisciplíneach é an FGDGD a thagann le chéile le hionadaithe ó na soláthraithe seirbhíse éagsúla do dhaoine gan dídean, mar an Údarás Áitiúil, FSS, Seirbhísí Meabhairshláinte, Brú na mBan Cuan Saor, NOVAS, Novas, An Roinn Coimirce Sóisialaí, Focus Ireland Clann Shíomóin an Oirdheiscirt.



Tacaí do Dhaoine gan Dídean i dTiobraid Árann

- An Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean (FGDGD)
- Seirbhís um Choimeád Tionóntachta (Focus)
- Foireann Athlonnaithe

Déileálann na tacaí tithíochta sin le fadhb an easpa dídine agus le cosc na faidhbe. Is féidir B&B sealadach a chur ar fáil i gcás éigeandála, ar feitheamh aimsiú lóistín phríobháidigh ar cíos/tithíochta sóisialta. Bunaíodh prótacail idir-chontae maidir le rochtain ar bhrúnna réigiúnacha do dhaoine a thagann i láthair agus iad gan dídean i dTiobraid Árann. Tá ról lárnach ag Seirbhísí um Choimeád Tionóntachta fós agus aghaidh á tabhairt ar fhadhb an easpa dídine.



Tháinig 379
os comhair an Údarás agus
Easpa Dídine acu i 2017



● Faoi bhun 25 bliana ● 26-35 bliana ● 36-60+

Chabhraigh an Chomhairle leis na daoine seo mar seo a leanas:

- Táirgeadh Tithíocht Údarás Áitiúil/Deonach
- Daoine faofa um Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos (ÍCT)
- Soláthar chóiríocht Brú/Leaba is Bricfeasta




I bPlean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt um Easpa Dídine 2013-2016 déantar foráil do chur chuige níos comhordaithe i dtreo shocrúithe cistithe do sheirbhísí easpa dídine sa réigiún, agus Comhairle Cathrach Phort Láirge ainmnithe mar an údarás ceannasach maidir le cistiú d'easpa dídine.

CÓIRÍOCHT DON LUCHT TAISTIL


An Comhchlár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014-2018

Ghlac Comhaltaí na Comhairle leis an gComhchlár Cóiríochta don Lucht Taistil 2014-2018 i dtaobh Chomhairle Contae Thiobraid Árann i mí Eanáir 2014. Is é an sprioc i gcaitheamh an tréimhse cúig bliana ná 71 aonad.



Tuarascáil Dul Chun Cinn 2017

[Cuireadh an chóiríocht seo a leanas ar fáil go dtí seo:](#)



3. Ginearálta

Mar gheall ar an laghdú ar chistiú um Chóiríocht Shonrach don Lucht Taistil tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ag baint úsáide as na Roghanna éagsúla Tithíochta Sóisialta atá ar fáil chun cóiríocht a chur ar fáil, lena n-áirítear Tithíocht faoi úinéireacht na Comhairle, an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus Léasú Sóisialta.

4. An Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht

Thug an Chomhairle faoina gComhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh ón Lucht Taistil agus a gCóiríocht, mar a éilítear faoin Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Taistil) 1998, ar an 30 Samhain 2017. Ba é líon iomlán na dteaghlach ná 366.

5. An Coiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil

Bíonn cruinnithe ag an gCoiste Comhairleach ar Chóiríocht don Lucht Taistil gach ráithe nó de réir mar a mheasann a chuid ball a bheith riachtanach. Cuimsíonn na baill ionadaithe ó phobal an Lucht Taistil, comhaltaí tofa, oifigigh Chomhairle agus ionadaithe ó ghníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla

TITHÍOCHT DHEONACH

An Scéim Cúnaimh Chaipitil

Tá Comhairle Contae Thiobraid fós ag tacú le Comhlachtaí Tithíochta Faofa (CTFanna) chun aonaid réadmhaoine in ionaid éagsúla ar fud an Chontae a cheannach agus a athchóiriú. Fuair Lions Trust Dhurlas Faomhadh Céim 1 chun 19 n-Aonad a sholáthar i Sráidbhaile Stanwix, Durlas, lena n-áirítear athchóiriú a dhéanamh ar struchtúr cosanta ar a dtugtar Teach Stanwix. Fuair Cumann Tithíochta Cluid Faomhadh Chéim 2 chun 9 n-aonad a thógáil ar Bhóthar Ghleann Chonchúir, Cluain Meala agus anois tá siad i mbun a n-Iarratas Pleanála don fhorbairt sin a lóisteáil.

Áis Léasaithe um Réamhíocaíocht Caipitil

Fuair Cumann Tithíochta Cluid 12 hAonad i Ros na Cronin, An Ráth Liath, Ros Cré ar luach €1,260,000 agus tá siad léasaithe don Chomhairle seo anois ar feadh 30 bliana. Fuair Cumann Tithíochta Oaklee 15 Aonad i dTeach an Mhuilinn, Carraig na Siúire ar luach €1,028,000 agus tá na hárasáin sin léasaithe don Chomhairle freisin ar feadh 30 bliana.

Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí

D'fhógair an Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil Scéim Ceannaigh Incrimintigh ina ndéantar soláthar do dhóil tithe ar tithe údaráis áitiúil iad faoi láthair le tionóntaí i 2015. Tugadh fógra do gach tionónta faoin Scéim i Márta 2016.

Ag deireadh 2017, bhí iarratas déanta ag 176 tionónta chun a dteach a cheannach faoin scéim agus tá sé curtha ar eolas 77 tionónta go gcáilíonn siad agus gur féidir leo a dteach a cheannach anois. Tá 3 Dhíolachán críochnaithe agus tá 18 dteach le hAturnae an Chontae le ceannach.

Cigireacht ar Chóiríocht Phríobháideach ar Cíos

Leanann an tÚdarás Tithíochta ar aghaidh ag cur i bhfeidhm agus ag cur i gcrích fhorfheidhmiú caighdeán ar thithíocht ar cíos san earnáil príobháideach.

Rinneadh 685 cigireacht i rith na bliana.

Áit ba ghá, eisíodh litreacha chuig úinéirí réadmhaoine inar aithníodh míreanna le déileáil leo agus tá tuilleadh gnímh leantaigh á ghlacadh chun déanamh cinnte go gcloítear leis na caighdeáin.

Bainistíocht Eastát

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag cur chun cinn tionscnamh um bainistíocht eastát agus dheonaigh siad deontais um fhóntais ar ochtó-sé Cumann Cónaitheoirí faoi Bhuiséad 2017 na Comhairle um Bainistíocht Eastát. Is í aidhm an mhaoinithe seo ná cuma fhisiceach ár n-eastáit Údaráis Áitiúil a fheabhsú agus a fhorbairt. Cuirtear ar fáil oiliúint i bhfoirm turas oideachasúil agus ceardlann breisoiliúna agus cabhraíonn siad le rannpháirtíocht leanúnach ag cónaitheoirí a spreagadh. Oibríonn seachtar Oifigeach Teagmhála Pobail chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht fhrithshóisialta, soláthraíonn siad oiliúint réamhthionóntachta, forbraíonn siad tionscnaimh bhreisoiliúna agus leanann siad ar aghaidh leis an glár athdheise lena mbaineann tacaíocht idirghníomhaireachta agus tionscadail phobail agus óige. Oibríonn siad i ndlúthpháirt le roinnt eagraíochtaí mar an Garda Síochána, an FSS, Obair d'Ógra Éireann i dTiobraid Árann, ionaid áitiúla Acmhainní Pobail agus Teaghligh agus eagraíochtaí eile nach iad chun feabhas a chur ar an gcáilíocht bheatha do gach cónaitheoir agus tionónta i dTiobraid Árann.



Turas Chumann Cónaitheoirí ar an 18 Deireadh Fómhair 2017 chuig Ros Cré inar taispeánadh tionscadail phobail a ritheadh i bPáirc Uí Chinnéide, Lána an tSéipéil - Ard Ros agus Cois Eaglais, An Ráth Liath, Sitheán agus Teach Pobail an Ghleann Ghlais



Cumann Cónaitheoirí ó Cheantar Charraig na Siúire ag féachaint ar thionscnaimh um bainistíocht eastát i bPáirc Uí Choileáin, Carraig na Siúire



FORBAIRT POBAIL & EACNAMÁÍOCHTA - CLÁR CFPÁ



Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail

Cuireadh i bhfeidhm Pleananna Bliantúla agus Eacnamaíochta a CFPÁ le haghaidh 2017. Rinneadh athbhreithniú ar na pleananna i lár na bliana agus ag deireadh na bliana iarradh ar na treoighníomhaireachtaí tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn maidir leis na gníomhartha. Is é an PÁEP an straitéis a chuireann creat ar fáil do gach gníomhaíocht faoin Stiúthóireacht Forbartha Pobail agus Eacnamaíochta.

Coiste Thiobraid Árann um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ)

Bhí aon chruinniú déag ag an PÁEP i 2017 go dtí seo. Leanann an PÁEP ar aghaidh ag bainistiú na gclár dá bhfuil conradh aige e.g. an Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta agus an Clár Forbartha Tuaithe 2014-20. Tógadh línte Maoinithe nua mar Scéim náisiúnta RAPIFD, Tionscnamh Éire Shláintiúil agus Scéim na n-Áiseanna Pobail tríd an PÁEP i 2017. Chuir roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí a bplean oibre i láthair don CFPÁ agus leag siad amach an chaoi a bhfuil a réimse oibre ar aon dul leis an PÁEP lena n-áirítear na Gardaí, Leabharlanna Thiobraid Árann, Local Link, Comhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann, an Oifig um Chuimsiú Sóisialta, an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus Dhaoine Óga agus Oifig na n-Ealaíon.

An Clár Gníomhachtaithe Pobail um Chuimsiú Sóisialta (CGPCS)

Chríochnaigh an Conradh CGPCS le haghaidh 2015-2017 ar an 31 Nollaig 2017. Tugadh faoi dhá hathbhreithniú i rith 2017. Díríonn an clár ar thacú le agus ar éascú plé leis na pobail sin is deacra teagmháil a dhéanamh leo agus is faide ón bhfórsa saothair. Cuireadh an clár i bhfeidhm i dTuaisceart an Chontae ag Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas agus i dTuaisceart an Chontae ag Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann Thuaidh. Ba é an buiséad iomlán don chontae ná €1,122,450.

Cuireadh an CGPCS nua le haghaidh na tréimhse 2018-22 amach ar tairiscint i dtreo dheireadh na bliana - d'éirigh le Comhpháirtíocht LEADER Thiobraid Árann an conradh a bhaint amach don Cheantair Thiobraid Árann Thuaidh agus i dtuaisceart an chontae ba iad Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas ar éirigh leo. Rithfear an clár i gcaitheamh cúig bliana agus é ag díriú ar dhaoine aonair faoi mhíbhuntáiste agus Grúpaí Pobail Áitiúla. Is é an buiséad bliantúil iomlán do Chomhairle Contae Thiobraid Árann Theas agus Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh) ná €1,117,386.

An Straitéis Forbartha Áitiúla /LEADER

I gCo. Thiobraid Árann sannadh buiséad LEADAR de €7.5m ar CFPÁ Thiobraid Árann do thionscadail LEADER suas go 2020 agus an bhliain san áireamh. Tacaíonn an clár LEADER le gníomhaíochtaí, tionscadail agus cláir i gceantair tuaithe faoi 4 phríomhthéama mar atá fiontraíocht/gníomhaíocht turasóireachta; seirbhísí tuaithe bunúsacha; tacaí óige agus tionscadail bhithéagsúlachta. Faoi dheireadh 2017 bhí 69 n-iarratas tionscadail san iomlán faighte agus 65 thionscadal ag lorg chúnaimh deontais de €1,792,570.

Aontaíodh ar roinnt athruithe ag deireadh 2017 chun an clár a dhéanamh níos inrochtana do pháirtithe leasmhara. Tá cuid mhór de na gníomhartha sin curtha i bhfeidhm anois agus tá/beidh tionchar dearfach acu ar chur i gcrích an chláir ó dheireadh 2017 ar aghaidh.



Tacaíonn an clár LEADER le gníomhaíochtaí, tionscadail agus cláir i gceantair tuaithe faoi 4 phríomhthéama mar atá fiontraíocht/gníomhaíocht turasóireachta; seirbhísí tuaithe bunúsacha; tacaí óige agus tionscadail bhithéagsúlachta.



Scéimeanna Maoinithe Pobail

Scéim CLÁR (Beart 3)

Ceadaíonn an Scéim seo maoiniú a fháil do thionscadail um bonneagar pobail i gceantair tuaithe atá ainmnithe faoi CLÁR. Chuir an Chomhairle isteach iarratais ar mhaoiniú le haghaidh cúig thionscadail agus fuarthas faomhadh do dhá thionscadal (Halla Pobail an Chaisleáin Nua agus Ionad Pobail Dunhill). Tugadh chun críche na tionscadail sin, arb é a bhí i gceist leo ná oibreacha uasghrádaithe agus athchóirithe, i 2017.

An Scéim um Athnuachan Bailte & Sráidbhailte

Scéim 2016 – Ba iad na tionscadail mhaoinithe a tugadh chun críche i rith 2017 ná an Teampall Mór (Gairdín Bláthanna Fiáine i bPáirc an Bhaile) agus Baile Thiobraid Árann (Céim 2 de Thionscadal an Phlás Baile). Is iad na tionscadail mhaoinithe leanúnacha ná Cathair Dúin Iascaigh (Áis Fóntas Phoiblí), Carraig na Siúire (Dearadh Réimse Phoiblí Lár an Bhaile) agus Buiríos Uí Chatháin (Céim 1 den Scéim um Feabhsú Sráide & Cosáin).

Scéim 2017 – I nDeireadh Fómhair 2017, fuair an Chomhairle faomhadh do thrí cinn déag d'iarratais ar mhaoiniú a bhí curtha isteach acu. Tá ocht gcinn de na tionscadail sin faoi stiúir an phobail, agus cúig cinn faoi stiúir na Comhairle. Táthar tosaithe le cur i bhfeidhm na dtionscadal sin agus leanfar ar aghaidh leis i 2018.

Baile/ Sráidbhaile	Teideal an Tionscadail
Buiríos Uí Chatháin;	Oibreacha feabhsúcháin ar Lios & Theach na mBocht agus Feabhsú Reilige
Caiseal	Siúlbealach do Choisithe ar an gCuarbhóthar i gCaiseal
Fiodh Ard	Páirc Phóca a fhorbairt ar Shráid an Bhúrcaigh agus méadú a dhéanamh ar Shiúlóid Stairiúil Bhaile Fhiodh Aird
An Ghráinseach	Nasc a chruthú do choisithe idir lár an bhaile agus na fóntais phobail reatha agus draenáil reatha d'uisce dromchla a fheabhsú sa sráidbhaile.
Mainistir na Croiche	Feabhsúcháin ar fhóntais in áiteanna poiblí taobh le hAbhainn na Siúire
Cill Ros	Gairdín Cuimhneacháin a fhorbairt
Cill Náille	Carrchlós eas-sráide a fhorbairt agus 100 spás ann
An Baile Beag	Feabhsúcháin ar an gCarrchlós ag an Ionad Pobail
Muileann na hUamhan	Gairdín le bláthanna fiáine a fhorbairt don sráidbhaile amach ó Shráid Fhiodh Ard
An tAonach	Oibreacha feabhsúcháin ar Lána Lewis
Ros Cré	Straitéis Comharthaí Ros Cré a chur i bhfeidhm agus Aip "Slí an Bhuitléaraigh" a mhéadú le Ros Cré a thógáil san áireamh
Faiche Ró	An bealach isteach reatha chuig na háiseanna Pobail a atógáil agus feabhsúcháin sábháilteachta ag gabháil leis sin
Tír Dhá Ghlas	Méadú ar chlós súgartha, feabhsúcháin ar an gCuan Istigh, Feistiú do Bháid Bheaga agus feabhsúcháin ar Shiúlóid Shlí an Littlewood

An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh

Fuarthas maoiniú chun tabhairt faoi oibreacha ar cheithre thionscadal beag i rith na bliana faoi Bheart 1 den Scéim sin, lena n-áirítear tionscadal feabhsúcháin faoi stiúir an phobail ar chuid de Shiúlbealach na hInse. Fuarthas maoiniú, faoi Bheart 1 den Scéim seo, do thionscadal siúlbealaigh i Townlugh, an Port Rua chun Uaigheanna na Laighneach a nascadh le Cros na Mílaoise. Tabharfar faoin tionscadal sin i 2018

Scéim na nDeontas Caipitil d'Áiseanna & d'Fhóntais Phobail

Forbraíodh Scéim na nDeontas Caipitil d'Áiseanna & d'Fhóntais Phoiblí 2016-2019 de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann chun ciste a chur ar fáil do ghrúpaí, chlubanna agus d'eagraíochtaí deonacha bunaithe sa phobal le tacú le:

- Áiseanna "bunaithe ar riachtanais chun déileáil le heasnaimh i mbonneagar agus in áiseanna pobail;
- Fáil bhonneagar agus áiseanna cuí pobail do gach grúpa sa daonra ag fad áisiúil óna dtithe agus óna n-áiteanna oibre;
- Deiseanna do phobail a gcuid áiseanna reatha a fheabhsú agus luach breise a chur leo;
- Caidrimh phobail a neartú trí chabhrú le pobail oibriú as lámh a chéile chun na háiseanna a sholáthar a theastaíonn ina gceantar;
- Rochtain chomhionann ar gach áis agus fóntas pobail.

D'oscail Comhairle Contae Thiobraid Árann Gairm Tairiscintí ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2017 agus iarradh iarratais ar mhaoiniú i gcomhréir le tosaíochtaí na Scéime. Is é an buiséad iomlán atá ar fáil chun scaipeadh trí dheontais ná €2m.

Reachtáladh cúig Cheardlann Eolais ar fud an chontae i nDeireadh Fómhair agus slua an-mhór i láthair acu. Bhí 125 iarratas ar mhaoiniú faighte faoin dáta deiridh, an 30 Samhain 2017. Meastar go mbeidh measúnú na dtionscadal sin déanta faoi dheireadh mhí an Mhárta/thús mhí Aibreáin 2018, agus ansin eiseofar cinntí faoi dhámhachtainí maoinithe.



Faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte fuair an Chomhairle faomhadh do 13 hiarratas maoinithe i rith 2017

Comhairle na nÓg



 Comhaltaí Chomhairle na nÓg 2017

Is comhairle leanaí agus daoine óga í Comhairle na nÓg a thugann cead cainte do dhaoine óga maidir le forbairt beartas agus seirbhísí áitiúla i dThiobraid Árann. Is iad an struchtúr náisiúnta aitheanta um rannpháirtíocht ag leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht sna 31 údarás áitiúil go léir.

Comhlíonann Comhairle na nÓg a cuid feidhmeanna ar dhá bhealach: ag obair ar ábhair lárnacha ar a leagann daoine óga tábhacht agus gníomhú mar fhóram comhairleach do chinnteoirí aosacha i gceantar an údarais áitiúil. Toghtar comhaltaí Chomhairle na nÓg ag an CCB agus bíonn siad freagrach as an bplean oibre a chur i gcrích don bhliain. D'fhreastail 154 ar an CCB a reáchtáladh i nGleann Eatharlaí agus d'éirigh go han-mhaith leis. I measc na bpríomhréimsí oibre i 2017 bhí:

- feachtas faoi shaincheisteanna feasachta agus comhionannais LGBTQ agus eolas méadaithe ag na gcomhaltaí mar gheall air; cuimseofar ar bhonn leanúnach é i gComhairle na nÓg Thiobraid Árann.
- Feasacht faoi éagsúlacht agus chuimsiú agus oiliúint ar theagmháil a dhéanamh le pobail nua i gceantair áitiúla na gcomhaltaí.
- Gníomh buan atá i meabhairshláinte óige agus leanfaidh Comhairle na nÓg ar aghaidh ag cur chun cinn an ghá le meabhairshláinte dhearfach lena n-áirítear a n-imeacht bliantúil 'lets go' (a reáchtáladh i nDurlas i 2017).
- Tá ionadaithe ainmnithe ag Comhairle na nÓg ar an CYPSC agus bhí siad rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin don phlean CYPSC.
- Rinne comhaltaí Chomhairle na nÓg cur i láthair do Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus don Chomhchoiste Póilíneachta.

Scéim na n-Áiseanna Pobail

Sheol an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil i 2017, an Scéim seo i mí an Mhárta 2017 agus riaradh é sin, thar ceann na Roinne, ag Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Thiobraid Árann chomh maith leis na cúig Cheantar Bardasach de chuid Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is í aidhm na Scéime ná pobail a fheabhsú, dul i ngleic le míbhuntáiste agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú ar leibhéal áitiúil trí rochtain a thabhairt ar dheontais chaipitil ar scála beag. Tháirg an Scéim deontais suas go huasmhéid de €1,000 in aghaidh an tionscadail. Ba é an dáta deiridh ná an 30 Meitheamh. Fuarthas 107 iarratas mar seo a leanas, agus ba é an meándeontas a bronnadh ná €653.00



Deontais don Lá Súgartha Náisiúnta agus don tSeachtain Caithimh Aimsire 2017



Is í aidhm an Lá Náisiúnta Súgartha (2 Iúil) agus an tSeachtain Náisiúnta Caithimh Aimsire (3-9 Iúil) atá maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, ná cabhrú le feasacht phoiblí a mhéadú faoi thábhacht an tsúgartha ó thaobh tacú le forbairt fhisiceach agus shóisialta leanaí. Ba é téama na scéime na bliana ná ‘Súgradh Spráúil agus Gníomhach’. Faoin scéim seo, maoiníodh tionscadail éagsúla a chruthaíonn deiseanna do shúgradh lasmuigh.



 Lunch'n'roll don tSeachtain Náisiúnta Caithimh Aimsire le Grúpa Míchumais Thiobraid Árann Theas i bPáirc na gCéadfaí i gCathair Dúin Iascaigh

I measc na ngrúpaí bhí Fóram Ghrúpa Míchumais Thiobraid Árann Theas, Club Gailf Thiobraid Árann, Grúpa Tacaíochta Diospraise Thiobraid Árann, Comhaltas Chathair Dúin Iascaigh, Bunscoil Iósaf agus Tionscadal Óige Chomharsanacht Charraig na Siúire. Chuimsigh na tionscadail gníomhaíochtaí lasmuigh mar dhrumadóireacht, ceardlanna ceardaíochta agus ealaíon, picnic le damhsa agus gníomhaíochtaí campa lasmuigh.

Beartas ar chlóis súgartha



Glacadh le Beartas Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar Chlóis Súgartha i bhFeabhra 2017. Is é cuspóir na cáipéise seo ná

- Soiléire agus comhsheasmhacht a chur i bhfeidhm ar an gcur chuige i dtreo bhainistíocht agus chothabháil na gelós súgartha sin a fuair maoiniú poiblí roimh chumas Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus ina dhiaidh
- Cuntas a thabhairt ar na cineálacha tacaí agus struchtúr atá ar fáil do chlóis súgartha reatha agus bheartaithe ar féidir le grúpaí pobail atá freagrach as clóis súgartha leas a bhaint astu
- Critéir a aithint d'fhorbairt clóis súgartha atá tacaíte ag an bpobal áit a bhfuil
 - › easnamh aitheanta agus/nó
 - › (b) áit a bhfuil siad riachtanach mar thoradh ar easnamh ar leith a aithníodh i lonnaíocht ina bhfuil áis clóis súgartha cheana féin.
- Faoin mbeartas seo beifear oscailte do thacú le tionscadail súgartha nua, nuálacha agus uathúla ar chúinsí eisceachtúla áit a bhfuil cás láidir ar a son.



Mórtas Áite

Le Mórtas Áite aithnítear obair chrua agus díograis eagraíochtaí pobail ina gcuid pobal áitiúil. Gach bliain ainmníonn comhairlís as gach cearn den tír grúpaí ina gceantar féin, a measann siad go ndearnadh siad sárobair chun tacú lena bpobal áitiúil agus é a neartú.



Grianghraf: Comharchumann Charraig na Siúire lena gcuimsítear Amharclann Strand Charraig na Siúire/Cumann Ceoil, Amharclann & Ionad Ealaíon Ionad na Grúdlainne agus The Tudor Artisan Hub leis an Cmhrl Phyll Bulger, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann ag an searmanas dámhachtainí um Mórtas Áite i nDún na nGall i Samhain 2017

Bhí Comharchumann Charraig na Siúire lena gcuimsítear Amharclann Strand Charraig na Siúire/Cumann Ceoil, Amharclann & Ionad Ealaíon Ionad na Grúdlainne agus The Tudor Artisan Hub mar iarrachtaí ag Comhairle Contae Thiobraid Árann sa chatagóir um Áit Chruthaitheach.

Rinne an mholtóireacht i mí Iúil agus thaispeáin na 3 hionad agus grúpa i dteannta a chéile scoth Ealaíona agus Chultúr na hÉireann san amharclannaíocht, i gceoldrámaí, ceol, sna healaíona, i scannán, scríbhneoireacht agus ceardaíocht. Ba léir do na moltóirí go mbíonn gach earnáil den phobal rannpháirteach i gcultúr na cruthaitheacha i gCarraig na Siúire chomh maith leis na glúinte de scéalaithe, cheoltóirí, aisteoirí, léiritheoirí, ceardaithe, dearthóirí.

“Let’s Able not Label!”

Uirlis fíorthábhachtach é plé le daoine óga maidir leis an míchumas chun smaointe na glúine nua a chothú faoi chomhtháthú agus chearta daoine faoi mhíchumas.

Is é atá sa tionscadal “Let’s Able not Label” ná tionscadal comhpháirtíochta ilghníomhaireachta (i gcomhar le trí hiar-bhunscoil i mBaile Thiobraid Árann) chun físeán beochana a chruthú ar fheasacht faoi mhíchumas chomh maith le pacáiste teagaisc feasachta ina dhiaidh sin do dhaltaí nua sa chéad bhliain ag an iar-bhunscoil.

Tá an físeán mar chuid den phacáiste acmhainní Let’s Able not Label ar súil againn go mbainfidh gach iar-bhunscoil sa Chontae leas as agus go n-úsáidfidh siad é mar ardán chun cur lenár dtuiscint agus ár bhfeasacht faoin saol le míchumas fisiceach, céadfach nó ceilte.

Seoladh an físeán ag Joanne O’ Riordan i mí Dheireadh Fómhair agus úsáidfear mar uirlis acmhainne é do gach iar-bhunscoil sa chontae.



Cuireadh an tionscadal comhpháirtíochta sin ar an ngearrliosta don bhabhta ceannais de Ghradam Phobail & Chomhairle na hÉireann 2018 sa chatagóir Rochtain agus Cuimsiú Míchumais Is Fearr



Is é atá sa tionscadal “Let’s Able not Label” ná tionscadal comhpháirtíochta ilghníomhaireachta (i gcomhar le trí hiar-bhunscoil i mBaile Thiobraid Árann) chun físeán beochana a chruthú ar fheasacht faoi mhíchumas chomh maith le pacáiste teagaisc feasachta ina dhiaidh sin do dhaltaí nua sa chéad bhliain ag an iar-bhunscoil.

Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Thiobraid Árann (LRPTÁ)



Tá 1337 comhalta i Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Thiobraid Árann anois agus é déanta suas d'eagraíochtaí ó na hearnálacha pobail agus deonacha, cuimsiú sóisialta agus comhshaoil. Leagan an LRP béim ar ghrúpaí a chumhachtú agus cabhrú leo chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht áitiúil. Is iad príomhréimsí obair an LRP ná an méid seo a leanas a sholáthar:

- Rochtain ar eolas agus líonrú
- Ionadaíocht agus rannpháirtíocht pobail i struchtúir éagsúla
- Forbairt acmhainne trí hoiliúint agus thacaíocht
- Tá 1337 comhalta ag an LRP, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar an Earnáil Pobail agus Dheonach 1166, Cuimsiú Sóisialta 144 agus Comhshaoil 27.

Tá 16 ghrúpa naise i bhfeidhm ag LRP Thiobraid Árann, agus 488 comhalta cláraithe le grúpaí naise

I 2017 reáchtáladh dhá Chruinniú Iomlánach i rith na bliana i mí an Mhárta agus i mí na Samhna. Is é atá i gCruinniú Iomlánach ná cruinniú ag comhaltaí go léir an Líonra agus moltar do gach grúpa freastal air. Scaipeadh nuachtlitreacha go rialta i rith na bliana chuig gach comhalta chun iad a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí, oiliúint, deiseanna maoinithe, comhairliúcháin phoiblí etc. Leanann ionadaithe an LRP ar na CBSanna, an CCP agus an CFPÁ ar aghaidh ag glacadh ról luachmhar i struchtúir déanta beartais an rialtais áitiúil.



Comhchoiste Póilíneachta Chontae Thiobraid Árann

Seirbheálann an Chomhchoiste Póilíneachta (CCP) ná mar fhóram um sheisiúin chomhchomhairle, plé agus moltaí maidir le hábhair a mbíonn éifeacht acu ar phóilíneacht cheantar riaracháin na n-Údarás Áitiúil. Tá 31 chomhalta ar an CCP a chuimsíonn comhaltaí tofa Chomhairle Contae Thiobraid Árann, comhaltaí Oireachtais, oifigh Údarás Áitiúil agus ionadaithe pobail.

I rith 2017 bhí 3 chruinniú ag an CCP san Aonach i mí Fheabhra, i gColáiste Rockwell i mí Bhealtaine agus i gCluain Meala i mí na Nollag agus rinne siad machnamh ar chúrsaí póilíneachta ábhartha mar Staitisticí Coireachta an Chontae, an Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí agus Alcól, Comhairle na n-Óg, Tionscadail Athstíúrtha Óige Thiobraid Árann agus CCTV.

Lean Coistí Sábháilteachta Ceantair i ngach CB ar aghaidh lena gcrúinnithe i rith na bliana agus pléadh ábhair eile acu sin maidir le sábháilteacht agus coireacht áitiúil.

Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) Thiobraid Árann



Tá comhaltaí an Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ) déanta suas d'ionadaithe ar sholáthraithe mórshairbhísí reachtúla, idir na hearnálacha seirbhísí cúram leanaí, tacaíocht teaghlaigh, seirbhísí scoile & óige, chomh maith le hionadaithe ó Chuideachtaí Forbartha Áitiúla.

D'fhaomhadh CSLDÓ cúig bliana, Plean Oibre ag cruinniú CSLDÓ i mí na Nollag. Sa Phlean CSLDÓ déanfar machnamh ar an gcaoi a n-oibreoidh soláthar comhtháite seirbhísí do leanaí sa chontae i gcomhréir leis na príomhthorthaí Náisiúnta: gníomhach agus folláin, leas fisiceach agus meabhrach; acmhainn iomlán a chomhlíonadh san fhoghlaim agus san fhorbairt; sábháilte agus cosanta ó dhíobháil; slándáil agus deiseanna eacnamaíocha; agus iad ceangailte, meas á thabhairt orthu agus iad ag glacadh páirte ina ndomhan.

Tá 1337 comhalta ag an Líonra Rannpháirtíochta Pobail, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar an Earnáil Pobail agus Dheonach 1166, Cuimsiú Sóisialta 144 agus Comhshaoil 27.

Tiobraid Árann, Contae Aoisbhách



Trí chomhpháirtíocht idir Comhairle Contae Thiobraid Árann, an Garda Síochána, FSS Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas agus Seirbhís Chontae Thiobraid Árann um Eolas do Shaoránaigh, rinneadh Eolaí Aoisbhách Thiobraid Árann ar Sheirbhísí do Dhaoine Breacaosta i gContae Thiobraid Árann.

Is é seo an chéad foilseachán Contae-uile do Dhaoine Breacaosta i dTiobraid Árann.

San eolaí seo tá eolas faoi theidlíochtaí, shláinte, thithíocht, iompar, sábháilteacht agus slándáil, gníomhaíochtaí sóisialta agus fóillíochta, grúpaí tacaíochta agus eagraíochtaí do dhaoine breacaosta i gContae Thiobraid Árann.

Tá an foilseachán seo ar fáil tríd an Ionaid Eolais do Shaoránaigh i do cheantar féin, tríd na hIonad Cúraim Phríomhúil agus Cúraim Lae ar fud Chontae Thiobraid Árann, do Stáisiún Garda áitiúil, Oifigí Chathrach Thiobraid Árann agus trí líonra na leabharlann agus foilseachán saor in aisce atá ann.

Beidh an foilseachán ar fáil ar líne freisin ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas: www.tipperarycoco.ie, www.hse.ie, www.tipperarylibraries.ie

Foirne RAPID/Plean Gníomhaíochta Pobail

Lean comhairliúcháin ar aghaidh i bhFoirne Forfheidhmithe Ceantair RAPID i gCluain Meala, Carraig na Siúire agus Baile Thiobraid Árann, d'fhonn Pleananna RAPID 3 bliana a dhéanamh atá bunaithe ar na tosaíochtaí arna n-aithint ag an bpobal agus acmhainní/tacaí atá ar fáil chun iad sin a aithint. Tá pleananna i bhfeidhm cheana féin don Bhaile Beag agus do Ros Cré

Cistiú

Seoladh Scéim Náisiúnta RAPID i mí na Samhna 2017 chun oibreacha caipitil beaga a sholáthar do cheantair RAPID agus do cheantair ina bhfuil go leor bochtaineachta. Leithdháileadh cistiú do 36 thionscadal thar na 3 cheantar RAPID chomh maith leis an mBaile Beag agus le Ros Cré.

Ros Cré

Bhí ceithre chruinniú ag PGP Ros Cré i 2017 agus bhí cruinnithe ag an bhfoghrúpa Comhshaoil/sábháilteachta agus ag an bhfoghrúpa Fiontraíochta/Oiliúna chun pleananna oibre bliantúla a chur i bhfeidhm. Bhí roinnt cruinnithe ag an bhfoghrúpa óige chun féachaint ar an leithdháileadh de €50,000 d'obair óige i Ros Cré. I measc na bpríomhthionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh le hobair PGP Ros Cré i 2017 ná Forbairt chóras CCTV sa bhaile. Bhí roinnt cruinnithe i 2017 freisin ag foghrúpa chun Tionscnamh Áitiúil Oiliúna a fhorbairt chun ceangail a dhéanamh agus é maoinithe ag an BOO agus é dírithe ar thacaí oideachasúla a chur ar fáil do mhí-úsáideoirí substainte.



Éire Shláintiúil

Is é Éire Fholláin, Creat um Shláinte agus Leas Feabhsaithe 2013-2025 an creat náisiúnta um ghníomh chun sláinte agus leas na hÉireann i gcaitheamh na glúine atá le teacht.

Is í príomhaidhm an chiste ná tacú le tionscadail agus tionscnaimh nuálacha, trasearnálacha, fianaise-bhunaithe a thacaíonn le cur i bhfeidhm príomhbheartas náisiúnta i réimsí mar mhurtall, chaitheamh tobac, alcól, gníomhaíocht fhisiceach agus sláinte ghnéis.

Bunaíodh foghrúpa Sláinte agus leasa den CFPÁ agus chuir siad isteach gairm chistithe i mí Meán Fómhair 2017 chomh maith le comhaltaí den CSLDÓ chun 20 Gníomh a chur i gcrích a chuimsíonn na téamaí Bia Folláin agus Saol Gníomhach, Sláinte Ghnéis, Rialú Tobac agus forbairt Straitéise um Thiobraid Árann Sláintiúil.



Aonad na dTionscadal Straitéiseach

Déanann an tAonad rochtain ar shruthanna maoinithe Eorpacha agus eile a uasmhéadú chun cabhrú leis an gComhairle a cuid cuspóirí agus pleananna a chur i gcrích. Seo a leanas obair an aonaid

- Déanann sé bainistíocht tionscadal ar chur i bhfeidhm 5 thionscadail atá cómhaoinithe ag an AE agus a bhfuil CCTÁ mar chomhpháirtí iontu (féach ar an tábla thíos)
- Aimsíonn agus aithníonn Gairmeacha Tograí atá ábhartha do CCTÁ;
- Déanann idirchaidreamh le rannóga de CCTÁ chun réimsí a aithint atá oiriúnach le cuimsiú i nGairmeacha Tograí;
- Oibríonn thar ceann CCTÁ chun iarratais tionscadail a fhorbairt agus tabhairt fúthu i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí seachtracha ábhartha e.g. TEA, I.Tanna, YWI Thiobraid Árann, OFÁna, Fáilte Éireann, Cumainn Ghnó, etc;
- Comhordaíonn ullmhú & leagan isteach thairiscintí tionscadail um chistiú AE & Státchiste;
- Gníomhaíonn mar fhoinse eolais do chomhaltaí agus bhaill foirme CCTÁ faoi ábhair a bhaineann le tionscadail AE.



Rannpháirtithe sa Tionscadal AE 'FBManna Tuaithe' ag Ceardlann agus cruinniú den Ghrúpa Stiúrtha a reáchtáladh i gCluain Meala i Meitheamh 2017

Chuimsigh tionscadail a bhí á gcur i bhfeidhm i 2017:

Ainm an Tionscadail	Clár Cistithe	Cuspóir an Tionscadail
Bainistíocht oidhreachta inbhuanaithe ar Réigiúin Uiscebhealaigh (SWARE)	INTERREG EUROPE	Tá sé mar aidhm cothrom níos fearr a bhaint amach idir cosaint agus saothrú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus cultúrtha uiscebhealaigh trí chlár/bheartais réigiúin comhpháirtí a fheabhsú.
Tacú le gnéithe nuála éiceolaíocha i dtreo margaí idirnáisiúnta (SUPER)	INTERREG EUROPE	Tá sé mar aidhm go mbainfeadh níos mó FBManna úsáid as gnéithe nuálacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil ina ngnó trí fheabhas a chur ar chlár agus bheartais réigiúin comhpháirtí.
FBManna TUAITHE	INTERREG EUROPE	Feabhas a chur ar bheartais réigiúin comhpháirtí chun fiontraíocht a fhorbairt agus FBManna nuálacha a chruthú i gceantair tuaithe agus iad a chur ar bhonn idirnáisiúnta
Nuáil agus Fiontraíocht do Phobail Leochaileacha san Eoraip (INTERFACE)	ERASMUS+	Is í aidhm ná clár oiliúna a fhorbairt agus a rith ar bhonn píolótach, trí cheardlanna pobail agus oiliúint oiliúnaithe pobail, do phobail leochaileacha atá ag tabhairt aghaidhe ar dhúshlán déimeagrafacha, eacnamaíocha agus sóisialta leanúnacha
R-Fhoghlaim sa tSábháilteacht ar Bhóithre a Spreagadh (E-DRIVERS)	ERASMUS+	Clár oideachais/oiliúna ar thiomáint níos sábháilte a fhorbairt i measc tiománaithe óga & daoine nár thosaigh ag tiomáint fós go príomha, chun na dearcaí bunúsacha a athrú a dhéanann riosca níos measa, trí dhírú ar fhéinfheasacht agus ar thuiscint ar na cúinsí a chuireann le tiomáint shábháilte



Déanann an tAonad Tionscadal Straitéiseach rochtain ar shruthanna maoinithe Eorpacha agus eile a uasmhéadú chun cabhrú leis an gComhairle a cuid cuspóirí agus pleananna a chur i gcrích.





COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT THIOBRAID ÁRANN (CSTÁ/TSP)

Is é sainchúram Chomhpháirtíocht Spóirt Thiobraid Árann ná an spórt a fhorbairt agus gníomhaíocht fhisiceach a mhéadú sa chontae. I 2017, chuir an Chomhpháirtíocht Spóirt níos mó ná 80 clár nó tionscnamh ar fáil ar ghlac os cionn 8,296 duine páirt iontu. Ina theannta sin d'éirigh leis an gComhpháirtíocht Spóirt cistiú sa bhreis ar €474,500 a fháil go dtí seo chun tacú le soláthar a cuid clár agus tionscnamh i dThiobraid Árann.

Mar achoimre, seo a leanas roinnt éachtaí lárnaigh de chuid na Comhpháirtíochta i 2017:

- Reáchtáladh ochtú Mionmharatón Ban Thiobraid Áránn i gCluain Meala ar an 24 Meán Fómhair agus ghlac níos mó ná 700 duine páirt ann.
- Tugadh tacaíocht do shiúl sa Chontae le siúlóidí pobail i gCathair Dúin Iascaigh, Siúlóidí 5k mar chuid de Operation Transformation. Bunaíodh clár siúil nua 'How She Cutting' in Ard Fhionáin agus níos mó ná 120 rannpháirteach ann. Bunaíodh 2 Rith Páirce nua sa Teampall Mór & i gCluain Meala le tacaíocht ó CSTÁ & CCTÁ



Soilsíonn siúlóirí Ard Fhionáin ar an oíche dheireanach den chlár HowsSheCuttin'

Éascaíodh agus tugadh tacaíocht do roinnt clár a dhíríonn ar dhaoine óga - leantar ar aghaidh ag soláthair an Chlár Lúthchleasaíochta sa Halla Spóirt do 11 scoil i dTiobraid Áránn Thuaidh; Tacaíodh le Lúthchleasaíocht Bunscoile i dTiobraid Áránn Thuaidh agus 545 rannpháirteach inti, agus reáchtáladh imeacht cosúil leis sin don Deisceart i mí Dheireadh Fómhair agus 1,300 rannpháirteach ann. Éascaíodh 2 chlár Ceannairí Spóirt i gCathair Dúin Iascaigh agus san Aonach agus thug 46 dhalta faoi na cláir.



An clár 'Wobbly Wobbly bike' i ngníomh i Stepping Stones Montessori

- I mí Dheireadh Fómhair, ritheadh Clár Peile Siúil ar bhonn píolótach i gCaiseal le fir mheánaosta, ghlac 14 rannpháirtí páirt i gclár 4 seachtaine i gcomhpháirt leis an FAI.
- Leantar ar aghaidh ag soláthar cúrsaí Leas Leanaí, cúrsaí d'Oifigigh Club Leanaí agus d'Oifigigh Ainmnithe i rith na bliana. Cuireadh oiliúint ar 222 saorálaí go dtí seo i rith 2017.
- Tá obair ar siúl chun Bealach Gorm a fhorbairt ó Chathair Dúin Iascaigh go Carraig na Siúire. Críochnaíodh obair thógála ar an rochtain nua in Ard Fhionáin, Oileán na Siúire i gCluain Meala agus i gCill Sóláin.



Seoladh an Mhol Pobail Spóirt (Cúrsa Slalom)

Mar chuid den Bhealach Gorm, seoladh an Mol Spóirt Pobail, agus forbairt chúrsa Slalom i Lady Blessington's mar chuid de, i mí Aibreáin ag John Treacy, POF Spóirt Éireann. Reáchtáladh an Craobhchomórtas Náisiúnta Canúála i mí Aibreáin agus níos má ná 650 iomaitheoir ó 7 ndisciplín rannpháirteach ann.

Mar chuid den Mhol Spóirt Pobail, chuir Comhordaitheoir Moil tús le hobair le CSTÁ i mí Fheabhra. Táthar ag leanúint ar aghaidh le clár oideachais agus oiliúna atá dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar Chanúáil & Chadhcáil ar Abhainn na Siúire le dhá chlár & ghníomhaíocht; 4 chúrsa Leibhéal 1, 1 chúrsa Leibhéal 2 & 1 chúrsa Leibhéal 3 curtha ar fáil do 41 rannpháirtí ar bronnadh teastais orthu, 11 Champa Samhraidh - curtha ar fáil do 125 rannpháirtí. Mar chuid den chlár seo cuireadh clár nua na scoileanna 'Blueway Your Way' ar fáil do 7 nIar-bhunscoil agus 166 dhalta san iomlán iontu.

Cuireadh ar fáil 14 chlár spóirt do 'Dhaoine faoi Mhíchumas' i rith 2017 faoin tionscnamh 'Pobail Uileghabhálacha tríd an Spóirt' ag an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus os cionn 300 duine ag glacadh páirte iontu. I measc na gclár tá Para-Bhadmantan, Boccia, Snámh Uileghabhálach, Clár Sailability, an clár Enjoy Tennis, cláir oiriúnaithe do Scoileanna agus oiliúint ar Fheasacht faoi Mhíchumas. Éascaíodh oiliúint ar Fheasacht ar Mhíchumas do gach ball foirne i mBunscoil Mhuire i mí Aibreáin 2017 agus rinne scoileanna eile oiliúint i nDeireadh Fómhair 2017.



Is é atá i Tipperary Warriors ná club ilspóirt atá lonnaithe i nDurlas, do leanaí faoi mhíchumas fisiceach

Cuireadh ar fáil 6 chlár 'Daoine Óga i mBaol' i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh, Obair d'Ógra Éireann Thiobraid Árann, BOO Thiobraid Árann agus Seirbhís Óige Pobail Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas. Ina measc siúd bhí clár Spóirt agus Gníomhaíochtaí Fisicí do dhaoine óga ar Chlár Óige Cheantar Ros Cré, dhaoine óga ar an gClár Foghlama Malartaí i mBaile Thiobraid Árann, an clár Activ 8 (Baile Thiobraid Árann, Caiseal, an Teampall Mór, an Baile Beag) agus tionscadal Óige Pobail Chluain Meala. Chuimsigh dhá chlár spóirt breise i mbliana Clár do Dhéagóirí i mBaol le YWIT i mbaile Thiobraid Árann agus clár le grúpa Athstiúrtha Óige Chluain Meala. Thug níos mó ná 250 duine óg san iomlán faoinár gclár 'Daoine Óga i mBaol'.

Meabhairshláinte: Éascaíodh dhá chlár oideachais SafeTalk (Feasacht faoi Fhéinmharú) do thraenáilaithe spóirt ag CSTÁ san Aonach agus i gCluain Meala agus an dá chúrsa lán le 25 rannpháirtí. Tá ceardlann eile sceidealaithe don Aonach i rith Sheachtain Dhomhanda na Meabhairshláinte i mí Dheireadh Fómhair.



Cuireadh 3 chlár i bhfeidhm um Rannpháirtíocht Taistealaithe sa spórt i gcomhpháirt le Clár Thaistealaithe Tuaithe Thiobraid Árann agus NTLP. Chuimsigh na cláir sin 'Clár Spóirt an Bhaile Bhig' a réachtáladh do thaistealaithe óga agus 20 rannpháirteach ann agus clár 'Sláinte do Thaistealaithe Fir' i mBaile Thiobraid Árann agus 20 rannpháirteach ann. Éascaíodh clár Intinn Fholláin, Corp Folláin do mhná ón lucht taistil san Aonach agus sa Bhaile Beag.



Rannpháirtithe ag baint trialach as marcaíocht capall in Ionad Eachaíochta Hillcrest i mí Lúnasa 2017.

Tugadh tacaíocht do phobail imeallaithe trí Shraithchomórta Sacair Pobail Ros Cré agus trí Shraithchomórta Sacair Pobail Chluain Meala i gcomhpháirt leis an FAI agus le cumainn cónaitheoirí i Ros Cré agus Cluain Meala. Tá níos mó ná 300 páistí 7-12 bhliana d'aois ag glacadh páirte ann. Tá CSTÁ ag obair freisin le Cuideachta Forbartha Thiobraid Árann Theas agus le hIonad Fóillíochta Sheáin Uí Cheallaigh i gCarraig na Siúire chun clár Oideachais Snámha a chur i bhfeidhm do dhaoine óga. Clár nua do 2017 ná an clár 'East meets West' le YWIT - clár cuimsithe leis an bpobal Siriach i nDurlas.

Tá sraith ceardlann ar Oideachas Club forbartha ag CSTÁ ar a dtugtar 'Clubanna Uileghabhálacha'. I measc na n-ábhar tá meabhairshláinte óige agus bulaíocht agus bhí na céad cheardlanna ar siúl i mBaile Thiobraid Árann i nDeireadh Fómhair 2017.

Oibríonn CSTÁ i ndlúthpháirt le hOifig Fhorbartha an FA chun cláir agus gníomhaíochtaí sacair a sholáthar atá dírithe ar cheantair imeallaithe agus ar ghrúpaí imeallacha inár bpobail.

Ghlac níos mó ná 300 páistí 7-12 bhliana d'aois i Sraithchómórtais Sacair Pobail i rith 2017



Rannpháirtithe a ghlac páirt i PDP1 do mhná amháin a bhí ar siúl in AFC an Aonaigh i mí Eanáir

Cuireadh tús le hObair Idirchultúrtha ar thionscadal nua AMIF (Asylum, Migration Integration Fund) trína gcruthófar comhpháirtíochtaí idir clubanna agus grúpaí pobail. Cuireadh 2 chlár iar-scoile ar fáil i mí an Mhárta le 45 dhaltá ó SN Buachaillí Chathair Dúin Iascaigh agus Scoil Pharóiste Mhuire i gCluain Meala. Seisiúin Show Racism the Red Card curtha ar fáil do 4 scoil a raibh ina measc SN Naomh Oilibhéar Cluain Meala agus SN Buachaillí Chathair Dúin Iascaigh.

Rinneadh taispeántas ar pheil siúil ag an bhféile LSP do dhaoine breacaosta i mí Bhealtaine. Ó sin, tá tús curtha le clár peile siúil i gCaiseal le baill de ghrúpaí Bhothán na bhFear i gCaiseal agus Bailte Slachtmhara Chaisil. 12 rannpháirtí.




CLÁR NA N-EALAÍÓN

Tá sé mar phríomhchuspóir ag an Oifig Ealaíon feabhas a chur ar shaol ealaíonta pobal i gContae Thiobraid Árann. Oibríonn muid i dtreo fhorbairt leanúnach na n-ealaíon sa chontae i gcomhpháirt le raon de pháirtithe leasmhara a bhfuil ina measc ár gcomhpháirtithe maoinithe an Chomhairle Ealaíon. Tá ár gcuid oibre treoraithe ag Straitéis Ealaíon Thiobraid Árann 2017-2021 thar shé thosaíocht straitéiseach:

- Pobail Chruthaitheacha - Rannpháirtíocht Phoiblí
- Cleachtóirí Chruthaitheacha - An t-Ealaíontóir
- Réitigh Chruthaitheacha - Comhpháirtíochtaí & Comhar sna hEalaíona
- Tacaí Chruthaitheacha - Eolas & Comhairle faoi na hEalaíona
- Bonneagar Chruthaitheach - Ionaid & Féilte Ealaíon
- Cruthaitheacht & an Réimse Poiblí - Ealaín Phoiblí

Reáchtáladh clár láidir de Thionscnaimh um na hEalaíona san Oideachas ar fud an chontae i rith 2017. Trí Scéim na n-Ealaíontóirí sa Bhunscoil cuireadh 12 ealaíontóir i scoileanna agus iad ag obair le daltaí agus baill foirne thar réimsí fhoirm ealaíne a raibh ina measc na hamharcealaíona, an amharclannaíocht agus ceol. Tacaíonn an scéim le rochtain dhíreach ar na healaíona do leanaí agus cuirtear fostaíocht ar fáil d'ealaíontóirí. Chuaigh an taispeántas priontaí do scoileanna ar camchuairt go 4 hiar-bhunscoil i dTiobraid Árann i mbliana. Cuireann an tionscnamh seo ar chumas iar-bhunscoileanna an taispeántas (32 phrionta comhaimseartha le hEalaíontóirí Éireannacha) a óstáil ina scoil agus leas a bhaint as ceardlanna oideachasúla ar dhéanamh priontaí agus ábhair tacaíochta oideachais.



 Coláiste Dhún Iascaigh, Cathair Dúin Iascaigh

Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann

Trí chomhpháirtíocht idir Cónaitheacht Rince Thiobraid Árann agus Excel Thiobraid Árann bhí teagmháil fhairsing ag Comhlacht Rince Iseli-Chiodi leis an bpobal ar bhealaí éagsúla.

I measc ghníomhaíochtaí an Chónaitheacht Rince tá léirithe áitiúla rince ghairmiúil, tacaí d'ealaíontóirí rince agus tionscnaimh um méadú lucht sprice ar nós na cláir sna scoileanna, All Day Do Dance, clár de ranganna agus sheónna rince saor in aisce agus sainteagasc mar chuid díobh i mí an Mheithimh agus eagrú agus cur i láthair Ardán Rince Thiobraid Árann, Féile Rince Idirnáisiúnta i mBaile Thiobraid Árann, Durlas agus Cluain Meala i nDeireadh Fómhair. I rith 2017, d'éirigh linn lenár n-iarratas lenár gcomhpháirtithe Comhairle Contae Chill Dara, Comhairle Contae Chiarraí agus Damhsa Éireann, ar Scéim Cuireadh chun Comhoibrithe de chuid na Comhairle Ealaíon a spreagann agus a thacaíonn le forbairt comhpháirtíochtaí straitéiseacha ar fud na tíre i dtreo aidhmeanna sonracha um forbairt na n-ealaíon. Is é atá sa tionscadal seo ná tionscnamh Rince & Sláinte arb í an aidhm atá i gceist leis ná cleachtas gairmiúil a fhorbairt sa réimse Rince & Sláinte. Reáchtáladh an chéad shiompóisiam Rince & Sláinte mar chuid den tionscnamh seo in Ionad Ealaíon an Aonaigh trí hArdán Rince Thiobraid Árann i mí Dheireadh Fómhair. Tá imeachtaí beartaithe do Chiarraí agus Chill Dara freisin ag tús 2018 mar chuid den tionscnamh seo.




I rith Fhéile Bhealtaine, a eagraíodh i gcomhpháirt le Leabharlanna Thiobraid Árann, cuireadh clár i láthair de os cionn 70 imeachta ar fud an Chontae i mí Bhealtaine. San fhéile inar Ceiliúradh Cruthaitheacht i measc Daoine Breacaosta, tugadh deiseanna do dhaoine breacaosta plé leis na healaíona ar fud réimsí foirmeacha ealaíne a bhfuil ina measc litríocht, ceol, na hamharcealaíona, scannán agus téatar. I measc na mbuaicphointí do 2017 bhí tionscadal um Ealaíontóir Cónaithe faoi stiúir Pat Looby, an t-ealaíontóir ata lonnaithe i bhFíodh Ard, agus ar ar tugadh Rituals and Other Stories. D'oibrigh daltaí ó Mheánscoil Phaitríoch na Toirbhearta agus ó Ionad Cúram Lae Fhíodh Aird leis an ealaíontóir chun dealbha agus íomhánna a ghabhann le haltóirí Bhealtaine a iniúchadh agus a mheas. Taispeánadh rogha de shaothar Pat féin agus de shaothar a cuid comhoibritheoirí san Ionad Cúram Lae i Músaem Contae Thiobraid Árann i gCluain Meala ag deireadh mhí Bhealtaine.





Rinneadh comhordú ar Oíche Chultúir Thiobraid Árann 2017 ag an Oifig Ealaíon mar chuid den tionscnamh náisiúnta arna thacú ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Ghlac 21 ionad páirt i 21 áit ar fud Thiobraid Árann agus chuir siad i láthair 26 himeacht saor in aisce ó thaispeántais ealaíne agus ceardlanna go scannáin, ceol, filíocht agus amhránaíocht, turais siúil, léachtaí agus tionscadail phobail. Sa cheiliúradh náisiúnta bliantúil sin ar ár gcultúr agus ar na healaíona tagann foirgnimh, eagraíochtaí agus grúpaí cultúir ar fud an Chontae le chéile chun na háiseanna agus na hacmhainní iontachta atá againn inár gceantair féin a thaispeáint dúinn agus tugtar cuireadh dúinn go léir bheith rannpháirteach.



 *Reáchtáladh Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir sa Famine Warehouse i mBaile an Gharraí ar an 30 Meán Fómhair, 2017*



Reáchtáladh Comóradh Náisiúnta an Ghorta Mhóir sa Famine Warehouse i mBaile an Gharraí ar an 30 Meán Fómhair, 2017 D'oibrigh an Oifig Ealaíon i ndlúthpháirt le baill eile den Fhoireann Chultúrtha agus den ghrúpa stiúrtha idir-rannach chun an ghné áitiúil den searmanas a fhorbairt chomh maith le clár imeachtaí i gcaitheamh na seachtaine roimh an imeacht. Rinneadh saothair ealaíne nua a choimisiúnú ó Katy Goodhue agus David Quinn, ealaíontóirí atá lonnaithe i dTiobraid Árann agus ina measc bhí tionscadal bunaithe i scoileanna dar teideal Tionscadal Thírdhreach an Ghorta Mhóir i dTiobraid Árann inar oibríodh le 14 ghrúpa ranga as na sé scoil sa cheantar. Rinneadh taispeántas de 307 saothar ealaíne le páistí áitiúla i halla an tsráidbhaile i mBaile an Gharraí i rith an chuimhneacháin agus cuireadh ar scáileán iad ag an Ócáid Náisiúnta Chomórtha, chruthaigh agus thaispeáin Katy Goodhue grúpa de chúig cholláise rilife ísle faoi thionchar an ghorta ar an daonra agus go háirithe na daoine a raibh cónaí orthu i mBaile an Gharraí agus taispeánadh gearrscannán nua A Great Silence le David Quinn ag an ócáid, freagra íogair don Ghorta Mór agus ábhar machnaimh atá sa scannán agus tagairt shonrach déanta ann don cheantar áitiúil agus do thurais chrua na ndaoine a bhí buailte ag an am.





Reáchtáladh searmanas Chuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir ar an 30 Meán Fómhair agus mar chuid de bhí clár áitiúil ar ghlac Banna Chluain Meala ann chomh maith le Michael Ó Suilleabháin, Michael Coady, Cór na n-Ursalach, Cumann Stairiúil Famine Warehouse 1848 an Dr Thomas MacGrath, Carmel O' Brien, Aidan Mullaly agus Abigail Meagher ó Iar-bhunscoil na Toirbhearta agus an banna áitiúil The Mangled Badgers.




 Garda Onóra don Taoiseach ag an Famine Warehouse 1848 Baile an Gharraí (Maxwells)



Forbraíodh cur chuige nua i dtreo infheistiú i bhféilte i rith 2017 ar aon dul leis na tograí atá leagtha amach i Straitéis Féilte Thiobraid Árann 2018-2020 agus é mar aidhm tacú le tairiscint féilte an chontae agus í a mhéadú. Seoladh Scéim nua Fhéilte & Imeachtaí Thiobraid Árann agus iarradh iarratais san fhómhar. Tugadh tacaíocht do go leor féilte a bhfuil ábhar láidir ealaíonta iontu tríd an Rannóg Ealaíon i rith 2017 a chuimsigh Féile Ealaíon Chaisil, Féile Litríochta Dhrom Inbhir, Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas agus Féile Junction Chluain Meala. Rinneadh nuashonrú rialta ar Fhéilire Féilte Thiobraid Árann don chontae go léir www.whatsonintipp.ie i rith na bliana agus leanfar ar aghaidh á forbairt chun aird a tharraingt ar fhéilte agus imeachtaí i gContae Thiobraid Árann agus iad a chur chun cinn.



 An t-ealaíontóir Jenny Fox i mbun cónaitheachta ag Féile Ealaíon Thír Dhá Ghlas

I rith 2017, leithdháileadh cistiú ar 44 ghrúpa áitiúil pobail agus deonacha faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon a cheadaíonn agus a thacaíonn le gníomhaíochtaí ealaíne neamhspleácha ar fud an chontae. Dar le Comhairle Contae Thiobraid Árann tá an cleachtóir cruthaitheach ag croilár na forbartha fadtéarmaí ar na healaíona agus ar an gcultúr sa Chontae. Trí chúnaimh airgeadais díreach d'ealaíontóirí tugadh tacaíocht do thionscnaimh fhorbartha le haghaidh 25 ealaíontóra i 2017 sna réimsí físeán, sorcas, na hamharcealaíona, amharclannaíocht, litríocht ceol agus ealaín fhuaimne. Chomh maith leis sin, reáchtáladh dhá himeacht um forbairt ghairmiúil i gcomhpháirt le Visual Artists Ireland agus ionaid áitiúla i Ros Cré agus i gCluain Meala. Freisin tugadh tacaíocht, comhairle agus/nó cistiú do réimse fhéilte agus eagraíochtaí ealaíon ar fud an Chontae i 2017.

 *I rith 2017, leithdháileadh cistiú ar 44 ghrúpa áitiúil pobail agus deonacha faoi Scéim Deontas Acht na n-Ealaíon*

CLÁR HERITAGE

AN PLEAN OIDHREACHTA

Seoladh an chéad Phlean Oidhreachta 2017-2022 don chontae go léir i mí Aibreáin mar chuid de chomhsheoladh leis an Straitéis Ealaíon agus ceardlann Éire Ildánach in Amharclann The Source i nDurlas. Tá obair an Oifig Oidhreachta bunaithe ar chuspóirí na cáipéise seo arb iad:

- Feasacht agus tuiscint ar Oidhreacht Thiobraid Árann a chur chun cinn
- Caomhantas Gníomhach ar Oidhreacht Thiobraid Árann a chur chun cinn
- Tacú le bailiú agus scaipeadh eolais faoi Oidhreacht Thiobraid Árann



Róisín O Grady Oifigeach Oidhreachta, An Cathaoirleach an Cmhlr Siobhan Ambrose agus an Cmhlr Roger Kennedy Cathaoirleach Fhóram Oidhreachta Thiobraid Árann le bail de Chlub Sorcais Chloch Shiurdáin (Debbie Hickey)



Chuimsigh Gníomhartha an Phlean Oidhreachta do 2017 iniúchadh oidhreachta Tógtha agus Nádúrtha ar Abhainn na Siúire idir droichead Chnoc Lochta agus Cloch Bhríde. Aithníodh os cionn 364 séadchomhartha a raibh 234 díobh taifeadta roimhe sin. Faoinár gelár Ardú Feasachta tugadh tacaíocht do thionscnaimh oiliúna le haghaidh ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar thionscadail phailneora agus suirbhéanna ar an ngabhlán gaoithe. Thug muid faoi thionscadal scannán leis na hOifigigh Oidhreachta i nGaillimh agus i gClár i dteannta le hIonad Scannán na Gaillimhe chun 9 ngearscannán, 3 scannán in aghaidh an chontae, a dhéanamh faoi ghnéithe den Oidhreacht. I dThiobraid Árann thaispeáin muid na tionscnaimh phobail ar Phortach Schoboy, The Legend of the Goban Saor i dThiobraid Árann agus Dancing the Culm i Sliabh Ardach.



Bailte Slachtmhara Chathair Dúin Iascaigh le Ricky Whelan Cairde Éanlaithe Éireann



Michael Cleere, Dancing the Culm, Stories from the Landscape

An tSeachtain Oidhreachta

Ba é an téama don tSeachtain Oidhreachta 2017 ná ‘Tabhair faoi deara an Dúlra’ agus bhí níos mó ná 80 imeacht ar siúl ar fud an chontae sa tseachtain dheireanach de mhí Lúnasa chun gach gné dár n-oidhreachta a cheiliúradh. D’fhill muid ar Bhogaigh na Cabraí ar an 23 Lúnasa do ‘Lá an Linbh Fhiáin’ lenár gcairde i gCairde Éanlaith Éireann le haghaidh lá teaghlaigh eile chun an fiadhúlra a nochtadh agus bhí tumadh linne, tóraíocht feithidí, rásaí agus ealaíona agus ceardaíocht ar siúl



Albert Nolan ag déanamh thumadh linne lena pháistí i mBogach na Cabhraí (An Chomhairle Oidhreachta)



Siúlóidí Síóige sa Teapall Mór do Chruinniú na Cásca (Debbie Hickey)

Bhí níos mó ná 80 imeacht ar siúl ar fud an chontae sa tseachtain dheireanach de mhí Lúnasa chun gach gné dár n-oidhreachta a cheiliúradh

Éire Ildánach

Is é atá in Éire Ildánach ná clár bunaithe ar chultúr atá ceaptha chun folláine aonair, pobail agus náisiúnta a chur chun cinn. Tionscnamh cúig bliana atá ann agus é mar aidhm aige an chruthaitheacht a chur ag croílár an bheartais phoiblí. Freisin is é an príomhuirlis chur i bhfeidhm do Chultúr 2025 – Éire Ildánach. Déantar comhordú ar fhoireann Éire Ildánach i dTiobraid Árann ag an Oifig Oidhreachta i gcomhar leis an Oifig Ealaíon, Músaem an Chontae agus Seirbhís Leabharlainne Thiobraid Árann. Tugadh tacaíocht do roinnt tionscnamh cultúrtha ar fud an chontae lenár áiríodh Cruinniú na Cásca i bPáirc Baile an Teapail Mhóir nuair a tháinig beagnach 2000 duine amach ar Luan na Cásca do shiamsaíocht ó Fidget Feet agus iad ag léiriú ‘A Fairys Tale’ agus chun páirt a ghlacadh i Siúlóidí Síóige tríd na coillte i Slí Síóige Fairy Ash. Trí scéim deontas pobail tugadh tacaíocht freisin do 20 tionscadal ar fud an chontae le raon leathan de thionscnaimh chultúrtha.



Joe Mac Grath P.O.F Comhairle Contae Thiobraid Árann, An Taoiseach Enda Kenny, An tAire Heather Humphries, Róisín O Grady Oifigeach Oidhreachta



Fidget Feet ag tabhairt siamsaíochta don slua ag Cruinniú na Cásca An Teapall Mór (Debbie Hickey)

CLÁR MHÚSAEM CONTAE THIOBRAID ÁRANN

I 2017 bronnadh an caighdeán ab airde ar Mhúsaem Contae Thiobraid Árann i gClár Chaighdeáin Mhúsaeim na hÉireann – ‘Creidiúnú Iomlán’.

Ag plé le Rannóga Údaráis Áitiúil, Institiúidí Teicneolaíochta Luimnigh agus Phort Láirge, Féile an Junction, Friends of Derry Walls, An Chomhairle Oidhreachta, Ardoifig an Phoist Baile Átha Cliath, Músaem Náisiúnta na hÉireann, Scoileanna Thiobraid Árann Thuaidh & Theas, ealaíontóirí agus pobail shonracha Graifítí, Teicstíl agus Ionaid, bhain muid amach raon éagsúil dár gcuid cuspóirí beartaithe. Chun é a rá arís eile, le hinfheistíocht bhreise a dhéanamh i seirbhís an Mhúsaem, tacóidh ár bpáirtithe leasmhara le Músaem Contae Thiobraid Árann mar eintiteas tábhachtach turasóireachta agus cultúrtha i gContae Thiobraid Árann.

Le sraith de thaispeántais phobail uainíochta rinneadh cinnte go raibh an pobal áitiúil ag croílár chláir an mhúsaem.

Tionscadail Tábhachtacha:

- An Staidéar Indéanta “Flights of Discovery” déanta: Meitheamh 2017. Táirge scála Thurasóireacht Thiobraid Árann lenar cuimsíodh forbairt an Mhúsaem, an Geata Thiar, Ionad Bulmers ar Lána Dowd agus Abhainn na Siúire.
- An Clár Digitithe: Chun bailiúchán Chártaí Poist agus bonn an mhúsaem a dhigitiú.
- Culaith Éadbhardach: Caomhnú ghúna bainise áitiúil agus gabháilais seanré.



Cuairt Dhoire ar Mhúsaem Contae Thiobraid Árann chun Bosca Ionsaí Chromail a thabhairt dóibh i Meitheamh 2017 i gcomhpháirt le hOifig Oidhreachta Thiobraid Árann, Lónra Bailte Múrtha Dhoire, Músaem Contae Thiobraid Árann agus an Rannóg Pleanála.

I measc na mbuaicphointí bhí:

- Seoladh ár dtaispeántais a bhí spreagtha ag ‘Cártaí poist’ – “A message in Time” inar tugadh sonraí faoi stair sheirbhís poist na hÉireann, agus ina ndearnadh machnamh ar na hÍomhánna a úsáideadh mar chártaí poist agus iad siúd mar spreagadh dár gclár imeachtaí oideachasúla: Iúil 2017
- Is é atá i ‘Let’s Build’ ná seomra oideachasúla ina bhfuil gnéithe céadfacha agus féintógála a cheap baili foirme Chomhairle Contae Thiobraid Árann chun ár gcuariteoirí a spreagadh: Oscailte i D.F. 2017
- Ár 5ú Sraith de léachtaí Bliantúla Farm, Field and Fireside, The changing patterns of land and home ownership: D.F. 2017 – Beal 2018.
- Déanamh acmhainne oideachasúla ar ‘Siege Warfare in Ireland’ i dteannta le hOifig Oidhreachta Thiobraid Árann agus Friends of Derry Walls.
- Seimineár aon lá amháin saor in aisce ‘Owning a Historic Property’, comhthionscnamh idir Músaem Contae Thiobraid Árann, an Oifig Oidhreachta agus an Rannóg Pleanála i gComhairle Contae Thiobraid Árann: M.F. 2017
- Ceardlanna agus cainteacha ar an ngearán mór mar chuid de Chuimhneachán Náisiúnta an Ghorta Mhóir, Baile an Gharraí. M.F. 2017

Eintiteas tábhachtach turasóireachta agus cultúrtha i gContae Thiobraid Árann é Músaem Contae Thiobraid Árann



 Coiste Chuimhneachán Náisiúnta Chomhairle Contae Thiobraid Árann leis an Aire Heather Humphries i mBaile an Gharraí, Co. Thiobraid Árann.

- A Place in Time – bunaithe ar oidhreacht ailtireachta an cheantair. Tionscadail le WIT, Scoil Náisiúnta Mhuire do Bhuachaillí agus Meánscóil Mhuire, an tAonach ar oidhreacht ailtireachta an cheantair. Gníomhaíochtaí agus leabhar saothair don seomra oideachais.
- Oíche Chultúir leis an tSeirbhís Ealaíon: M.F. 2017



- Ceardlanna ar fhéilirí traidisiúnta a chomhordú
- Cruthaíodh Clár Tochailte Seandálaíochta go himhneánach chun a rith mar chláir for-rochtana do ghrúpaí agus scoileanna ar fud an chontae.



 Seoladh an Taispeántais 'A Message in Time' i mí Iúil 2017

Clár Chaighdeán Músaem na hÉireann (M.S.P.I)

Cúlra

Bunaíodh Clár Chaighdeán Músaem na hÉireann (CCMÉ) ag an gComhairle Oidhreachta chun caighdeán ghairmiúla i gcúram bailiúchán a thagarmharcáil agus a chur chun cinn agus chun creidiúnú a aithint tríd na caighdeán sin a bhaint amach in earnáil músaem na hÉireann.

Tá Clár Chaighdeán Músaem na hÉireann (CCMÉ) ina thosaíocht do Mhúsaem Contae Thiobraid Árann, mar go n-ardaíonn sé caighdeán músaem agus go méadaíonn sé deiseanna san earnáil.


Tá 34 chaighdeán ann a chléadaíonn cúram bailiúchán, rialachas agus cúram agus rochtain cuairteoirí. Soláthraíonn CCMÉ sraith de cheardlanna oiliúna chun tacú le baint amach na gcaighdeán sin agus ábhair mar seo a leanas clúdaithe:

- aire a thabhairt do bhailiúchán agus taifead a dhéanamh air; déantúsáin a stóráil agus a thaispeáint;
- measúnú riosca agus pleanáil i gcomhair tubaiste;
- cúram agus rochtain cuairteoirí;
- rialachas agus beartais mhúsaem;
- airgeadas a bhainistiú;
- margaíocht agus
- beartas oideachais a fhorbairt.

Turas Músaem Contae Thiobraid Árann

Chuir Músaem Contae Thiobraid Árann tús leis an bpróiseas CCMÉ i 2007 agus chaith siad na 6-7 mbliana ina dhiaidh sin ag ullmhú agus ag cur i bhfeidhm a gcuid beartas sonrach don ionad, a gcuid aidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha. Ní fhéadfadh sin tarlú murach tacaíocht Chomhairle Contae Thiobraid Árann, an Chomhairle Oidhreachta agus an tsár-obair a rinne ár bhfoireann dhíograiseach sa músaem - mar gheall ar mhisneach agus dhiongbháilteacht bhí muid in ann creidiúnú iomlán a bhaint amach i mí an Mheithimh 2013. I 2016 chuir muid isteach 'Coimeád' na gcaighdeán sin trínár gcuid athbheithnithe beartais agus ár bPlean nua 5 bliana um Bainistíocht Straitéiseach. I 2017, chuaigh Cathaoirleach CCTÁ, an Cmhlr Phyll Bugler agus an Stiúrthóir Seirbhíse Sinead Carr in éineacht le baill foirne an mhúsaem chuig Searmanas Dámhachtainí CCMÉ i gCaisléan Bhaile Átha Cliath.



 Searmanas Dámhachtainí CCMÉ i gCaisléan Bhaile Átha Cliath ó chlé go deis: Alice Tobin ón Músaem, Sinead Carr DoS, Marie McMahon Caomhnóir Músaem, Michael Starrett POF an Chomhairle Oidhreachta, Julia Walsh Oifigeach Oideachais Músaem, Jayne Sutcliffe Oifigeach Bailiúchán Músaem, Lesley Ann Hayden Comhordaitheoir CCMÉ agus an Cmhlr. Phyll Bugler Cathaoirleach CCTÁ

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

Cuireann Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann áit dhaonlathach ar fáil atá mar chuid lárnach den saol teaghlaigh, cultúrtha agus sibhialta. Tá ról ríthábhachtach ag an tSeirbhís Leabharlainne sa phobal mar acmhainn iontaofa a chaomhnaíonn luacha an am atá thart agus a shaibhríonn cáilíocht bheatha gach duine.

Is í aidhm na seirbhíse leabharlainne ná cultúr léitheoireachta, litearthachta agus foghlama fadsaoil a chothú i dThiobraid Árann trí raon seirbhísí a chur ar fáil go scoileanna, teaghlaigh agus grúpaí pobail agus an leabharlann a chur chun cinn mar áit chultúir agus eolais.

Tá an tseirbhís freagrach as bailiú, forbairt, caomhnú agus inrochtaineacht na dtaifead go léir a bhfuil spéis stairiúil ag baint leo le haghaidh Chontae Thiobraid Árann. Forbraíonn agus cuireann an tseirbhís leabharlainne chun inn rochtain do gach saoránach ar acmhainní eolais ar líne agus digiteacha lena n-áirítear PCanna le leathanbhanda ar líne, Wi-Fi, acmhainní ar líne agus rochtain saor in aisce ar eolas agus sheirbhísí r-rialtais/údaráis áitiúil.

Oibríonn an tseirbhís líonra de dhá leabharlann déag ar fud an chontae sna háiteanna seo a leanas:

- Durlas;
- An tAonach;
- Ros Cré;
- An Teampall Mór;
- Buiríos Uí Chatháin;
- Cloch Shiurdáin;
- Cluain Meala;
- Carraig na Siúire;
- Thiobraid Árann;
- Caiseal;
- Cathair Dúin lascaigh agus
- Cill Náille.




NA PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ I 2017

I 2017 tugadh cuairt os cionn 485,000 uair ar leabharlanna i dTiobraid Árann, eisíodh 459,000 leabhar agus cuireadh 68,000 seisiún idirlín in áirithe. Ina theannta sin, rith an tSeirbhís Leabharlainne tionscnamh Ballraíochta trínár mBunscoileanna chun gach páiste Bunscoile a chlárú mar bhall de Leabharlanna Thiobraid Árann. Thug Bail Foirne Leabharlainne cuairt ar 160 Bunscoil agus cláraíodh 3,000 ball nua.



 Pat Glavin, Leabharlann Charraig na Siúire ag óstáil cheardlann eolaíochta



 Maisitheoir agus scéalaí Wayne O'Connor, Leabharlann Chluain Meala




 Paul Finch - Pedal Power Lab, Leabharlann The Source, Durlas



 Ó chlé go deis: An Cmhrl Siobhan Ambrose, Cathairleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Joe MacGrath Príomhfhéidhmeannach, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Damien Dullaghan Leabharlannaí Contae agus páistí ó Scoil Náisiúnta Chill Sióláin



 Ceardlann drumadóireachta i Leabharlann an Aonaigh

 Tugadh cuairt os cionn 485,000 uaire ar leabharlanna i dTiobraid Árann, eisíodh 459,000 leabhar agus cuireadh 68,000 seisiún idirlín in áirithe. Thug Bail Foirne Leabharlainne cuairt ar 160 Bunscoil agus cláraíodh 3,000 ball nua.

Veain Soghluaiste Nua do Scoileanna seolta

Seoladh Veain Soghluaiste nua na Scoileanna ag an Cmhrl Siobhan Ambrose, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann i Scoil Náisiúnta Chill Sióláin i mBealtaine 2017. Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann cistiú chúnaimh deontais 100% ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar luach EUR 100,000 chun an costas a chlúdach as an Leabharlann Shoghluaiste nua seo a fheistiú. Soláthraíonn Seirbhís Shoghluaiste na Scoileanna raon leabhar chun tacú le múinteoirí ina gcuid gníomhaíochtaí laethúla agus leis an gcur chuige comhtháite sin idir an tSeirbhís Leabharlainne agus Scoileanna déantar cinnte go mbíonn naisc idir scoileanna, an tseirbhís leabharlann poiblí agus an pobal i gcoitinne.



Ó chlé go deis: Damien Dullaghan Leabharlannaí Contae, an Cmhrl Phyll Bugler, Cathaoirleach Chomhairle Contae Thiobraid Árann, Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach agus Karl Cashen, Stiúthóir Seirbhísí

An Plean Forbartha Leabharlainne, 2017-2022



Sheol an Cmhrl Phyll Bugler, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Plean Forbartha Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Thiobraid Árann 2017-2022, cáipéis ina leagtar amach an fhís don tseirbhís leabharlainne i dThiobraid Árann le haghaidh na 5 bliana atá romhainn. Sa cháipéis dar teideal Inspire, Share, Connect, déantar athbhreithniú ar sheirbhísí leabharlainne reatha agus cuirtear i láthair straitéis don todhchaí faoi na príomh-cheannteidil Leabharlanna, Ár Leabharlanna Fíorúla, Ár Léitheoirí, Ár bhFoireann, ár bPobail agus Ár mBranda. Sa phlean tugtar sonraí ar aidhm na seirbhíse leabharlainne mar atá aigní a leathnú, pobail a thógáil agus fíorasacht a spreagadh; grá fadsaoil a chothú don léitheoireacht, don fhoghlaim agus don litearthacht.



Dólachán Caorach Chaisil, 17 Lúnasa, 1916 - tionscadal digitithe Staidéar Thiobraid Árann

Tionscadal Digitithe Staidéar Thiobraid Árann

Is í aidhm an tionscadail digitithe um Staidéar Thiobraid Árann ná raon foinsí, idir foinsí stairiúla agus ginealais, a chur ar fáil ar líne, atá mar chuid d'ábhar staire Thiobraid Árann. Tá cuid mhór de na cáipéisí uathúil do Staidéar Thiobraid Árann agus ceann d'aidhmeanna an tionscadail seo ná na foinsí sin a chur ar fáil do gach duine, saor in aisce ar láithreán gréasáin Staidéar Thiobraid Árann www.tipperarystudies.ie. I measc na mbuaicphointí ón tionscadal i 2017 tá:

Digitíú Pháipéir agus Ghrianghraif Uí Mhurchú a tugadh go cineálta ag muintir Clifton Brown as Teach Bhaile na Móna agus a bhaineann leis na húinéirí a bhí ann rompu, Clann Uí Mhurchú. Is féidir níos mó ná 1,200 claonchló a tógadh idir na 1890í agus 1932 ag an deartháir agus an deirfiúr Edmond & Kathleen Murphy a fheiceáil ar láithreán gréasáin Staidéar Thiobraid Árann anois. Sa chuid is mó de na grianghraif feictear Teach Bhaile na Móna, na tailte agus an chlann, agus tá go leor pictiúr den saol sóisialta, d'ainmhithe feirme, de chapail agus de theaghlaigh i mBaile na Móna agus timpeall air.

Tá na hiar-eagraín go léir de Bhliainiris CLG Thiobraid Árann ó 1965 go 2016 ar fáil le féachaint orthu ar líne anois faoi thionscadal comhoibritheach um chartlann dhigiteach ar ghlac Bord Contae CLG Thiobraid Árann, coiste Bhliainiris CLG Thiobraid Árann agus Staidéar Thiobraid Árann páirt iontu



Catherina McKiernan (dara duine ar an taobh deis) le Catherine Fogarty, Susanne Brosnan agus Donie McGettigan ag imeacht Éire Shláintiúil i Leabharlann Chaisil

Éire Shláintiúil i do Leabharlann

Ghlac an tSeirbhís Leabharlainne páirt sa chlár náisiúnta, Éire Shláintiúil i do Leabharlann. Is é Éire Shláintiúil, tionscnamh faoi stiúir an Rialtais, an straitéis náisiúnta chun sláinte agus folláine a fheabhsú, agus béim curtha ar chosc, ar fheasacht aonair agus ar dhaoine a choimeád sláintiúil níos faide. Reáchtáladh cainteanna agus ceardlanna chomh maith le ranganna aclaíochta agus ióga i Leabharlanna Brainse. Ina theannta sin ceannaíodh leabhair nua, r-leabhair, r-chlosleabhair agus r-irisí ar shláinte agus fholláine do gach Leabharlann Brainse



Léigh an t-údar as Luimneach Rose Servitova óna céad úrscéal a foilsíodh le déanaí, *The Longburn Letters* mar chuid de chlár Éire Ildánach

Éire Ildánach

D'éirigh go han-mhaith le Clár Éire Ildánach 2017 ag an tSeirbhís Leabharlainne. D'fhreastail nach mór 2,500 páiste, duine óg agus duine fásta ar imeachtaí Éire Ildánach sa tSeirbhís Leabharlainne. Imeachtaí éagsúla a bhí i gceist ó cheardlann scríbhneoireacht, agus comórtas scríbhneoireachta agus léamh poiblí saothar mar thoradh air, agus ceardlann Lego ina raibh ar pháistí cruthú agus fadhbréiteach a dhéanamh agus Lego á úsáid. I measc imeachtaí eile bhí ceardlanna ealaíne inar scrúdaíodh na téamaí nádúr agus oidhreacht, agus léamh fuinniúil rannpháirteach ó *Revoltin' Rhymes* le Roald Dahl.





CÁILÍOCHT AN CHOMHSHAOIL

- ☑ AN COMHSHAOL
- ☑ SEIRBHÍ Sí DÓITEÁIN &
TARRTHÁLA
- ☑ SEIRBHÍ Sí UISCE
- ☑ LAWCO
- ☑ COSAINT SHIBHIALTA



AN COMHSHAOL



Tá ról lárnach ag an Rannóg Comhshaoil i gcosaint agus feabhsú chomhshaoil Thiobraid Árann agus i soláthar seirbhísí comhshaoil ardchaighdeáin sa chontae. Tá an rannóg freagrach as cosaint an chomhshaoil, bainistíocht agus forfheidhmiú dramhaíola, bonneagar agus cothabháil, feasacht faoin gcomhshaoil agus seirbhísí pobail.

CLÁR OIBREACHA UM CHOSAINT AN CHOMHSHAOIL

Faoin gclár oibre um Chosaint an Chomhshaoil, ba í an phríomhréimse oibre ná leanúint ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chreat-treoir Uisce agus ag cur leis an bplean Bainistíochta Abhantraí.

Chun tuairimí an phobail a fháil, eagraíodh cruinnithe poiblí agus rinneadh aighneachtaí sular foilsíodh an plean.



Féachtar sa phlean chuig oibriú le roinnt ghrúpaí pobail sna habhantracha chun scéimeanna agus tionscādail a chur i bhfeidhm le cáilíocht an uisce a fheabhsú agus chun béim a chur ar an tábhacht a bhaineann lenár gcuid aibhneacha a chosaint. D'eagair baill foirne siúlóid bhithéagsúlachta taobh leis an Ára chun léargas a thabhairt do pháistí ar an ngnáthóg fhiadhúlra agus ar an mbithéagsúlacht atá le fáil.

Imscrúdú an Truailithe agus Cigireachtaí

Mar chuid den phlean RMCEI, leanann an Rannóg Comhshaoil ar aghaidh ag fiosrú na bhfachtóirí a bhíonn freagrach as drochchaighdeán uisce go háirithe i gcodanna d'aibhneacha ar aithníodh iad mar bheith truailithe nó áit a léirítear sa mhonatóireacht go bhfuil an cháilíocht imithe i léig. Cabhraíonn an clár monatóireachta imscrúdaithí sin le fadhbanna sonracha a aithint a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht uisce e.g. scaoileadh ó dhabhcha séarachais, gníomhaíochtaí talmhaíochta agus gníomhaíochtaí tráchtála. I 2017, tógadh 648 sampla ó 150 ionad monatóireachta ar 56 habhainn.

Cigireachtaí Feirme

Rinneadh 108 cigireacht ar fheirmeacha chun críocha foinsí uisce óil a chosaint, truailliú a imscrúdú, imscrúduithe abhantraí agus obair leantach maidir le DCT. Rinneadh bróisiúr ina mínítear feirmeoireacht a thacaíonn leis an abhantrach agus cuireadh timpeall chuig an earnáil fheirmeoireachta é.

Bainistíocht Cothaitheach

Rinneadh measúnú ar 38 bplean um bainistíocht cothaitheach um úsáid bithsholad ar thailte talmhaíochta agus rinneadh 60 cigireacht.

Forfheidhmiú maidir le Truailliú Aeir

Rinneadh monatóireacht ar 46 hionad chun cloí le ceadúnais um astaíochtaí aeir a chinntiú agus tá siad catagóirithe mar seo a leanas.

Earnáil	Cigireachtaí
Gual Toiteach	3
Tirimghlantóirí & an Earnáil Chógaisíochta (úsáid tuaslagán ar scála beag)	4
Athchríochnaitheoirí Feithicle agus Díoltóirí/Soláthraithe Péinte	20
Stáisiún Pheitрил Astuithe gal pheitрилiam & aisghabháil ghal peitрил le linn athbhreoslaithe	19

Córais Tí um Chóireáil Fuíolluisce

Rinneadh cigireachtaí ar 43 Chóras Tí um Chóireáil Fuíolluisce chun ár gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta 2015-2017

Cigireachtaí ar Shaoráidí Ceadúnaithe Ceadúnais Doirte

I gcás gníomhaíochtaí ina scaoiltear dramhuisce díreach chuig abhainn nó ina scaoiltear méideanna móra chuig screamhuisce, tá ceadúnas ina cheangal, i gcomhréir le Cuid 4 de na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977-2007. Déanann baill foirne monatóireacht rialta ar na saoráidí sin chun déanamh cinnte go bhfuil gach córas cóireála ag oibriú go héifeachtach agus nach bhfuil siad ag cur le truailliú. Rinneadh 74 chigireacht i 2017.

CLÁR OIBRE BONNEAGAIR AGUS COTHABHÁLA

Láithreáin Tréigthe/Struchtúir Chontúirteacha

Bhí 44 láithreán ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh 2017. D'éisigh an rannóg 45 fógra rannóige, agus mar thoradh air sin rinneadh athchóiriú ar 13 haonad réadmhaoine. Rinneadh oibreacha ar roinnt struchtúr contúirteach.

Cothabháil Reiligi

Scaipeadh deontais arbh fhiú €143,249 san iomlán iad i measc 223 coiste Reilige i dtreo clár um chothabháil reilige. Leithdháil-eadh cistiú breise de €410,110 chun cothabháil a dhéanamh ar na reiligi móra uirbeach. Rinneadh dul chun cinn le hoibreacha caipitil um méaduithe ar reiligi an Bhóthair, na Craige agus Sheanraithin. Rinneadh mionoibreacha caipitil i 12 reilig.

Ionaid Athchúrsála

Tá cúig ionad athchúrsála ag Comhairle Contae Thiobraid Árann a ghlacann le páipéar, cairtchlár, plaisteach, adhmaid, dramhaíl ghairdín, dramhaíl DIY, gloine agus miotal, dramhearraí leictreacha, ceallraí, teicstílí, dramhola agus dramhaíl ghuaiseach tí le hathchúrsáil Tháinig méadú 4% ar líon na gcuariteoirí ar na hionaid agus mhéadaigh an t-ioncam faoi 22%.



Cuireadh Ionad Athchúrsála Chluain Meala ar ghearrliosta don dámhachtain PAKMAN Ionad Beir Leat na Bliana i gcomhpháirt le REPAK.

Scaipeadh deontais arbh fhiú €143,249 san iomlán iad i measc 223 coiste Reilige i dtreo clár um chothabháil reilige.

Cuireadh láithreán Fóntas Sibhialta Chluain Meala i Carrigan ar ghearrliosta d'ionad Beir Leat na bliana ag na dámhachtainí bliantúla Pakman. Bhí an rogha bunaithe ar dheardh an láithreáin, ar leibhéal na hathchúrsála, ar fheasacht faoin gcomhshaol agus feidhmíocht tonnáiste.

I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil ar an láithreán tá mála dubh a dhiúscairt, dramhaíl thirim in-athchúrsáilte, earraí builc, miotal, dramhaíl ghairdín agus plástarchlár as a ghearrtar táille.

Is féidir cannaí, buidéal, nuachtáin agus earraí WEEE a dhiúscairt saor in aisce.



Ag bronnadh na 3ú Dámhachtainí Bliantúla Pakman (Feabhas sa Bhainistíocht Dramhaíola agus san Athchúrsáil) um bronnadh an Iomaitheora sa Bhabhta Ceannais d'Ionad Beir Leat na Bliana do Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar an 26 Deireadh Fómhair 2017 ag Óstán an Intercontinental Dublin, Bóthar Chúirt Shíomóin, Baile Átha Cliath, tá, ó chlé go deis: An tUas. Séamus Clancy, Príomhfheidhmeannach, Repak; An Comhairleoir an Dr. Phyll Bugler, Cathaoirleach, Comhairle Contae Thiobraid Árann; An tUas. Denis Naughten, TD, An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; Ms. Anne Peters, An Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Thiobraid Árann; An tUas. Pat Walsh, An Rannóg Comhshaoil, Comhairle Contae Thiobraid Árann; agus An tUas. Tony Keohane, Cathaoirleach, Repak.

Ionaid Athchúrsála	Líon na gCuariteoirí
Cluain Meala - Carrigan	21,327
Caiseal - Lota Waller	19,987
Baile Thiobraid Árann - Dún Eochaille	11,504
Ros Cré	32,407
An tAonach	67,669

Athchóiriú Líonta Talún

Rinneadh dul chun cinn le hoibreacha athchóirithe ag láithreáin Dhún Eochaille agus Bhealach an Mhéine. Cuireadh tús le measúnuithe ar na láithreáin líonta talún stairiúla, Carraig na Siúire agus baile Thiobraid Árann.



CLÁR OIBRE UM FORFHEIDHMIÚ AGUS BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

Forfheidhmiú Dramhaíola

Chuir an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar dhumpáil mhídhleathach in áiteanna aitheanta ina mbíonn go leor bruscair. I dTiobraid Árann leagadh béim ar na bealaí siúil abhann agus na gormbhealaí ar abhainn na Siúire agus an Aonaigh a ghlanadh. I measc tionscnamh eile a maoiníodh bhí siúlóid Phortach na Maighne i nGleann an Ghuail agus bealaí siúil Chnoc Mhaoldomnaigh. Ghlac grúpaí deonacha ról tábhachtach sa láithreáin sin a athrú ó bhonn go fóntais phobail.

Thug an fhoireann Fhorfheidhmithe faoi roinnt babhta glantacháin ar láithreáin dumpála mídhleathaí agus bhain siad boinn ó thrí láithreán stairiúil ina raibh cairn.

Líon na ngníomhartha forfheidhmithe dramhaíola	Líon
Litreacha rabhaidh eisithe	19
Fógraí Forfheidhmithe Eisithe	38
Ionchúisimh Tionscanta	6

Gearáin

Fuair an rannóg 2,508 gearán faoin gComhshaoil agus réitíodh 2,270 díobh sin; b'ionann sin agus ráta críochnaithe de 91%.

Bruscar

D'eisigh an rannóg 143 fineáil bruscair i rith na bliana. Dar le torthaí an Chóras Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar, léiríonn na táscairí um laghdú ar bhruscar do Thiobraid Árann laghdú ar leibhéal bhruscair i 4 chatagóir as na 5 chatagóir truaillithe.

Bainistíocht Dramhaíola

Dar leis na Sonraí Staitistiúla Náisiúnta ar Dhramhaíl (arna bhfoilsíú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC), tá 65% de Theaghlaigh Thiobraid Árann cláraithe do sheirbhís bhailithe dramhaíola. Rinne an Rannóg seo roinnt cigireachtaí ar theaghlaigh chun seiceáil conas a dhéanann siad a ndramhaíl teaghlaigh a dhiúscairt.

IBAL

Ag na dámhachtainí um Ghnó na hÉireann i gcoinne an Bhruscair (Irish Business Against Litter/IBAL) bhí Cluain Meala san 8ú háit as 40 baile i Léig Frithbhruscair IBAL agus tá sé mar aidhm aige go mbeadh áit níos airde aige sna blianta atá le teacht.



Ag cur i láthair Dhámhachtain 2017 an Léig Frithbhruscair de chuid Ghnó na hÉireann in aghaidh an Bhruscair (IBAL) as an 8ú háit ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar an 3 Eanáir 2018 in Óstán Shelbourne, Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath tá ó chlé go deis: Ms. Marion O'Neill, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Comhshaoil, Comhairle Contae Thiobraid Árann; An tUas. Denis Naughten, TD, An tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil; agus an tUas. Anthony Coleman, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Ceantar Buirge Chluain Meala, Comhairle Contae Thiobraid Árann.

Bruscar Guma Coganta

I 2017 mhaoinigh an Rannóg físeán chun feasacht faoi bhruscar guma coganta a chur chur chun cinn; seoldadh an físeán ag "The 2 Johnnies" i gCathair Dúin Iascaigh agus taispeánadh i scoileanna áitiúla é.



Ag seoldadh fheachtas 2017 an Tascfhórsa ar Bhruscar Guma Coganta bhí ó C go D John O'Brien & John Mc Mahon – Two Johnnies Anne Marie Clifford, An Méara Andy Moloney Ceantar Buirge Chluain Meala, Stephen O'Brien, Comhordaitheoir na Scoileanna Glasa, Coláiste Dún Iascaigh, Cathair Dúin Iascaigh, Avril Donlon An Tascfhórsa ar Bhruscar Guma Coganta

Cigireachtaí

Ba é líon na gcigireachtaí comhshaoil a rinneadh faoin reachtaíocht um Bainistiú Dramhaíola ná 420, agus idir cigireachtaí beartaithe agus cigireachtaí neamhbheartaithe mar chuid de.

Reachtaíocht Bainistíochta Dramhaíola	Cigireachtaí
Na Rialacháin um Chead agus Chlárú Saoráide 2007-2015	33 chigireacht ar 24 shaoráid atá údaraithe le Ceadanna Saoráide Dramhaíola. 13 chigireacht ar 9 saoráid atá údaraithe le Teastais Chláraithe.
Na Rialacháin um Chead Bailiúcháin 2007-2015	52 chigireacht um Chead Bailithe Dramhaíola
Na Rialacháin Phacáistithe 2014	3 Chigireacht ar Mhórtháirgeoir Pacáistithe
Na Rialacháin um Feithiclí a Bhfuil a Ré Caite 2014	12 chigireacht ar Tháirgeoirí ELV.
Na Rialacháin ar Bhoinn/Dhramhbhoinn 2007	58 gcigireacht ar sholáthraithe boinn.
Rialacháin an AE (DLTT) 2014 & Rialacháin an AE (Ceallraí) 2014	47 gcigireacht maidir le DTLL agus 59 gcigireacht maidir le Ceallraí ar sholáthraithe DTLL/Ceallraí.
An Rialachán ar Phlaistigh Fheirme 2001	Cigireacht ar 18 Miondíoltóir don tobhach ar phlaisteach scannán feirme. 2 lá cigireachta leis an IFFPG um athchúrsáil ar Phlaisteach Feirme. (Cathair Dúin Iascaigh & Ros Cré)
Na Rialacháin ar Thobhach um Málaí Plaisteacha 2001-07	Rinneadh cigireacht ar 23 Mhiondíoltóir i ndáil leis an tobhach mála phlaistigh.
Na Rialacháin ar Dhramhaíl Bhia 2009	37 gcigireacht ar tháirgeoirí tráchtála dhramhaíl bia.
Dramhaíl Bhia Teaghlaigh	41 suirbhé ar dhramhaíl Teaghlaigh. 2 chigireacht ar Sholáthraithe Íoc de réir Meáchain 11 chigireacht ar Araidí Donna
Na Rialacháin ar Dhiúscairt Dramhaíola trí Dhó a Chosc) 2009 – 2015	141 Dearbhú Fógra faoi dhó talmhaíochta Rinneadh 12 chigireacht ar dhó rialaithe.
Seicphointí Bóthair Cigireachtaí Ilghníomhaireachta ar Dhramhaíl Ghuaiseach Oibríochtaí CCTV Gníomhaíocht Dramhaíola gan Chead	5 Sheicphointe 20 Cigireacht NTFSO - 9 & 11 Eile 8 gCigireacht 45 CCTV curtha isteach 12 chigireacht maidir le gníomhaíocht dramhaíola gan chead



CLÁR OIBRE SEIRBHÍSÍ POBAIL

Cuireann an clár Oibre Seirbhísí Pobail tionscadail i gcrích atá dírithe ar an bpobal. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Beartais Straitéisigh agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar bheartais reilige.



Thacaigh an rannóg le roinnt grúpaí leis an gcomhshaoil a chothabháil trí chúnamh deontais agus trí sholáthar ábhar; ina measc siúd tá grúpaí bailte slachtmhara, scoileanna agus coistí deonacha. I 2017, scaipeadh 150 síol bhláth fhiáin agus scaipeadh 1800 crann.



Chláraigh 300 grúpa pobail chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh Ghlantachán Náisiúnta Earraigh. Chuir Comhairle Contae Thiobraid Árann pacáí glantacháin ar fáil do gach duine a ghlac páirt san imeacht.

An Scéim Deontas um Bhailte Slachtmhara

D'éirigh le Tiobraid Árann arís i 2017 i gComórtas Super Valu um Bailte Slachtmhara, agus Cnocán an Éin roghnaithe mar an mbuaiteoir foriomlán. Chuir go leor bailte agus sráidbhailte feabhas ar a gcuid marcanna i gcomparáid le 2016. Scaipeadh deontais arbh fhiú €172,420 san iomlán iad i measc 90 baile agus sráidbhaile.

Deontais an Chláir Áitiúil 21

Trí chúnamh deontais de €31,400 tugadh cúnamh do 49 ngrúpa pobail chun tabhairt faoi thionscadail chomhshaoil ar scála beag.

Clár na Scoileanna



Green-Schools

Tá 184 scoil cláraithe leis An Taisce mar chuid de chlár an Bhrait Ghlais. I rith na bliana scoile 2016/2017, bronnadh Brat Glas ar 52 scoil i dTiobraid Árann.

Fuair Comórtas Bliantúil na Scoileanna Slachtmhara 60 iarracht san iomlán agus roinneadh ciste duaise de €8,200 lena aghaidh.



Tionscadal gairdín Scoil Náisiúnta na Gráinsí, Cluain Meala

Seirbhísí um Rialú Madraí

Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil ag dhá mhaor madra agus ag áiseanna dhídean madra i gCill Síoláin agus Cnoc Alltáin. Tugadh suas 644 madra do na Maoir Madraí nó gabhadh iad. As an líon sin fuarthas cóiríocht nua do 505 díobh. Ba é líon na madraí a bhí ceadúnaithe sa chontae ná 9,343. Oibríonn Comhairle Contae Thiobraid Árann le roinnt eagraíochtaí um leas ainmhí chun cóiríocht nua a chur ar fáil do mhadraí.

Rialú Capall

Ba é líon na gcapall a gabhadh i 2017 ná 97. D'oibrigh an rannóg le Cumann Úinéirí Capall Lucht Taistil i dTiobraid Árann ar roinnt tionscadal.

Sábháilteacht Bia

Rinneadh 732 cigireacht i 22 sheamlas, chun déanamh cinnte go bhfuiltear ag comhlíonadh caighdeán um leas ainmhithe agus sláinteachas i seamlais roimh mharú agus ina dhiaidh. Rinneadh cigireacht ar 2,426 eallach, 7,673 caora, 787 muc, 10 ngabhar agus 3,766 fia sna seamlais sin.



AN CLÁR OIBRE UM FEASACHT FAOIN GCOMHSHAOL

Leantóir Feasachta Poiblí

Thug an leantóir feasachta poiblí cuairt ar roinnt seónna sa Bháinseach, i gCluain Meala, san Aonach agus i nDumha Aille chun feasacht phoiblí a ardú agus eolas a thabhairt faoi raon de shaincheisteanna comhshaoil. Thug baill foirme cuairt ar 8 marglann eallaigh chun feasacht a ardú faoi dhó. Eagraíodh ceardlanna athchúrsála agus tionscnaimh chun dramhaíl bia a stopadh i gcomhpháirt le cuideachtaí agus gníomhaireachtaí áitiúla.



Sa phictiúr tá Anne Marie Clifford ag scaipeadh eolais ag Féile Clancy

Tionscnamh um Feasacht faoi Shalú Madraí

Cuireadh isteach 38 nDáileoir Mutt Mitt ar bhealaí a úsáideann úinéirí madra. Cuireadh fógraí le stionsal i gCarraig na Siúire & i nDurlas. Rinneadh feachtais fheasachta i nDurlas agus i Ros Cré.

Bainistíocht Fuinnimh

I 2017 chláraigh Comhairle Contae Thiobraid Árann do chomhpháirtíocht fuinnimh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun bearta coigiltis agus éifeachtúlachta a ghlacadh le cinntiú go laghdófar a húsáid fuinnimh ar aon dul le sprioc na hearnála poiblí um éifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh 2020, mar atá 33%. Cabhraíonn an clár comhpháirtíochta le comhlachtaí poiblí airgead a shábháil, an comhshaoil a fheabhsú agus oibleagáidí náisiúnta a chomhlíonadh trí laghduithe mór a dhéanamh ar a n-úsáid fuinnimh.

I gcomhpháirt le Teagasc d'eagair Comhairle Contae Thiobraid Árann agus Coláiste an Ghoirtín reáchtáladh an dara himeacht bliantúil faoi Fhuinneamh sa Talmhaíocht ar an 22 Lúnasa 2017. D'fhreastail 2,500 duine ar an ócáid chun foghlaim faoi ghiniúint fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh sa talmhaíocht ó thaispeántóirí ceirde agus saineolaithe tionscail.



Rinneadh uasghráduithe ar shoilse poiblí i 72 hionad, ar fud na 5 cheantair bhardsaigh go léir tar éis go ndearnadh fardal ar na soilse poiblí go léir i dThiobraid Árann. Rinneadh uasghrádú ar 1,106 solas san iomlán. Mhéadaigh an tionscadal éifeachtúlacht fuinnimh, agus feabhsaíodh cáilíocht an tsolais.



Tuairisciú ar Fheidhmíocht Fuinnimh de réir I.R. 542 de 2009

Leanann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh ag laghdú an éilimh ar fhuinneamh agus ag méadú a sciar d'fhuinneamh inathnuaite ar aon dul leis an Straitéis um Athrú Aeráide arbh í an aidhm atá i gceist léi ná coigiltis a bhaint amach ó thaobh ídiú fuinnimh agus cur le laghdú ar lorg carbóin CCTÁ.

I 2017 thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Tugadh faoi chlár mór um oibreacha iarfheistithe fuinnimh i 2 hionad fóillíochta (Ros Cré agus Durlas), faoi Chlár an SEAI um Pobail Fuinnimh Níos Fearn. Rinneadh na háiseanna sin níos compordaí don phobal agus bhain Comhairle Contae Thiobraid Árann amach coigiltis de 78,284kWh agus €10,959 in aghaidh na bliana. Freisin thug Comhairle Contae Thiobraid Árann faoi iarfheistiú mór ar shoilse poiblí, sna cúig cheantar bhordasach, rud a shábháil 321,450kWh agus €36,323 in aghaidh na bliana.

I 2018, tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Thiobraid Árann ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú níos mó i leis an gclár iarfheistithe fuinnimh in oifigí, stáisiúin dóiteáin agus ionaid fóillíochta, fiosrú a dhéanamh ar acmhainn ionad luchtaithe um ghluaisteáin leictreacha, chomh maith le hinfeistiú i gcóras PV gréine chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint. Críochnaíodh fardal soilse poiblí i 2016 agus tá sé ar intinn againn tuilleadh tionscadal um shoilse sráide LED a bhaint amach i mbliana. Táimid ag obair ar ár bPlean um Bainistiocht Straitéiseach Fuinnimh chun muid a threorú i dtreo ár spriocanna le haghaidh 2020.


Má chuirtear i bhfeidhm é bainfear amach coigiltis de 277,732kWh agus €41,864 gach bliain trí mheán Phlean Gníomhaíochta 2018. Is ionann é sin agus 1.03% breise i dtreo sprioc 2020.

Sa tábla seo a leanas déantar achoimre ar chostas agus ídiú bliantúil fuinnimh agus breosla ag Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2016:

Leictreachas 2016 - Caiteachas Bliantúil lomlán	€2,141,307
Leictreachas 2016 - Caiteachas Bliantúil ar Shoilse Poiblí	€1,179,422
Breoslaí lompair 2016 (díosal / peitreal / bithbhreosla) - Caiteachas Bliantúil lomlán	€858,405
Breoslaí Téimh 2016 (Gás / ola / bithmhais etc) - Caiteachas Bliantúil lomlán	€500,125
Leictreachas 2016 - kWh Bliantúil lomlán	13,340,958 kWh
Leictreachas 2016 - kWh Bliantúil úsáidte ag Soilse Poiblí	8,629,724 kWh
Giniúint Leictreachais In-athnuaite 2016	168,217 kWh

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann ar an mbóthar ceart chun a sprioc a chomhlíonadh; is é sin ná úsáid fuinnimh a laghdú faoi 33% faoin mbliain 2020. I dtuarascáil an SEAI ar Úsáid Fuinnimh san Earnáil Phoiblí, a foilsíodh i mí Lúnasa 2017, tugadh achoimre ar shonraí fuinnimh ar fud na hearnála poiblí agus dearbhaíodh go bhfuil Tiobraid Árann ag déanamh dul chun cinn maith i dtreo a chuid spriocanna.

Is ar an mbunús sin ar rangaigh SEAI Comhairle Contae Thiobraid Árann sa 1ú háit as 31 Údarás Áitiúil a chuir isteach sonraí.





SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN & TARRTHÁLA



Coimeádann an Chomhairle cúig bhriogáid dóiteáin in dhá cheann déag de stáisiúin dóiteáin sna háiteanna seo: An tAonach, Cluain Meala, Durlas, Ros Cré, Carraig na Siúire, An Teampall Mór, An Port Nua, Buiríos Uí Chatháin, Tiobraid Árann, Cloch Shiurdáin, Cathair Dúin lascaigh agus Caiseal. Rinne na criúnna tiomnaithe chomh maith leis na feithiclí agus an trealamh nua-aimseartha cinnte gur freagraíodh go héifeachtúil agus go héifeachtach do 1588 teagmhas ar bhonn 24/7 i 2017. Tacaítear leis sin ag Ionad Rialaithe Réigiúnach Mumhan atá suite i Stáisiún Dóiteáin Chathair Luimnigh, agus a fhaigheann glaonna ón bpobal tríd an tseirbhís 999/112 agus a chuireann i ngníomh na hacmhainní cuí de chuid an tseirbhís dóiteáin i dTiobraid Árann.

Déantar seirbhísí mar riarachán, gníomhaíochtaí sábháilteachta dóiteáin, ceadúnú substaintí contúirteacha, rialú foirgnimh, bainistiú móréigeandálaí etc. a sholáthar ó Cheanncheathrú na Seirbhíse Dóiteáin ar Bhóthar Luimnigh, an tAonach agus ó Stáisiún Chluain Meala ar Bhóthar Heywood, Cluain Meala

Cuireadh tús le hobair ar stáisiún dóiteáin nua sa Teampall Mór i 2017 agus é tuartha go gcríochnófar é i lár 2018. Ina theannta sin fuarthas láithreán do stáisiún dóiteáin nua i gCaiseal agus eisíodh tairiscintí d'fhoireann deartha ag deireadh 2017.

Oiliúint agus Bainistíocht Cáilíochta

Rinne baill go léir na seirbhíse clár cuimsitheach oiliúna i 2017. I 2017 rinneadh áis traenála ceannais agus comhordaithe den chéad scoth a choimisiúnú in Ionad Traenála Chluain Meala. Maoiníodh an áis sin ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus sannadh í mar an tIonad Náisiúnta um Thraenáil Forbartha Ceannais ag an Stiúrthóireacht um Dhóiteán & Bainistiú Éigeandála. Bhí an tSeirbhís fós deimhnithe de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Bainistíocht Cháilíochta ISO 9001 tar éis go ndearna an NSAI iniúchadh seachtach uirthi.



 Svuít 'HYDRA' Chluain Meala - An Seomra Ceannais

Sábháilteacht Dóiteáin

I dteannta leis na gníomhaíochtaí oibríúcháin, bhí an tSeirbhís Dóiteáin an-ghníomhach maidir le sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn agus leanann sí ar aghaidh ag déanamh cigireachtaí ar fhoirgnimh ina dtionólan an pobal mar iarracht chun cabhrú le húinéirí foirgnimh na hoibleagáid a chomhlíonadh faoin Acht um Sheirbhís Dóiteáin 1981 & 2003.

Áirítear leis na gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu i 2017;

- Oibríonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrhála Thiobraid Árann Scéim um Aláraim Dóiteáin Phobail i gcomhpháirt le grúpaí agus scéimeanna pobal ar aire, na Gardaí, an FSS agus grúpaí pobail agus deonacha eile i gceantair áitiúla. Is í aidhm na scéime ná na daoine is mó atá i mbaol dóiteáin sa phobal a aithint agus déanamh cinnte go bhfuil siad cosanta le haláraim dóiteáin. De réir mar a aithnítear teachlaigh leochaileacha socraítear go dtabharfaidh beirt comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar an teachlach chun seicliosta um shábháilteacht dóiteáin sa teach a chomhlánú leis an áititheoir/na háititheoirí, 2 haláram deataigh ar a laghad a fheistiú agus 'bata tástála' um aláram deataigh a chur ar fáil. Rinneadh an scéim a phíolótú in dá stáisiún i 2016 agus cuireadh i bhfeidhm í sna 12 stáisiún go léir i 2017 agus 82 chuairt um shábháilteacht dóiteáin déanta.
- Is í Seirbhís Dóiteáin & Tarrhála Thiobraid Árann an tseirbhís dóiteáin is mó in Éirinn a leantar/a dtugtar ordóg di ar Facebook agus is minic a úsáidtear í chun eolas a thabhairt don phobal faoi theagmhais oibríúcháin agus a dtionchar ar thrácht, ar an gcomhshaol etc. Le blianta beaga anuas d'aistrigh muid an bhéim i dtreo réimse na sábháilteachta dóiteáin, agus muid ag aithint gur féidir linn teagmháil a dhéanamh le lucht sprice a d'fhéadfadh nach mbeimis in ann teagmháil a dhéanamh leo lenár gcuir chuige traidisiúnta, tríd an raidió, an teilifís agus na meáin chlóite. I 2015 shocraigh muid sprioc de 5000 leantóir ar ár leathanach agus bhain muid amach 8,330 leantóir faoi dheireadh 2017. Ritheann muid feachtais ar ár leathanach facebook ina ndírítear ar roinnt réimsí lárnacha mar shábháilteacht dóiteáin um Nollaig, sábháilteacht dóiteáin ar Oíche Shamhna, dóiteáin phanna sceallóg, páistí a mhúineadh conas córas 999/112 a úsáid, feasacht faoi shábháilteacht dóiteáin le luchtairí agus dóiteáin choinnle.

Ritheann muid meabhrúchán tríd an leathanach gach Máirt ag moladh do dhaoine a gcuid aláram dóiteáin a sheiceáil - baineann an feachtas sin 'Test it Tuesday' amach 2361 duine ar an meán gach seachtain. Ar an meán baineann ár gcuid post 11,075 duine ar an meán gach seachtain agus an post ba mhó a raibh tionchar aige ná post faoi shábháilteacht phanna dóiteáin a bhain amach 385,000 úsáideoir.

- Reáchtáladh seimineár faoi Shábháilteacht Dóiteáin i Halla Pobail san Óstán Anner i mBealtaine 2017. D'fhreastail 25 dhuine san iomlán ó earnáil na Hallaí Pobail i dTiobraid Árann air.
- Rinneadh 203 cigireacht Sábháilteachta Dóiteáin san iomlán ar fud an Chontae.
- Thug comhraiceoirí dóiteáin as gach briogáid i dTiobraid Árann cuairt ar rang a 3 i dTiobraid Árann i 2017 chun an clár Fhoireann Sábháilteachta a chur ar fáil. Is é cuspóir an chláir ná páistí a chur ar a n-eolas faoi chontúirtí an dóiteáin ionas go dtabharfaidh siad siúd, faoi seach, an teachtaireacht abhaile agus ar an mbealach sin go bhfeabhsófar sábháilteacht dóiteáin sa teach agus sa phobal.



 Sna Suíocháin Tosaigh (C-D): Dave Carroll (CFO), Paul Gallagher (ACFO), Declan Troy (SSO – Cloch Shiurdáin), Murtagh Crawford (ACFO), Liam Quinn (Oifigeach Sábháilteachta). Ar Cúl (C-D): Harry Galvin (Uachtarán – NISO), Joe MacGrath (Príomhfheidhmeannach), An Cmhlr. Phyll Bugler (Cathaoirleach), Steven O'Donnell (FF – Cluain Meala), John Hoctor (ACFO), Eddie Ryan (SACFO), Ted O'Keeffe (Bainisteoir Ginearálta - NISO)

Sláinte & Sábháilteacht


D'éirigh le Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála Thiobraid Árann i nDámhachtainí 2017 Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann agus an dámhachtain bainte aici don Chóras Bainistíochta Sábháilteachta is fearr sa tSeirbhís Phoiblí don cheathrú bliain as a chéile, rud a léirigh an bhéim mhór a chuireann muid ar shábháilteacht ár gcomhraiseoirí dóiteáin. Ina theannta sin ghnóthaigh muid dámhachtain as 'Dul Chun Cinn Síoraí', dámhachtain lena n-aithnítear cuideachtaí a d'fheidhmigh ag an leibhéal ab airde le gach bliain as na cúig bliana atá thart. Is muid an t-aon Údarás Áitiúil, nó an t-aon seirbhís éigeandála, a ghnóthaigh dámhachtain den sórt sin.



Gnóthaíonn Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thiobraid Árann an dámhachtain don Chóras Bainistíochta Sábháilteachta is fearr sa tSeirbhís Phoiblí don cheathrú bliain as a chéile, rud a léiríonn an bhéim mhór a chuireann muid ar shábháilteacht ár gcomhraiseoirí dóiteáin


Rialú Tógála

Fuarthas 86 hiarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, 70 n-iarratas ar Theastas Rochtana um Dhaoine faoi Mhíchumas agus 386 Fógra Thosach Feihme i 2017. Rinneadh 45 chigireacht Rialaithe Tógála i 2017.





SEIRBHÍSÍ UISCE





SOLÁTHAR BONNEAGAIR & CAIPITIÚIL

I rith 2017 críochnaíodh Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach an Fhiodh Aird. Cuireadh an Conradh (conradh DBO - Dear, Tóg agus Oibrigh a bhí ann) i gcrích ag Glan Agua Ltd. agus Nicholas O' Dwyer agus Co mar chomhairleoirí dó.

I 2017, rinneadh IW cur i gcrích an IW a athstruchtúrú in dá shruth.

- Punann Bonneagair a chuimsíonn tionscadail mhóra uisce agus fuíolluisce, ionaid chóireála agus líonraí araon
- Soláthar Caipitiúil lena gcuimsítear líon níos mó d'idirghabhálacha beaga a chur i bhfeidhm trína ndíreofar ar réimsí sonracha nó cuacha sócmhainne



I rith 2017 críochnaíodh Scéimeanna Soláthair Uisce Réigiúnacha na Cúirte Dóite agus an Fhiodh Aird.

Tionscadal Bonneagair Uisce Éireann (cuid d'aighneacht IW (IP2) do CER)

A. Scéimeanna á dtógáil	Ainm an Chonartha	Comhairleoir	Conraitheoir	Stádas reatha na Scéime
Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh	Caomhnú Uisce Céim 3 Baile an Aonaigh	JB Barry	Balfour Beatty	Conradh idir lámha.
Scéim Séarachais an Aonaigh	Líonra Fuíolluisce an Aonaigh Réamhoibreacha	JB Barry	Balfour Beatty	Conradh idir lámha.
Caomhnú Uisce Céim 3 SSUR Fhíodh Ard	SSUR Fhíodh Ard Athshlánú Líonra agus Réamhscéim Séarachais Fhíodh Ard	Ryan Hanly	David Walsh Civil Engineering	Scéim nach mór críochnaithe.
SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala (Réamhoibreacha)	Príomhphíobán & Tollpholl na Gráige Conradh Uimh.3	Nicholas O'Dwyer	Wills Bros.	Scéim nach mór críochnaithe.
SSUR Dhurlas Conradh 2 (ICU & píblínte)	Iontógáil Clodiagh Réamhoibreacha	Nicholas O'Dwyer	Glan Agua Limited	Scéim nach mór críochnaithe.

Scéimeanna ag an gcéim Réamhthógála / Deartha	Ainm an Chonartha	Stádas reatha na Scéime
SSU Bhaile Chluain Meala (Réamhoibreacha)	Stóráil Thuaidh ó Chluain Meala agus Píblínte	Nicholas O'Dwyer mar Chomhairleoir. Ag céim bhronnadh an chonartha.
Conradh SSUR Dhurlas 2 DTO Ionad Cóireála Uisce (ICU) & píblínte bhóthar na Mainistreach	SSUR Dhurlas Conradh 2 DTO Ionad Cóireála Uisce & píblínte	Nicholas O'Dwyer mar Chomhairleoir. Ag céim bhronnadh an chonartha.
SSUR Ard Fhíonáin/na Cúirte Dóite	Oibreacha M&E Fuarán Bhaile Uí Lúbaigh agus na Cille Rua	JB Barry ceaptha mar chomhairleoir. Athbhreithniú ar an dearadh ar siúl.
SSU Bhaile agus Tuath Chluain Meala (RTT & Ordú um Astarraingt Uisce)	SSU Bhaile & Tuath Chluain Meala –ICU, Taiscumair, Oibreacha Iontógála agus Píblínte Conradh DTO	Ceapadh Nicholas O' Dwyer mar chomhairleoir. Dearadh ar siúl.
Scéim Séarachais Ros Cré	Plean Limistéir Draenála	Jacobs Engineering ceaptha mar Chomhairleoir. Réamhshuirbhéanna ar siúl.
Scéim Séarachais Dhurlas	Plean Limistéir Draenála	Jacobs Engineering ceaptha mar Chomhairleoir. Réamhshuirbhéanna ar siúl.
Scéim Séarachais an Aonaigh	ICFU & Uasghrádú Líonra	ARUP Engineering ceaptha mar Chomhairleoir. Dearadh ar siúl. RLC (Rannpháirtíocht Luath Conraitheora) molta ag IW.
Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhéal an Átha	Measúnú ar uasghrádú ICFU	RPS Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Ionad Cóireála Fuíolluisce an Phoirt Nua	Measúnú ar uasghrádú ICFU	RPS Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Ionad Cóireála Fuíolluisce Chaisil	Measúnú ar uasghrádú ICFU	RPS Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Ionad Cóireála Fuíolluisce Fhíodh Aird	Measúnú ar uasghrádú ICFU	RPS Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Thioibraid Árann	Measúnú ar uasghrádú ICFU	RPS Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
Ionad Cóireála Fuíolluisce Chathair Dúin Iascaigh	Measúnú ar uasghrádú ICFU	RPS Engineering ceaptha mar Chomhairleoir.
C. Scéimeanna á n-Athbhreithniú ag IW		
ICU Ghlaise an Ghuail - Foinse nua		Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe
Uasghrádú ar SSUR Fhíodh Aird Tobair Mullinbawn		Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe

CLÁIR SOLÁTHAIR CHAIPITIÚIL UISCE ÉIREANN

Tá na cláir leanúnacha seo ceaptha chun tosaíocht a thabhairt do chaiteachas ar bhealach chomh héifeachtach agus is féidir, chun aithint cad iad na háiteanna is mó ina bhfuil cistiú ag teastáil trí dhírú ar riocht agus feidhmíocht shonrach sócmhainní, bunchúiseanna fadhbanna a aithint agus déileáil leo siúd. Déileálann an clár le saincheistanna mar cháilíocht uisce, fáil uisce, S&S, comhlíonadh rialála (GCC), baol don tsláinte phoiblí agus don chomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus leibhéil seirbhíse a choimeád trí dhéileáil le sócmhainní atá ag tearcfheidhmiú.

Déanann Uisce Éireann athbhreithniú ar na tionscadail go léir a gcuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar aghaidh sula bhfaomhtar iad.

Soláthar Phunann Líonraí (Uisce)

Tá Creat Conraitheoirí nua bunaithe ag IW chun dul in ionad na gCreat reatha.

Tá Shareridge Ltd. ceaptha ag IW go réigiúin an Mheániarthair lena n-áirítear Tiobraid Árann, Luimneach & an Clár.

Áirítear an méid seo a leanas le raon feidhme na seirbhísí atá clúdaithe ag an gcreat seo

- Leagan Príomhphíobán agus Seirbhíse
- Obair Athchóirithe Líonra faoi Thalamh
- Athsholáthar Luaidhe i gClóis
- Bunú DMA
- Oibreacha PRV
- Mionoibreacha lena n-áireofar
- Deisiú Ligean, Oibreacha Luaidhe ar Thaobh Poiblí agus Méadrú
- Loch Crotty, Carraig na Siúire 5km ag an gcéim tógála
- Cuireadh tús le hoibreacha deartha chun na príomhphíopaí a athsholáthar i mBaile Bhéal an Átha

Clár Stórála d'Uisce Cóireáilte

Cheap IW na Comhairleoirí RPS chun cabhrú leo dul ar aghaidh le measúnú, dearadh, pleanáil, soláthar agus riarachán/mairseacht tógála a gcuid taiscumar stórála um uisce cóireáilte le haghaidh scéimeanna soláthair uisce phoiblí ar fud an deiscirt. Is iad na sé láithreán faofa i dTiobraid Árann ná Stáisiún Caidéil Lothra/an Eannaigh, Cnoc an Tobair, An Bhuaile Dhubh, Tuaim Uí Mhéara, An Drom Rua & Fiodh Ard.

Soláthar Phunann Líonraí (Fuíolluisce)

Tá IW ag fáil Conraitheoirí faoi láthair chun oibreacha athchóirithe don líonra séarach a dhéanamh mar chuid de na Tionscadail Athchóirithe Séarach. Déanfar raon feidhme na n-oibreacha laistigh de gach conradh réigiúnach, a shainiú diaidh ar ndiaidh trí hionchur ó Innealtóirí ÚÁ, suirbhéanna CCTV etc. chun riachtanais uasghrádaithe a aithint agus a chur in ord tosaíochta.

Oibreacha ar Ionraoin Fhuíolluisce, Umar Stoirme agus Clár Sloda

Tá IW ag fáil Comhairleoirí faoi láthair chun roinnt láithreáin ICFU a mheasúnú d'fhonn féachaint arbh fhiú dul ar aghaidh le hoibreacha ionraoin nua, umar stoirme agus cóireáil sloda a sholáthar (meascán díobh seo) le hoibriú ionaid a fheabhsú. Is iad na láithreáin atá aitheanta ná Buiríos Uí Chatháin, Cill Sóláin, Mainistir na Croiche, Muileann na hUamhan agus Acomhal Luimnigh.

Clár um Ionaid Shatailíte do Dhí-uisciú Sloda

D'fhostaigh IW Jacobs Consultants chun measúnú a dhéanamh ar roinnt ionaid ICFU chun a n-oiriúnacht d'Ionad Satailíte um Dhí-uisciú Sloda a mheasúnú. Táthar i mbun sonraí a bhailiú faoi láthair.

Is é atá i gceist leis an gClár IDS ná measúnú agus staidéar indéantachta a dhéanamh ar 15 láithreán ar fud na tíre (Durlas & Ros Cré san áireamh) agus ionaid tosaíochta a chur ar aghaidh chuig an gcéim tógála.



Sócmhainn phobail den scoth atá sa GSU agus bainfidh na Bail tairbhe aisti ar feadh na mblianta fada. Tagann 39 GSU laistigh de cheanglais an Aontais Eorpaigh, na Rialacháin Uisce Óil, 2014.

Cláir Eile

Clár	Ainm an Tionscadail	Stádas Reatha na scéimeanna faofa
Díghalrú ar fud an Chontae. Clár i gcomhpháirt le Luimneach	43 láithreán ar fud an Chontae	IW le conraitheoir a cheapadh
Clár monatóireachta & Athchóirithe um Shreabhadh Líonra	Scéim OPW an Teampaill Mhóir	Tá IW ag athbhreithniú thuarascáil Tobins maidir leis na roghanna chun bonneagar Uisce Éireann a atreorú.
Clár monatóireachta & Athchóirithe um Shreabhadh Líonra	Stáisiún caidéil Bhaile Uí Lachnáin	Cheap IW RPS le measúnú a dhéanamh.
Monatóireacht & samplán sreafa in ICFUnna	Láithreáin Thuaidh	CCTÁ le sonraí a sholáthar
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Cill Rois go Ragg, Tullys Cross go Cnocán an Éin Fhinn, Beggars Seat	Thosaigh an Conraitheoir i mí Eanáir 2017
Monatóireacht & samplán sreafa in ICFUnna	Láithreáin Theas	Oibreacha nach mór críochnaithe - Sierra
Caomhnú Uisce Aimsigh & Deisigh	Baile Thiobraid Árann	Oibreacha faoi Shareridge anois.
Uasghrádú ICU	ICU Ghailtí umar flocasúcháin nua	Chuir Veoila tús leis an gconradh.
Clár toraidh thapa	ICFU Lios Fearnáin - ICW	Dearadh ar siúl. SI déanta.
Clár um Feabhsú Beag ar ICFU	ICFU Mhuileann na hUamhan	Muileann na hUamhan - Tairiscint idir lámha
Oibreacha Uasghrádaithe ar Ábhar Foirgnimh	ICU Dhún Droma	Sceideal oibreacha ullmhaithe ag IW.
Forbairt tollphoill agus oibreacha sibhialta	Glaise an Ghuail	IW le hathbhreithniú a dhéanamh
Caomhnú Uisce Athchóiriú	Uasghrádú ar fud an contae go PRVanna	Tabharfaidh conraitheoirí cuairt ar láithreáin chun an tairiscint a ullmhú
Díghalrú ar fud an Chontae. Clár i gcomhpháirt le Luimneach	43 láithreán ar fud an Chontae	Uisce Éireann i mbun athbhreithnithe ar thairiscintí.
HSQE	Clár uisce	Ar siúl
HSQE	Clár fuíolluisce	Ar siúl


Caomhnú Uisce

2017 SLA KPI	Leabhar Sonraí Nollaig 2017
UFW a choimeád ag 51.20% le OPEX Baineadh amach coimeád UFW níos ísle tar idirghabháil CAPEX	50.79% nó 32,675m ³ /lá (49.72% nó 31,493m ³ /lá - D.F. 17)

Tá an figiúr bonnlíne um ídiú uisce aontaithe anois idir IW agus CCTÁ.

Tá CCTÁ ag baint úsáide as an modh IW anois chun UFW a ríomh.

Tá IW ag baint úsáide anois as ídiú aonad réadmhaoine tí de 395/lá/aonaid réadmhaoine/lae. Rinne IW an figiúr sin a ríomh bunaithe ar léimh méadar tí.



AN CLÁR UISCE TUAITHE 2017

Déanann laochra cearta an phobail, Baill Choiste Dheonaigh um Ghrúpscéim Uisce freastal ar a GSU gan sos gan scíth ar feadh tréimhsí fada.

Sa phictiúr anseo tá William Champion, eiseamláir, agus Paschal Norton, Cathaoirleach GSU Fhionnúrach - Inse Uí Ruaire ag déanamh comhghairdis leis tar éis do Willie dul ar scor óna phost mar Chisteoir GSU. Chaith Willie 40 bliain i mbun seirbhíse dá phobal - Míle buíochas! Sócmhainn phobail den scoth atá sa GSU agus bainfidh na Baill tairbhe aisti ar feadh na mblianta fada. Téann flaithiúlacht, saineolas agus tiomantas ár gcomhghleacaithe deonacha GSU i bhfeidhm go mór gach lá ar Fhoireann Uisce Tuaithe Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus spreagann sé muid. Tuigeann Coistí GSU dáiríreacht a róil mar tháirgeoirí bia agus na freagrachtaí a thagann chun cinn dá barr sin.

Arís eile i 2017 dhírigh muid ar Cháilíocht Uisce Óil do GSUanna agus do Thoibreacha Príobháideacha agus ar bhainistíocht agus oibriú éifeachtach GSUnna i dThiobraid Árann a fheabhsú. Agus é sin i gcuimhne againn bhain muid leas as na Scéimeanna Deontas a sonraíodh mar seo a leanas.

Tagann 39 GSU laistigh de cheanglais an Aontais Eorpaigh, na Rialacháin Uisce Óil, 2014. Agus Sceideal Monatóireachta Beartaithe i bhfeidhm déanann an Chomhairle monatóireacht ar na soláthairtí uisce sin i rith na bliana. Is é ráta comhlíontachta Thiobraid Árann do 2017 ná 97% agus aon Fhógra Fiuchta Uisce amháin curtha i bhfeidhm ar feadh tréimhse gairide. Tá sé tábhachtach ach go háirithe cloí leis an ráta ard comhlíontachta d'uisce óil i GSUnna Thiobraid Árann. Cuirtear Deontais Chaipitil ar fáil do GSUnna faoin gClár Uisce Tuaithe Bearta 1 don chuspóir sin.



Fíor 1 Paschal Norton, Cathaoirleach GSU Fhionnúrach-Inse Uí Ruaire ag déanamh comhghairdis le Willie Champion agus é imithe ar scor ó Choiste GSU.



Tionscadail Uisce Tuaithe 2017.

Sholáthair an Clár Uisce Tuaithe 2017, €506,566 le haghaidh feabhsúcháin ar bhonneagar GSU. Agus iad ag obair le chéile, rinne Coistí GSU, an Chomhairle, an DHP&LG agus Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpsceimeanna Uisce lear mór oibre i 2017. Sonraíonn méadú 11% ar chistí infheistithe i gcomparáid le figiúir 2016 an méid oibre a rinneadh. Rinne 34 GSU Tionscadail faoi na ceanteidil thíos.

- soláthar áiseanna cóireála agus díghalraithe (€107,736), (Beart 1);
- bearta um chosaint foinse (€22,100);
- athchóiriú agus uasghrádú córas dáilte (€368,026.26)
- Staidéar Indéantachta ar Thógáil i gCúram ag Uisce Éireann, Malgamú, Cuíchóiriú ar GSU, €9,963.63; agus
- Nuálaíocht agus taighde (€3,696.23).



Fíor 2 Coiste GSU Chill Bharráin, foireann NFGWS, Daltaí agus Príomhoide S.N. Chill Bharráin agus Baill Foirme Uisce Tuaithe Thioibraid Árann agus iad ar cuairt ar Theach Caidéil Chill Bharráin i Meán Fómhair 2017.

Chun Coistí a chothú don todhchaí, meas ar an uisce a chothú agus feacht a mhéadú faoi chaomhnú, thug an Fhoireann Uisce Tuaithe, NFGWS agus Coistí GSU cuairt ar 6 Scoil Náisiúnta i dThioibraid Árann. Tá na Scoileanna sin ina mBaill de GSU. Inár gcuartheanna go léir bhí muid ag plé le daltaí agus baill foirne díograiseacha agus tá tús curtha le díograis leis an dúshlán “Beat the Shower Timer”. Tá ár gcuid daoine óga ag scaipeadh na teachtaireachta chuig a dteaghlai gh féin agus chuig na daoine timpeall orthu agus tá muid buíoch as a gcabhair.

An Coiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe

Bhí 3 chruinniú ag an gCoiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe i 2017. Is é cuspóir an Choiste ná cabhrú le cur chuige struchtúrach i dtreo na hoibre atá á déanamh faoin gClár um Uisce Tuaithe.

Agus 14 bhall air, léiríonn an Coiste leas grúpa leathain, mar seo a leanas:

- 5 Comhairleoirí Contae;
- 3 Ionadaithe GSU;
- 2 Ionadaithe ar eagraíochtaí tuaithe sa chontae;
- Aon Ionadaí amháin ó NFGWS; agus
- 3 Oifigeach Comhairle.

I gcomhar leis an RWMC, déanann an Chomhairle iarratas ar an DoHPCLG i mí Eanáir um maoiniú bloodheontais don bhliain dar gcionn. Ba í 2017 an dara bliain de Chlár Ilbhliantúil 2016 – 2018. D'iarradh cistí i mí Eanáir.

Fóirdheontas Bliantúil Cothabhála.

Iarrtar ar GSUnna iarratas a dhéanamh ar an bhFóirdheontas Bliantúil Cothabhála chun cabhrú le caiteachas laethúil an GSU. Cabhraíodh le 66 GSU faoin bhFóirdheontas sin, i 2017, (€325,369.32).

Deontais chun soláthar uisce aonair a chur ar fáil do theach nó feabhsú riachtanach a dhéanamh air:

Faoin Scéim seo is féidir cúnaimh a thabhairt do dhaoine a bhfuil soláthar uisce príobháideach acu. Díreann ar cháilíocht agus sholáthar uisce. I rith 2017, cuireadh spéis fós sa scéim; fuarthas 66 hiarratas agus d'fhaomhadh 46cinn. Íocadh 50 Deontas le hiarratasóirí agus íocadh 83% astu siúd ag an uasráta de €2,031.58. Infheistíodh €93,204.15 san iomlán sa phobal trí mheán an Deontais sin. Is í an Chomhairle atá freagrach fós as an mbeart a riar. Aisíocann an DoHPLG deontais arna n-íoc.

Deontais iníoctha de bhun na Rialacháin ar chórais cóireála fuíolluisce tí (Cúnaimh Airgeadais) 2013:

Fuarthas, faomhadh agus íocadh aon Iarratas amháin i 2017. Ba é an caiteachas faoin scéim ná €4,000. Níl an scéim seo treoirithe ag éileamh agus tá sé na dírithe ar na ceantair is mó ina bhfuil cáilíocht uisce i mbaol. Tugtar an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil fógra fúthu siúd don Chomhairle gach bliain. Is í an Chomhairle atá freagrach fós as an scéim seo a riar. Aisíocann an DoHPCLG deontais.

Deontais Iníoctha faoi na Rialacháin um Leasúchán Luaidhe Baile (Cúnamh Airgeadais) 2016 (I.R Uimh.56 de 2016).

Faoin Scéim Deontas seo fuarthas 2 hiarratas, rinneadh iad a mheasúnú agus d'fhaomhadh Deontais. Íodadh €4,500 faoin Scéim. Is í an Chomhairle atá freagrach fós as an scéim seo a riar agus aisíocann an DoHPLG Deontais.



Ag oscailt DTO Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Fhiodh Ar, Ionad Cóireála Uisce, sa Chloichreán, An Cluainín, Cluain Meala, a reáchtáladh ar an 31 Márta 2017 i gClub Spóirt agus Sóisialta an Chluainín, An Cluainín, Cluain Meala bhí: Sna suíocháin tosaigh (C-D): An tUas. Joe MacGrath, Príomhfheidhmeannach; an Cmhlr Louise McLoughlin, Leas Chathaoirleach; An tUas. Simon Coveney, TD, An tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; agus an tUas. Jerry Grant, Stiúrthóir Bainistíochta, Uisce Éireann. Ar Cúl (C-D): An Cmhlr John Fahey; An Cmhlr Marie Murphy, Cathaoirleach of the An Coiste Beartais Straitéisigh don Chomhshaol agus do Sheirbhísí Uisce; an Cmhlr Eddie O'Meara; an tUas. Tom Hayes, iar-TD agus iar-Aire Stáit; An Teachta Dála Michael Lowry; An Teachta Dála Mattie McGrath; An Teachta Dála Alan Kelly; An Cmhlr Michael FitzGerald; agus an Cmhlr Imelda Goldsboro



Ag nochtadh leaca chuimhneacháin ar an 3 Márta, 2017 san ionad cóireála uisce, atá suite sa Chuileannach, an Chúirt Dóite, Cathair Dúin Iascaigh a fhreastalaíonn ar DTO Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach na Cúirte Dóite bhí (C-D): An Cmhlr Martin Lonergan; An Cmhlr Pat English; An Cmhlr Siobhán Ambrose, Cathaoirleach; An tUas. Damien English, TD, Aire Stáit sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus freagracht air as Tithíocht agus Pleanáil; An Cmhlr Marie Murphy, Cathaoirleach ar an gCoiste Beartais Straitéisigh don Chomhshaol agus do Sheirbhísí Uisce; An Cmhlr Louise McLoughlin, Leas Chathaoirleach; agus an Cmhlr Eddie O'Meara





OIFIG UISCÍ AGUS POBAL AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL (LAWCO)

Bunaíodh LAWCO i 2016 mar sheirbhís roinnte do na 31 Údarás Áitiúil agus déanann Comhairlí Contae Thiobraid Árann agus Chill Chainnigh combhainistíocht air. Leagtar cúram air as gníomhaíochtaí Údaráis Áitiúil a chomhordú de réir mar a éilítear faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce) 2014 agus faoi Chreat-treoir Uisce an AE. Tá LAWCO ag cur chun cinn rannpháirtíocht an phobail i mBainistíocht Abhantraí ar leibhéal áitiúil agus ag tacú léi.



 Cruinniú poiblí RBMP, an tAonach, Meitheamh 2017



 Féile na hAbhann Carraig na Siúire Meitheamh 2017 (Féile na nDeartháireacha Clancy)

Tá freagracht roinnte ar an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG), ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus ar Údarás Áitiúla (ÚÁna) as Creat-treoir Uisce (CTU) an AE a chur i bhfeidhm.

Chun cabhrú le cuspóirí an CTU a chomhlíonadh tá LAWCO ag comhordú líonraí idirghníomhaireachta idir údarás áitiúla agus eagraíochtaí poiblí i gcúig réigiún; Réigiún na Teorann, an Lár Tíre & an t-Oirthear, an t-Iarthar, an t-Oirdheisceart agus an t-Iardheisceart.

Suíonn bainisteoirí sinsearach ó ÚÁna, ón GCC agus ó LAWCO ar chúig Choiste Réigiúnach um Bainistíocht Uisce agus Comhshaoil chun aontú ar chláir oibre an CTU. Ansin aistrítear eolas ó na coistí sin siar chuig na ÚÁna faoi seach le scaipeadh.

Déantar ionadaíocht ar bhaill foirne ó na ÚÁna, ó ghníomhaireachtaí poiblí agus LAWCO ar chúig Choiste Oibriúcháin Réigiúnach áit a roinntear eolas agus a ndéantar comhordú ar leibhéal abhantraí.

I rith 2017 leagadh cúram ar LAWCO as an gcomhchomhairle phoiblí ar an Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí le haghaidh Éireann 2018-2021 a stiúradh. Chuige sin reáchtáladh 123 cruinniú rannpháirtíochta poiblí ar fud na 31 ÚÁ ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh. Fuarthas aighneachtaí faoin dRBMP i gcrua-chóip agus ar líne trí láithreán gréasáin LAWCO. Fuair LAWCO 956 aighneacht áitiúil san iomlán agus ansin rinneadh iad a thiomsú agus a chur faoi bhráid an DHPLG mar bhonn eolais don RBMP.

Reáchtáladh ceardlanna ar thréithriú abhantraí i rith shamhradh 2017, agus iad éascaithe ag LAWCO agus an GCC. Ar an mbealach sin roinnt baill foirne ó ÚÁna agus gníomhaireachtaí poiblí eolas sonrach faoin mbrú a théann i bhfeidhm ar réimsí uisce faoi leith. Tríd an bpróiseas sin rinneadh liosta de Cheantair Mholta um Ghníomh (CMG) chun na hacmhainní atá ar fáil a dhírú orthu le linn thréimhse an RBMP. Reáchtáladh seisiún comhchomhairle poiblí eile faoin CMG i mí Dheireadh Fómhair chun deis a thabhairt do bhaill den phobal agus do chomhaltaí tofa aighneachtaí a dhéanamh.

I rith 2017 lean LAWCO ar aghaidh ag ardú feasachta agus ag plé le pobail áitiúla. Tá an dáréag Oifigeach Uisce Pobail ag tacú le rannpháirtíocht an phobail i gcosaint agus i mbainistíocht sruthanna, aibhneacha agus lochanna áitiúla ar fud an chontae ar fad. Leagtar béim ar an méid sin le tionscnaimh náisiúnta mar an 'Lá Oidhreachta Uisce', a reáchtáladh i rith Sheachtain na hOidhreachta 2017 i gcomhar leis an gComhairle Oidhreachta agus leis an dámhachtain speisialta 'Uisce agus Pobail' faoi Bhailte Slachtmhara ar cuireadh tús leis i 2017 mar chomhiarracht idir LAWCO, Uiscebhealaí Éireann agus Iascaigh Intíre Éireann.

Tuigeann grúpaí pobail agus leasanna áitiúla gnó go mbaineann tairbhe le hoibriú le chéile ar leibhéal abhantraí chun réimsí uisce áitiúla a chosaint agus a bhainistiú, agus tá Iontaobhais Abhann nó Grúpaí Abhantraí ag teacht chun cinn i go leor áiteanna sa tír, agus tacaíocht acu ó LAWCO agus Údarás Áitiúla.

Rachaidh foireann nua de 35 eolaí le LAWCO i 2018 chun tacaíocht a thabhairt d'Údarás Áitiúla, don GCC agus do ghníomhaireachtaí poiblí agus iad ag cur i bhfeidhm an 2ú timthrialla den Phlean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn agus an clár beart.




An Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí (dRBMP) d'Éirinn 2018-2021. Reáchtáladh 123 cruinniú rannpháirtíochta poiblí ar fud na 31 ÚÁ ar leibhéal Ceantair Bhardasaigh.



COSAINT SHIBHIALTA

Is seirbhís éigeandála dara líne é Cosaint Shibhialta a thugann tacaíocht do na Príomhghníomhaireachta Freagartha i gcásanna Éigeandála. Áit is féidir tabharfaidh Cosaint Shibhialta tacaíocht agus cúnamh do Phobail áitiúla le cumhdach Garchabhrach agus Otharchairr a sholáthar chun tacú le himeachtaí staire, cultúir agus spóirt.



Bliain an-ghnóthach agus an-rathúil ab ea 2017 do Chosaint Shibhialta Thiobraid Árann. Leantar ar aghaidh ag traenáil ár saorálaithe nua iloilte ar fud an Chontae sna háiteanna seo: An tAonach, Cluain Meala, Baile an Gharraí, Béal Átha Póirín, Cill Chaise, Cill Náille, Carraig na Siúire agus an Bháinseach. Déantar traenáil ag Teagascóirí Cáilithe atá deimhnithe ag an gColáiste Cosanta Sibhialta agus ag gníomhaireachtaí seachtracha faofa mar an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna, QQI, an tÚdarás Sábháilteachta Bia agus Rescue 3.

Ghlac Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann sna Comórtais Réigiúnacha Il-Scile agus bhí an bua acu iontu; reáchtáladh i Luimneach na comórtais agus iad eagraithe ag an gColáiste Cosanta i Ros Cré. Ghlac foirne ó Chiarraí, ón gClár, ó Luimneach agus Chill Mhantáin páirt ar an lá. Rinneadh tástáil ar eolas na saorálaithe ar chuardach & tharrtháil, Thaismeach, cumarsáid, agus ceannaireacht. Bhí catagóir speisialta sa chomórtas do chulaith éide, feisteas agus druil choise a raibh an bua ag Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann inti freisin.

Mar a rinneadh sna blianta roimhe d'fhreagair Cosaint Shibhialta do dhrochaimsir agus bhí criú ar fáil acu le cabhrú le pobail áitiúla agus leis na príomhghníomhaireachtaí freagartha ar fud an Chontae go háirithe le Stoirm Ophelia



Ceann de phríomhghníomhaíochtaí na Cosanta Sibhialta cuardach agus aisghabháil daoine ar iarraidh. Chabhraigh Cosaint Shibhialta leis na Gardaí arb iad na gníomhaireachtaí treoracha do dhaoine ar iarraidh chun roinnt daoine a chuardach agus nó a aisghabháil le linn roinnt cuardach san uisce agus ar talamh. Seirbhís fhíorthábhachtach é sin a cuireadh ar fáil ag Cosaint Shibhialta agus tá ardmholadh ag dul do na saorálaithe a thugann iad féin d'obair chomh speisialaithe sin.

I 2017 d'eagair an Coláiste Cosanta Sibhialta searmanas speisialta chun gealltanais seirbhíse fada saorálaithe do Chosaint Shibhialta a aithint. Ba i bPáirc an Chrócaigh a reáchtáladh an searmanas agus bronnadh boinn ar Shaorálaithe a raibh 40 bliain agus 30 bliain caite acu i mbun seirbhíse do Chosaint Shibhialta agus dá bPobail áitiúla. Bhí ionadaíocht láidir ag Cosaint Shibhialta ag an imeacht sin agus 3 ball ag fáil bonn as 40 bliain de sheirbhís agus 15 bhall ag fáil bonn as 30 bliain de sheirbhís. Ócáid an-speisialta ab ea sin do na bail. Ba é an tAire Paul Keogh a bhronn na boinn. I 2017 choimisiúnaigh Rialtas na hÉireann bonn cuimhneacháin speisialta do 1916 a bronnadh ar gach ball de Chosaint Shibhialta a bhí gníomhach i 2016. Bronnadh na boinn sin ar shaorálaithe ag searmanais áitiúla



Tugann Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann tacaíocht láidir d'imeachtaí a eagraíonn comhpháirtíocht spóirt an údaráis áitiúla, músaem, ionaid Ealaíne agus imeachtaí cultúrtha.




Tá Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann i measc ceithre Chontae ar fud na tíre ag a bhfuil aonad Madraí cuardaigh agus tarrthála (K9) chun cabhrú le daoine ar iarraidh a Chuardach. Braitheann an madra i dThiobraid Árann, Scooby, an t-aer agus oibríonn sé taobh lena láimhseálaí Mark. Tá na haonaid K9 ar fud na Tíre tacaíthe go láidir ag an gColáiste Cosanta Sibhialta a chuir feithicil shaincheaptha ar fáil i 2017 chun an madra agus an láimhseálaí a iompar áit nach mór dóibh freastal ar áit cuardaigh. Is sócmhainn an-úsáideach sin dár gcumas cuardaigh. Tá na madraí traenáilte agus deimhnithe de réir caighdeáin an-ard.



Leanann Cosaint Shibhialta Thiobraid Árann ar aghaidh ag tacú le himeachtaí pobail agus carthanais ar fud an Chontae agus iad ag soláthar sheirbhísí Gharchabhair agus iompar Otharchairr. I measc cuid de na himeachtaí móra ar tugadh tacaíocht dóibh bhí an feachtas rothaíochta in aghaidh féinmharú, Classic an Aonaigh, rothaíocht idirnáisiúnta trí lae na Siúire, Seó Capall Chluain Meala, Seó Talmhaíochta an Ghoirtín. Ina theannta sin leanadh ar aghaidh ag tacú le soláthar iompair do ghrúpaí Daoine Breacaosta agus le béilí ar rothaí.



Buíochas ó chroí le saorálaithe Chosaint Shibhialta Thiobraid Árann as a ndíograise, a ngealltanais agus a ngairmiúlacht ina gcuid oibre go léir.



CEANTAIR BHARDASACHA

☑ CEANTAR BARDASACH
CHARRAIG NA SIÚIRE

☑ CEANTAR BARDASACH
CHAISEAL-THIOBRAID
ÁRANN

☑ CEANTAR BUIRGE
CHLUAIN MEALA

☑ CEANTAR BARDASACH
AN AONAIGH

☑ CEANTAR BARDASACH AN
TEAMPAILL MHÓIR-
DHURLAS



CEANTAR BARDASACH CHARRAIG NA SIÚIRE

CATHAOIRLEACH AGUS LEASCHATHAOIRLEACH



 An Cmhlr John Fahey ó Cheantar Bardasach Charraig na Siúire

Toghadh an Cmhlr John Fahey mar Chathaoirleach ag Cruinniú Ginearálta Bliantúil na gComhaltaí Ceantair Bhardasaigh ar an 22 Meitheamh, 2017. Chuaigh an Cmhlr Fahey in ionad an Cmhlr Imelda Goldsboro, a bhí ina Cathaoirleach ó 2016.

Toghadh an Cmhlr Louise McLoughlin mar Leaschathaoirleach.



COMHLÍONADH FHEIDHMEANNA CEANTAIR BHARDASAIGH

I 2017, reáchtáil na Comhaltaí Ceantair Bhardasaigh cruinniú ginearálta bliantúil agus aon cheann déag de chruinnithe míosúla.

Freisin reáchtáil na Comhaltaí dhá chomhchruinniú leis na Comhaltaí Tofa le haghaidh Cheantar Bardasach Bhaile an Phoill in aice i gContae Chill Chainnigh chun saincheisteanna comhleasa a phlé, agus dhá chruinniú den choiste slándála leis an nGarda Síochána.

Ghlac na comhaltaí le Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha, ar luach iomlán €5.4 milliún, agus d'fhéach siad thar chur i bhfeidhm an sceidil. Chuimsigh an Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha cothabháil agus mionfheabhsú an stoc tithíochta sóisialta sa cheantar, cothabháil agus feabhsú an líonra bóithre, athchóiriú droichead agus cothabháil spásanna oscailte.

I measc oibre móire a rinneadh sa cheantar bhí atógáil dhroichead iarnróid an N24 i gCarraig na Siúire, críochnú an obair athchóirithe ar an Seandroichead i gCarraig na Siúire, oibreacha athchóirithe ar Dhroichead na gCúig Súl, Droichead na n-oileán, agus críochnú oibre chun tuilte a chosc i Muileann na hUamhan. Críochnaíodh oibreacha feabhsúcháin baile i gCarraig na Siúire, Muileann na hUamhan, Dumhach Aille, An Dronngán agus an Cluainín. Rinneadh obair neartúcháin ar na 13.5 ciliméadar de líonra bóithre, agus rinneadh obair athdhromchlaithre ar 16.6 ciliméadar den líonra.

Bhí an Gormbhealach idir Carraig na Siúire agus Cluain Meala ar Chosán Tarraingthe Abhainn na Siúire nach mór críochnaithe i rith na bliana, agus osclaíodh do shiúlóirí agus rothaithe é. Tabharfar faoi roinnt mionoibreacha, lena n-áirítear comharthaí nua chun an scéim a chur chun cinn, in am is i dtráth.



 Síniú an chonartha d'Oifigí Ceantair Bhardasaigh nua

Síníodh an conradh chun na hOifigí Ceantair Bhardasaigh a mhéadú agus a athchóiriú i mí Bhealtaine, agus cuireadh tús le hobair go luath ina dhiaidh sin.

An bhliain chéanna osclaíodh arís Caisleán Urumhan agus é athchóirithe i gCarraig na Siúire.

Ghlac an Ceantar páirt in óstáil Chuimhneachán an Ghorta Mhóir i dTeach an Chogaidh, Baile an Gharráin, ar an 30 Meán Fómhair, 2017. Tugadh faoi oibreacha bóthair móra roimh ré agus freisin chuidigh muid le Bainistíocht Tráchtá & socrúithe Páirceála

Ina theannta sin fuair na comhaltaí tuarascálacha ó gach Stiúrthóir Seirbhíse maidir le gníomhaíocht sa Cheantar, rinne siad breithniú ar 33 fhógra rúin agus bhí comhfheagras acu leis an nGarda Síochána, leis an Roinn Iompair, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Tarrtháil Abhann Charraig na Siúire, Garda Cóta na hÉireann, An Roinn Gnóthaí Tuaithe, Grúpa Othar an Oirthuaiscirt agus Oifig na n-Oibreacha Poiblí, Bus Éireann agus an t-Údarás Náisiúnta Iompair maidir le hábhar a bhaineann leis an gCeantar Bardasach.

CÚNAMH FAOI ALT 66 DEN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 2001

Chabhraigh Ceantar Bardasach Charraig na Siúire leis na comhlachtaí seo a leanas faoi Alt 66 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001:

Cumann Forbartha Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Chumann Forbartha Charraig na Siúire (CoSDA). Cuireann an Cumann Forbartha ionad oidhreacht ar fáil ar an bPríomhshráid i gCarraig na Siúire, ionad pobail sa Charraig Bheag, Carraig na Siúire agus tá sé rannpháirteach i go leor scéimeanna oiliúna sa bhaile.

Coiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €1,500 ar fáil do Choiste Forbartha Turasóireachta agus Eacnamaíochta Charraig na Siúire (COSTEDC). Tá ionadaithe ón Údarás Áitiúil, ón gComhlachas Gnó agus ón gCumann Forbartha ar an gcoiste. Tá plean straitéiseach ullmhaithe aige do Charraig na Siúire agus tá sé i mbun roinnt beart éagsúil chun an baile a chur chun cinn.

Banna Práis Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €1,900 ar fáil do Bhanna Práis Charraig na Siúire. Tá an Banna ann leis na blianta fada agus thug siad sé léiriú saor in aisce don phobal i 2015.

Coiste Fhéile Clancy

Cuireadh deontas €3,500 ar fáil do Choiste Fhéile Clancy. Reáchtáiltear an fhéile gach bliain i gcaitheamh trí lae ar dheireadh seachtaine an lá saoire bhainc i Meitheamh. San fhéile comóirtear na Deartháireacha Clancy a rugadh sa bhaile, agus tarraingítear na mílte duine chuici.

Coiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig Charraig na Siúire

Cuireadh deontas €500 ar fáil do Choiste Lá Fhéile Pádraig. Eagraíonn an coiste Paráid Lá Fhéile Pádraig gach bliain. Mar athrú, reáchtáladh an pharáid tar éis thitim na hoíche tráthnóna Lá Fhéile Pádraig. Buaicphointe don Pharáid ab iad Tarracóirí soilsithe Charraig na Siúire, agus taispeántas thinte ealaíne ina dhiaidh sin. Tharraing an imeacht thart ar mhíle duine.

Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh

Cuireadh deontas €15,000 ar fáil d'Ionad Spóirt Sheáin Uí Cheallaigh. Cuireann an t-ionad spóirt áiseanna ar fáil do shnámh agus do thraenáil fhisiceach agus tarraingíonn sé na mílte cuairteoir gach lá.

Coiste Bailte Slachtmhara

D'iarr Comhairle Contae Thiobraid Árann aighneachtaí ó chumainn bailte slachtmhara maidir lena gcuid pleananna le haghaidh 2015. Mar thoradh air sin, chinn Comhaltaí Cheantar Bardasach Charraig na Siúire ocht ndeontas déag a thabhairt mar seo a leanas:

Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	€2350.00
Cumann Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€2,350.00
Bailte Slachtmhara Ghlaise an Ghuail	€2,350.00
Coiste Shráidbhailte Slachtmhara & Reiligí an Chluainín	€2,350.00
Comhlachas Gnó Charraig na Siúire	€2,350.00
Coiste Bailte Slachtmhara Mhuileann na hUamhan	€2,350.00
Cumann Feabhsú Pobail Chill Náille	€1,000.00
Grúpa Pobail Bhaile an Iúir	€2,350.00
Forbairt Sráidbhaile Slachtmhair Chill Osta	€200.00
Bailte Slachtmhara Bhaile Uí Néill	€875.00
Bailte Slachtmhara Bhaile an Fhantaigh	€2,350.00
Bailte Slachtmhara an Drongáin	€2,350.00
Cumann Bailte Slachtmhara Fhaiche Ró	€2,350.00
Bailte Slachtmhara na gCoimíní	€2,350.00
Bailte Slachtmhara Ghráinseach Mhóicléir	€2,350.00
Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	€2,350.00
Cumann Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	€2,350.00
Bailte Slachtmhara Ghlaise an Ghuail	€2,350.00

Ba é luach iomlán na ndeontas do na Coistí Bailte Slachtmhara sa Cheantar Bardasach ná €37,325.



Deontais Phobail

D'iarr an Chomhairle Contae aighneachtaí ó chlubanna agus eagraíochtaí eile a chuireann áiseanna ar fáil, nó a ghabhann do thionscadail bunaithe sa phobal. I measc na dtionscadal ar cuidíodh leo bhí áiseanna nua, soilse Nollag, áiseanna spóirt agus mar sin de. Rinneadh deontais faoin scéim mar seo a leanas:

Grúpa nó Comhlacht	Míreanna ar Cuidíodh Leo	Méid
Bailte Slachtmhara Ghleann an Ghuail	Comharthaí Eolais	€1,500.00
Cumann Pobail Dhumha Aille	Páirc Imeartha	€1,000.00
Slieveardagh United	Páirc Sacair	€500.00
Lúthchleasaíocht Coolquin	Trealamh Spóirt	€350.00
Club Dornála St Nicholas	Athchóiriú	€2,850.00
An tUas. Tom Walsh	Foilsíú Leabhair	€900.00
Cumann Cónaitheoirí Arda an Chaisleáin	Cumann Cónaitheoirí	€650.00
CC an Chláirín	Cumann Cónaitheoirí	€625.00
Cumann Cónaitheoirí Bhaile Uí Loinsigh	Cumann Cónaitheoirí	€500.00
Cumann Cónaitheoirí Manor Gate	Cumann Cónaitheoirí	€700.00
Seó Dhumha Aille	Féile	€5,000.00
Cumann Cónaitheoirí Chluain Aird	Cumann Cónaitheoirí	€350.00
Cumann Cónaitheoirí Cluain Cregg	Cumann Cónaitheoirí	€500.00
Club Dornála Charraig na Siúire	Árachas agus Fónais	€350.00
Cumann Forbartha Fhaiche Ró	Árachas agus Fónais	€2,600.00
Grúpa um Feabhsú Pobail Chill Náille	Clár Fógraí	€535.00
Cumann Cónaitheoirí Pháirc Thigh an Mheáin	Cumann Cónaitheoirí	€350.00
Cumann Cónaitheoirí Deerpark	Cumann Cónaitheoirí	€500.00
Bailte Slachtmhara Chill Chaise	Trealamh	€500.00
Grúpa Athchóirithe Áth Eine	Trealamh	€400.00
Ionad Pobail Bhaile an Gharraí	Uasghrádú ar Áiseanna	€3,000.00
Coiste Spóirt Bhaile Phádraig	Fónais agus árachas	€750.00
Coiste Chlós Súgartha Bhaile an Gharraí	Uasghrádú ar Áiseanna	€3,000.00

Grúpa nó Comhlacht	Míreanna ar Cuidíodh Leo	Méid
Ionad Pobail Moyglass	Uasghrádú	€500.00
Club Lúthchleasaíochta Moyglass	Uasghrádú ar áiseanna	€1,000.00
Carrick Swans	Fónais agus árachas	€600.00
Club Cidhornaíochta Galteemore	Trealamh	€2,000.00
Cumann Gnó Charraig na Siúire	Soilse na Nollag	€10,000.00
John Croke, Muileann na hUamhan	Scéim Phéinteála	€950.00
Cumann Cónaitheoirí Ardán Uí Shúilleabháin	Scéim Phéinteála	€1,000.00
Colm O'Shea, Muileann na hUamhan	Scéim Phéinteála	€600.00
Comhairle Pobail Mhuileann na hUamhan	Scéim Phéinteála	€1,100.00
Suzanne Edwards, Muileann na hUamhan	Scéim Phéinteála	€550.00
Faiche Pobail Bhaile an Fhantaigh	Táillí Gairmiúla	€1,600.00
Ionad Spóirt Pobail Ghráinseach Mhóicléir	Costais Reatha	€1,000.00
Kilusty and Fethard Ballroom Ltd.	Costais Tosaithe	€700.00
Cumann Cónaitheoirí Ard Ailinn	Cumann cónaitheoirí	€750.00
Club Peile Carrick United	Costais Árachais	€500.00
Coiste Bainistíochta Lois Dubhail	Cumann cónaitheoirí	€500.00
Ionad Pobail Chill Chaise	Trealamh	€1,900.00
Comhairle Pobail Chill Osta agus Fhiodh Aird	Soilse na Nollag	€2,900.00
Grúpa um Feabhsú Pobail Chill Náille	Soilse na Nollag	€1,400.00
Cumann Cónaitheoirí Collins Park	Cumann cónaitheoirí	€340.00
Bailte Slachtmhara Bhaile an Gharraí	Soilse na Nollag	€500.00
Soilse Nollag Mhuileann na hUamhan	Soilse na Nollag	€1,000.00

Dámhachtainí na mBailte Slachtmhara

Reáchtáladh comórtas bailte slachtmhara do na coistí sa cheantar a ghlac páirt i gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Táirgeadh duaiseanna in dá chatagóir, ceann amháin le haghaidh lonnaíochtaí beaga, agus an ceann eile le haghaidh lonnaíochtaí móra.

Bronnadh duaiseanna don iontrálaí nua ab fhearr agus don fheabhas ba mhó ar mharcanna bronnta. Bronnadh duais freisin as an gcoiste a raibh an fheidhmíocht ab fhearr aige sa Cheantar Bardasach.

Reáchtáladh oíche dámhachtainí i Scoil Ruan, Cill Náille i mí na Nollag 2017. Tugadh dámhachtainí mar seo a leanas:

Gleann an Ghuail	Is mó feabhais, Catagóir A	€500.00
Cill Osta	Iontrálaí nua is fearr, Catagóir A	€500.00
Faiche Ró	Is mó feabhais, gach Catagóir eile	€500.00
Baile an Gharraí	Dara háit, gach Catagóir eile	€500.00
An Cluainín	An toradh iomlán is fearr, Gach Catagóir	€1,000.00



Ba é luach iomlán na ndeontas do na Coistí Bailte Slachtmhara sa Cheantar Bardasach ná €37.325.



CEANTAR BARDASACH CHAISIL - THIOBRAID ÁRANN

CORPARÁIDEACH

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann ar an 26 Meitheamh, 2017. Toghadh an Comhairleoir Michael Fitzgerald mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir John Crosse mar Leaschathaoirleach.

TOGHADH CATHAOIRLIGH



 An Cmhrl Michael Fitzgerald



 An Cmhrl John Crosse.





FÁILTITHE CATHRACH/FÁILTITHE/DÁMHACHTAINÍ

- A Soirse, Kristi Karelsohn, Ambasadóir na hEastóine ar Éirinn - Fáiltiú Cathaoirligh ar an 16 Márta, 2017.
- An tUas. William Barry, Oibrí Forbartha Pobail
- An tUas. Gerard Ryan, Uachtarán Chumann Beachairí na hÉireann
- An tUas. Michael Sweeney, Uachtarán Mhuintir na Tíre - Fáiltiú Cathrach ar an 12 Bealtaine, 2017.



Sa ghrianghraf ag an bhFáiltiú Cathrach do William Barry, Gerard Ryan agus Michael Sweeney. Ó chlé go deis: Ar Cúl An Cmhlr Michael Fitzgerald, Nora Sweeney, Mary Ryan, An Cmhlr Roger Kennedy, Cathaoirleach, Una Barry agus an Teachta Dála Jackie Cahill. Sa Ró Tosaigh: - Ó Chlé go Deis Michael Sweeney, Gerard Ryan agus William Barry.

Ag Fáiltiú an Chathaoirligh le haghaidh A Soirse, Kristi Karelsohn, Ambasadóir na hEastóine ar Éirinn.



Sa Chúl ó Chlé: - An tAth. Eugene Gerard, An tArd-Deagánach, Baile Thiobraid Árann, Aidan Finn, Innealtóir Ceantair, An Cmhlr John Crosse, Sna Suíocháin Tosaigh ó Chlé:- Clare Curley, Stiúrthóir Ceantair, M. McGivern, Riarthóir Ceantair, An Cmhlr Roger Kennedy, Cathaoirleach, A Soirse, Kristi Karelsohn, Ambasadóir na hEastóine, an Cmhlr Denis Leahy, Martin Quinn, Tipperary Peace Convention agus an Cmhlr Martin Browne

BÓITHRE

Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha

I bhFeabhra 2017 d'aontaigh na baill ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €5,851,325.00 i dtaobh Chothabháil Tithíochta, Feabhsúcháin ar Bhóithre; Glanadh Sráide; Cothabháil Reiligi agus Cothabháil Áiteanna Caithimh Aimsire

Ba iad na Príomhchláir a bhain tairbhe óna gcistiú ná:

- Neartú agus forleagan ar Bhóthar na Cloiche Léithe/ Graí an Rátha Dhuibh / Mainistir Áth Íseal/ Na Goirt Ghlasa & Crosaille/Bóthar Dhumhach Aille Caiseal/ Bhaile Uí Shíoda/Átha na Cairte/Imleach go Cuileann.
- Scaradh uisce stoirme ó chomhshéaraigh idir Aldi Plaza agus An Ára a laghdaigh an t-ualach chuig an Ionad Cóireála Séarachais faoi 40%.
- Oibreacha Deisiúcháin Tuitle - Sráidbhaile Chuilinn; Garrán na Fuinseoige; Cluain Abhla; Tobar Conghlais, An Gleann Gearr, Baile Thomáis, Baile an Teampaill agus Currach Marcaigh.
- Scéimeanna sábháilteachta ar chostas íseal i Lisbohane; Ceapach Raitín, Scallaichín agus Dún Droma.
- Athchóiriú Droichid ag Droichead Chluana.
- Athchóiriú dromchla in áiteanna éagsúla agus ina measc An Mhóin Ard, Solohead agus Bóithre Réigiúnacha ag teacht ó Bhaile Thiobraid Árann.
- Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail i gCamas & i nGleann Dá Loch.
- Neartú Bóthair i gceantar Windfarms sa Ros Mór/ Cnocán an Phóbaire. Feabhsúcháin ar Shoilse Poiblí Baile Thiobraid Árann (Timpeallán Mhorgáiste), Sráid Mhíchíl agus Bóthar Rosanna.
- Seansoilse Son/Sox a uasghrádú go soilse LED níos éifeachtúlaí i Sráid Bhaile Lios Fhearnáin agus Sráidbhaile na Ceapaí.

Oibreacha um athailíniú acomhail á ndéanamh i Scallaichín

Roimh an obair



Ó Chlé:- Noel Walsh, Declan Morey agus Eamonn Quinn.

Tar éis na hoibre



Eastáit a Thógáil i gCúram

I 2017 thóg Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann i gcúram Tudor Court, Garraí Uí Chilleáin, Baile Thiobraid Árann agus The Crescent Court, An Cheapach, Co. Thiobraid Árann.

rPháirceáil do Bhaile Thiobraid Árann



nochtadh rPháirceáil sa Bhailte Caiseal & Thiobraid Árann i 2017. Cuireann an córas nua seo ar chumas úsáideoirí íoc as páirceáil le cárta

creidmheasa/dochair. Áirítear le modhanna íocaíochta as an bpáirceáil do aip fóin chliste, láithreán gréasáin nó glao gutháin.



AG OBAIR LEIS AN BPOBAL// BAILTE & SRÁIDBHAILTE A FHEABHSÚ

Deontais do Bhailte Slachtmhara

Ba iad na hiarratasóirí deontais ar éirigh leo i rith 2017 ná:

Faighteoir Deontais	Leithdháileadh
Cumann Cónaitheoirí Bhóthar Eatharlaí	€880.00
Cumann Cónaitheoirí an Dúiche	€880.00
Cumann Bailte Slachtmhara na Ceapaí	€880.00
Bailte Slachtmhara Chaisil	€ 3,620.00
Cumann Cónaitheoirí Radharc na hEaglaise	€880.00
Forbairt Chluain Abhla/an Rois Mhóir	€880.00
Cumann Cónaitheoirí Crescent Court	€880.00
Bailte Slachtmhara Chuilinn	€880.00
Cumann Bailte Slachtmhara Dhún Eochaille	€880.00
Cumann Bailte Slachtmhara Dhún Droma	€880.00
Bailte Slachtmhara Imligh	€880.00
Bailte Slachtmhara an Ghabhailín	€880.00
Kilnamanagh Court	€880.00
Cumann Bailte Slachtmhara Chill Rois	€880.00
Bailte Slachtmhara Laitean	€880.00
Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste	€880.00
Cumann Cónaitheoirí Chnoic Mhorgáiste	€880.00
Ionad Acmhainní Teaghlaigh Ghort an Spá	€880.00
Cumann Cónaitheoirí Charraigín na Plúbóige	€880.00
Cumann Cónaitheoirí The Steeples	€880.00
Bailte Slachtmhara Bhaile Thomáis	€880.00
Coiste Bailte Slachtmhara Thiobraid Árann	€ 3,620.00
LEITHDHÁILEADH IOMLÁN	€ 24.840.00

Bailte Slachtmhara Chill Rois

Roimh an obair



Tar éis na hoibre



 Cur plandaí agus comhartha nua ag an mbealach isteach

Cur Isteach Caidéil ag Bailte Slachtmhara Chill Rois

Roimh an obair



Tar éis na hoibre



Sa Phictiúr tá Bailte Slachtmhara Chaisil le Cónaitheoirí Charraigín na Plúbóige agus iad ag obair le chéile chun timpeallacht an Eastáit a fheabhsú



Bailte Slachtmhara Thiobraid Árann i mbun oibre.



📎 Ó Chlé:- Eamon Ryan, Noel O'Meara, Krzystof, Walter Hennessy, Nick McCarthy, Tommy O'Brien, Paula Hickey, Rose Ryan, Helen O'Dwyer, Josephine Delaney, Michael Ryan



Buaileann Bailte Slachtmhara Chaisil le Daithí Ó Sé

Bhí an-áthas ar Bhailte Slachtmhara Chaisil páirt a ghlacadh in oíche fontair áitiúil agus bualadh leis an gceoltóir Daithí Ó Sé.



Ó Chlé go Deis:- Ned O Toole, Aidan Downey, Daithí Ó Sé, Paddy Downey, Willie Gorman & Cliff Cope.

Freisin bhuaill baill de Bhailte Slachtmhara Chaisil le Ricky Whelan ó Chairde Éanlaith Éireann agus é ag tabhairt faoi staidéar ar Ghabhláin Ghaoithe agus Fháinleoga ag Carraig Chaisil agus timpeall uirthi. Roinn sé a chuid eolais faoi na bláthanna fiáine ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath leis an ngrúpa.



Ó Chlé:- Patrick Curran, Ricky Whelan, Stephen Forgarty, Patrick Downey, Aidan Downey.

Buaicphointe speisialta sa bhliain do Bhailte Slachtmhara Chaisil ab ea a n-éacht agus Bonn Cré-Umha gnóthaithe acu i gComórtas Bailte Slachtmhara 2017 (mhéadaigh siad a gcuid marcanna ó 306 i 2016 go 312). Fuair siad an Bonn nuair a d'fhreastail siad ar an searmanas dámhachtainí sa Helix, Baile Átha Cliath i Meán Fómhair.



Sa phictiúr ag an Helix ó chlé: Patrick Downey, Pat Buckley, Jean O'Dwyer, Cliff Cope agus John Ryan.

Freisin i 2017, chuir Bailte Slachtmhara Chaisil tús le tionscnamh nua leis an mbialann Starbucks a osclaíodh le déanaí ar Bhóthar Chathair Dúin Iascaigh, Caiseal. Tá Starbucks ag sábháil a gcuid pónairí caife caite go léir agus tá an grúpa Bailte Slachtmhara á n-úsáid mar leasachán ar cheapa roschrann timpeall an bhaile agus leis an tionscnamh seo cabhraíodh leis an méid dramhaíola a théann go líonadh talún a laghdú.



Sa phictiúr thíos tá Kiera agus Megan ó Starbucks ag tabhairt an chéad ualaigh de phónairí caite do Paddy Downey ó Bhailte Slachtmhara Chaisil

“Light It Up Gold” - Halla Cathrach Chaisil, Caiseal

Mar thacaíocht don Fheachtas “Light it Up Gold” um Feasacht faoi Ailse Páistí shoilsigh CB Chaisil-Thiobraid Árann Halla na Cathrach le dath ór.



Pictiúr de Halla na Cathrach “Lasta le hór”.

Eastát Lota Waller

Anois is féidir le cónaitheoirí Lota Waller i gCaiseal féachaint go bródúil ar oibreacha arb é an toradh orthu ná áit ghlas a bhfuil dea-bhail air agus ina bhfuil ciseáin chrochta agus bláthanna. Rinneadh athrú ó bhonn ar an eastát ina bhfuil ceithre theach agus ina bhfuil cónaí ar bhail de phobal an lucht taistil, i rith shamhradh 2017, agus mar thoradh air sin tá Eastát an-taitneamhach a bhfuil feabhas curtha ar a thimpeallacht.

I measc iad siúd a bhí rannpháirteach sa tionscnamh bhí Anthony Wynne, Oifigeach Forfheidhmithe an Chomhairle Contae, an Comhairleoir áitiúil Martin Browne agus cónaitheoirí áitiúla an Eastáit.

Léiríonn sé an méid gur féidir le daoine a bhaint amach agus iad ag obair le chéile le spiorad an chomhair.



Ó Chlé: - An Cmhrl Martin Browne, an tUas. Anthony Wynne agus Mary O' Reilly.

Ionad Tacaíochta Ailse Circle of Friends Tiobraid Árann

D'éascaigh Ceantar Bardasach Chaisil - Thiobraid Árann soláthar láithreáin chun Ionad Tacaíochta Ailse €1 mhilliúin a thógáil i gCnoc an Ráiléigh, Tiobraid Árann agus casadh an fód ar an 31 Márta 2017.

Seo thíos pictiúr de shíniú an chonartha.



Ó chlé go deis:- Jennifer Jones Hickey (Ball Bunaithe Circle of Friends), Patrick Jones (Cathaoirleach Circle of Friends), Seamus Butler (Marlhill Construction), Kenneth Hennessy, (Kenneth Hennessy Architects).

Deontais Reilige

Ba iad na hiarratasóirí deontais ar éirigh leo i rith 2017 ná:

Faightheoir Deontais	Leithdháileadh
Áth na Cairte - R Cill Phádraig	€ 1,425.00
Reilig Ard Máil	€750.00
Reilig Bhaile na Cúirte	€780.00
Reilig Bhaile an Teampaill	€750.00
An Cheapach - Sean/Nua	€ 1,530.00
Ardeaglais Chaisil	€600.00
Eaglais Chluain Big Naomh Sedna	€600.00
Coiste Seanreilig & Reilig Nua Chluain Abhla	€ 2,025.00
Cuileann	€645.00
An Daingean - Cothabháil an Daingin	€645.00
Coiste Seanreilige/Reilige Nua Imligh	€ 1,425.00
Reilig Charn Léith	€600.00
Reilig Áth an Chuilinn	€780.00
Reilig Chill tSeáin	€645.00
Coiste Reilig Bhaile an Logáin Íochtarach	€645.00
Coiste Reilig Nua Laitean	€780.00
Eaglais na hÉireann sa Mhóin Ard	€600.00
Seanreilig Dhún Eochaille	€645.00
Coiste Reilig Shrónaill	€600.00
Reilig Solohead	€750.00
Eoin Baiste	€600.00
Reilig Mharcais ón nGorta Mór	€600.00
Eaglais Mhuire de chuid Eaglais na hÉireann	€600.00
Eaglais Mhuire, Dún Droma	€600.00
Reilig Sheanáin	€780.00
Reilig an Teampaill Nua	€645.00
Reilig Thuama	€600.00
Leithdháileadh Iomlán	€21645.00

FORBAIRT EACNAMAÍOCH:

Baile Thiobraid Árann - Páirc Nuálaíochta Sky

I lár mhí Bhealtaine 2017 rinne forbróirí Pháirc Nuálaíochta Sky iarratas ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann ar Chead Pleanála. Is é atá i bPáirc Nuálaíochta Sky ná foirgneamh 100,000 sq ft ar láithreán 1.5 heicteáir taobh le Dunnes Stores ar Bhóthar Luimnigh. Meastar gur deis spreagúil í an fhorbairt do Bhaile Thiobraid Árann agus do na ceantair timpeall air. Táthar ag súil go dtógfaidh an fhorbairt poist agus caiteachas isteach sa cheantar. Meastar gurb iad an IDA agus Fiontraíocht Éireann a bheidh ag margú na forbartha.



Sa phictiúr thíos tá an Cathaoirleach an Cmhlr Roger Kennedy sa Pháirc Nuálaíochta

Cashel Palace

I rith 2017, cuireadh Iarratas Pleanáil faoi bhráid Chomhairle Contae Thiobraid Árann i dtaobh an fhoirgnimh ina mbíodh Óstán Cashel Palace. San iarratas bhí togra um athchóiriú iomlán ar an óstán reatha, agus pleananna do pháirc bhaile nua chomh maith le bealach siúil cáiliúil an Easpaig a chur ar ais. Tá sé beartaithe go gerthóidh an áis seo níos mó ná 100 post nuair a bheidh sé á húsáid.

Déanfar méadú agus tírdhreachtú ar charchlós reatha na Comhairle ar an taobh clé den óstán agus cuirfear áiteanna páirceála ar fáil d'aíonna Baile agus Óstáin. Cruthófar páirc bhaile nua ar chúl an charchlóis.

Rinne na Forbróirí taispeántas poiblí de na pleananna i mí an Mhárta.



Sa phictiúr thíos ag féachaint ar na pleananna beartaithe tá daoine áitiúla Paddy Downey, Fóram Lár Baile Chaisil, Seamus King, T.J. Ryan agus Declan Burgess, Fóram Lár Baile Chaisil.

Baile Thiobraid Árann Baile Fiontraíochta

Taispeántas Gnó & Pobail

Reáchtáladh Taispeántas Gnó, Pobail agus Spóirt in Ionad an Chanónaigh Hayes ag an deireadh seachtaine Dé hAoine an 24 agus Dé Sathairn an 25 Márta 2017. Taispeánadh níos mó 200 gnó, club agus sochaí áitiúil ag an imeacht.

An deireadh seachtaine sin ritheadh sceideal gnóthach de láithreachais, de phlé painéil agus de thaispeántais, lenar áiríodh plé phainéal gnó a d'ostaigh Marty Morrissey.



Sa phictiúr ag an imeacht an Cmhlr Joan Ormond, Club CLG an Ghabhailín Chill Fhiacla agus Marty Morrissey.

RAPID (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt)

The Three Drives.

Lean Ionad Acmhainní Teaghlaigh The Three Drives, ceann de na comhpháirtithe treorach ar fhoireann fhorfheidhmithe RAPID, ar aghaidh ag soláthar raon clár agus seirbhísí chun freastal ar riachtanais an Phobail ina abhantrach.

Líonra Cónaitheoirí Thiobraid Árann – Preabla Oscailte

Reachtáil Líonra Cónaitheoirí Thiobraid Árann a bpreabla oscailte i dteannta le Comhairle Contae Thiobraid Árann san áitreabh taobh thiar de Shiopa Bláthanna Dorothy ar an bPríomhshráid, Baile Thiobraid Árann, an 19 Bealtaine.

Lig an “Preabla Oscailte” seo do ghrúpaí cónaitheoirí an tsárobair go léir a thaispeáint atá ar siúl in eastáit Bhaile Thiobraid Árann. Gach bliain déanann Cumann Cónaitheoirí Bhaile Thiobraid Árann tionscadail um fheabhsú eastát a shíneann ó bhearradh féir, péinteáil agus cur plandaí etc go tionscadail mhóra mar ghairdíní pobail agus oibreacha feabhsúcháin chun déileáil le fadhbanna sábháilteachta agus iompraíochta frithshóisialta sna heastáit.

Bhronn An Cmhrl Roger Kennedy, Cathaoirleach teastais Bhuíochais ar na Cumainn Cónaitheoirí go léir mar aitheantas dá sárobair dheonach.



Ó Chlé: - An Ceannfort Patrick O' Connor, Jean Nelson, Comhordaitheoir Líonra Cónaitheoirí Thiobraid Árann, Cairtriona Crowe Oifigeach Idirchaidrimh Pobail le Comhairle Contae Thiobraid Árann, Catherine O'Connor Oifigeach Idirchaidrimh Pobail Comhairle Contae Thiobraid Árann, An Cmhrl Roger Kennedy, Cathaoirleach Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann, an Garda Laura Coffey agus an Garda John Kingston

Forbairt Mháistirphlean um Bonneagar Glas & Gorm do Thiobraid Árann

Mar chuid de rannpháirtíocht na Comhairle sa Tionscadal SWARE atá maoinithe i bpáirt ag INTERREG EUROPE an AE cheap an Chomhairle an comhlacht comhairleachta Analytics Consulting Ltd, i mí Eanáir 2017 chun Treochlár um Máistirphlean Bonneagair Ghlais agus Ghoirm a dhéanamh d'Uiscebhealaí Thiobraid Árann. Is é cuspóir foriomlán an Tionscadail ná bainistíocht chomhtháite a chothú ar an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha i réigiún uiscebhealaigh intíre trí hionstraimí beartais ghaolmhara na réigiún comhpháirtí a fheabhsú le cothrom níos fearr a bhaint amach idir cosaint agus úsáid inbhuanaithe na n-acmhainní nádúrtha agus na láithreán oidhreachta tógtha.



Ó Chlé go Deis Ruth Hennessy, Oifigeach Eolaíochta Feidhmiúcháin, Marie McGivern, Riarthóir Ceantair, ag cruinniú comhchomhairle ar an 24 Aibreán, 2017 le Comhairleoirí maidir le forbairt Treochláir um Máistirphlean Bonneagair Ghlais agus Ghoirm do Thiobraid Árann.

Clár Tacaíochta Miondíola don Nollaig 2017

I mí Dheireadh Fómhair, i dteannta le hOifig Fiontair Áitiúil Thiobraid Árann, d'iarr Comhairle Contae Thiobraid Árann iarratais ó Chumainn Trádálaí, Chomhlachais Tráchtála agus Grúpaí Pobail faoin gClár Tacaíochta Miondíola don Nollaig.

Tríd an scéim deontas tugadh tacaíocht do bhailte agus shráidbhailte maidir le straitéisí a chur i bhfeidhm atá deartha le custaiméirí nua a tharraingt, custaiméirí reatha a choimeád agus níos mó caiteachais a spreagadh i mbailte agus sráidbhailte Thiobraid Árann i gcaitheamh na Nollag.

Ba iad na grúpaí ar éirigh leo i gCeantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann ná:

- Ionad Oidhreachta Excel Thiobraid Árann / TIRD, Baile Thiobraid Árann a chuimsigh a chuid imeachtaí Clár Fhéile Scannán Excel agus Lasadh Shoilse na Nollag.
- An Comhlachas Tráchtála, Caiseal a d'óstáil Imeacht Siamsaíochta na Nollag.
- Comhairle Phobail Áth na Gráige a d'óstáil Margadh Nollag Comhairle.
- Comhairle Fhorbartha Dhún Eochaille Ltd., a d'óstáil Aonach Nollag.
- Grúpa Mhargadh Nollag Thiobraid Árann a d'óstáil Margadh Nollag.
- Seomraí Tae Fhiontar Sóisialta Áth na Cairte a d'ostaigh Margadh Nollag.

AN COMHSHAOL

Tionscadal Gan Dramhaíl ar Bith

I 2017, lean Baile Chaisil ar aghaidh ag bogadh i dtreo toadhchá níos glaine, níos glaine agus tús curtha aige leis an bpróiseas chun bheith mar an gcéad Bhaile gan Dramhaíl ar Bith in Éirinn.

Tionscnamh píolótach 18 míosa atá anseo, a chuireann chun cinn laghdú dramhaíola agus deisiú agus athúsáid earraí. Seoladh an tionscnamh píolótach seo go hoifigiúil i 2016 ag Carraig Chaisil. Tá an tionscadal stiúrtha ag an gcumann carthanachta comhshaoil VOICE, atá maoinithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus tá sé tacaithe ag Oifigeach Bainistíochta Dramhaíola an Deiscirt (OBDD) agus ag Comhairle Contae Thiobraid Árann.

I rith 2017, bhí an Grúpa um Thionscadal gan Dramhaíl ar bith chun iompraíocht a spreagadh agus a athrú maidir le dramhaíl. I measc na dtionscadal sin bhí daoine a chur ar an eolas faoi scaradh ceart dramhaíola; an méid earraí aonúsáide sa phobal a laghdú; deisiú earraí a chur chun cinn, uaschúsáil, siopaí carthanachta, díolacháin as búit chairr agus margaí earraí dara láimhe.

I rith mhíonna an tSamhraidh, d'oibrigh siad as lámh a chéile le Grúpa Forbartha um Chlós Súgartha Chaisil, grúpa nuabhunaithe, chun cabhrú lena dtiomsú airgid. Áiríodh le gníomhaíochtaí eile;

- earcaíodh foireann chun bainistíocht a dhéanamh ar an gClár Ambasadóir Athchúrsála, clár nua agus ritheadh ceardlanna ar bhainistíocht dramhaíola leis an bpobal áitiúil.
- bhí seastán acu ag an gCeardlann Bia agus Ceardaíochta i rith Fhéile Ealaíon Chaisil, áit a raibh deis ag daoine níos mó a fhoghlaim faoin tionscadal.

Pictiúir ó Sheoladh Oifigiúil an Tionscadail Gan Dramhaíl ar Bith.



Ó Chlé: - Paul Monks, Bailte Slachtmhara agus Breda Ryan.



Ó Chlé: - An Cmhlr Roger Kennedy, an Cathaoirleach M. McGivern, Riarthóir Ceantair, an Cmhlr Michael Fitzgerald.

I mí Aibreáin 2017, faoi stiúir a múinteora, d'eagair an Coiste Scoileanna Glasa i Scoil Náisiúnta Eoin Baiste i gCaiseal, Lá Bithéagsúlachta an-rathúil mar chuid d'iarracht na scoile a Bratach Bithéagsúlachta a fháil.

Sa phictiúir thíos tá na buachaillí ón scoil ina gcuid cultacha den scoth in éineacht lena múinteoir Ms. Sharon Sheahan.



Bhí an Grúpa um Thionscadal gan Dramhaíl ar bith chun iompraíocht a spreagadh agus a athrú maidir le dramhaíl.

Paráid Lá Fhéile Pádraig, Baile Thiobraid Árann / Baile Chaisil

Lá Fhéile Pádraig i gCaiseal

Ar aon dul leis an téama ‘Coimeád Glas É’ do Pharáid Lá Fhéile Pádraig i gCaiseal, tugadh isteach catagóir nua agus í urraithe ag Tionscadal Chaisil Gan Dramhaíl ar Bith Ba iad an Lawrence Dance Academy Programme (LADC) a raibh an bua acu sa chatagóir nua ‘Úsáid is Fearr Ábhar Athchúrsáilte’ agus bronnadh trófaí agus céad euro orthu.



Sa phictiúr ó chlé:-Derry O’ Donnell (Tionscadal Gan Dramhaíl ar Bith Chaisil), Michelle Lawrence & Carmel Lawrence (Lawrence Academy of Dance), Sean Laffey (Cathaoirleach Pharáid Lá Fhéile Pádraig).

Baile Thiobraid Árann

D’éirigh go han-mhaith le Paráid Lá Fhéile Pádraig 2017 i mBaile Thiobraid Árann. Bhog an pharáid ó Bhóthar Uí Chonaill, síos Sráid Uí Bhriain agus suas an Phríomhshráid chuig an seastán féachana. Ar an seastán féachana bhí a Soilse Kristi Karelsohn Ambasadóir na hEastóine. Ba í an Ceann Feadhna don lá ná an t-aisteoir Rachel Pilkington.

Seo thíos rogha íomhánna ón bparáid.



Cuireadh Dath Glas ar na hOifigí Cathrach, baile Thiobraid Árann do Lá Fhéile Pádraig.

Scéim um Feabhsú Sráid-dreach/Aghaidheanna Siopa 2017

Tríd an Scéim um Feabhsú Sráid-Dreach/Aghaidheanna Siopaí cuireadh cúnaimh deontais ar fáil chun cabhrú le húinéirí / áititheoirí réadmhaoine atá suite i bPríomhcheantair Mhiondiola Chaisil agus Bhaile Thiobraid Árann an tsráid-dreach a fheabhsú trí:

- Comharthaí, feistithe comhaimseartha míchuí agus tranglam ginearálta a bhaint agus comharthaí éadan siopa a chur ina n-ionad (agus béim ar chomharthaí péinteáilte de lámh,
- Péinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta ar éadain siopa atá ann cheana féin,
- Cur suas shoithigh plandaí, ciseáin crochta bláthanna etc nó feabhsúcháin eile ar an timpeallacht.

I mBaile Thiobraid Árann, bhain 9 n-iarratasóir leas as an Scéim.

Uimh. 5 Sráid Dháibhís

Roimh na hoibreacha



Tar éis na n-Oibreacha




Uimh. 51 An Phríomhshráid

Roimh na hoibreacha



Tar éis na n-oibreacha



I mBaile Chaisil, bhain 9 n-iarratasóir leas as an Scéim.

Uimh.3 Sráid na Manach

Roimh na hoibreacha



Tar éis na n-oibreacha



Freisin faoin Scéim um Feabhsú Sráid-dreacha & Aghaidheanna Siopa, thug Bailte Slachtmhara Thiobraid Árann faoi dhá mhúrphictiúr ar bheanna foirgnimh a haon ar Shráid an Droichid, a mbíodh droch-chuma orthu agus é an-éasca iad a fheiceáil; rinneadh an múrphictiúr eile san Ionad Óige, Plás an Bhainc.

Mar thoradh ar an dá Mhúrphictiúr cuireadh feabhas arís eile ar Shráid-dreach Bhaile Thiobraid Árann.



Múrphictiúr ar Shráid an Droichid, Baile Thiobraid Árann

Roimh an obair




Tar éis na hoibre



Múrphictiúr ar an mballa i bhfoirgneamh an oifig Seirbhísí Óige i bPlás an Bhainc, Baile Thiobraid Árann.

Roimh an obair



Tar éis na hoibre



Toibreacha Thiobraid Árann

Cuireadh isteach dhá thobar eile ar na bóithre isteach (Dún Droma agus Imleach) go Baile Thiobraid Árann. Rinneadh na hoibreacha sin i dteannta le Seirbhísí Óige Réigiúnacha Thiobraid Árann. Tá na toibreacha bunaithe ar théama Thiobraid Árann a chiallaíonn “Tobar na hÁra”, tagairt don abhainn a ritheann tríd an mBaile.



Ag an Tobar ag bóthar isteach Imligh tá, ó Chlé:- Ger Kiely, Town Gardner le Martin Griffin agus Tony Delaney.

Earraí Téagartha

I mí Aibreáin 2017 rinne Ceantar Bardasach Chaisil-Thiobraid Árann bailiúchán um dhramhearraí téagartha ó shealbhóirí tí i mBaile Thiobraid Árann. I gcomhpháirt le WEEE Ireland eagraíodh dhá bhailiúchán um earraí leictreacha.



Sa pictiúr ag ualú na n-earraí leictreacha tá, ó chlé Jimmy Glasheen agus Noel Flavin


AN OIDHREACTH

Caomhnú Bhallaí Cathrach Chaisil

Is Séadchomhartha Náisiúnta ainmnithe iad Ballaí Cathrach Chaisil, agus tugtar cosaint reachtúil don cheantar faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta (1930-2004). Tógadh na Ballaí, a chuimsíonn 14.5 heicteár agus teorann 1,550 méadar le bloic aoilchloiche ina gcúrsaí garbha agus inlónadh spallaí a aimsíodh sa cheantar áitiúil. Tógadh na Ballaí atá 3 mhéadar in airde, mar mhúr cosanta le túir ghunna ag uilinneacha Thuaidh, Thiar agus Thoir Theas agus bhí 5 gheataí iontu trínar tugadh bealaí isteach chuig an mbaile meánaoiseach. Tháinig Caiseal, ar a dtugtar Caiseal Mumhan freisin, chun cinn mar dhaingean eaglasta agus mainistreach i rith thús an 13ú haois.

I 2017 d'éirigh le Tionscadal Bhallaí Cathrach Chaisil cistiú ar luach €30,000 a fháil ón gComhairle Oidhreachta faoi Chiste Caomhantais/Caipitil Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann. Ba í aidhm an tionscadail ná éadan Chuid K a chaomhnú agus a dhéanamh sábháilte (féach ar an léarscáil thíos). Tá na Ballaí anseo mar chuid den Rian Oidhreachta do Bhaile Chaisil agus ina suíomh d'Eaglais Naomh Eoin agus Samhlacha an Aicéadaigh.

Léarscáil a thugann Imlíne ar Chuid K



Roimh an obair



Tar éis na hoibre



Sa phictiúr ag an gcuid:-M. McGivern, Riarthóir Ceantair, Róisín O' Grady, Oifigeach Oidhreachta, Holly Kearns, an Chomhairle Oidhreachta, Eleanor Dwyer, Ealaíona Chaisil, an Dr. Niall Gregory, Clare Lee, Pleanálaí Feidhmiúcháin, Patrick Downey, Bailte Slachtmhara, an Cmhlr Martin Browne

Féile Ealaíon Chaisil

Tionscadal Ealaíon Shiopaí Chaisil

I mí Iúil 2017, d'iarr an t-Ealaíontóir Andrew Motterhead ar úinéirí, bhaill foirne agus custaiméirí siopaí áitiúla roghnaithe ról a ghlacadh i saothair ealaíne agus taispeántas poiblí a dhéanamh do thionscadal na siopaí.

Tá an t-Ealaín bunaithe ar fhéachaint ar an tsochaí le dearcadh an tsiopa áitiúil agus faoin gcaoi go léiríonn na pobail a dhéanann siad an áit agus na daoine ag an bpointe sin.

Ábhar iontais é méid agus castacht an phobail a bhaineann le haon siopa amháin. Mar shampla, agus cuairt á tabhairt ar shiopa an bhúistéara, fuair an tUas. Mottershead amach go raibh bean amháin a cheannaíonn an rud céanna ar an lá céanna gach seachtain.



 Sa phictiúr i Siopa Bróg Fahy's: Ó Chlé: Noel Fahy, Noel Fahy Shoes le Andrew Motterhead

D'oscail Féile Ealaíon Chaisil ar an 21 Meán Fómhair ag Carraig Chaisil agus seoladh a bróisiúr 24 leathanaigh i dtimpeallacht mheánaoiseach Fhearann na mBíocairí. Ceiliúrtar leis an bhFéile Ealaíon saibhreas na healaíne, na gceirdeanna, an cheoil agus an téatair a chuireann solas inár saol agus inár dtithe. T

Ba iad téamaí lárnacha Fhéile 2017 ná BAILE, POBAL & MUINTEARAS. Bhí an deireadh seachtaine lán le himeachtaí oiriúnacha do gach aois agus réimse spéise agus tharla mar thoradh ar obair chrua, dhíograis agus fhís ball go léir an choiste dheonaigh. I measc urraithe an imeachta bhí an Chomhairle Ealaíon, Gnóthas Áitiúil, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus urraithe eile.

Bhí clár na féile bunaithe ar ár bhféiniúlacht luaineach agus go leor ealaíontóirí rannpháirteach ann a bpléann a saothar le gach gné de mhuintearas.

Ba é an príomh-aoichainteoir ná an t-iriseoir agus an comhfhreagraí cáiliúil an tUas. Robert Fisk. Bhí an tUas. Fisk ina chomhfhreagraí ar feadh 41 bhliana agus é lonnaithe i Beirut, le haghaidh 'The Times' Londain ar dtús agus le haghaidh 'The Independent' ó 1989 ar aghaidh.

Buaicphointe d'fhéile 2017 ab ea 'My Real Life' monalóg dhraíochtúil 75 nóiméid leis an údar a bhfuil duaiseanna buaite aige Eoin Colfer agus a léirigh Don Wycherley.

San áireamh san fhéile freisin bhí:

- Gig acústach le Steve & Joe Wall ó the Stunning agus the Walls i mBrú Boru.
- Aonach bia agus ceardaíochta i dtailte Cashel Palace a chuimsigh Dealbh Oighir a chruthaigh Daniel Doyle.
- D'fhill an scríbhneoir taistil, an déantóir clár faisnéise agus an díograiseoir Gaeilge Manchán Magan ar Fhéile Ealaíon Chaisil i Meán Fómhair.



Grianghraif de na hImeachtaí:



Ó Chlé: - An Cmhrl Roger Kennedy, Ann Marie O' Donnell (CAF-Uachtarán), An Dr Phyll Bugler (Cathaoirleach Contae) Cllr Michael Fitzgerald (Cathaoirleach- Cashel-Tipperary MD), and Petronelle Clifton-Browne, at the launch of the Cashel Arts Festival Brochure.



Taispeántas grúpa ag Damhsóirí lasmuigh den Cashel Palace i rith na Féile.



An tUas. Robert Fisk, Comhfhreagraí an Mheánoirthir.



Ag déanamh coirceog ar an bPlás i gCaiseal



An Cmhrl John Crosse



Bratacha ag Féile Ealaíon Chaisil



Ealaíon ar taispeáint sa siopa áitiúil.



D'oscail Féile Ealaíon Chaisil ar an 21 Meán Fómhair ag Carraig Chaisil

Féile Bhaile Thiobraid Árann 2017

Reáchtáladh Féile Bhaile Thiobraid Árann “It’s a Long Way to Tipperary” ar an 14 agus an 15 Iúil, 2017. I measc na n-imeachtaí bhí bronnadh corónach do Mhórtas Thiobraid Árann, Craobhchomórtais na hÉireann um Rolladh Cuinneoige, Margadh Bia & Ceardaíochta, Seo Madraí agus Siamsaíocht Sráide.

Pictiúir ón bhféile thíos



Fórait Lár Baile

Lean na Fórait Láir Baile a bunaíodh i gCaiseal i 2012 agus i dTiobraid Árann i 2014, ar aghaidh lena gcuid oibre i 2017.

Tá na Fórait seo déanta suas d'ionadaithe éagsúla ó Chomhlachais Tráchtála; Bailte Slachtmhara; Grúpaí Oidhreachta/Turasóra agus ón gComhairle.

Seo a leanas cuspóir na bhFóram:

- freagrúlacht na Comhairle a mhéadú maidir le saincheisteanna a bhaineann le bainistíocht lár baile
- caidrimh atá ann cheana féin idir na páirtithe leasmhara agus an Chomhairle a fhorbairt agus a chothú
- gníomhartha páirtithe leasmhara lárnacha a chomhordú agus a dhíriú ar mhaith le feidhm mhiondíola an bhaile ina iomlán
- cairt bhainistíochta shoiléir a fhorbairt do chroícheantair an bhaile
- níos mó sineirge agus cumarsáide a chruthú idir páirtithe leasmhara miondíola lárnacha agus an Chomhairle

Tugadh faoi roinnt tionscnamh:

- Gné ealaíonta do Bhóithre Isteach Chaisil

Tá sé beartaithe i gcaitheamh na mblianta romhainn aon Ghné Ealaíne amháin a chur ar fáil ar na bóithre isteach go Caiseal. I 2017 cuireadh isteach ceann de na gnéithe sin ar Bhóthar Chuain Meala. Grianghraf thíos ina dtaispeántar Naomh Deaglán ag teacht ó Ardmore.



- Oibreacha comhshaoil a tugadh fúthu i.e. glanadh sráide/soilse poiblí/seirbhísí garraíodóireachta agus comharthaí.

An chéad Chomhartha Gheatabhealach Chaisil á chur suas ag an mbealach isteach go Caiseal ó Chluain Meala...taispeánfaidh na comharthaí sin go léir Carraig Chaisil ó uillinneacha difriúla



An bealach coisithe ar an gCuarbhóthar, Caiseal Chuimsigh na hoibreacha sin:

- Cosán do choisithe a thógáil ar an taobh thuaidh den Chuarbhóthar, Caiseal, i dtiannta le Soilse Poiblí, draenáil, fálú agus tírdhreachadh.
- Tá an cosán 2m ar leithead agus clúdach tarmac air.
- Coimeádadh teorainn reatha an taobh bóthair (áit a bhfuil sé ann fós) chun teorainn a dhéanamh idir an bóthar agus an cosán.

Tá fáilte curtha ag muintir na háite agus ag cuairteoirí araon ar an athrú sin ó bhonn ar an 'gCuarbhóthar' ag cúl Charraig Chaisil. Meastar gur áis den scoth é do mhuintir na háite, agus lúb cruthaithe aici timpeall an bhaile agus tugann radharc álainn ar Mhainistir Hoare.

Maoiníodh an tionscadal seo i bpáirt faoin Scéim um Athnuachan Bailte & Sráidbhaile 2017.

Grianghraif mar seo a leanas

Roimh an obair



 Tochailt an Chosáin.



 Leagan dhuchtanna Soilsithe



 Tionscadal críochnaithe



- Soilse & CCTV curtha isteach i Reilig Chormaic, Caiseal
- Cuireadh Cúnamh Deontais ar fáil do Thionscadal Speisialta na mBailte Slachtmhara, do Pharáid Lá Fhéile Pádraig, Féile Ealaíon Chaisil agus Soilse na Nollag.
- Brandáil lógó Cashel.ie



Leabharlann Thiobraid Árann in Ionad Excel

Tugadh faoi oibreacha tógála i rith 2017 chun cóiríocht a thabhairt don Leabharlann san Ionad Excel, Sráid an Mhisteálaigh.

Chuimsigh na hoibreacha:

An téastar atá ann ag an mbealach isteach a leagan; méadú nua aon-stóir a thógáil a chuimsigh halla isteach, rampa rochtana agus céimeanna rochtana (67m²); foroinnt an spás urlár talún atá ann faoi láthair chun go dtógfaí san áireamh athrú ar úsáid an siopa leabhar atá ann faoi láthair go leabharlann nua (140 sq m) ina mbeidh áit suíochán, forhalla agus áit fáiltithe nua.

Meastar go mbogfar an Leabharlann chuig an áis nua sin ag tús 2018.

Roimh an obair



Tar éis na hoibre



Linn Snámha Bhaile Thiobraid Árann

Ritheann an Chomhairle Linn Snámha Cuimhneacháin Sean Treacy atá suite i mBaile Thiobraid Árann agus atá taobh le hIonad Fóillíochta an Chanónaigh Hayes. Bíonn an linn oscailte don phobal ó 10am go 9.45pm ón Luan go dtí an Aoine agus ó 10am go 6.45pm ar an Satharn agus an Domhnach. Cuirtear ceachtanna snámha ar fáil ann do dhaoine fásta agus ghrúpaí ar bhonn grúpa, ranganna duine le duine, agus ranganna beirte agus aon teagascóir amháin. Le blianta beaga anuas, i dteannta le Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann, thug lucht bainistíochta na linne faoi raon de bhearta um shábháil airgid i réimse na héifeachtúlachta fuinnimh. Bliain ghnóthach ab ea 2017 agus cuairt tugtha ag 72,179 duine ar an linn.

Grianghraf de Ghardaí Tarrthála ag Linn Snámha Cuimhneacháin Seán Treacy mar seo a leanas:



Ó Chlé:- Marie Cavanagh, Claire Devitt, Jackie Parles agus Hazel Foley.



Ó Chlé:- Niall Fitzgerald agus Andrew Joyce

Soláthraíonn Ionad Fóillíochta an Chanónaigh Hayes ionad fóillíochta den chéad scoth.

I rith 2017 cuireadh isteach áis nua nirt agus cleachta. Ba é an t-iarimreoir idirnáisiúnta Rugbaí do Mhumhan agus d'Éirinn, Alan Kelly, a rinne oscailt oifigiúil na háise nua. Cuireann sé seo go mór leis an áis ollmhór atá ann cheana féin.

Grianghraf thíos:



Sa phictiúr ag an Seoladh ó Chlé:- Jennifer Lyons, An Cmhlr Cross, leas-armhéara, Martin Quinn agus Alan Quinlan.

Daoine a Chuaigh ar Scor i gCeantar Bardasach Chaisil Thiobraid Árann i 2017

Pat Ryan, Ceardaí



 Ag an ócáid chun slán a fhágáil le Pat tá ó chlé:- Gerry Hayes, Eugene Maguire, John Gleeson, Willie Cranley, Declan Morey, Philip O'Dwyer, Richie Bourke. Sna Suíocháin Tosaigh:-Pat Ryan agus Tim Ryan



CEANTAR BUIRGE CHLUAIN MEALA

Toghadh an Comhairleoir Catherine Carey mar Mhéara agus toghadh an Comhairleoir Richie Molloy mar Leas-Mhéara don Cheantar le haghaidh 2017/2018





FÁILTIÚ CATHRACH

Thug Ceantar Buirge Chluain Meala Fáiltiú Cathrach ar an 21 Aibreán 2017 in Óstán Cahir Park House do Tommy O' Donnell, Gerry Davis, Risteard O' Donnell, Melissa Hill agus Kevin O'Sullivan, mar aitheantas dá n-éachtaí den scoth sna réimsí spóirt, na healaíona, scríbhneoireacht agus drámaíocht.



TACAÍOCHT DO PHOBAIL

Leanadh ar aghaidh ag glacadh ról mór sa saol sóisialta agus cultúrtha ar leibhéal áitiúil trí thacaíocht do raon leathan grúpaí agus imeachtaí a raibh ina measc – Féile an Acomhail, Féile Chluain Meala, Paráidí Lá Fhéile Pádraig, Banna Chluain Meala, Féile Oíche Shamhna agus Féile na Nollag i gCluain Meala.

Féile Junction Chluain Meala i rith 2017

Chuir Féile an Acomhail i gCluain Meala i láthair clár imeachtaí den chéad scoth i gcaitheamh 7 lae ón 3 go dtí an 9 Iúil 2017 i gCluain Meala agus sna háiteanna satailíte timpeall air.

Chuir Féile an Acomhail i láthair níos mó ná 90 imeacht i 30 ionad ar fud an bhaile agus na gceantar timpeall air agus ina measc ceol, damhsa, téatar, greanndrámaíocht, bia, filíocht ó bhéal, na hamharcealaíona, scannán, ealaín phoiblí, sorcas agus é bunaithe ar an téama “Caora Dhubh”.

Rinneadh cinneadh straitéiseach leis an gclár 50% de na himeachtaí sin a chur ar fáil saor in aisce don phobal. Measann na heagraithe gurbh é líon na ndaoine a d’fhreastail ar na himeachtaí féile ná thart ar 20,000. Díoladh 3,135 ticéad san iomlán le haghaidh imeachtaí a raibh táille le hóc astu.

Féile Chluain Meala

Reáchtáladh Féile Chluain Meala idir an 5 agus an 13 Lúnasa 2017 agus tharraing os cionn 17,800 cuairteoir chuig raon leathan imeachtaí, léirithe agus ionad.

Reáchtáladh 96 léiriú i 32 ionad i gcaitheamh 3 oíche le linn an dara deireadh seachtaine den fhéile. Léirigh suas le 200 duine buscála ar shráideanna Chluain Meala, agus iad ag tarraingt na sluaite móra.

I measc na mbuaicphointí bhí Lá Teaghligh an Domhnaigh ar an 13 Lúnasa, a tharraing 7,000 cuairteoir agus a reáchtáladh i bPáirc Denis Burke agus Rian Tithe Tábhairne Meánaoiseacha.

D’óstáil Imeacht Rothaíochta 3-Lae Ghleann na Siúire idir an Satharn an 5 Lúnasa agus an Luan an 7 Lúnasa foirne náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rásaí ar siúl ar fud an réigiúin.

Féile Oíche Shamhna

D’éirigh go han-mhaith le Féile Oíche Shamhna na bliana seo agus na sluaite móra páistí agus teaghlach i láthair ag an bparáid cultacha agus freisin ar an finale mór i nDún Chiceam.

Ghlac réimse leathan léiritheoirí, grúpaí ceoil agus eagraíochtaí pobail páirt san imeacht a comhordaíodh ag 2Cando Arts le tacaíocht ó fhoireann na Comhairle, Cosaint Shibhialta agus roinnt saorálaithe.

Féile na Nollag i gCluain Meala 2017

Mar chuid d’Fhéile na Nollag i gCluain Meala 2017 reáchtáladh clár cuimsitheach agus raon leathan gníomhaíochtaí agus imeachtaí ar siúl ar fud an bhaile.

Tháinig Daidí na Nollag ar an 2 Nollaig chun soilse na Nollag a lasadh agus chuir na sluaite móra sa bhaile fáilte ó chroí roimh ghrúpaí ceoil agus léirithe éagsúla.

I measc na dtionscnamh nua bhí seastáin Mhargadh na Nollag i bPlás an Mhargaidh agus freisin bus tointeála saor in aisce ar an Aoine agus an Satharn i mbaile Chluain Meala agus é tacaíthe ag Comhlachas Tráchtála Thiobraid Árann agus ag an gComhairle.

Flights Of Discovery

Eispéreas turasóireachta nua atá beartaithe don bhaile é ‘Flights of Discovery’ Chluain Meala Moltar ceithre phríomhtharraingt agus ina measc tá láithreán Bulmers ar Lána O’ Dowd, an Geata Thiar, Abhainn na Siúire agus uasghrádú ar áit taispeántais an Mhúsaem.

Reáchtáladh plé tosaigh le Bulmers / C&C Group maidir le Lána Dowd a athfhorbairt mar tharraingt do chuairoteoirí. Tá obair ullmhúcháin ar siúl freisin maidir le gnéithe eile den taithí turasóireachta agus Máistirphlean Oileán na Siúire á ullmhú, chomh maith le cigireacht struchtúrach ar an nGeata Thiar d’fhonn an tús a fhorbairt mar áit taispeántais agus láthair amhairc sa bhaile agus scrúdú roghanna chun an Músaem a uasghrádú.



Paráid Lá Fhéile Pádraig

Bhí Maureen Purcell, Grúpa Ealaíne Thiobraid Árann Theas ina Ceann Feadhna don lá agus STAG ag ceiliúradh 50 bliana óna bhunú. Bhí slua mór i láthair agus os cionn 40 flóta ag glacadh páirte as gach cineál chúlra pobail, spóirt, ceoil agus cultúrtha. D'eagair Coiste Nasctha Chluain Meala Bianconi paráid na maidine a chuaigh ó sheanfhoirgneamh Halla an Bhaile go hEaglais Mhuire don Aifreann ag meán lae a ceiliúradh i nGaeilge. Bhí Banna Chluain Meala ar cheann na paráide seo a chuimsigh Comhairleoirí, ionadaithe ar eagraíochtaí baile agus cuairteoirí ó Reading (Baile Nasctha). Cuireadh tús leis an lá le searmanas ardaithe brataí ag Tobar Phádraig.



Léig Frithbhruscair Ghnó na hÉireann i gcoinne an Bhruscair (IBAL)

Tháinig Cluain Meala sa 6ú háit as 40 baile / cathair a ndearnadh suirbhé orthu i Léig Frithbhruscair IBAL agus Cluain Meala measta mar bheith níos glaine ná noirm na hEorpa.

Bronnadh an grád ab airde sin ar na bealaí go léir isteach go Cluain Meala agus ba chomhartha é sin ar na torthaí d'fhormhór na láithreán eile a ndearnadh suirbhé orthu. Bhí láithreáin mar Ionad Siopadóireachta Oakville, Sráid Uí Chonaill agus Saoráid Athchúrsála an Charraigín ach go háirithe, curtha i láthair go maith.



Fóram Lár Baile

D'oibrigh Fóram Lár Baile Chluain Meala agus Ceantar Buirge Chluain Meala as lámh a chéile i 2017 chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach -

- Forbairt agus margaiócht lár baile Chluain Meala a chur chun cinn;
- Méadú ar spásanna páirceála i lár an bhaile a chur chun cinn;
- Straitéisí agus gníomhaíochtaí a cheapadh a thiontaíonn líon na gcustaiméirí go hioncam gnó;
- Gníomhú mar chainéal cumarsáide maidir le heolas a sholáthar don phobal.

D'earcaigh Fóram Lár Baile Chluain Meala agus Ceantar Buirge Chluain Meala Comhordaitheoir Margaióchta agus Meán chun an láithreán gréasáin www.clonmel.ie agus chun cabhrú le gnóthais sa bhaile lena meáin sóisialta. Freisin rinneadh ábhar agus bróisiúir fhógraíochta chun aird a tharraingt ar ghníomhaíochtaí éagsúla i rith na bliana agus ar an rogha leathan siopaí atá ar fáil i lár an bhaile.



Cheiliúir STAG 50 bliain óna bhunú.

Tionscnaimh Lár Baile Chathair Dúin Iascaigh agus Chluain Meala

Mar chuid dá Thionscnamh Lár Baile, d'fhéach Ceantar Buirge Chluain Meala chuig feabhas a chur ar shráid-dreacha Chluain Meala agus Chathair Dúin Iascaigh trí scéim feabhsúcháin agus péinteála a thug thacaíocht d'úinéirí chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú chomh maith le háiteanna poiblí trí phéinteáil agus feabhsúcháin ghinearálta a dhéanamh ar éadain foirgnimh ghnó agus chónaithe. Fuarthas 15 iarratas faoin scéim.



Fodhlíthe Páirceála

Tugadh isteach go hiomlán an sceideal praghsanna athbhreithnithe do pháirceáil i gCluain Meala agus tá íoc agus taispeáin curtha i bhfeidhm i gceantair nua mar an Baile Gaelach Uachtair, Seanbhóthar Phort Láirge agus Bóthar an Daibhísigh. Eisíodh fógraí chuig cónaitheoirí agus gnóthais sna ceantair sin chun iad a chur ar an eolas faoi na roghanna agus ceadanna páirceála éagsúla atá ar fáil dóibh.

Scéim Theilifís Ciorcad Iata (CCTV) Chluain Meala

D'iarradh tairiscintí chun córas CCTV a sholáthar agus a shuiteáil i bPáirc an Leamháin agus Clós na gCúilíní, Cluain Meala. Bronnadh an conradh ar Educom Ltd. agus tá an tionscadal nach mór críochnaithe ag an gcuideachta agus 35 cheamara curtha isteach chomh maith le trealamh tarchurtha gan sreang agus na hoibreacha innealtóireachta sibhialta a ghabhann leis déanta do chuailí ceamara nua.

Déanfar monatóireacht ar na ceamaraí sa seomra cumarsáide i Stáisiún Garda Chluain Meala, tá trealamh suiteáilte agus táthar ag feitheamh leis na ceangail dheireanacha don phríomhchran cumarsáide sa stáisiún.

Dámhachtain Eileen Anderson

Sheol Méara Cheantar Buirge Chluain Meala an Cmhrl Catherine Carey, in éineacht le hUachtarán Chumann Rotary Chluain Meala, an Dámhachtain Laoich Chiúin Eileen Anderson le haghaidh 2017; dámhachtain í a thugann urraim do dhaoine a dhéanann obair dheonach fíorluachmhar ina bpobal.

Bronnadh Dámhachtain Laoich Chiúin Eileen Anderson le haghaidh 2017 ar Ms Amanda Quigley ag searmanas ar an Aoine, an 10 Samhain i Halla an Bhaile, Cluain Meala.

Aithníodh Amanda mar dhuine a rinne obair dheonach i gcónaí sa phobal trí heagraíochtaí nó díreach trí ham a thabhairt chomh maith le treoir uaireanta do dhaoine a bhí ag tabhairt aghaidhe ar fhadhbanna éagsúla. Chaith sí roinnt bliana mar shaorálaí ag obair le daoine óga trí sheirbhís óige pobail Phort Láirge agus Thiobraid Árann Theas, leis an tionscnamh áitiúil drugaí bunaithe sa phobal sna blianta luatha agus ina dhiaidh sin mar shaorálaí ar feadh roinnt blianta leis an tseirbhís áitiúil buail isteach. Freisin d'oibrigh sí mar ionadaí do shaorálaithe agus duine tacúil tríd an National Irish Foster Care Association, agus í ag tacú le tuismitheoirí altrama i gcásanna éagsúla. Le blianta beaga anuas tá sí ina comhairleoir deonach le leis an Ionad Tacaíochta Ailse CARE i gCluain Meala agus le Circle of Friends i mBaile Thiobraid Árann.

Bronntar an dámhachtain bhliantúil i gcuimhne ar Eileen Anderson, nach maireann, a bhí an-gheallta d'fhorbairt pobail, do chuimsiú sóisialta agus d'obair shaorálach ina gceantar féin, Cluain Meala agus go háirithe ina bpobal féin, Clós na gCúilíní.



Bailte Slachtmhara

Ba iad na seacht goiste Bailte Slachtmhara sa Cheantar a chuaigh san iomaíocht sa Chomórtas Náisiúnta i 2017 ná Cluain Meala, Cathair Dúin Iascaigh, Páirc an Mharla, Ard Fhíonáin, Cill Síoláin, An Ghráinseach agus an Caisleán Nua; bhain siad go léir amach marcanna níos airde agus bronnadh gradaim éagsúla ar fud an Cheantair.



SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2017 d'aontaigh na comhaltaí ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach Chluain Meala.

Seo a leanas sceideal de na príomhchláir a raibh tionchar acu ar Cheantar Bardasach Chluain Meala maidir le bóithre agus bonneagar i rith 2017:

- Rinneadh oibreacha cóirithe dromchla i mBaile an Ghlaisín, Crosaire an tSéipéil Nua, Ceathrú Choinín, An Caisleán Nua go Droichead na nGabhar, An Chnocach go Cathair Dúin Iascaigh, Baile an Droichid, An Chora Liath Thiar, Seanraithean An Charraig Mhór
- Rinneadh oibreacha neartaithe bóthair in Ardgaoithe - Bóthar Heywood, Baile Nua Mhaigh Locha (An Caisleán Nua), Brackford-Droichead na Sceichí, An Seanbhaile Ard-Ballinattin, Tulúin, Baile Uí Ghlaisín, Baile Uí Mhacháin, Loch Luachra, Cnocán an Mharla, Ard Fhíonáin go dtí an Neadán, An Chnocach/Loch Luachra, An Ros, Bóthar an Airneáin/Cill Chuaráin, An Bealach Buí, An Gort Íseal, Currach an Tuair
- Rinneadh oibreacha um sholáthar cosán nua i mBaile Chluain Meala, Baile Chathair Dúin Iascaigh, sa Chaisleán Nua agus i Carrigeen Cottage.
- Críochnaíodh Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail i gCill Domhnóige - Ard Fhíonáin, An Currach Caol - An Cloichín, An Cheapach - Báinseach, Radharc an Chaisleáin - Ard Fhíonáin
- Rinneadh oibreacha um maolú tuilte ag The Mill Race, Cathair Dúin Iascaigh, an Caisleán Nua, an Ghráig agus Cnoc Bhaile an Oidhre, Droichead na nGabhar
- Rinneadh oibreacha athchóirithe ar Dhroichead Tar agus ar Dhroichead an Chaisleáin Nua.
- Rinneadh oibreacha athdhromchlaithe bóthair ar an gcarrchlós, Sandybanks, Páirc an Mharla, Cluain Meala.
- Le Tionscadal an Ghormbhealaigh tógadh sleamhnáin in Ard Fhíonáin, i gCill Sóláin agus Sandy Banks, Páirc Mharla.
- Méadú ar Reilig Phádraig - críochnaíodh Céim 1 den mhéadú ar reilig Phádraig agus aonaid uaighe bhreise curtha ar fáil.
- Tá Plean Fóntas Oileán na Siúire imithe ar aghaidh chuig an gcéim deartha thosaigh anois agus cuirfean an máistirphlean i láthair ag tús 2018.
- Cuireadh tús le háis fóntais phoiblí a thógáil i mbaile Chathair Dúin Iascaigh i 2017 agus meastar go mbeidh sé críochnaithe ag tús 2018.
- Rinneadh oibreacha uasghrádaithe rochtana i nGort Inse agus Siúlbealach Haha i gCathair Dúin Iascaigh.
- Cuireadh tús le Clár Urraíochta um Uasghrádú Timpeallán ag timpealláin Thobar Thaoine, Bugagery agus an Charraigín.
- Cuireadh suas comharthaí nua ag an mbealach isteach ar fud Chluain Meala ag na bealaí isteach chuig an mbaile agus rinneadh uasghrádú ar mhiontimpealláin éagsúla.
- Rinneadh oibreacha sábháilteachta CLÁR i mBéal Átha Lúbaigh, sa Chloichín agus i Droichead na nGabhar.
- Rinneadh oibreacha faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil i Ruan, Castlecloque agus Baile Thomáis.



Deontais Phobail

Iarratasóir	Faofa
Ionad Pobail Phóil	€700
Cumann Cathaoireacha Rothaí Chluain Meala & Ceantair	€750
Dúshlán Sheehy FEI	€500
Coiste Bailte Slachtmhara an Chaisleáin Nua	€300
Comhaltas Bhaile an Phaoraigh Lios Ruanach	€500
Club Peile Bhaile Chluain Meala	€500
Ionad Pobail Phóil	€500
Comhairle Pobail na Cúirte Dóite	€750
Elm Tree Communities Ltd	€500
Comhdháil Dhroichead Chluain Meala	€500
Club Snámha Dolphin	€300
Teach Pobail Thír na n-Óg	€300
Ionad Pobail Dúchoille	€500
Club Rothar Sléibhe Chluain Meala	€400
Knockmealdown Active	€1500
GrúpaTacaíochtaUathachaisThiobraidÁrannTheas	€500
Cumann Beachairí Thiobraid Árann	€500
Cumann Shráidbhaile Pháirc an Mharla	€350
TearmannBan&SeirbhísíTacaíochtaCLGCuanSaor CLG	€738
Club Peile Vee Rovers	€350
Cairde Theach Bridgewater & Seirbhís Lae Tuaithe Chnoc Lochta	€1000
Forbairt Chathair Dúin Iascaigh CLG	€1000

Iomlán an Chistithe do Dheontais Phobail €12,938

Deontais do Bhailte Slachtmhara

Iarratasóir	Faofa
Cumann Bailte Slachtmhara Ard Fhionáin	€3,005
Comhairle Pobail Bhaile Póirín	€600
Cumann Bailte Slachtmhara Chathair Dúin Iascaigh	€4,250
Cumann Bailte Slachtmhara an Chloichín	€2,031
Cumann Bailte Slachtmhara Chluain Meala	€2,750
Grúpa Sráidbhaile Slachtmhair na Gráinsí	€1,000
Cumann Bailte Slachtmhara Chill Sioláin	€4,140
Sráidbhaile Pháirc an Mharla	€2,150
Cumann Bailte Slachtmhara New Inn	€1,350
Cumann Bailte Slachtmhara an Chaisleáin Nua	€1,500

Iomlán an Chistithe um Deontais do Bhailte Slachtmhara €22,776



Eispéireas turasóireachta nua atá beartaithe don bhaile é 'Flights of Discovery' Chluain Meala



Deontais Reilige

Iarratasóir	Faofa
Coiste Reilige Ard Fhíonáin	€700
BG Bhaile Uí Bheacáin	€560
Cothabháil ar Reilig Ballydrennan	€500
Coiste Reilige Bhaile Uí Shíocháin	€560
Reilig an Teampaill Loiscthe	€500
Reilig Mhainistir Chathair Dúin Iascaigh	€500
Coiste Reilig Nua Chathair Dúin Iascaigh	€700
Reilig ChumannagCaradigCathairDúinIascaigh (Baile an Bhradaigh)	€500
Coiste Cothabhála Sheanreilig Bhaile Uí Chléireacháin	€500
Coiste Cothabhála Reilige Nua Bhaile Uí Chléireacháin	€700
Coiste Reilig Dheargrátha	€560
Coiste Reilig Dhún Eochaille	€670
Reilig Nua na Gráinsí	€700
Reilig Chill Airdrí	€560
Reilig Chill Chomáin Cathair Dúin Iascaigh	€500
Reilig Chill Ó Luáin	€670
Coiste Reilig Chnoc Raffan	€560
Coiste Reilig na Cille	€500
Reilig Lady's Abbey	€500
Seanreilig Lios Ruanach	€500
Coiste Reilig Loch Ceann	€560
Coiste Cothabhála Reilig Loch Luachra	€500
Cothabháil ar Reilig Pháirc an Mharla	€500

Iarratasóir	Faofa
Coiste Reilig Bhaile an Mhoirtéalaigh	€500
Reilig an tSéipéil Nua	€670
Coiste Sheanreilig an Chaisleáin Nua	€560
Coiste Reilig Nua an Chaisleáin Nua	€700
Seansráid na hEaglaise Cathair Dúin Iascaigh	€560
Seanreilig Chill Síoláin	€560
Seanmhainistir Mhaigh Locha, An Caisleán Nua	€500
Coiste Reilig Ráth Rónáin	€670
Coiste Reilig Donoughmore	€560
Coiste Reilig Ghráinseach Eoin Baiste	€560
Reilig Bhaile an Róistigh	€500
Cothabháil ar Reilig Sheanraithin	€700
Teampall Mhuire, Sráid Mhuire, Cluain Meala	€500
Eaglais & Reilig San Niocláis	€670
Teampall Phóil, Cathair Dúin Iascaigh	€500
Coiste Reilig Theampall Eithne	€560
Coiste Reilig Tubrid	€500
Reilig Thulaigh Mhaoláin	€560
Reilig Thulaigh Mhaoláin, An Caisleán Nua	€500
Coiste Reilig an Teampaill Ghil	€560
Coiste Reilig Uachtar Rátha	€560

Iomlán an Chistithe um Dheontais Reilige €24,950



CEANTAR BARDASACH AN AONAIGH

Cathaoirleach



 Comhaltaí CB an Aonaigh ag an gCruinniú Bliantúil ar an 15 Meitheamh 2017

Reáchtáladh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Cheantar Bardasach an Aonaigh ar an 15 Meitheamh 2017. Toghadh an Comhairleoir John Carroll mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Séamus Morris mar Leaschathaoirleach.



SCEIDEAL D'OIBREACHA I GCEANTAIR BHARDASACHA

I Márta 2017 d'aontaigh na baill ar Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Aonaigh. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €7 milliún ar chothabháil tithe, bóithre, draenáil, láithreacha conláistí, glanadh sráideanna agus cothabháil reiligi.

Seo a leanas cuid de na príomhthionscadail a raibh tionchar acu ar Cheantar Bardasach an Aonaigh maidir le Bóithre agus bonneagar i rith 2017:

- Críochnú obair forleagain ar 30.3km de chosán bóthair
- Críochnú obair athchóirithe dromchla ar 27.4km de chosán bóthair
- Bonneagar leanúnach líonra gáis, uisce agus séaraigh i mbaile an Aonaigh lenar áiríodh athchóiriú iomlán cosán ar shráideanna lár an bhaile (Sráid an Phiarsaigh, Sráid Kenyon, Sráid Chiceam Lána na Mainistreach agus Sráid na Manach)
- Críochnú Scéimeanna Sábháilteachta ar Chostas Íseal ag Crosaire Walsh Park, Rathcabbin agus Crosaire Fhódmhaí, An Eaglais.
- Feabhsúcháin ar bhonneagar cosán an Cheantair faoina chlár leanúnach um athchóiriú cosán sna háiteanna seo: An tAonach, An Port Nua, Béal an Átha, Rearcross, Béal Átha Gabhann sa Phort Rua sa Bhaile Nua agus i gCloch Shiurdáin.

Roghnaíodh Bóithre den Tríú Grád sa Chúilín, Béal Átha Gabhann, Gort na nGamhna, Teampall Doire d'oibreacha feabhsúcháin faoi Scéim Rannpháirtíochta Pobail an Roinn Iompair agus roghnaíodh bóithre neamhphoiblí sa Chúilín Bhán, an tAonach agus sa Chillín um oibreacha feabhsúcháin faoi Scéim Feabhsúcháin Áitiúil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

I dteannta leis an méid thuas, fuarthas leithdháileadh de €39,600 do Scéimeanna Clár 2017 faoin Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus cuireadh na háiseanna seo a leanas ar fáil:

- Trasrian Coisithe i Scoil Rathcabbin
- Soilse Poiblí in ionad spóirt CLG Coillte Rua
- Soilse poiblí i gearrchlós Scoil Náisiúnta Theampall Doire
- Soilse poiblí i gearrchlós Scoil Náisiúnta na Leacan Móire, Rear Cross

Chríochnaigh an Ceantar dromchla nua ar áit pháirceála i dTuaim Locha, an Port Rua chun freastal ar láithreáin fhóntais Chros na Mílaoise agus Uaigheanna na Laighneach, faoi Chiste Spreagtha Loch Deirgeirt. D'éirigh le hiarratas ar Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar Lána Lewis, an tAonach agus tá sé beartaithe oibreacha a chríochnú i R2 2018.



Chuir an Ceantar os cionn €7 milliún ar fáil i sceideal na n-oibreacha Ceantair Bhardasaigh do 2017



Brat Bán Ionad Fóillíochta an Aonaigh

Is é atá sa Bhrat Bán ná Caighdeán Cáilíochta Náisiúnta arna dheonú ag Ireland Active agus é bunaithe ar cheithre réimse oibriúcháin um Ionaid Fhóillíochta nó Spánna:

- Sábháilteacht
- Sláinteachas & Cothabháil
- Plé le Custaiméirí
- Acmhainní Daonna

Tá an dámhachtain seo ceaptha chun feabhas leanúnach a spreagadh agus tá sí bainte amach ag thart ar chéad saoráid ar fud na tíre. Chuaigh Ionad Fóillíochta an Aonaigh isteach sa chlár seo den chéad uair i 2016 agus is é an t-aon saoráid i gContae Thiobraid Árann a bhfuil an creidiúnú sin bainte amach aici.

I 2017 bronnadh Bonn Óir ar Ionad Fóillíochta an Aonaigh i gClár na an Bhrait Bháin agus Bonn Óir bronnta air maidir le hinrochtaineacht. Ba í seo an dara bliain de rannpháirtíocht sa chlár seo agus leibhéal na dámhachtana feabhsaithe ó bhonn cré-umha i 2016 go bonn óir i 2017.



 Bronnadh Dhámhachtain an Bhrait Bháin

Oíche Dámhachtainí Cheantar Bardasach an Aonaigh


Ar an 23 Samhain 2017, réachtáil Ceantar Bardasach an Aonaigh Oíche bhliantúil Dámhachtainí. D'éirigh go han-mhaith leis an imeacht, agus aitheantas tugtha don obair chrua a bhí ar siúl ag grúpaí pobail ar fud an cheantair faoi roinnt catagóirí.



Bronnadh ar Musical Theatre Academy, an tAonach mar aitheantas dá n-éachtaí i gCraobhchomórtas Domhanda na dTaibhealaíon i Los Angeles



Bronnadh ar Chumann Cónaitheoirí na Tulaí mar aitheantas dá n-éacht agus iad roghnaithe mar an Eastát a Raibh an Chuma is Fearr Air i gCeantar Bardasach an Aonaigh

 *Bronnadh Bonn Óir ar Ionad Fóillíochta an Aonaigh i gClár na an Bhrait Bháin agus Bonn Airgid bronnta air maidir le hinrochtaineacht.*





Ag Obair leis an bPobal

I rith 2017 lean Ceantar Bardasach an Aonaigh ar aghaidh ag obair as lámh a chéile leis an bpobal ar fud an Cheantair ar go leor bealaí. Chuimsigh sé sin cistiú a chur ar fáil trí dheontais agus ranníocaíochtaí, idirchaidreamh le grúpaí agus comhlachais deonacha, soláthar comhairle agus tacaíochta agus cabhrú le himeachtaí éagsúla.

Rinneadh na ranníocaíochtaí seo a leanas a leithdháileadh ar eagraíochtaí agus grúpaí cónaitheora áitiúla:

- Eagraíochtaí Áitiúla - €25,000
- Cumainn Chónaitheora - €12,000
- Scéim Deontas Speisialta do Chlubanna Spóirt & Ghrúpaí Deonacha - €5,000.
- I measc na n-imeachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh bhí:
- Paráid Lá Fhéile Pádraig
- Spleodar
- Castle Fest an Aonaigh
- Visit Nenagh Classic
- Taste of Nenagh



 Visit Nenagh Classic



 Ag damhsa sa bháisteach ar Lá Fhéile Pádraig



 Buaitoirí duaise i gcomórtas na n-oideas ag Taste of Nenagh

Ár mBailte & Sráidbhaile a Fheabhsú

Thug Ceantar Bardasach an Aonaigh cabhair d'úinéirí réadmhaoine i bPríomhcheantar Miondíola bhaile an Aonaigh chun a gcuid aonad réadmhaoine a fheabhsú trí chúnadh deontais a éascú i dtreo éadain siopa a phéinteáil.

Leanadh ar aghaidh le Scéim Bhoscaí Fuinneoige le haghaidh 2017 i mBaile an Aonaigh. Chuir an scéim seo feabhas ar an tsráid-dreach agus ar an áit phoiblí trí thacú le húinéirí aonad réadmhaoine. Cuireadh suas boscaí fuinneoige, rinneadh iad a uisciú agus a chothabháil ag Ceantar Bardasach an Aonaigh.

Tugadh cistiú breise i bhfoirm deontas do na cúig ionad sa Cheantar a bhain amach na marcanna ab airde i gComórtas náisiúnta na mBailte Slachtmhara. Leis an gcistiú sin bhí coistí deonacha ina ann oibreacha feabhsaithe breise a dhéanamh sna háiteanna seo a leanas: Trí Dhá Ghlas, Cill Bharráin, Béal Átha Gabhann agus Cnocán an Éinn Fhinn.

Tugadh cúnadh deontais do na háiteanna seo a leanas chun cabhrú lena gcuid iarrachtaí a gcuid ceantar a fheabhsú: Cill Ó Scolaí, Béal Átha an Doire, Na Coirriní agus Carnaigh.



 Athchóiriú ar an gCaidéal Sráidbhaile i

gCill Ó Scolaí

Bliain shuntasach ab ea 2017 do na Coistí Bailte Slachtmhara go léir i gCeantar an Aonaigh. Tá aitheantas speisialta ag dul go Cnocán an Éin agus an gradam ab airde sa chomórtas bronnta air, ba é sin ná an Baile is Slachtmhaire agus an Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn. Choimeád Cnocán an Éin agus Tír Dhá Ghlas a stádas boinn óir. Choimeád Béal Átha Gabhann agus an tAonach a gcuid bonn airgid agus cré-umha faoi seach. Bronnadh bonn cré-umha ar Bhéal an Átha.

Ghlac 26 ghrúpa bailte slachtmhara páirt sa chomórtas agus d'éirigh leo go léir marcanna níos airde a bhaint ó íosmhéid de +3 go huasmhéid de +11.



 Bronnadh ar an Uas. Denis Floyd ó Choiste Bailte Slachtmhara Cnocán an Éin



 Baill Choiste Bhailte Slachtmhara Cnocán an Éin, Baile Átha Cliath tar éis na dtorthaí



Bronnadh an duais as an mBaile is Slachtmhaire in Éirinn agus an Sráidbhaile is Slachtmhaire in Éirinn ar Cnocán an Éin





Páirc Baile an Phoirt Nua

Ceapadh Nic de Jong Associates mar chomhairleoirí chun Páirc Baile an Phoirt Nua a dhearadh, is i Mulkear View, an Port Nua, a gcuirfear an pháirc seo ar fáil.

Oifig Turasóireachta an Aonaigh

Fostaíodh comhairleoir maidir le dearadh oifig turasóireachta nua a chuirfear ar fáil san Iar-halla Baile, an tAonach

Grúpa European Allianz

Thug baill den Ghrúpa European Allianz cuairt ar an Aonach ar an 11 Meán Fómhair agus bhuail siad le comhaltaí de Cheantar Bardasach an Aonaigh agus le hionadaithe ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann.



Baill den Ghrúpa European Allianz sna hOifigí Cathrach, an tAonach

Cuairt ag an Aire Moran

Thug an tAire Kevin Moran, Aire Stáit ar a bhfuil freagrach as Oifig na n-Oibreacha Poiblí agus Maolú Tuilte cuairt ar an Aonach chun plé a dhéanamh faoi dhul ar aghaidh go Céim 2 de thionscadal an Chaisleáin. Thug an tAire gealltanas chun féachaint ar an seanstaidéar indéantachta a chuimsigh rochtain do choisithe ó Shráid an Phiarsaigh.



An tAire Moran leis an Cmhlr H. McGrath i dtailte Chaisleán an Aonaigh



An tAire Moran in Ionad Géineolaíochta & Músaem an Aonaigh

An Gairdín Cuimhneacháin, Cloch Shiurdáin

Cuireadh tús le hoibreacha chun Gairdín Cuimhneacháin a fhorbairt i gcumhne ar Thomás Mac Donnacha i mí an Mheithimh 2017.



Bealach Isteach chuig an nGairdín Cuimhneacháin

Comhchomhairle Pobail

Reáchtáil Ceantar Bardasach an Aonaigh cruinniú poiblí in Ionad Pobail an Phoirt Nua áit a ndearna an Comhairleoir Nic de Jong cur i láthair ar fhorbairt bheartaithe Pháirc Bhaile an Phoirt Nua.

Reáchtáladh cruinniú poiblí freisin i gComhlachas Tráchtála Cheantar Bardasach an Aonaigh áit ar thug Dermot Donovan ó Roadplan cur i láthair ar an bPlean Bainistíochta Tráchtála atá beartaithe.

D'fhaomh na Bail de Cheantar Bardasach an Aonaigh na forbairtí Chuid 8 seo a leanas:

- N52 Oibreacha Feabhsúcháin Sráide i mBuiríos Uí Chatháin
- Athailíniú ar Bhóthar Réigiúnach an R498 i Leatracha.

Ag Tógáil i gCúram

Tógadh na cinn seo a leanas i gcúram i gCeantar Bardasach an Aonaigh i rith 2017:

- Cuid de Chluain Caoin, Bóthar Bhuiríos Uí Chatháin, an tAonach
- The Coachyard, Cloch Shiurdáin
- Farmleigh, Baile Uí Lachnáin
- Ashgrove Meadows, Béal an Átha
- Bealach Eochaille, An Baile Nua

Bóthar fógartha le bheith poiblí

- An Leaca Bhreac, Cill Ó Scolaí, An Port Nua

Nascadh

Thug baill de choiste Nasctha Basse Goulaine cuairt ar cheantar Bhéal an Átha/Chill Dá Lua agus bhuaill siad le hionadaithe ar Cheantar Bardasaigh an Aonaigh agus ar Cheantar Bardasach Chill Dá Lua. Is í aidhm an tionscnaimh chleamhnaithe ná malairtí Turasóireachta, Oidhreacht agus Scoile a chur chun cinn idir na bailte.



Cur i láthair do Bhaill Choiste Nasctha Basse Goulaine



Cuairt ar Gharraí Uí Chinnéide





CCTV Pobail

Fuarthas maoiniú deontais chun CCTV Pobail a sholáthar sa Bhuiríos, i gCnocán an Éin agus sa Bhaile Beag. Bronnadh an conradh chun na háiseanna sin a sholáthar ar Stalwart Security.



Cuireadh tús le hoibreacha chun Gairdín Cuimhneacháin a fhorbairt i gcuimhne ar Thomás Mac Donnacha i mí an Mheithimh 2017

Seoladh GoCar

Bhí Ceantar Bardasach an Aonaigh mar chuid de scéim phíolótach a tugadh isteach ag an gcuideachta Éireannach um roinnt gluaisteán GoCar. San Aonach seoladh an scéim ar an gCéadaoin, an 27 Meán Fómhair, 2017. Le hionad GoCar i Stáisiún Iarnróid an Aonaigh tugadh an deis do dhaoine iompar poiblí a úsáid agus ansin gluaisteán a bheith ar fáil dóibh mar áis.



 Seoladh sheirbhís GoCar um roinnt gluaisteán i Stáisiún Iarnróid an Aonaigh

CEANTAR BARDASACH AN TEAMPAILL MHÓIR - DHURLAS



Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil a réachtáladh ar an 21ú. Meitheamh, 2017.

Toghadh Cathaoirligh agus Leaschathaoirligh

Toghadh an Comhairleoir Seamus Hanafin ina Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Eddie Moran ina Leaschathaoirleach ar



GRADAIM CHATHRACH

Bhí slua ollmhór i láthair chun ómós a thabhairt do na daoine seo a leanas ar tugadh Fáiltithe Cathrach dóibh ag Comhaltaí Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas san Óstán Templemore Arms ar an 23ú. Samhain, 2017

- Peter Ryan tar éis dó bheith ina ionadaí ar Éirinn sna cluichí Parailimpeacha i Rio i 2017.
- Clann Cummins tar éis dóibh an bua a bheith acu in Ireland's Fittest Family 2016.
- Alan Tynan tar éis dó ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn sa Chorn Domhanda Rugbaí faoi 20 i 2017.
- J.P Cooney tar éis dó bonn buaiteoirí PRO-12 a bhaint le RFC Chonnacht i 2016.
- Bainisteoirí Mhianach an Lisín & Vendanta as a plean dúnta den scoth agus a n-iarrachtaí chun bealach úsáide eile a lorg do láithreán an Lisín.
- Club Tharraingt na Téide Loughmore tar éis dóibh craobhacha Mumhan agus Náisiúnta a bhaint.
- Éachtaí Chlub Dornálaíochta Dhurlas
- Éachtaí Marting Leyden le Club Lúthchleasaíochta an Teampaill Mhóir & Meánscoil Mhuire, an Teampall Mór.



TACAÍOCHT DO PHOBAIL

Deontais/Ranníocaíochtaí

Moltar flaithiúlacht Chomhaltaí Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas agus €119,574.00 leithdháilte acu do 159 eagraíocht sna catagóirí seo a leanas:

- 40 Cumann Cónaitheora le haghaidh oibreacha feabhsúcháin mar thoir, cur crann, cur suas ainmplháta eastáit, feabhsú ar áit ghlas agus trealamh um bearradh féir a cheannach & a chothabháil.
- 39 gComhlacht Spóirt chun áiseanna spraoi a sholáthar do dhaoine óga agus rannpháirtíocht ban a chur chun cinn.
- 22 Chumann Bailte Slachtmhara
- 50 Coiste Reilige de mhéid iomlán €35,000.00
- 4 Choiste Pharáid Lá Fhéile Pádraig i dtreo chostais reatha na bParáidí do Lá Fhéile Pádraig a reáchtáladh sna bailte An Baile Beag, Ros Cré An Teampall Mór agus Durlas. Taispeántar sa ghrianghraf na buaiteoirí duaise a ghlac páirt i bParáid Lá Fhéile Pádraig, Durlas.
- 4 heagraíocht Dheonach a thugann cúnamh fíorluachmhar don Chomhairle.



AG TACÚ LE GNÓTHAIS INÁR MBAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Soilse na Nollag

An Teampall Mór

I dteannta le Cumann Forbartha an Teampaill Mhóir d'fhorbair an Ceantar Plean iontach um Soilse Nollag do bhaile an Teampaill Mhóir agus an ba é an toradh air ná feabhsúcháin as cuimse ar thaispeántas shoilse na Nollag agus é casta air go hoifigiúil ar an Aoine, an 8 Nollaig, 2017. Fuair foireann an Cheantair aiseolas an-dearfach ón bpobal an oíche sin.

D'fnaomh Comhaltaí Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas leithdháileadh €15,500.00 ón Leithdháileadh Cathrach Ginearálta 2017 do ghrúpaí pobail chun cabhrú le soláthar Soilse Nollag i mbaile Ros Cré agus i sráidbhailte sa Cheantar:

Ros Cré	€9,000
Buiríos Ó Luigheach	€1,000
An Baile Beag	€1,000
An Mhaighean	€1,000
Cluain Mór	€1,000
Mainistir na Croiche	€500
Cluain Uí Chionaoith	€500
Teampall Tuaithe	€500
Gort na hUamha	€500
Two-Mile-Borris	€500



Scéimeanna Feabhsúcháin Baile agus Péinteála

Thug Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas tacaíocht airgeadais do 10 n-úinéir mhaoine i Ros Cré, sa Teampall Mór agus i nDurlas faoi na Scéimeanna Feabhsúcháin Baile & Péinteála 2017 chun tabhairt faoi phéinteáil, fheabhsúcháin ghinearálta agus chomhshaoil ar éadain foirgneamh gnó agus cónaitheach i gcomhréir le téarmaí na Scéimeanna.

Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha

Ghlac na Comhaltaí leis an Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha le haghaidh Cheantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas ar an 22ú Márta 2017. Leis sin rinneadh soláthar do chaiteachas iomlán de €7,165,350.00 a chlúdaigh cothabháil bóithre, cothabháil tithe, glanadh sráide, cothabháil conláistí, oibreacha draenála agus cothabháil reiligí.





Seo a leanas achoimre ar thionscail a rinneadh faoin Sceideal d'Oibreacha i gCeantair Bhardasacha:

- Tá an Ceantar freagrach as deisiú agus cothabháil 1,225 aonad tithíochta sóisialta ar fud an Cheantair. Tugadh faoi ghnáthdheisiúcháin um chothabháil tí ar 674 teach ar chostas €532,226.00. Rinneadh deisiúcháin roimh ligean ar cíos ar 70 dteach ar chostas €399,606.00, agus d'aisíoc an Roinn a fhorhmór faoi Chlár na dTithe Foilmhe.
- Feabhsaíodh 12 bóthar faoin gClár Cothabhála Athchóirithe.
- Rinneadh uasghrádú ar 30 bhóthar faoin gClár Cothabhála agus Feabhsúcháin.
- Tugadh faoi Oibreacha Athchóirithe Droichid ar Dhroichead Shanahan, Droichead an Droma Bháin agus Droichead Choill an Bhardaigh. I measc na bhfeabhsúcháin ar Dhroichead Choill an Bhardaigh bhí tógáil bhealach éisc i gcomhairle le Bord Iascaigh Intíre Éireann chun déanamh cinnte go mbeadh rochtain shábháilte agus éasca ag na héisc suas an abhainn.
- Scéimeanna Feabhsúcháin sábháilteachta ar Chostas Íseal i bPlásóga an Chaisleáin, Durlas
- Athsholáthar bhalla teorann i Seanreilig Iósaif, an Teampall Mór.
- Oibreacha Feabhsúcháin Sráidbhaile a chuimsigh feabhsúcháin cosáin i nGort na hUamha, Mainistir na Croiche agus Teampall Tuaithe a maoiníodh ag na Comhaltaí tríd an Leithdháileadh Cathrach Ginearálta.
- Oibreacha um chothabháil dhraenáil abhann ar an Clodiagh, Black, Cromogue, Droichead na Farna/Baile na hAbha agus i Ros Cré/An Teampall Mór.
- Cuireadh dromchla nua wetpour ar fáil i gClós Súgartha an Teampaill Mhóir, Durlas.



TIONSCADAIL SPEISIALTA

1. Oscailt na n-Oifigí Ceantair in Ascaill an Chaisleáin, Durlas.

Tugadh faoi athlonnú foirne ó oibríochtaí ó iar-Oifigí an Cheantair ar Bhóthar Shliabh na mBan, Durlas go díreach ag baill foirne an Cheantair ar an Aoine, an 13ú Eanáir 2017 agus rinneadh cinnte go leanadh ar aghaidh ag soláthar seirbhísí don phobal le linn thréimhse an athraithe agus doirse oscailte dár gcustaiméirí sna hOifigí Ceantair nua ar an Luan, an 16ú Meitheamh, 2017. Ba iad an Cathaoirleach Siobhán Ambrose, Comhairle Contae Thiobraid Árann agus an Cathaoirleach Joe Bourke, Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas ar an 7ú Márta, 2017. Fuarthas go bhfuil ionad straitéiseach na n-Oifigí sa Chontae antairbheach mar thoradh ar sheomraí cruinnithe den chéad scoth a bheith ar fáil chomh maith le háiseanna ceardlainne do bhaill foirne agus Chomhaltaí. Freisin cuireadh an foirgneamh ar ghearrliosta do thrí dhámhachtain náisiúnta.



2. Scéim Feabhsúcháin Chearnóg na Saoire, Durlas

Críochnaíodh an próiseas Cuid 8 um athchóiriú Chearnóg na Saoirse agus forbairt carrchlóis amach ó Chearnóg na Saoirse, Durlas ar an 14ú Aibreán, 2017. Tugadh chun críche an próiseas soláthar don chonradh réamhoibreacha maidir le leagan shiopa Griffin's agus glanadh an láithreán carrchlóis amach ó Chearnóg na Saoirse faoi dheireadh 2017.

3. Athlonnú Fóntais Phoiblí go Páirc Baile Dhurlas

Rinneadh an fóntas poiblí a athlonnú ó Charrchlós Shráid Parnell go Páirc Baile Dhurlas mar gheall ar an líon mór daoine a úsáideann go minic an pháirc scátála, clós súgartha na leanaí, an ceantar ilúsáide cluichí agus na rianta siúil sa pháirc.

4. Páirc Baile, Gairdín Bláthanna Fiáine agus Tírdhreachaithe an Teampaill Mhóir

D'éirigh leis an gCeantar deontas €40,000.00 a fháil faoin Tionscnamh Athnuachana Baile/Sráidbhaile 2016 chun Gairdín Bláthanna Fiáine agus Áit Thírdhreachta a fhorbairt ar láithreán seanlinne snámha nach raibh in úsáid i bPáirc Bhaile an Teampaill Mhóir. Le críochnú an ghairdín i mí Fheabhra 2017, feabhsaíodh go mór cuma an Pháirc Bhaile agus soláthraíonn sé timpeallacht chalma do gach úsáideoir inar féidir leo a scíth a ligean.



Críochnaíodh athchóiriú Chearnóg na Saoirse agus forbairt carrchlóis amach ó Chearnóg na Saoirse, Durlas



5. Ciste do Struchtúir i mBaol 2017- An Caisleán Dubh, an Teampall Mór

Tá an Caisleán Dubh suite ar chnocán beag i bPáirc Bhaile an Teampaill Mhóir agus bhí sé mar chuid d'Eastát Carden sa naoú haois déag. Séadchomhartha taifeadta é an fothrach a roghnaíodh do chúnamh deontais faoi Chiste na Struchtúir i mBaol 2017 agus críochnaíodh oibreacha caomhantais a chuimsigh eidhneán/fásra a bhaint agus an t-Áirse agus an Balla Bábhúin a atreorú faoi mhaoirseacht foirne comhairleachta ar chaomhantas.

6. Deisiúcháin/Feabhsúcháin ar Halla Baile an Teampaill Mhóir

Ceapadh Kilgallen & Partners i 2017 chun oibreacha deisiúcháin do Halla Baile an Teampaill Mhóir a dhearadh; is é a bheidh i gceist leis sin ná ábhar seachtrach an struchtúir chosanta seo ina bhfuil seacht mbá agus dhá stór a dheisiú agus a athchóiriú.

7. An Scéim um Feabhsú Ros Cré

Fuair an Ceantar maoiniú de €91,600.00 faoi Scéim Athnuachana Bailte/Sráidbhailte 2017 chun comharthaí léirmhíniúcháin agus treoirithe a sholáthar agus a chur suas i mbaile Ros Cré agus Aip Shlí an Bhuitléaraigh, rud a chuirfidh ar chumas cuairteoirí taití iomlán a fháil ar nádúr tarraingteach na hoidhreachta i mbaile Ros Cré. Beidh na comharthaí nua ag teacht le téamaí Sheanoirthear Éireann agus iad dírithe go príomha ar an téama Éire Naofa agus Caisleán agus Choncais, mar gheall ar shraitheanna oidhreacha eaglasta an bhaile agus an phríomhtharraingt mar atá Caisleán Ros Cré. Bhí go leor dul chun cinn déanta leis an dearadh sonrach le haghaidh na gcomharthaí faoi dheireadh mhí na Nollag, 2017.

Tacaíocht Tithíochta Sóisialta

Tacaíonn Ceantar Bardasach an Teampaill Mhóir-Dhurlas leis an Rannóg Tithíochta chun cúnaimh riaracháin a thabhairt maidir le hiarratais ar thacaíocht tithíochta sóisialta, moltaí/leithdháiltí tithíochta agus Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta do bhaile Dhurlas agus bhaile an Teampaill Mhóir. Cuirtear seirbhís athbhreithnithe cíosa agus measúnaithe cíosa ar fáil freisin do bhaile Dhurlas.





CÚRSAÍ EAGRAÍOCHTA

- ✓ SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA
- ✓ ACMHAINNÍ DAONNA
- ✓ TEICNEOLAÍOCHT NA FAISNÉISE
(TF)
- ✓ LÁITHREÁN GRÉASÁIN
- ✓ SPÓIRT AGUS CÚRSAÍ SÓISIALTA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

AN GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Tá an Grúpa Beartais Chorporáidigh (CBC) déanta suas den Chathaoirleach agus de chúigear Cathaoirleach na gCoistí Beartais Straitéisigh agus tugann an Príomhfheidhmeannach tacaíocht dó.

Cuimsíonn ról an GBC comhairle a chur ar an gComhairle Thofa agus cabhrú leo ó thaobh beartas a cheapadh, a fhorbairt, a mhaoirsiú agus a athbheithniú le haghaidh Chomhairle Contae Thiobraid Árann. Is ag an gComhairle Thofa a bhfuil údarás iomlán ó thaobh cinntí a dhéanamh, áfach.

D'fhéadfadh an GBS freisin moltaí a dhéanamh maidir le gnó a leithdháileadh idir na Coistí Beartais Straitéisigh agus maidir le comhordú ginearálta an ghnó sin.



Reachtáladh 10 chruinniú den GBC i rith 2017. I measc na míreanna a ndearnadh a mheas ag a gcuid cruinnithe bhí:

- Cloí leis an gCreat Eitice
- Straitéis Fhéile Thiobraid Árann
- Beartas ar Chlós Súgartha Thiobraid Árann
- Beartas CCTV Thiobraid Árann
- Aighneacht don Chreat Náisiúnta Pleanála
- Plean Margaíochta Thiobraid Árann um Infheistíocht Isteach
- An Dréachtphlean um Sholáthar Seirbhíse 2017
- Comhchuibhiú Muirear ag Láithreáin Fónais Phoiblí
- Roghnú Cathaoirleach Ainmnithe do Choistí Beartais Straitéisigh
- Beartas ar Chuimhneacháin Thaobh Bóthair
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2016
- Tuarascáil Bhliantúil 2016
- An Deontas Ealaíon 2017
- An Próiseas Buiséadach 2017
- REVAL 2019
- Leathanbhanda agus Straitéis Dhigiteach CCTÁ
- Fodhlíthe ar Theorainneacha Luais Speisialta do Thrácht ar Bhóithre 2017
- An Cháin Mhaoine Áitiúil - An fachtóir Choigeartaithe Áitiúil a Mheas
- Bronnadh Fháiltithe Cathrach ag Ceantair Bhargasacha a Mheas
 - › **Ceantar Buirge Chluain Meala**
 - › Oíche na nDámhachtainí Cathrach - Tommy O' Donnell, Imreoir Rugbaí Mumhan i réimse an Spóirt; Gerry Davis i réimse na hEalaíne; Melissa Hill i réimse na Litríochta, Kevin O' Sullivan i réimse na n-Ealaíon Comhraic; Risteard O' Domhnaill i réimse na n-Amharcealaíon;
 - › **CB Chaisil-Thiobraid Árann**
 - › Oíche na nDámhachtainí Cathrach - Uachtarán Chumann Beachairí na hÉireann; Mike Sweeney, Uachtarán Mhuinir na Tíre; Willie Barry, an Cheapach mar aitheantas dá ról i bpiobáin uisce a shuiteáil ar fud an chontae;
 - › Aidan & Joseph O' Brien mar aitheantas do churriarracht Aidan O' Brien i 25 bhua Grúpa 1 i séasúr agus do Joseph O' Brien tar éis dó an capall a thraenáil a bhuaigh Corn Melbourne 2017;
 - › Grúpa Railí Seanré Thiobraid Árann as an méid a thugann siad do Thiobraid Árann;
 - › **CB an Teampaill Mhóir-Dhurlas**
 - › Meánscoil Mhuire, an Teampaill Mór maidir lena mbua i gCorn Harty
 - › Oíche na nDámhachtainí Cathrach - Foireann Tharraingt na Téide Loughmore as an gComórtas Náisiúnta a bhuanach; JP Cooney, ball d'Fhoireann Shinsearach Rugbaí Chonnacht tar éis dóibh Craobh Guinness Pro 12 a bhaint i 2016; Conor Ivors, Baile an Gharraí, tar éis dó Craobh Sinsearach an Irish Athletic Boxing Association a bhuanach; Clann Cummins Ráth Eilte tar éis dóibh an bua a bheith acu in Ireland's Fittest Family 2016; Peter Ryan, an Drom Bán a bhí ina ionadaí ar Éirinn sna cluichí Parailimpeacha i 2016;
 - › An tUas. Martin Leyden mar aitheantas dá ról i gClub Lúthchleasaíochta an Teampaill Mhóir le 40 bliain anuas;
 - › Alan Tynan, mar aitheantas dá ionadaíocht ar Éirinn sa Chorn Domhanda Rugbaí U20;
 - › Bainisteoirí Mhianach an Lisín agus an chuideachta Vedanta as a bplean dúnta do Mhianach an Lisín;
- Ceapadh comhaltaí chuig Coistí/Boird
 - › Ionad Ealaíon Réigiúnach Dhurlas





SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DO CHUSTAIMÉIRÍ

Oibríonn an Chomhairle samhail chomhtháite um thacaíocht do chustaiméirí i bhfoirm Dheasc Seirbhíse do Chustaiméirí. Tá Comhaontú Leibhéal Seirbhíse i bhfeidhm le gach rannóg ionas go dtuigtear go soiléir ról an DSC agus na Rannóige/ an Cheantair Bhardasaigh. Tá an Chomhairle ag oibriú Córais Bhainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (BCC) chun teachtaireachtaí a chur ar aghaidh ó DSC chuig na Rannóga/Ceantair.

Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí- Fíricí agus Figiúir

I 2017 láimhseáil DSC (Cluain Meala agus an tAonach le chéile) tuairim is:

- 130,000 glao teileafóin
- 30,000 fósú ag an gcuntar poiblí
- 10,000 ríomhphost
- 100,000 mír sa phost
- Cruthaíodh 20,427 CRM



Oiliúint

I dteannta le baill foirne Fáiltithe na 5 Ceantair Bhardasaigh tugadh tuilleadh ardoiliúna gairmiúla ar Sheirbhísí do Chustaiméirí do bhaill foirne an DSC i rith 2017. Freisin cuireadh oiliúint ar Sheirbhísí do Chustaiméirí ar bhaill foirne spriocdhírthe eile fud fad na heagraíochta mar chuid de phróiseas leanúnach chun féachaint chuig an gcaighdeán órga um fheabhas seirbhíse do chustaiméirí a bhaint amach i gComhairle Contae Thiobraid Árann.

Deasc Seirbhíse do Chustaiméirí - 1^ú Uirlár Oifigí Cathrach Chluain Meala

Is oifig phoiblí chomhtháite í sin um Cheantar Buirge Chluain Meala, Rannáin Phleanála agus Chomhshaoil, agus foireann inti ar bhonn uainchláir. Cuireann Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Saincheadúnas seirbhíse ar fáil ag an deasc sin chomh maith. Tá seomraí cruinnithe curtha ar fáil in aice léi, agus bíonn rochtain phoiblí ar fáil ar iPlan, comhaid iarratais phleanála agus acmhainní eile ar líne



SAORÁIL FAISNÉISE

Achtaíodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 ar an 14 Deireadh Fómhair, 2014. Bronntar trí cheart fíorthábhachtach leis ar bhail den phobal a iarrann rochtain ar fhaisnéis atá ag ranna rialtais, údaráis áitiúla agus comhlachtaí ainmnithe eile. Is iad na cearta sin ná:

- An ceart chun rochtana ar thairfid éagsúla atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.
- An ceart go ndéanfaí eolas pearsanta atá ag na comhlachtaí sin fúthu féin a cheartú nó a thabhairt suas chun dáta áit is gá.
- An ceart fáthanna a fháil le cinní arna ndéanamh ag comhlachtaí poiblí a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar acu orthu.

Ó tionscnaíodh i 1997 é tá leas bainte go forleathan ag bail den phobal as an Acht um Shaoráil Faisnéise chun rochtain a fháil ar thairfid atá i seilbh Comhlachtaí Poiblí.

Fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann 118 iarratas ar Shaoráil Faisnéise i 2017.

Sa tábla seo a leanas taispeántar líon na n-iarratas FOI a fuair Comhairle Contae Thiobraid Árann i 2017 chomh maith leis na cinní faoi na hiarratais sin:

Iompaithe ar aghaidh chuig 2017	2
Líon na n-iarratas FOI a fuarthas	118
Líon na n-iarratas ar Fhaisnéis phearsanta	17
Líon na n-iarratas ar Fhaisnéis neamhphearsanta	100
Measctha	1
Líon na n-iarratas a deonaíodh	62
Líon na n-iarratas a deonaíodh i bpáirt	16
Líon na n-iarratas ar diúltaíodh dóibh	22
Aistrithe go Comhlachtaí FOI eile	2
Tarraingthe siar/Láimhseáilte lasmuigh de FOI	8
Iompaithe ar aghaidh go 2018	10





DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

I gcomhréir leis an Acht um Údarás Áitiúla (Deontais Ardoideachais), cuireann Comhairle Contae Thiobraid Árann deontais ardoideachais ar fáil do mhic léinn incháilithe.

Glacann an Chomhairle le scéim deontas gach bliain in éineacht leis an Aire Oideachais agus Scileanna. Ó 2012/2013 tá próiseáil á déanamh ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn (SUSI) ar gach iarratas nua. Dá réir sin, ní dhéanann Comhairle Contae Thiobraid Árann próiseáil ar iarratais nua ar dheontais ardoideachais a thuilleadh, tá siad ag próiseáil iarratas le haghaidh mac léinn atá ag leanúint ar aghaidh lena gcuid staidéar reatha ó bhí an bhliain acadúil 2011/2012 ann.

Méid Iomlán na n-Iarratas Measúnaithe 2017/2018	1
Faofa agus íoctha	1



FÁILTITHE CATHRACH

Is é atá i bhFáiltiú Cathrach ná an onóir is airde ar féidir leis an gComhairle a bhronnadh ar dhuine aonair, ghrúpa nó eagraíocht a bhfuil rath suntasach bainte amach acu i réimsí spóirt, cultúrtha, acadúla, eolaíochta, polaitíochta nó réimsí eile nach iad.

I rith 2017, thug Comhairle Contae Thiobraid Árann Fáiltiú Cathrach dóibh siúd a leanas:

A Soilse Anne Anderson, an chéad Ambasadóir Ban ar Éirinn ar an 26 Bealtaine, 2017 sa Halla Baile, Sráid Parnell, Cluain Meala



Foirne Contae Thiobraid Árann sa Dome, Durlas ar an Aoine, an 20 Eanáir 2017 mar aitheantas dá n-éachtaí móra i rith 2016, sa Dome, Durlas ar an 20 Eanáir, 2017.



ACMHAINNÍ DAONNA

Tá Comhairle Contae Thiobraid Árann, ar comhairle aontaithe í, i measc na bhfostóirí is mó sa chontae agus 1119 fostaí san iomlán acu (idir fostaithe coibhéise lánaimseartha agus coimeádta) ag deireadh 2017.

Tá an Rannóg Acmhainní Daonna freagrach as na réimsí seirbhíse seo a leanas a sholáthar:

- Earcaíocht, Luach Saothair agus Coinníollacha Fostaíochta.
- Forbairt agus Cur i bhFeidhm Clár Oilíúna/Forbartha um Bhaill Foirne.
- Aoisliúntas (Teidlíochtaí Pinsin).
- Leas/Caidreamh Fostaithe
- Beartais agus socrúithe a Thacaíonn le Teaghlaigh
- Caidreamh Tionsclaíoch.
- Coimeád Taifead Foirne.
- An Córas CORE, ar córas ríomhairithe é um Acmhainní Daonna.
- An Córas um Bainistíocht agus Forbairt Feidhmíochta (CBFF).
- Tacaíocht do rannóga feidhmíúla maidir le gach ábhar i leith Acmhainní Daonna



Pleanáil agus Earcú an Fhórsa Oibre

Tá sé de cheangal ar gach Údarás Áitiúil plean faofa don fhórsa oibre a bheith i bhfeidhm acu. Mar chuid de phróiseas cumaisc Thiobraid Árann, rinneadh cleachtadh fairsing um pleanáil fhórsa oibre i 2013 agus tá sé á chur i bhfeidhm ó sin. Tar éis gur cuireadh deireadh leis an mbac ar earcaíocht agus gur eisigh an Roinn Smachtbhanna Tarmligthe, i rith 2017, tháinig méadú suntasach ar ghníomhaíocht earcaithe, i gcomhthéacs comórtas oscailte agus teoranta agus leis sin tugadh raon deiseanna d'fhostaithe reatha agus d'fhostaithe nua san Údarás seo. Le líon gan choinne de chomórtais earcaíochta, mar a bhí 66, bhí 137 ball foirne nua thar an raon iomlán disciplíní lenar áiríodh Riarachán, Innealtóireacht, Teicniúil, Eolaíoch, Oibrí Ginearálta agus na gráid mhaoirseachta.

Caidreamh Tionsclaíoch

Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirt le ceardchumainn agus le hionadaithe fostaí chun caidrimh oibre chairdiúla agus coinníollacha oibre a bhaint amach chomh maith le cleachtais oibre sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúla. Is iad na príomh-cheardchumainn a bpléitear leo ná Fórsa (IMPACT a thugtaí air roimhe sin), SIPTU, LAPO, UNITE and CONNECT UNION (TEEU a thugtaí air roimhe sin).

Oiliúint & Forbairt Foirne

I gcomhréir lenár mbeartas náisiúnta reatha agus le cuspóir ár bPlean Chorporáidigh leanaimid ar aghaidh ag déanamh cinnte go mbíonn an deis ag baill foirne ar gach leibhéal den eagraíocht a n-acmhainn iomlán a chomhlíonadh agus an leibhéal cuí eolais agus scileanna a shealbhú chun gur féidir leo a bpost a dhéanamh. Tá foireann oiliúna thiomnaithe ag an Rannóg Acmhainní Daonna atá freagrach as clár cuimsitheach oiliúna a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm. Bíonn riachtanais oiliúna bunaithe ar na riachtanais arna n-aithint tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) agus i rith na bliana, tugadh tús áite d'Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, oiliúint a theastaíonn le haghaidh ról sonrach agus freisin oiliúint a bhaineann le bainistíocht athruithe. Freisin cuireadh tugadh cistiú le haghaidh chúrsaí 3ú leibhéal do roinnt ball foirne faoin Scéim Chúnaimh um Oideachas Foirne.

Chun éifeachtacht agus luach ar airgead a chinntiú, cuireadh oiliúint ar fáil ar an láthair go príomha agus san Ionad Oiliúna Réigiúnach, Ros Cré agus úsáid á baint as idir oiliúnaithe inmheánacha agus seachtracha.

Déantar comhghairdeas leis na fostaithe go léir a ghlac páirt sa chlár oiliúna i 2017.

Aoisliúntas

Riarann an Rannóg Acmhainní Daonna an Scéim Aoisliúntais Údarás Áitiúil agus Scéim Bhainteach na gCéilí agus Leanaí agus Scéimeanna Pinsin Baintrí agus Dílleachta le haghaidh gach gráid.

Comhlíonann lucht na Rannóige na feidhmeanna seo a leanas:

- Cnapshuimeanna scoir agus pinsin a ríomh chomh maith le haisc báis, cnapshuimeanna i dtaobh scor, sochair chaomhnaithe etc.
- Aistriú seirbhíse chuig agus ó chomhlachtaí eile Earnála Poiblí.
- Ráitis a ríomh maidir le seirbhísí agus meastacháin sochair.
- Clárú ball nua den scéim.

Comhionannas

Is iad an dá príomhbheartas ó thaobh comhionannais atá i bhfeidhm in Údarás Áitiúla Thiobraid Árann Thuaidh ná:

- An Beartas um Dhínit san Ionad Oibre agus
- An Beartas um Bainistíocht Comhionannais agus Éagsúlachta

Tá roinnt Daoine Teagmhála Ainmnithe ar fáil agus is é a ról ná cúnaimh a thabhairt d'fhostaithe de réir mar a theastaíonn i gcomhréir leis na beartais i leith comhionannais. Tá an liosta de Dhaoine Teagmhála Ainmnithe ceangailte leis an Beartas i leith Dínite san Ionad Oibre ar Sharepoint.



An Córas um Bainistíocht & Forbairt Feidhmíochta (CBFF)

Leagtar béim an-mhór fós sa bheartas náisiúnta ar úsáid a bhaint as córais um bainistíocht & forbairt feidhmíochta san Údarás Áitiúil. Tar éis gur cruthaíodh stiúirthóireachtaí athbhreithnithe i ndiaidh an chumaisc agus foirne nua dá bharr sin, cuirtear níos mó béime ar dhéanamh cinnte go mbíonn pleananna forbartha foirne agus pleananna forbartha pearsanta i bhfeidhm do gach ball foirne. Rinneadh leathnú breise ar an gcóras PMDS chun rátáil fheidhmíochta a chuimsiú agus i 2017 cuirfeadh i bhfeidhm an chéad rátáil den sórt sin do bhaill foirne ar fud na heagraíochta.

Leas/Caidreamh Fostaithe

Bíimid i gcónaí ag iarraidh timpeallacht oibre a chruthú a chabhraíonn le fórsa oibre sláintiúil agus forásach a chothú. I measc na dtionscnamh a glacadh tá iad seo a leanas:

- An Clár Tacaíochta Foirne a chuimsíonn Foireann Tacaíochta d'Fhostaithe.
- Rochtain ar Ghairmí Sláinte Ceirde.
- Lámhleabhar Fostaithe
- Lámhleabhar ar Aoisliúntais
- Pacáiste Eolais/Ionduchtaithe d'fhostaithe nua
- Dámhachtainí Fadseirbhíse
- Cúrsaí Réamhscoir
- Tionscadal um Filleadh ar Fhoghlaim

[Éascaíonn Comhairle Contae Thiobraid Árann glacadh na socrúithe saoire éagsúla a Thacaíonn le Teaghlaigh a bhfuil ina measc Postroinnt, Saoire Tuismitheora agus Saoire Cúramóra.](#)

An Córas AD CORE um Phárolla agus Aoisliúntas

Tugadh isteach Córas nua AD um Phárolla agus Aoisliúntas (CORE) i 2010. I 2017 chuir an rannóg AD tús le hAnailísíocht Sonraí a fháil trí mheán rochtain a fháil ar na sonraí i gcóras CORE, iad a thuiscint agus tuairisciú orthu. Cuirfidh sé sin ar chumas na rannóige tuarascálacha lárnacha bainistíochta straitéisí a sholáthar thar raon réimsí gnó agus aird á tarraingt ar bhuanna agus laigí na réimsí sin.

I 2016, tar éis gur aistríodh feidhm Párolla na Comhairle chuig an Lárionad Seirbhísí Roinnte Párolla - MyPay, chuir muid tús le hullmhú i gcomhair aistriú an Fheidhm Aoisliúntais go MyPay. Tá cuid mhór oibre i gceist leo; ní mór stair seirbhíse a chur le chéile do gach ball foirne, liúntas inphinsin a aithint, chomh maith le ragobair rialta, uainchláir etc. Meastar go mbogfar an feidhm sin go MyPay ag deireadh 2018 nó tús 2019.



Scoir

I rith 2017 chuaigh na fostaithe seo a leanas ar scor ón tseirbhís:

- Mai Walshe
- Margaret Murphy
- Thomas Kennedy
- Jim Bergin
- John Whelan
- Michael O'Donnell
- Cathy Halpin
- Michael Tierney
- Frank O'Brien
- Michael Devery
- Anne Burke
- Margaret O'Gorman
- Geraldine Hill
- Michael Horan
- Patrick Cullagh
- Angela Dillon White
- Tom McGrath
- John Kennedy
- Edmond Power
- Aidan Fennessey
- Joseph Mitchell
- Patrick Ryan
- Liam Burke
- John Kennedy
- Eileen O'Brien
- Donal Quirke
- David Poyntz
- P.J. Condon
- Olive Dwan
- Michael Murray
- David Dunne
- Mary R. Quigley
- Mary Morrissey
- Tony Brooks
- Noel O'Neill
- John Ryan
- Tom Kelly

D'fhreastail na fostaithe sin, a bhfuil na blianta fada de sheirbhís eiseamláireach tugtha acu, go han-mhaith ar Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus ar a cuid custaiméirí. Guímid saol fada sona orthu go léir. Tá súil againn go gcoimeádfaidh siad i dteagmháil i gcónaí lena gcuid cairde agus comhghleacaithe.

I dteannta leis na daoine thuas cuimhnímid go ceanúil ar chomhghleacaithe dár gcuid a fuair bás, faraor géar, agus iad i mbun seirbhíse i rith 2017 agus arís cuirimid comhbhrón ó chroí in iúl dá muintir.



CÓRAIS FAISNÉISE



CUSPÓIRÍ

- Ardán inrochtana cuimsitheach um sheirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil don phobal, do chomhaltaí tofa agus baill foirne trí húsáid a bhaint as teicneolaíocht na faisnéise agus an idirlíon.
- Na huirlisí, na córais, na réitigh agus an bonneagar a chur ar fáil chun cur ar chumas na mball foirne agus na rannóg gnó a gcuid cuspóirí gnó a chomhlíonadh.
- Leanúint ar aghaidh ag soláthar sheirbhís tacaíochta teicniúla sna réimsí Líonraí, Feidhmchláir, Idirlíon agus GIS.

ÉACHTAÍ

Bhain an fhoireann Córas Faisnéise amach an méid seo a leanas i 2017:

Foireann Líonraí/Bonneagair

- Cuireadh ar fáil uasmhéid aga fónaimh agus feidhmíochta maidir le Líonraí, Córais Ghnó agus Córais TF ar fud gach oifige le haghaidh gach Úsáideora.
- Coimeádadh ár Líonra, ár gCórais agus ár Sonraí slán sábháilte.
- Rinneadh go leor dul chun cinn ar an tionscadal chun imeacht ó líonra an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Is tionscadal mór é sin a mbíonn éifeacht aige ar na hÚsáideoirí go léir san eagraíocht. Chuimsigh an obair a rinneadh: cruthaíodh fearann nua, cuireadh i bhfeidhm beartais ghrúpa, muinín curtha i bhfeidhm idir fearainn reatha, rinneadh tástáil agus rinneadh líon mór Úsáideoirí a asnamh chuig an bhfearann nua.
- Éascaíodh bogadh foirne agus oifige i go leor oifigí ar fud na heagraíochta, mar shampla, bogadh na baill foirne isteach in oifig shealadach Charraig na Siúire, oifig nua Cheantar Bardasach Dhurlas, etc.
- Slándáil
 - › Cosnaíodh ár líonra agus ár gcórais ghnó i gcoinne na n-ionsaithe ó na bogearraí éirice idirnáisiúnta “Wannacry” agus cuireadh i bhfeidhm paistí ábhartha chun cosaint ar na rioscaí slándála.
 - › Cuireadh seisiúin fheasachta faoi chibearshlándáil ar fáil dár gcuid Úsáideoirí agus Ball (thart ar 50% de bhaill foirne oilte go dtí seo).
 - › Cuireadh i bhfeidhm bogearraí nua um chriptiú ríomhaire glúine do na ríomhairí glúine corparáideacha.
 - › Rinneadh Iniúchadh Slándála ar na córais ghutháin (pabx agus ipoffice) agus tugadh aghaidh ar na saincheisteanna a aithníodh (níor aithníodh aon nithe criticiúla).
 - › Rinneadh uasghrádú ar ár ríomhairí deisce go córas oibriúcháin cuí.
 - › Rinneadh fearais soghluaiste a asnamh go hardán nua um Bainistíocht Fearas Soghluaiste chun slándáil ar fhóin chliste agus tháibléid a éascú.
- Rinneadh tástáil agus doiciméid um Athshlánú ó Thubaiste le haghaidh gach fheidhmchlár Shraith 1.
- Soláthraíodh/uasghrádaíodh go nascacht ardluais i go leor ionad, e.g. oifig Dhurlas, láithreán Fóntais Phoiblí an Aonaigh, láithreán Fóntais Phoiblí Ros Cré, Láithreán Fóntais Phoiblí Bhaile Uí Mhaonaigh agus Íosta Chaisil.
- Rinneadh go leor lasc cumarsáide a athsholáthar ar fud na tíre, mar shampla an lasc gutha soghluaiste i gCluain Meala, an Leabharlann ar Shráid Emmet, Cluain Meala, etc.
- Éascaíodh aistriú/athrú fóin agus bogadh go fóin teileafónaíochta IP ar bhonn leanúnach.
- Cuireadh i bhfeidhm ceantair bhreise chlúdaigh do Líonra gan Sreang – Baile an Gharráin, MDO Thiobraid Árann, Oifigí Cathrach Chluain Meala
- Rinneadh uasghrádú ar na háiseanna um chur i láthair Closamhairc i Seomra Comhairle an Aonaigh agus i seomra cruinnithe an Svúit Bhainistíochta.
- Rinneadh Comhaltaí Tofa a asnamh chuig an Líonra Corparáideach gan Sreang
- Críochnaíodh uasghrádú ar stoc ríomhairí na mball foirne Leabharlainne
- Ullmhaíodh cáipéisí tairisceana agus eolas iniúchta priontála don tairiscint um Sheirbhís Phriontála Bhainistithe i 2018.

An Fhoireann Chórais Faisnéise Geografaí (CFG)

- Cuireadh tús le córas GIS um Fiosruithe Pleanála a fhorbairt agus é bunaithe ar Theicneolaíocht an Fhrestalaí ArcGIS chun dul in ionad an chórais reatha, Mapguide, ata tagtha go deireadh a ré. Tacóidh an córas sin leis an bhfeidhm phleanála agus déanfaidh sé níos éasca do shaoránaigh agus bhaill foirne rochtain a fháil ar fhaisnéis phleanála Chomhairle Contae Thiobraid Árann
- Cuireadh seirbhísí léarscáilithe anailíse agus tuairiscithe GIS ar fáil don Tionscadal Náisiúnta Leathanbhanda, Seirbhísí Uisce, Comhshaol, Straitéis Aoise agus Straitéis Ceoil.
- Forbraíodh léarscáileanna píolótacha faisnéise geografaí do na Rannóga Tithíocht agus Rátaí.
- Tugadh an Córas Fiosruithe GIS um Pleanáil, atá bunaithe ar an ngréasán, suas chun dáta chun go léireofaí aon chóras aontaithe amháin.



rFhorbairt/Foireann Ghréasáin

- Tacaíodh le húsáid an láithreán gréasáin agus na meáin sóisialta le haghaidh cumarsáide.
- Rinneadh uasghrádú ar Inlíon na Comhairle.
- Feabhsaíodh agus rinneadh athnuachan ar láithreán gréasáin na comhairle www.Tipperarycoco.ie
- Rinneadh cumrú ar chórais ghnó chun go mbeadh sé comhtháite leis an uasghrádú ar Financial FMS Agresso Milestone 4
- Rinneadh nuashonrú ar an gCóras Bainistíochta um Chásanna Dlí
- Cuireadh tacaíocht ar fáil do chumarsáid um Imeachtaí Aimsire Éigeandála-Eolas faoi Dhúnadh Bóithre, Léarscáiliú, etc.
- Leanadh ar aghaidh le feabhsú an chóras Foláireamh atá bunaithe ar léarscáileanna ar a dtugtar Mapalerter agus rinneadh é a nascadh lenár láithreán gréasáin.
- Cuireadh tús le Sharepoint (bogearraí inmheánacha um bainistíocht córais) a asnamh go hardán nua
- Rinneadh uasghrádú ar an gcóras Íocaíochtaí Ar Líne (WebPay)
- Rinneadh athfhorbairt ar an láithreán gréasáin www.whatsonintipp.ie.
- Rinneadh dul chun cinn le soláthar aonfhoirmeach na seirbhíse um Chomhairliúcháin Phoiblí i ngach rannóg ar aon dul leis an mBeartas ar Fhoilseacháin Ghréasáin.
- Tacaíodh le hathsheoladh brandála Tipperary.com
- Tacaíodh agus cabhraíodh le cur i bhfeidhm an tionscadal infheistíocht FDI um www.Tipperary.ie
- Éascaíodh cur i bhfeidhm rátaí taistil nua do bhaill foirne agus chomhaltaí tofa sa chóras Taistil agus Cothabhála



Logáladh os cionn 6,300 glao chuig an deasc chabhrach



Foireann Feidhmchlár

- Éascaíodh an tionscadal Uasgrádaithe don Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso FMS.
- Cuireadh uasgráduithe, paistí agus feabhsuithe i bhfeidhm ar na córais ghnó I-Plan, I-House, Impala, I Docs, CRM, etc.
- Cuireadh i bhfeidhm an modúl nua ar dheisiúcháin Tithíochta, sa chóras CRM.
- Leanadh ar aghaidh ag cur i bhfeidhm an Chóras Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí ar fud na heagraíochta.
- Leanadh ar aghaidh ag bainistiú fón cliste agus póca chomh maith leis an bpróiseas billeála.
- Suiteáladh agus cumraíodh modúl don chóras ÍCT Tithíochta (nasc API leis an Roinn Coimirce Sóisialaí)
- Cumraíodh agus suiteáladh an modúl Biuró Creidmheasa na hÉireann (Irish Credit Bureau/ICB) don rannóg Tithíochta.
- Rinneadh bainistíocht ar thimpeallacht bhunachar sonraí na bhFreastalaithe SQL.
- Tugadh tacaíocht do na Rannóga Gnó le hasbhaint shaincheaptha faisnéise ón gcóras gnó e.g. asbhaint I-House don Mheasúnú Riachtanais Tithíochta.

Gach Foireann

Cuireadh seirbhís tacaíochta teicniúla ar fáil dár mbaill foirne agus dár gcuid comhaltaí tofa ar fud na heagraíochta. I 2017, rinneadh níos mó ná 6,300 glao chuig an deasc chabhrach.

Leanadh ar aghaidh le tacaíocht theicniúil agus le cothabháil a sholáthar do:

- córais TF agus Líonra mar Ríomhphost, Seirbhísí Comhaid, Líonraí, Ríomhairí Deisce, Freastalaithe, córais Bhunachar sonraí, etc.
- ár gcuid córas gnó e.g. I-Plan, I-Docs, I-House, CRM, etc.
- ár láithreáin ghréasáin agus ár gcórais ghréasáin e.g. www.tipperarycoco.ie, www.Tipperary.com; agus an t-Inlíon agus Sharepoint
- ár gcuid córas faisnéise geografáil e.g. Fiosrú Pleanála, Digiteoirí Ar Líne etc. agus oiliúint orthu.
- córais fhóin, fóin soghluaiste agus fóin líne seasta.

AN CLUB SPÓIRT & SÓISIALTA



An Club Spóirt & Sóisialta (Brainse Chluain Meala)

Arís eile d'eagair an Club Spóirt agus Sóisialta go leor imeachtaí agus turas i 2017. Ina measc siúd bhí Siúlóidí Cnoic chuig Sléibhte an Chomaraigh agus Chnoc Mhaoldomhnaigh i Márta, Iúil agus Deireadh Fómhair.

D'éirigh go han-mhaith leis an tsiúlóid mhí Iúil agus BBQ ina diaidh sin in Abhainn na gCeithre Mhíle. Freisin ritheamar ár dturas bliantúil chuig geamaireacht na leanaí in UCHL í mí Eanáir, turas chuig cluiche Rugbaí Mumhan, turas siopadóireachta chuig Ionad Siopadóireachta Dhún Droma agus an 25 Drive Bliantúil.

Imeacht nua do 2017 ab ea an Turas Mistéire ar bhain níos mó ná 20 ball taitneamh as.

Imeacht Bliantúil anois é an turas Rothaíochta chuig Glasbhealach Dhún Garbháin. Reáchtáladh an turas i mí Iúil an bhliain seo agus bhain gach duine a d'fhreastail air taitneamh as; ina dhiaidh caitheadh béile deas agus cúpla deoch i nDún Garbhán.

Ina theannta sin d'urraigh muid Oíche ag Rásaí Chluain Meala arbh pacáiste iomlán é a chuimsigh cead isteach chuig na Rásaí, Cártaí Rásaí, Geall saor in aisce, BBQ & Ceol. **Chuaigh os cionn 50 ball foirne ar an turas an-rathúil sin.**

Más mian leat imeacht a eagrú nó bheith i do bhall den Choiste Spóirt & Sóisialta iarrtar ort teagmháil a dhéanamh le ball ar bith den choiste mar seo a leanas:

- Marian Scully, Cathaoirleach
- Rosemary Purcell, Rúnaí
- John O'Mahoney, Cisteoir
- Mick McCarthy
- Tom Byrne
- John Fitzgerald
- Mary O'Mahoney
- Lisa Condon
- Fiona Crotty
- Geraldine Tobin
- Jimmy Kelly
- Gerard Quigley
- Anne-Marie O'Flynn

An Club Sóisialta - An tAonach

Bhain ár gClub Sóisialta (An tAonach) an-taitneamh as ócáid na bliana 2016. Lenár gcrannchur coicisiúil, ár gcuid tarraingtí Cásca agus Nollag, fuair ár gcuid ball duaiseanna ar luach €10,600 san iomlán.

I measc na n-imeachtaí a eagraíodh agus ar freastalaíodh orthu i rith 2017 bhí an Ceoldráma "Nine to Five" a léirigh Cumann Córúil an Aonaigh, an Fhéile Bloom i bPáirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath, an ceoldráma cáiliúil "Hairspray" in Amharclann Bord Gáis Energy, chomh maith lenár gcuid imeachtaí rialta mar shacar faoi dhón, an tAifreann bliantúil (agus an béile) i gcuimhne ar bhaill foirne agus chomhaltaí nach maireann, agus geamaireacht na Nollag, Cinderella sa Cheoláras Ollscoile, Luimneach.

Bhí ticéid le haghaidh gach seó agus ócáide fóirdheonaithe le haghaidh gach baill, agus freisin muid páirt i gCóisir na bPáistí a bhíonn ar siúl gach bliain.

Freisin lean muid ar aghaidh ag feidhmiú ár 'gCiste Saoire' do na baill úd ar mian leo sábháil i gcomhair saoire thar lear, le haghaidh ócáide teaghlaigh speisialta nó díreach cistí a bheith acu le billí bliantúla a íoc.

Go raibh maith agaibh lenár gcomhaltaí go léir, go háirithe iad siúd a ghlac páirt in imeachtaí. Tá buíochas speisialta ag dul dóibh siúd a d'eagair imeachtaí i rith na bliana.

Seo a leanas baill an choiste:

- Peter Cleary (Cathaoirleach)
- Rosemary Joyce (Cisteoir)
- Pdraig Cantwell
- Brian Dunne,
- Nuala Freeman,
- Maureen Grace,
- Siobhan King
- Linda McSherry,
- Auvén Melia,
- Mary Murphy,
- Miriam Ryan,
- Mary Stephens
- Olivia Madden.



Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcuid comhaltaí go léir as a dtacaíocht leanúnach. Tá muid ag lorg ball nua agus smaointe úra acu le leanúint ar aghaidh le hobair luachmhar agus thaitneamhach na gCoistí. Mar is amhlaidh i gcónaí chuirfeadh muid fáilte roimh chomhaltaí nua ar an gcoiste agus ba bhreá linn moltaí nua le haghaidh imeachtaí a fháil ónár gcuid comhaltaí.

NOCHTUITHE COSANTA





Achtaíodh Acht na Nochtuithe Cosanta 2014 ar an 15 Iúil 2014. Tá sé mar oibleagáid ar gach Comhairle nósanna imeachta a bhunú agus a choimeád chun nochtuithe cosanta a dhéanamh agus plé leo de réir na reachtaíochta.

Is é atá i Nochtuithe Cosanta ná creat ar féidir le hoibrithe aird a tharraingt laistigh de ar imní maidir le héagóir fhéideartha a bhfuil siad tar éis a thabhairt faoi deara san áit oibre agus fios a bheith acu gur féidir leo leas a bhaint as cosaint mhór fhostaíochta agus cosaintí eile má ghearrann a bhfostóir pionóis orthu nó má dhéantar díobháil dóibh de thoradh é a dhéanamh.

Acht na Nochtuithe Cosanta 2014

a	S22 Tuarascáil Bhliantúil don tréimhse 1 Eanáir 2017 go dtí an 30 Nollaig 2017.	Líonna Nochtuithe Cosanta a rinneadh do Chomhairle Contae Thiobraid Árann	Nialas
b.		Gníomh (más ann dó) a glacadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin	N/B
c		Pé faisnéise le maidir leis na nochtuithe cosanta sin agus an gníomh a glacadh de réir mar a d'fhéadfadh an Aire a lorg ó am go chéile.	N/B





CÚRSAÍ AIRGEADAIS

- ✓ AIRGEADAS
- ✓ MÓTARCHÁNACHAS
- ✓ AN RANNÓG
SAINCHEADÚNAIS

AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as rialú agus bainistíocht fhoriomlán airgeadas na Comhairle, idir Ioncam agus Caipiteal. Tá sí freagrach as maoiniú gearrthéarmach agus fadtéarmach oibríochtaí na Comhairle.

I measc an réimse leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg Airgeadais tá:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid agus Bainistíocht Stáitchiste
- Ullmhú an Dréachtbhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- An Córas Bainistíochta Airgeadais - Agresso a Riar agus a Chothabháil
- Gach íocaíocht lena n-áirítear aisíocaíochtaí iasachta agus préimheanna árachais
- Aisíocaíocht deontais agus fóirdheontais rialtais
- Treoir faoi sholáthar do gach rannóg
- Taifid airgeadais a choimeád agus tuarascálacha agus tuairisceáin éagsúla a thabhairt
- Le linn a cuid oibre, bíonn idirchaidreamh rialta ag an Rannóg Airgeadais le gach rannóg san Údarás Áitiúil.

NA PRÍOMHRANNÁIN LAISTIGH DEN RANNÓG AIRGEADAIS:

Cuntasaíocht Airgeadais agus Bhainistíochta

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RABanna) a ullmhú chomh maith le tuairisceáin reachtúla eile, tuairisc a thabhairt do ghníomhaireachtaí seachtracha agus déileáil leis an bpróiseas Iniúcháireachta um Rialtas Áitiúil.

Is é atá i gceist le Cuntasaíocht Bhainistíochta ná tuairiscí bainistíochta ráithiúla a ullmhú chun cabhrú le rialú buiséadach agus leis an bpróiseas cinnteoireachta i ngach stiúirtheoireacht.

Déantar próiseas bliantúil an Bhuiséid a láimhseáil sa rannán seo, i gcomhairle leis na rannáin seirbhíse go léir.

I measc roinnt gníomhaíochtaí eile a dhéantar sa rannóg seo tá bainistíocht ciste, imréiteach bainc, monatóireacht ar an gCuntas Caipitil agus déanamh cinnte go dtarraingítear aníos deontais.

Ioncam

Pléann an rannán seo go príomha le Rátaí Tráchtála, Cíosanna Tithíochta, Iasachtaí Tithíochta agus leis an muirear as Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (Non Principal Private Residence/NPPR)

Bailiú Ioncaim

Cineál féichiúnaí	% Bailithe
Cíosanna	99 %
Iasachtaí Tithíochta	84%
Rátaí	81%

I gcomhréir le Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) 2017 – Aguisín 7, tar éis ceadú do riaráistí amhrasacha sonracha maidir le:

- i. Iarratais ar fholúntais ar feitheamh nó critéir nár comhlíonadh, agus
- ii. Cuntais i scrúdaitheoireacht / glacadóireacht / leachtú, agus gan chumarsáid.

Cuntais Iníochta

Deimhnítear gach sonrasc le haghaidh íocaíochta ag rannáin ábhartha na comhairle agus cuirtear chuig an Rannóg Airgeadais iad. Cuimsíonn siad íocaíochtaí as earraí agus seirbhísí arna geur ar fáil don Chomhairle le haghaidh chuspóirí ioncaim agus caipitil araon. Ansin próiseálann an Rannóg Airgeadais na híocaíochtaí agus déanann siad iad. Déantar seiceálacha le haghaidh Dheimhnithe Imréitigh Cánach nó Deimhnithe Fochonraitheora de réir mar is cuí. Déantar Cáin Siarchoinneála a dhéaduchtú ag an ráta forordaithe ó íocaíochtaí i dtaobh “seirbhísí gairmiúla” agus íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad.

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 1998, agus é mar cheangal ar údaráis áitiúla ús a íoc i dtaobh íocaíochtaí nach ndéantar laistigh den tréimhse fhorordaithe.

Staitisticí Sonraisc





Iniúchóireacht Inmheánach

Is é ról na hiniúchóireachta inmheánaí ná dearbhú neamhspleách a chur ar fáil go bhfuil próisis bainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe idirmheánaigh na heagraíochta ag oibriú go héifeachtach.

Déanann Inniúchóireacht Inmheánach measúnú agus tuairisciú oibiachtúil ar leordhóthanacht na rialuithe inmheánacha maidir lena ról in úsáid cheart, bharrainneach, éifeachtach agus éifeachtúil acmhainní.

I rith 2017, thug an rannóg Inniúchóireachta Inmheánaí faoi roinnt iniúchtaí agus tugadh tuairisc don bhainistíocht agus don Choiste Inniúchóireachta faoi na fionnachtana agus na moltaí ó gach iniúchadh. Freisin thug Inniúchóireacht Inmheánach faoin iniúchtaí leantacha chun cur i bhfeidhm na moltaí ó iniúchtaí roimhe sin a mheas.

Soláthar

Tá ról ag an Rannóg Soláthair i ndéanamh cinnte go bhfuil dea-chleachtas cheannaigh i bhfeidhm ag Comhairle Contae Thiobraid Árann. Tá nósanna imeacht deartha leis an luach is mó a bhaint as airgead agus le deis chóir a thabhairt do gach soláthraí tairiscint a thabhairt isteach. Seo a leanas na príonsabail ghinearálta a gcloítear leo i ngach gné de sholáthar: déileáil chomhionann, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach agus comhréire. Oibríonn an rannóg soláthair chun caighdeán arda a choimeád maidir le hoscailteacht, trédhearcacht agus comhlíonadh na dtreoirínte agus na reachtaíochta go léir maidir le soláthar poiblí.

Tá sé mar bheartas ag an rialtas go bhfógrófaí go foirmiúil ar eTenders gach conradh os cionn €25,000 d'earraí agus sheirbhísí agus d'oibreacha os cionn €50,000. Is é www.etenders.gov.ie an príomhláithreán gréasáin náisiúnta nach mór do sholáthraithe agus do sholáthraithe seirbhíse féideartha clárú leis chun coimeád ar an eolas faoi thairiscintí atá le teacht. Tá raon treoirleabhar ar an láithreán gréasáin www.tipperarycoco.ie chun cabhrú le soláthraithe féideartha eolas a fháil faoi conas clárú agus cur lena ndeiseanna um thairiscint a chur isteach do chonarthaí na hearnála poiblí.

An Córas Bainistíochta Airgeadais Agresso

Déanann Foireann Tacaíochta Agresso cothabháil ar Chóras Airgeadais na Comhairle, agus iad ag cabhrú le déanamh cinnte go rialaítear i gceart sócmhainní agus dliteanais go léir na heagraíochta.

I 2017, cuireadh Foireann Tionscadal thiomnaithe i bhfeidhm chun uasghrádú ar Chóras Bainistíochta Airgeadais Agresso a chur i bhfeidhm. Cuireadh córas Agresso i bhfeidhm den chéad uair i 2001, agus ba i 2005 a ndearnadh an t-uasghrádú mór ba dheireanaí air. Bíonn saolré sainithe ag bogearraí mar gheall ar a nádúr, de réir mar a thagann athruithe agus feabhsúcháin ar an teicneolaíocht. Mar gheall air sin, tar éis 12 bhliana ba ghá uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras Agresso.

Rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann uasghrádú go Agresso Milestone 4 (MS4) i mí Dheireadh Fómhair 2017, ar aon dul le 26 húdaráis áitiúil eile.

Tá gnéithe i bhfad níos fearr don úsáideoir ag baint le Agresso MS4 agus ligfidh siad do Chomhairle Contae Thiobraid Árann leas a bhaint as CBA a bhíonn ag feabhsú i gcónaí agus cabhróidh sé lenár gcuid spriocanna gnó a bhaint amach.

Le tabhairt isteach Workflow uathoibríoch, cabhraíonn Agresso MS4 le héifeachtúlacht oibriúcháin a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

D'éascaigh sé bailiú shonraí Soláthar ar fud earnáil an Rialtais Áitiúil agus éascaíonn sé seiceálacha comhlíontachta Soláthair.

Tá sé cumasaithe do sheirbhís ghréasáin, rud a thugann an deis feidhmiúlacht nua bunaithe ar an ngréasán a thabhairt d'úsáideoirí Agresso.

Cumasáíonn sé rialuithe níos doichte ar rochtain córais.

Soláthraíonn sé rialú airgeadais níos doichte le seiceáil réadama buiséid & cuntasaíocht ghealltanais.

Freisin cuimsíonn Agresso MS4 feidhmiúlacht níos fearr i modúil mar Shócmhainní Seasta, Imréiteach Bainc, agus bíonn feidhmiúlacht níos fearr ar fáil i modúil eile.

NA PRÍOMHTHUARASCÁLACHA A DHÉANANN AN ROINN AIRGEADAIS:

An Buiséad Bliantúil

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad Ioncaim foriomlán i gcomhairle leis an mBainisteoir Contae agus ón bhFoireann Bhainistíochta.

Cuirtear an buiséad i láthair don Ghrúpa Beartais Chorpáráidigh agus do na Comhaltaí Tofa le glacadh ag an gCruinniú Buiséid Bliantúil.

An Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB)

Ceanclaítear ar gach údarás áitiúil Ráiteas Airgeadais Bliantúil (RAB) a ullmhú faoi dheireadh mhí an Mhárta an bhliain dar gcionn agus é a fhoilsiú faoi dheireadh mhí an Mheithimh.

Déanann an tSeirbhís Iniúcháireachta Rialtais Áitiúil iniúchadh neamhspleách ar na ráitis airgeadais sin.

Tugtar sonraí sa RAB faoi ioncam agus chaiteachas don bhliain dar gcionn agus caiteachas ioncaim is caiteachas caipitil araon san áireamh. Taispeántar sócmhainní agus dliteanais na Comhairle Contae sa Chlár Comhardaithe ag deireadh na bliana.

Cuirtear an RAB i láthair comhaltaí ag Cruinniú Comhairle agus is é an t-Iniúcháir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh air.

Tuarascálacha Comhairle & Bainistíochta

Sa tuarascáil bhainistíochta bhliantúil tugtar sonraí faoin ioncam agus faoin gcaiteachas le haghaidh na seirbhísí éagsúla a chuireann an chomhairle ar fáil, agus cuirtear i gcomparáid leis an mBuiséad é chun críocha rialú ceart agus leanúnach buiséid a chinntiú.

Tugtar tuarascálacha bainistíochta don Fhoireann Bhainistíochta gach mí agus don Chomhairle gach dhá mhí.



Rinne Comhairle Contae Thiobraid Árann uasghrádú go Agresso Milestone 4 (MS4) i mí Dheireadh Fómhair 2017, ar aon dul le 26 húdarás áitiúil eile.

Tuairisciú Bliantúil Rannóige/IMF

Tugann gach Údarás Áitiúil tuairisc ráithiúil ar fheidhmíocht airgeadais don Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá na tuarascálacha sin déanta suas de Thuarascáil Ráithiúil Ioncaim agus Caiteachais, Tuarascáil Iarmhéid Ginearálta Rialtais (IGR) a chuimsíonn go bunúsach Clár Comhardaithe giorraithe, tuarascáil Cuntais Chaipitil agus tuarascáil Féichiúnaithe.

Ina theannta sin déantar tuarascálacha éagsúla le haghaidh shealbhóirí buiséid i gComhairle Contae Thiobraid Árann a bhaineann le gach gné de ghníomhaíochtaí na comhairle.

Cód Caiteachais Phoiblí

Ceanclaítear ar gach comhlacht poiblí Éireannach déileáil go cúramach le cistí poiblí, agus déanamh cinnte go mbaintear an luach is fearr ar airgead agus is féidir agus airgead poiblí á chaitheamh nó á infheistiú. Is é atá sa Chód Caiteachais Phoiblí ná an tsraith rialacha agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun déanamh cinnte go gclóítear leis na caighdeáin ar fud sheirbhís poiblí na hÉireann.

Foilsíodh an Cód Caiteachais Phoiblí do Chomhairle Contae Thiobraid Árann agus cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (NOAC) é ar an 31 Bealtaine 2017.





RÁITEAS AIRGEADAIS

Sa Chuntais Ioncaim, tugtar sonraí faoi airgead a fhaightear agus a chaitear gach lá ar mhíreanna laethúla mar phárolla, aisíocaíochtaí, ceannach ábhar agus cothabháil bóithre, tithíochta, láithreáin líonta talún, reiligi agus mar sin de.

Tá ceithre phríomhfhoinsí Ioncaim ag gach údarás áitiúil:

- Rátaí Tráchtála;
- soláthar Earraí agus Seirbhísí e.g. Pleanáil, Táillí, Cíosanna;
- an Cáin Mhaoine Áitiúil agus
- Deontais Eile e.g. Deontais Bhóthair.

Ar an taobh eile den scéal baineann Cuntas Caipitil, na Comhairle le gníomhaíochtaí na Comhairle ó thaobh sócmhainní a chruthú. Ina measc siúd tá tithe comhairle a thógáil agus tógáil bóithre. Nuair a chríochnaítear scéimeanna den sórt sin, tugtar cuntas sa Chuntas Ioncaim i leith fáltas agus caiteachais laethúil a thabhaítear agus iad á gothabháil. Déantar an t-airgead a chaitheann Comhairle Contae Thiobraid Árann ar thionscadail chaipitil a fhorchúiteamh trí mheán Dheontais Stáit. Uaireanta, tógann an Chomhairle airgead ar iasacht le haghaidh tionscadal den sórt sin. Cuirtear Fuascailtí Iasachtaí Tithíochta agus Ranníocaíochtaí Pleanála chun sochar an Chuntais Chaipitil freisin.

Dréachtchuntas Ioncaim 2017

	Caiteachas	Ioncam	Barrachas / (Easnamh) Foriomlán Iarbhír €
	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	29,415,431	29,499,891	84,460
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	40,546,346	25,232,644	(15,313,702)
Seirbhísí Uisce	13,048,783	12,805,767	(243,016)
Bainistíocht Forbartha	14,090,806	4,725,563	(9,365,243)
Seirbhísí Comhshaoil	19,838,755	4,826,527	(15,012,228)
Caitheamh Aimsire & Áiseanna	11,688,226	2,622,589	(9,065,637)
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine	1,118,018	618,444	(499,574)
Seirbhísí Ilghnéitheacha	13,603,666	6,361,864	(7,241,802)
Cáin Mhaoine Áitiúil / LGF		25,951,602	25,951,602
Rátaí		30,732,493	30,732,493
	143,350,031	143,377,384	
Aistriú ó / (chuig) Cúlchistí			27,353
Barrachas don Bhliain			
Cúlchiste Ginearálta ar an 1 Eanáir 2017			5,542,326
Cúlchiste Ginearálta ar an 31 Nollaig 2017			5,569,679

Dréachtchuntas Caipitil 2017

Clár	Caiteachas	Ioncam
	€	€
Tithíocht & Tógáil	14,811,592	14,911,415
Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre	6,693,440	3,065,513
Seirbhísí Uisce	4,317,767	4,169,044
Bainistíocht Forbartha	1,993,261	5,426,104
Seirbhísí Comhshaoil	2,365,991	1,320,101
Caitheamh Aimsire & Áiseanna	1,568,713	725,744
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Folláine	0	16,804
Seirbhísí Ilghnéitheacha	2,804,239	943,138
Iomlán	34,555,003	30,577,863

MÓTARCHÁNACHAS




2017


206,736

LÍON IOMLÁN NA
NDIOSCAÍ CÁNACH
EISITHE I 2017

LÍON NA NDIOSCAÍ CÁNACH EISITHE



- Ar Líne & ar an nGuthán
140,608
- Thar an gCuntar
66,128
- Sa Phost
12,526



FÁLTAIS - OIFIGÍ CHLUAIN MEALA & AN AONAIGH

- Gluaisteáin & gluaisrothair príobháideacha
€8,207,499
- Earraí & feithiclí eile
€2,706,191
- Ilghnéitheach
€705,457

2017
Ioncam Iomlán
€11,619,147

Meánmhéid na n-iarratas poist agus céatadán de mhéid foriomlán na n-iarratas poist a bpléitear leo (i.e. idirbhearta mótarachánach) ó fhaightear an t-iarratas

	Méid	%
Ar an lá céanna	12,065	96.32%
Ar an 2 ^ú nó 3 ^ú lá	396	3.16%
Ar an 4 ^ú nó 5 ^ú lá	17	0.14%
Os cionn 5 lae	48	0.38%
Iomlán		

